'Gá trath do ló ann anois?' ar Pátraic. 'Is fogus d'adhaigh[1] ann,' ar Beneoin. 'In táinic ar proinn fós cuca(inn?' ar Patraic). [fo. 162b 1] 'Ní tháinic ón,' ar Beneoin. 'A anum, a naemPádraic," ar Fulurtach mac Fergusa, "dobherainnse eolus duit in bhaili i ḟuighbhithea proinn 7 tomult*us* anocht.' 'Cá hinad sin?' ar Pátraic. 'I tigh Becain mu bhráthar féin a tuath*aib* Breg 7 Midhe.'

Ocus luidhset cléir*igh* roim Pátraic co tech Béc*áin*, [7 ailis Beneoín feis air — *Fr.* 9], 7 is aml*aid* ro bói sein, 7 ocht *fich*it finnairge aigi, 7 érais um biadh iat. Ocus táinig Benén 7 na cléirigh ar cúl, 7 indiset scéla do Ph*átraic*. 'As ced limsa," ar Patraic, 'a bhḟuil aigi-sium do chrudh 7 do mhuinntir gan éaith*e*ch a mbeth*aidh* amárach dhíbh,' 7 ro fírad an ní sin, ut dixit Patricius:

Becan . ní rab ilar a tredan,
oiret rabh grian ar deiseal . ní rab seiser[3] d'óibh B*écán*.

Is ann sin ro ṡluic in talam uili a n-aeinḟ*echt* Becan cona mh*uinnt*ir 7 cona mhaithi*us* idir mhíl 7 duini. 'Feis dithat na haidhche[2] anoct uaimsi duit, a naeimchléirigh,' ar Fulartach mac Fergusa, '.i. nái mbai *fich*it atá ac biath*adh* mu ceitheirne

[1] daghaidh, *Lism.* [2] haighthi, *Lism.* [3] sése, *Lism.* seisiur, *Fr.* 9.

acum anallana ar fog*ail* ⁊ ar dibfeir(g).' 'Rígi uaimsi duitsi ó mhedhón lái amárach,' ar Pátraic, '⁊ dot síl ad deghuid nogu ticthe risin eclais,' *Ocus* docuired Becan a talam mar sin, ⁊ dofuc Patraic rígi d'Ḟulartach. [Conidh Díth mBécain ainm in sceoil sin — *Fr*. 9.]

Is and sin ro ḟiarf*aig* Pátraic do Cháilte: 'ga lín mbráthar do bhi ac Finn?' 'Do bát*ar* dá bráthair aige,' ar Cáilte, ['*ocus* nírb' urd*r*ucu Find innait — *Fr*.] .i. Fithal ⁊ Cithrum*ach*.'

Cailte cecinit:

Diamair ar sench*aidi* sund . na trí meic do bhi ag Cumull,
Finn *ocus* Cithramach den . *ocus* Fith*al* na bfiled.

,Cia dhar' Mac Lugach ro ḟiarfaig*es* díd aréir?' ar Pátraic. ‹Robudh ceist ar neach eli sin,' ar Cáilte, '⁊ ní hedh orum‑sa. M(ac) do Daire Derg mac Finn,' ar Cailte, '⁊ do Lug*aig* ingin Ḟinn .i. ingen dílius aindílius do bhí ac Finn, ⁊ tucsat in bantracht uili luighi cor' ingen dilius d'Finn hi, ⁊ do comraic a derbbráthair féin ria iar n-ól (cor)ma i Temhair Luachra, ⁊ dorindi [fo. 162[b] 2] in mac sin ria .i. Mac Lug*ach*, [⁊ ro bi co cend nái mís torrach and, ⁊ tancat*ar* bressa brighi ⁊ ella da hindsaighid, ⁊ rucustar gein m*eic* ann — *Fr*. 9], ⁊ in adaig rucad an mac táinic Finn ⁊ tri catha na F*éinne* don bhaile, ⁊ athair in mheic .i. Daire Derg, co Temhair Luachra, ⁊ do hindisedh dhoibh sin. 'As gáine leam,' ar Finn, 'ór as mac rucad ann, ⁊ da mad ingen ro budh olcc a breith disi dá derbbr*áthair*.''

'Adrae b*uaid* ⁊ b*ennacht*, a ríghḟéinn*id*!' ar cách. 'As buadhach in t-ainm tucuis air .i. Gaine.' Amail asb*ert* in fili:

Gaeine ainm Meic Lug*ach* luinn . Daire a ath*air* ós gach druing,
Cú muighi ainm Meic Rethe . Briu[i]n a ath*air* Dairethe.

Tucadh a n-ucht Finn in mac iarsin, ⁊ tuc F*inn* i n-ucht Moingḟindi ingine Dubáin .i. baincéle d'F*inn*, ⁊ as í ro thócaib ocht *cét* sciatharmach don Ḟéinn, ⁊ ro ail in mac sin cur'bha slán a dhá bl*iadain* déc, ⁊ tuc a dhaethain airm ⁊ éid*id* dho ann, ⁊ táinic roime co Carraic Chonluain, cu cenn Sléibi Smóil meic Edleacair, risi n-abar Sli*abh* Bladma aniu, airm i raibhi Finn ⁊ in Ḟian, ⁊ táinic a bfiadnaisi na flatha Féinne, ⁊ ferais

F*inn* fircháine bhḟáilte fris, 7 dorindi in mac a coraigecht[1] 7 a mhuinnterus re Finn 7 tuc a láimh i laimh F*inn*, 7 do bhí re bl*iadain* isin Féin, 7 dorighne lisdacht mhór risin Féin in bliad*ain* sin, 7 ní mó iná fine naenb*air* don Ḟéin ro soichedh (do) ghuin muicci nó ḟiadha ocun gilla sin, re taoib bhuailti a gcon 7 a ngillanr*aidi*.

Is ann sin tángatar in Ḟiann cu Ros in Ḟéinnedha ar brú Locha lín*id*e Léin tes, 7 ar roc*ht*uin do trí cathuibh na Fénne conuice sin dorónsat casait meic Lug*ach* re Finn. *Ocus* adubratar trí catha na F*éinne*: "Do rogha duit, sinne acut *nó* Mac Lug*ach* a aenar."

Is ann sin tucadh Mac L*ugach* d'agall*aim* Finn, 7 do ḟiarf*aig* dhe: 'Maith a anum, a Mheic L*ugach*,' ar Finn, 'gá holc dor(ignis) risin Féin intan atá do miscais aco uili?' 'Dobeirim dom bréithir,' ar sé, 'nach fed*ur* a bhḟochuinn munub olc leo imad do [fo. 163a 1] lúid nó lámhuigh do dhénamh damhsa etarra.'

Is ann sin tuc in flaithf*éinnid* comhairle do Mac Lugach. 7 do bhí buaidh ara chomhairli-sium, 7 do mhair in comairle sin ag Mac L*ugach*, 7 atbert F*inn*:

A Meic Lugach, toluib snas . más e h'órd an t-óclachas
corbhat sídhuigh teglach tréin . gurbhat duilig a ndroibhéil.
Ná buail do choin gan chinuidh . ná lí[2] do mhnái co finnair,
ná ben re genaidhi i cath . gid meraigi, a Mheic L*ugach*.
Ná himderg duine m*ad* cáidh . ná héir*igh* re himarbáigh,
ná ra[b]tarraic imale . ar am[m]aid ná ar drochdhuine.
Dá trian do mhíne re mnáibh . is re hechlachuib urláir,
re haes dána dénta duan . nárbhat dian re daescarsl*uagh*.
Ná geibh tosach leaptha dhé . rett aes cumtha is comairle,
imghaibh luighi claen is col . ná [f]haemh uile h'fiadhug*odh*.
Ná hab*airs*e bréithir móir . ná hab*air* nach tibre chóir,
ór is nár a rádh co tenn . muna f*edtar* a comall.
Ná ro tréice do ruire . in chéin bheir a bith bhuidi,
ar ór ná ar séd ar bith cé . na tréic-si do chomairce.
Nár écnaighi co ferdha . a mhuinntir re tigerna,
ór ní hob*air* duine maith . écnach a sl*uaig* re prímhḟlaith.
Nárbat buainscélach brégach . nárbat labhar luaithbhédach,
gérsat imdha do ghartha . nírsat bidbha oir*echta*.

---

[1] coraidecht, *Lism.* [2] lídh, *Lism.*

Nírsat sibleach thighi n-óil . nársat ingnech ar ṡenóir,
in dáil adcluine as í in cóir . ná ben re duine nderóil.
[Bidh co heiste*cht*ach cailli . bid co féchsanach muighi,
oir ní fed*r*ais, mór in modh . nach biad t'escara[1] it farradh — *Fr.* 10.]
Nársad diultadach um biad . nárab cumthach duit ainḟial,
nárad furáil féin ar flaith . na hécnaiged gach n-ardfl*aith*.
Lean dott édach, lean dott arm . resiu thair an gleo glasgharbh,
ná déna dibhe fád rath . lean (d)on míne, a Meic Lug*ach*.

'(Adra)e b*uaid* 7 b*ennach*t!' ar Pátraic, 'as maith in scél sin (ro indi)sis dúin; 7 cáidhe Brocán scríbhnid?' '(Sunn), a naeimhchléirigh,' ar Brocan. ['Tabair do lebar 7 t'adharc 7 do pend *cu*gat, 7 — *Fr.* 11[a]] scríbhthar [fo. 163[a] 2] an scél út lat.' *Ocus* dorinne Brocan acétóir.

Is and sin ro fiarf*aig* Pátraic do Cháilte: 'in rabatar airfitigh acuibse isin Féinn?' 'Do bhí *imorro*,' ar Cáilte, 'in t-énairfitech is ferr do bhí a n-Eir*inn* ná i n-Alb*ain*.' 'Cá hainm séin?' ar Pátraic. 'Cnú Deróil,' ar Cáilte. 'Cáit a fríth é?' ar Pátraic. 'Eidir Crota Chliach 7 Síd ban bhḟinn tes,' ar Cailte. 'Crét a thuarascb*áil*?' ar Pátraic. 'Ceitri duirn Finn do bhí ina áirdi 7 trí duirn do isin crand chiuil do ṡeinnedh, 7 airfitigh Thuaithe dé Danann dorinde tnúth ris.

Luid Finn in lá sin co Sídh ban finn siar do ṡeilg 7 d'ḟiadhach, 7 suidhis ar in bhfirt fótbhuigh and sin. Sillis iarum in fl*aithféinnid* secha conḟacca in fer bec ac sefnad 7 ac sáirṡeinm a chruiti ar in ḟod ina ḟochuir, 7 is aml*aid* ro bhúi, 7 folt fada finnbuidi co clár a dhá leas fair, 7 ar faicsin Finn dó táinic da innsaig*id*, 7 tuc a láim 'na láim, ór as é céd-duine tárla do hé ar tuidhecht asin tsídh amach, 7 ro bhúi oc seinm a chruiti a fiadnuisi F*inn* nogu tancatar in Ḟiann, 7 'ar techt dóibh atcualatar in ceol sirrechtach síde. 'Maith a anum, a Ḟinn,' ar an Ḟian: 'as é sút in tres turcairthe as ferr fuaruis riamh.' Ocus do bhí ac Finn nogu fuair bás. Ocus adub*air*t Cáilte in l*áid*:

Abhuc do fuair Finn ferdha . do bhí d'ḟeabus a mheabra
gacha cluinedh tiar is tair . do bhídh aigi do meab*air*.
Cnú d*er*óil a ainm in ḟir . a n-Eir*inn* nir' anaithnidh,
inm*ain* leinbhín fa glic nglóir . dar'bo comainm Cnú d*er*óil.

---

[1] tescarad, *Fr.*

Indeosat dáibh, fáth gan locht . mar do ḟuair Finn in t-abhoc,
bá gein ṡochair do fríth ann . énmac Logha meic Eithleann.
Do bhámar a farrad Finn . idir Chrota is ṡléib ban *finn*
co cualumar ceol gan chol . ar an ḟót inár bhḟarrod.
Do bhámar ag éisdecht ris . a cheol nír' ceol co n-eislis,
beg nachar' chuir sinn 'n(ar suan) . in ceol sirrechtach sírbhuan.
Ann sin atbert risin rí . [fo. 163b 1] Find mac Cumhaill Almhaini:
'canas ticisi, a fir bhic . ṡeinnes in cruit co caeimglic?'
'Tánacas o Ṡíth ban *finn* . áit a n-eabhar midh is linn,
is dó tháncas lem co becht . do beith treall ad chomuidecht.'
'Do ghébha seoit is máine . is ór derg is deghdáine,
ór thaitn*id* frim do dhála . do ghébha mu lánghrádha.'
Dorad a láim a láim Finn . ann sin roba subach sinn,
is tucmaid[1] hé linn alé . do ba caem ar turchairthe.
Cetra duirn i n-airdi in ḟir . trí duirn ina chruit chaeimhdhil,
mor tairm na bláithi buige . binn fogar na caemchruiti.
Doratad cuigi málle . *cúic* oirfitig[2] na *Féinne*
cur' ḟogluimset ceol síde . thall ó Chnái go caeim-Líne.
Díb sin mac Sen*aig* male . Senach ocus dá Dhaighre
dorónsat fogl*aim* co hán . ocus doróine Cuán.
Ba cheisd le F*inn* na Fénne . a abac gan bainchéle,
ór nír' áil don ḟir chródha . na mná remra rómhóra.
Adubairt F*inn* in flaith m(ór) . co tibredh aircet is ór
dontí uainn do ḟinnfadh soin . i nEirinn ben a chosmoil.
Adub*airt* Scí mac Eog*ain* . óglach *co n*-aicn*iud* leomhuin:
'inneosat is scél ádha . b*aile* a fuil a dhingbála.'
'Beir mo bennacht, éirg dod thoigh . a mheic Eoghain a Mum*oin*,
ocus innis dúin tré spéis . in crích a bhḟuil re aisnéis.'
'Roich co Tech Duinn a Mumain . a Ḟinn chródha chomhramhaigh,
atá ann is oirfi[ti]dh dhuit . ingen dar' comainm Bláthnuit.'
Ann sin ro triallsam co tric . is flaith na Fian faebairglic
co Tech nDuinn d'iarr*aidh* na mná . ba móide sin ár menmá.
Fuaram*ar* Bláthnait 'san tsídh . tucamar linn hí co fír,
ro ḟáiset tall istigh mhóir . Bláthnait ocus Cnú dearóil.
Tucmait uingi dh'ór gach ḟir . in lín do bhámar d'fianuibh,
a caibhche na mná gan locht . doratadh (tall) don abhoc.
[fo. 163b 2] Cetra duirn i n-áirde in ḟir . trí duirn ina chruit chaeimghil,
áirdi in ben inás in fer . inmhain lánuma láimgheal.
Lámdha in dom*ain* acon mhnái . imirt óir aircid gan ghái,
lasin bhfer, fá mór in modh . slóigh in dom*ain* d'áirphiteodh.

[1] ticmaid, *Lism.* [2] oirfitid, *Lism.*

Ní raibhe ríghan 'san Féinn . na táiseach na flaith co céill
nach tuc grádh *ocus* máine . don lánamhuin lánnaidhe.
Mar do thicedh doineann dúr . ar in bFéin, fa ríghda rún,
do bhítis ac Finn fóa bhrat . Bláthnait *ocus* in t-abac.
Intan ticed maith don Ḟéin . ní cheil*ed* Bláthnait co céil,
intan do thiced dóibh olc . ni cheil*ed* orra in t-abhoc.
Nocha nḟuil ceol ar talm*ain* . inneoch budh mhian le m*enmain*
nár' ṡuaill foghar i tigh óil . acht a canad Cnú deróil.
Trí turchairthe is ferr fuair riamh . Finn in flaithḟéin*nid* firḟial:
Bran *ocus* Sceol*aing* gan locht . Bláthnait araen 's an t-aboc.

Nír' chian dóibh asa haithle co facadar in móirseser gill*a* mór dá n-innsaig*id.* 'Canas táncab*air*, a óca?' ar Pátraic, '7 cia sibh féin?' 'Ó Eog*an* Leithderg mac Aenghusa, ó rígh dá chóicedh Mum*an* táncamar ar do cenn-sa, a naemhPátraic.' 'Rachmaitne ann sin,' ar Pátraic, 'or dl*eg*ar mar a bhḟuigter na mainchisa a ngabháil ann.' 'Crét dogéna sinne in nónb*ar* óclách so?' ar Cáil*te.* 'Fáilte mhís 7 ráithi 7 blia*dna* am ḟarradsa dháibh,' ar Pátraic.

Is and sin táinic Pátraic roime, 7 as í slighe tháinic a bhḞidh[1] Gaible, 7 a nDruim criadh, risa ráidter Ceall dara isin tan-sa, 7 tar sruithlinn ar Dermagh, 7 tar Berbha [bithglais — *Fr.* 11^{b}] 7 i tóchar Léghi ingine Cuarnatan, airm i torchair Liagh [le C*on*all ar in nD*er*gruathar, 7 — *Fr.* 11^{b}] i senMag Roichet ingine Déin meic Dileann, risa ráidter Magh Ruadh Roichet, [7] i senMhagh nEo, risa ráidhter Mag Láissi, tar in bFeoir n-iucharbhradán*aig* 7 d'Achadh bó bái . . . . trénbhuill*ig* risa ráidter Ach*ad* . . . . [fo. 164^{a} 1] a slighidh Dhála meic u-Mhóir, 7 do Ros in churad, re n-abar Ros caemhálainn Cré, 7 lámh dhes re Lath*aig* bó Lodáin meic Lir, risa ráidhter Clár Daire mhóir, 7 do Chorrocuibh Cnámhchoille, 7 do Chuillind ua Cuanach siar in baile i torchair Cuill*enn* mac Mórna le Finn, 7 do Leim in ḟéinnedha, 7 d'Aenach Cuili mná Nechtain, re n-abar Aenach sétach sen-chlochair [isin tansa, 7 tar Ath mb*r*aengair, risi rait*er* Ath mor isin tansa — *Fr.* 11^{b}], 7 do Chenn Abrat Slé*ibe* Cáin b*udh*dhes, 7 do Tul*aig*h na Fénne, re n-abar

---

[1] bhḟigh, *Lism.*

Ard Pátraic isin tan-so, áit a mbai Eog*an* Lethderg mac Aengusa, rí dhá cóiced Mum*an*, co maithibh in dá choiced [Muman] uime.

Is ann sin do scáiled a phuball tar Pátraic, 7 táinic rí Mum*an* co maithibh a mhuinntiri, 7 tuc a cenn a n-ucht Pátraic, 7 ro ṡlecht do, 7 ro búi-sium *secht*main ann sin ac todhúscad mharbh 7 ac slánug*ud* dháine ngalair 7 esláinte.

Is ann sin tucadh a bhreith féin do P*hátraic*, 7 táinic Eogan Leithderg roime co Rosaigh na righ, dá dunad fein, 7 dochuatar maithi Mum*an* dá ndúintibh 7 dá ndegbhailtibh iarsin.

'Maith a anum, a Ch*áil*te,' ar Pátraic, 'crét uma tucadh Findtulach ar an tul*aig* so ara tám?' 'Adér frit a ḟírinni,' ar Cáilte, 'as so dochuamar-ne tri catha na F*éinne* do tab*air*t catha Findtrágha, 7 tucad ár sleagha dar n-innsaig*id*, 7 tucad fethana fithnais do chrannuibh ar sl*eg*, 7 ro dhech F*inn* in tul*aig* uime 7 adubairt: 'As finn in tulach.' 'O*cus* gá ferr ainm da mbia uirri iná Finntulach?' [ar siat — *Fr.* 12ª]

Cáil*te* cecinit:

A thuluch ard áibinnsi . cus' ticdís Fiana finda,
fa gnáth longphort lánadhbhul . ort is gasrad ghlanghilla.
Ba hí ár cuit re comháirimh . ticmís ard maighi míne
smera sciamhdha sceachaire . cnó do chollaibh Cinn tíre.
(Mae)tháin (drisse) dealgnaigi . gasáin creama gan (cin)aidh
do(chaith)mís gach bealltaine . buindéin bláithi (is barr) biroir.
[fo. 164ª 2] Eoin a doiribh diamhaire . ro soichtís ful*acht* Fénne,
togmaill breca a Berramhain . nit beca a bennuibh slébhe.
Bratáin luatha Lindmuine . escanna Sinna sóiri,
cailigh ḟedha Ḟidhrindi . dobráin a diamhraib Daile.
Iascach mara muiridi . a crích*aib* Bái is Béire,
medbhán Fáide fírghlaine . duileasc a cuanuibh Clére.
Snámh na Loingsi lochaidhi . fa meinic le Mac Lugach,
ticmís sluaigh is sochaidi . ar do thaobh thall a thulach.
Meisi is Oisín ollbladach . téighmís a corraib curach,
fuarus gaibhthi glasmara . a timc*hill* tonn is tulach.

Ocus is asso do chuamar-ne do chur chatha Finntrágha, 7 atconncamar ócl*ach* do mhuinntir Ḟinn d'ar n-innsaig*id* .i. Cael cródha cédghuinech ua Nemnainn. 'Can asa tánacuis, a Chaeil?' ar F*inn*. 'Asin Brug braenach at*uaid*,' ar Cael. 'Cret do iarais?' ar Finn. 'D'acalluim Muirinde ingine Deirg

mo muime féin.' 'Cidh a adhbhar sin?' ar Finn. 'Aı bhithin leannain tsídhe 7 ardnuachair 7 torad aislinge [tarfas dam.' 'Adersa sin rit, ar Finn — *Fr.* 12 a] .i. Crédhe ingen Cairbri cnesbháin ingen rígh Ciarraigi Luachra. 'In bhfedrais, a Chaeil,' ar Finn, 'conid hí sin bainmhealltóir ban Eir*enn*, ór is terc sét maith a nEir*inn* nár' bréc chum a dún*aid* 7 a degháruis.' '*Ocus* in fidir tú ga comha iarus ar chách?' ar Cael. 'Do ḟedar,' ar Finn '.i. gibé aga mb*eth* do dhán *nó* d'filidh*echt* duan do dhénam dhi 7 tuarascbháil a cuach 7 a corn 7 a cupad 7 a hian 7 a hairdleasdar 7 a righthech romhór.' 'Atá urlumh acumsa arna tab*airt* damh ó Muirinn ingin Deirg, óm buime féin.'

Ocus do áilsedhmar in cath don [d]ula[1] sin, 7 táncamar romuinn tar taebhuibh cnoc 7 carrac 7 tulach cu Loch Cuire i n-iarth*ur* Eir*enn*. *Ocus* táncamar cu dorus in tsída, 7 do chansam in dord fiansa re crannuibh ar sl*eg* n-ur(ard) n-orchrai, 7 do éirghe*dar* ingena [míne — *Fr.* 12 b] macdh*ach*ta (mongbuide) [fo. 164b 1] ar sceimhealborduibh grianán [7 ar sol*us*tighib cláraigh — *Fr.* 12b]. *Ocus* táinic Crédhi dar n-acallaim, 7 .LLL. do mhnáibh uimpi, 7 do raidh in fl*aith*f*éinnid* ria: 'Is dod thoga-sa 7 dod thochmharc[sa] tháncamarne,' ar se. Fiarfaigi*s* an ing*en* cia dhar' áil a tochmharc. 'Do Cael [chroda] chetguinech ua Neamhnainn, do mac rígh Laigen anair.' 'Do chualamar a scéla,' ar an ingen, 'gen gu facamar é, 7 in bhfuil aigi mo dhuan damsa?' 'Atá *immorro*,' ar Cael; 7 do éiri*gh* 7 do ghabh a dhuan:

Turus acam dia háine . gé dech isam fíráighe[2]
co tech Créidhi, ni snímh suail . re hucht in tsl*éibi* anort*úaid*.
Ata i cinnedh dhamh dhul ann . gu Crédhi a Cích*aib* Anann
co rabhar ann fo dhecraibh . cetra lá *ocus* leithseachtmuin.
Aibinn in tech ina tá . id*ir* ḟira is maca is mná,
idir dhruidh *ocus* aes ceoil . idir dháiliumh is doirseoir.
Idir gilla scuir nach sceinn . *ocus* ronnaire re roinn,
ata a com*us* sin uili . ag Créidhi ḟind ḟoltbhuidhi.
Budh áibinn damhsa 'na dún . idir cholcaidh[3] *ocus* chlúmh,
mad áil do Crédhi ro clos . budh aibinn damh mu thuros.

---

[1] uladh, *Lism.* [2] fíráidhe, *Lism.* [3] cholcaigh, *Lism.*

Sithal aice a sil sugh subh . as dogníedh a blai dhubh,
dabhcha glaine gairdheasca . cupáin aici is caeimeascra.
A dath amar dhath an aeil . coilcidh[1] eturra *ocus* aein,
sída etorra is brat gorm . dergór eturra is glanchorn.
A grianan ac Loch Cuire . d'arcat *ocus* d'ór bhuidhe,
tuighi druimnech gan dochma . d'eitibh donna is dergchorcra.
Dá ursain uáinidhi adcí . a comla ni dochraidh hí,
aircet échta, cian ro clos . in crand búi 'na fordoros.
Catháir Chréidhi dot láim chlí . ba suarca 'sa suarca hí,
casair uirre d'ór Ealpa . fa chosuibh a caeimhleaptha.
Lebaidh luchair na line . fuil os cinn na caithairi
dorónad ac Tuile thair . (d'ór) buidi is do lic *lógmair*.
(Lebaid eile) dod láim dheis . d'ór is d'aircet gan eisleis,
co pubaill co (mbricht mb)ugha . co caemslatuibh credhumha.
[fo. 164b 2] An teghlach atá 'na tigh . as dóibh as áibne ro chin,
nídat glasa slíma a mbruit . at casa finna a forfuilt.
Do choideldais fir ghona . cona taescaibh tromfola
re hénuibh sídhi ac sianán . ós bhorduibh a glanghrianán.
Madam buidech-sa don mhnái . do Chréidhi da ngairenn cái,
méraid ní bus lia a láidhi . madh dá ndíla a commáine.
Mad áil le hingin Cairbre . ní dam cuirfe ar choir cairdi,
cu n-abra fein rim abhus . 'is mu mhóir-chen dod thur*us*.'

Céd traiged i tigh Créidhi . ón chuirr gu roich a chéle,
is *fiche* traiged tomh*ais* . a leithet a degdhorais.
A hudhnacht is a tuighi . d'eitibh én ngorm is mbuidhi,
a hurscar thair ac tobar . do ghlain is do carrmocal.
Cetra huaithne um gach leab*aidh* . d'ór is d'airc*et* coimecair,
gem glaine i cind gach uáitne . nídat cenna ansuairce.
Dabhuch ann do chruan flatha . a sileann sugh suarcbracha,
abhull ós cinn na daibhche . co n-imat a tromthairthe.
In uair líntar corn Créidhi . do mhidh na dabhcha déne,
tuitit isin corn co cert . na cethra hubla a n-aein*fecht*.
An cethrar út do háirmhedh . éirghit isin frithdhaileam,
tabrat don ceathrar anunn . deoch gach fir *ocus* ub*ull*.
In tí 'gá táit sin uili . idir tráigh *ocus* tuili
ruc Créidhi a tulch*aib* tri mbenn . edh urchair do mnáibh Eireann.
Laidh sunn cuice ní crodh[2] cas . ní gres luighthi co luathbras,
co Créidhi cruth*aig* abhus . bhudh luchair lé mo thurus.

Is and sin ro faie[s]tar in lánam*ain* sin ar feis leaptha 7 láimhdher*aigh*thi, 7 do bátar ann re *secht* laithib ag ól 7 ag

[1] coilcigh, *Lism.* [2] crogh, *Lism.*

áibhnes gan esb*aidh* bhídh ná leanna ná lesaighthe oraind acht mad imnedh ele a(r Finn) .i. allmhuraigh do bheith ac Finn-tráigh. *Ocus* tuc an inghen eirredh dílius dingbhála (do gach) aen díb foleith, 7 do timn(amar) ceilebhradh dá chéile.

[fo. 165a 1] 'Ticeadh an inghen linn,' ar Finn, 'co bhfinnum cia uainn da mbia maith *nó* saith don ndula so.' *Ocus* rucastar an ingen drechta móra do chrudh lé do frithailimh a n-aesa galair 7 othrais. Ocus as í an ingen ros-biath d'as 7 d'firleamhn*acht* iat céin ro bás ag cur in chatha. 7 is ina tigh do bhítís lucht icce 7 othrasa na Fénne, 7 mar do cinn an ingen ar mhnaibh na Fénne um thidh-nacul sét 7 máine ro chinnesdar [Cael .i.] a fer, a ngail 7 a ngaisc*iudh* ar tri cath*aib* na F*éinne* isin cath sin, 7 fa bét in ní dorónad lá déidhinach[1] in chatha .i. a badadh Caeil, 7 do bhadar bethad-uigh ele, 7 comhsaeg*al* acu re Cael, 7 tuc in tonn amuigh 'arna bhádud hé, 7 do riacht an ingen 7 maithi na Fénne dá inn-saig*id*, 7 do tocbhad leo é cusin tráigh ndeisceartaigh leth an[d]es d'Finntraig, conadh Traigh Caeil ainm na trága ó sin ilé, 7 Fert Caeil.

Táinic an inghen 7 do sín re (a) thaeibh hí, 7 dorinne nualghubha 7 toirrsi mhór. 'Cidh dhamsa,' ol sí, 'gan bás d'faghail do chum*aid* mu chéle intan atát na fiadmhila foluaim-necha ac fagháil bháis da chumh*aid*?' *Ocus* atb*ert* Crédhe:

Geisid cuan . ós buindi r*úad* Rinn dá bharc,
bádhudh laeich Locha dhá chonn . is ed cháineas tonn re tracht.
Luinche corr . a seisceann Droma dá trén,
sisi ní aincenn a bí . coinfiadh dá lí ar tí a hén.
Truagh an fáidh . doní in smolach a nDruim cháin
ocus ní nemhthruaighe in seol . doní in lon a Leitir laeigh.
Truagh an tseis . doní in damh a nDruim dhá leis,
marbh eil*it* Droma Sileann . geisidh damh dil*enn* dá héis.
Ba saeth lim . bás in laeich do luiged lim
(mac na) mná a Doire dhá dhos . a bheith (is c)ros fa a chinn.
(Saeth lim) Cael . do beith a richt mairbh rem thaebh,
[fo. 165a 2] tond do thoct tar a thaebh geal . is *ed* rommer, mét a aebh.
Truag in gháir . doní tonn trachta re tráigh,
ó do bháidh fer seghdha saer . saeth leam Cael do dul 'na dáil.
Truagh in fuaimm . doní in tonn risin tracht tuaidh
ag cennghail um carraic cháin . ag cáineadh Chaeil ó dochuaidh.

[1] déighinach, *Lism.*

Truagh in treas . doní in tonn risin tracht teas,
misi dodech*aid* mu ré . mesaidi mu ghné ro fes.
Caince corr . doní tonn trom Tulcha leis,
misi nocha nḟuil mu mháin . ó rom-maidh an scél romgéis.
O do baidh*ed* mac Crimhthain . nocha nḟuil mh'inmhain da éis,
is mór triath do thuit le a laimh . a sciath a ló gáidh nir' gheis.

Ocus do ṡin an ingen re taebh Chaeil 7 fuair bás da chumh*aid*, 7 do hadlaiced iat araen a n-aeinḟert ann sin, 7 as misi fein,' ar Cáilte, 'ro tócuibh in lia fil ós a lighi: conidh 'Fert Caeil 7 Créidhe' aderar ris.

'Adrae b*uaid* 7 b*ennacht*, a Cháil*ti*!' a Pátraic, 'as maith in scél do innisis. *Ocus* caidhi Brocan scríbn*id*?' 'Sunna,'' ar Brocan. 'Scríbtar lat gachar' chan *Cáilte*.' *Ocus* do scríb*adh*.

Nír' chian dóibh iarsin co facadar in dirim deghṡl*uaig* da n-innsaig*id*, 7 amdhubach do sciath*aib* donnchorcra ana n-uirthim-cheall, 7 fidhneimheadh do ṡleaghuibh urarda orcrai re guaill*ib* dhoibh. Ocus tancatar isin phupaill a raibhi Pátraic, 7 tucastar a tighearna a cheann i n-ucht naemPhádraic 7 ro ṡlechtsat dó. 'Cia thú féin, a ógl*aich*?' ar Pátraic. 'Bran mac Deirg mhisi,' ar in t-ogl*ach*, 'mac rig Mum*an*.' 'Cidh um a tanacais alé?' ar Pátraic. 'Fiannaighecht dob áil damh d'fogluim, a naeimhchleir*ig*, or (do chuala) óclach do mhuinntir Ḟinn do (bheith i)t ḟarrad-sa, 7 dob áil leam (foglaim) [fo. 165^{b} 1] duird fiansa do denamh aigi.'

'Atcluini sut, a anum, a Cháilti?' ar Pátraic. 'Atcluinim,' ar eisiumh. 'Maith, a Bhrain,' ar Cáilte, 'cinnus doghníthi fein fiadhach?' 'Iadhmait 'mon tul*aig* nó 'mon carn nó mon caill maighshlebhe, [it*ir* coin 7 gilla 7 óclach, — *Fr.* 13^{b}] 7 bímit re hedh in chaemhlai a ndegaid an ḟiadhraidh, 7 marbh-mait fiadh fecht ann, 7 feacht aile téit uainn.'

Ro cháiestar Cáil*te* annsin a bhfiadhnaise Pátraic co dérach dobrónach, cur'bo fliuch blai 7 bruinne dho.

Is ann sin ro éirig Pátraic 7 Cáilte in lín ro bhátar do ṡlu*ag*aibh co Cenn Abhrat Sleibi Cain suas, 7 is aml*aid* do bhi suidiug*ud* an inaidh sin a rancatar tri gleannta imon sl*éib* 7 loch eturra, Loch bó a ainm, 7 Osmetal ainm in tsléibi, 7 Cnoc na haeire allaniar don loch, [aitt a mbidh *Con*án Mael m*ac* Mornda — *Fr.* 13^{b}], 7 Findinis ainm in chnuic airtheraigh [úd,

airm a mbidh Fergus Fínbél mac Finn 7 Ferdoman mac Buidb Deirg 7 coin leicthi Find acco — *Fr.* 13^{b}], 7 cnoc Maine ainm in chnuic-sea [tís, ait a mbui gilla gráda do Find, 7 is annso ro bui flaithes fer a lethcuarain — *Fr.* 13^{b}]. *Ocus* annso dobhí in brécairi daimh .i. Líath na tri mbenn, 7 téighedh ón Féinn, idir choin 7 duine, re ré secht mbliadan fichet, 7 ro mharb óclach don Fhéinn é, 7 as misi in t-óclach [í sein, 7 ní da bladh breithri aderim sin', ar Cáilte — *Fr.* 13^{b}).

Ocus do éirigh Cailte iarsin 7 da chóraigh a mhuintir immon loch anair 7 aniar, anes 7 atuaid, 7 deisidh Pátraic 'na ṡuidhe, conadh Suidi Pádraic ainm an inaid sin a Cenn Abhrat Sléibi Cáin, 7 tocbhais Cáilte a ṡuasán sealga 7 fiadhuigh 7 fianchoscair ós aird, 7 ro léicestar a tri barannghlaedha badhbha as, cu nach raibhi i comḟocraibh na a coimhnesa dho fiadh fodilmhain a maigh na a moin na a maighshléib na a caill gan techt ina ruamannuibh roretha co ndechsat da n-inḟuarad tar éis a n-aistir al-Loch bríghach bó ina bhḟiadhnuisi, cor' ghabh gráin 7 egla 7 uaman iat resin fidhrén 7 resin fothram adhbul sin .i. re damhuibh alltaidhi 7 re heilltib ruadha roimhera 7 re torcaibh taebhtroma; 7 ni mór nach muirbfidis (a cétóir) iat le fad a retha 7 le scís anála. [fo. 165^{b} 2] Ocus ro leath in slúag imon loch, 7 ní dhechaidh éloidech beo as don tseilg, 7 do roinnset in tsealg, 7 ráncatar ocht cét cum ronna acu.

'Tabur dechmad in ḟiadhuigh dun,' ar Beneoin. Nír' escaidh le Bran mac Deirg in cuid rainic do féin do roinn re nech. Gabus galar ana broinn mac rígh Muman. 'Do lámh air so, a naeimchleirig,' ar Bran. 'Dar mu breitir,' ar Cáilte, 'nogu tarda a luach uait ní raga.' 'Gá luagh?' ar Bran. 'Uair is at broinn atá in galar,' [ar *Cáilte* — *Fr.* 14^{a}] 'tairr gacha bó 7 gacha muice 7 gacha caerach uaid do Pátraic 7 don naeimeclais co bráth.' 'Dobérsa sin,' ar Bran, '7 dobhéra mo mhac am dhiaidh.' *Ocus* do chuaidh sin a ngnáthugad ac feruibh Eirenn ó sin imach. Tuc iarsin Pátraic a láimh ar broinn Brain meic Dheirg 7 ba slán focétóir.

'Imthecht againn budesd,' ar Cáilte. 'Gá conuir sin?' ar Patraic. 'As cumain leamsa, a naemPátraic, nach lémdais sluag

náit soch*aide* suidhi ar na tri tulchuibh-sea le ceisd Tuaithi *dé* D*anann*.'

Cáilte cecinit:

Cumhain leamsa trí tulcha . atáit gan aes gan urchra,
do reith*ed* Liath na trí mbenn . otha imeall co himeall.
Cum*ain* limsa tri cealla . robsat dúine deightheanna,
ni bídh guth cluic inntibh thall . meince snaidm druadh 'na tim*cheall*.
As Cáilte féin mh'fírainm-si . robsam cenn Fénne finne,
nocha dénmuis dighairse . ac tairimthecht an glinne.
Ni fuilngead Finn fianamail . intan ro bhoi 'na beth*aid*
bennán baeth ac buiredh*aig* . ós cinn a longphu*irt* lethain.
Misi is Flann mac Failbhe . dergmais mór laech do Laighne,
as í so mu chubhus tra . mór cath isam cum*ain*-sea.

['Adrae b*uaid* 7 b*ennacht*,' ar Pátraic, 'is urgairdiug*ud* me*n*man 7 aicenda duind sin' — *Fr.* 14a]. Ocus imthigid in sluagh cona n-oiribh sealga forro [co Cend Abrat Sleibi cain, *co*nice inadh in longp*uirt* a mbidís an Fíand — *Fr.* 14a].

Dech*ain* ro dech Cail*te* da láimh chlí don tsléibh confacca dunad 7 degbhaile. "Mo chub*us* amh,' ar s(é), 'nir' aithn*id* dhuin dúnad and su(t), 7 dénam chum in bhaili a(nunn),' ar sé.

[fo. 166a 1] Ia(rsain) táncatar rompa chum an dúnaidh 7 robb ingnad leo gan slóigh gan soch*aide* d'faicsin ann, *acht* noenb*ar* banmhogad 7 triar fermhogad. Tángatar-somh a ngrianán deirrit do bhí isin bhaili, 7 dá mnái isin grianán, 7 siat ag cái 7 ag toirrse. [Brat cor*cr*a corrtharach imondara mnái 7 delg airgid and, 7 niamland d'ór buidi re hédan, 7 faideran firuaine imon mnai ele 7 delg óir isin brut osa b*r*uindi — *Fr.* 14a-b]. Ocus ro fiadhaiged 7 ro frithoiled iat, 7 ro beanad a n-errada aisdir 7 imthechta dhíbh 7 do fiafraigh Cáil*te* díbh 'cia an dúnad [i tám?' Adubrat*ar* na mna, — *Fr.* 14b]: 'Dúnad dá mac rígh Fer muighi so, Lochán 7 Eog*an* a n-anmanna." Cid um a bhfuilti dubach dobrónach?' ar Cáil*te*. 'A [aba 7 a — *Fr.*] adhbar againn, 'ar iatsan. 'Ag dís derbbhrathar atámuit, 7 da deirbsiair sinn féin. 7 dochuatar ar bhfir do thab*airt* ban [ele] anoct, 7 ní fuil dar bfuirech-ne isin dúnad *acht* co toirset ar bhfir 7 mná nuaa leo.'

Ocus dechain ro dech Cáilte secha i n-iarthar na bruidhne,[1]

[1] bruighne, *Lism.*

conḟaca in ríghlia cloichi ro bái ac oclach grádha d'Ḟinn .i. ac Senach mac Mhaeil-chró do ṡenmhuinntir Find meic Chumaill. Ocus is amhlaid ro ḃhái in lia sin 7 inneoch thuc Finn do thuarasdal dó [inti] .i. .LLL. uingi d'ór 7 .LLL. uingi dh'aircet 7 .LLL. uingi d'findruine [7 tri .L. falach óir – *Fr.* 14[b]] ar ndúnad in lia cloichi sin impa.

Is ann sin adubairt Cáilte risna mnáibh: 'Gá luagh dobérad sibh dham dá ndernainn bhar bhḟurtacht 7 bar bhḟoiridin, 7 da tucaind bhur bhḟir féin cuguib ar gcúl?' 'Da mbeth ar doman againn luagh budh áil leat,' ar siat, 'dobérmais duit hé.' 'Ata *imorro*,' ar Cáilte, 'in ríghlia cloichi ut i n-imel na bruidhne.' 'Dursan duit a rádh!' ar siat, ór do bhátar mor-ṡochraidi na críche agá corugud isin baili a dtá, 7 ro bui a n-obair ana corugud ann, gia roḟedtasa at aenar ní dhi.' 'Misi féin as meallta dhe sin,' ar *Cáilte*, 'muna ḟédur.' 'Rachaid uain duitsi sin co mbeannachtain,' ar na mná.

Táinic-sium iarsin asin mbaili amach, 7 tuc lán a glaici desi do losaibh sídhe sainemhla leis dob aithnid dho ag rígh-naibh 7 ag romhnáibh na Fénne. Ocus tucas(dar do)na mnáibh, 7 ro ḟothraicset iat as(na losaib) sin, 7 tuc sin a ngrádh ara bferaibh féin (cor' léicset ar c)úla arís na mná thucsat leo. [fo. 166[a] 2] 7 tugad an lia dho-san, 7 atbert Cáilte:

A lia Bhelaig Atha hí[1] . menic ar comdail cuici,
maine Sencain maic Máil-cró . do frith sund, ní hímargó.
Ata sund[a] losa díb . is ní ba losa cen lí,
ní bía 'sa doman uile . mná bus tochu la firu.
Aderimsi ribsi dhe . is fir dam in faistine,
nech rom-aithnid cech dia . lemsa ba hinmain an lía.
A lia.

Ocus do bhí Cáilte annsin in adaig[2] sin, 7 ro freastlad 7 ro frithailed cu maith é, 7 do (é)irig d(o) mochtrath arnamhárach, 7 tuc ta(rraing don) lic cuigi do lár thalman.

Ocus táncatar rompa co Finntulaig, risa n-abar Ard Pátraic aniu, airm a raibhi Pátraic, 7 do fiarfaig Pátraic: 'cáit a ra ba-

[1] For the rest of this poem (here taken from Fr. 14[b]), Lism. has only 7 rl.
[2] agaid, *Lism.*

duis aréir, a Cháilti?' Ocus ro innis [Cáilte] dó in scél ó thús co deireadh. *Ocus* nír' cian do bhátar ann co bhfacatar in móir-ṡeiser da n-innsaigid. 'Can asa táncabair, a óga?' ar Pátraic. 'A cuiged Connacht atuaidh,' ar iatsan. 'Cidh ro imluaidh sib?' ar Pátraic. 'Ar do cenn-sa ó mhaithibh Connacht, a naeim-chléir*ig*, dar mbreith ar do ṡoiscéla idir fir is mnái.' Adubairt Pátraic: 'ni cóir ar an Ecl*ais* gan a sil*ed*.'.

Do gl*úais* Pátraic cona muinntir, 7 táncatar rompa anes tre medhan Mum*an* 7 do Luimnech n-Ul*adh*, 7 i (Fi)dh na cuan re n-abar Creat[ṡ]alach, 7 a Sliabh uighi in rígh, 7 a Sliabh Echtge inghine Nuadha[t] Aircetlaim, 7 do Chuaille Cepáin a n-Echtghe, airm a torchair Cepán mac Morna, 7 do Loch na bó girre, risa n-ab*ar* Loch Greine ingine Finn, 7 a mBreicthir, re n-abar Tír Maine isin tan-so, 7 do Loch Linnghaeth, re n-ab*ar* Loch Cróine [isin tan-sa — *Fr.* 15a]. Is ann sin ro búi Muiredhach Mór mac Fínachta, ri Connacht, ar cinn Patraic, 7 ro srethadh a phupall ós Patraic cona cléirch*ibh*, 7 luidhset maithi chúigid Connacht cuigi annsin, 7 slechtait do Phátraic, 7 tucsat a cinn 'na ucht.

Dála Pátraic *immorro*, tainic amach asin pupaill, 7 suidis ar an bhfirt fótbhaigh, 7 luidh Cáilte leis 7 ráidhis: 'And so, a anum, a naemhPátraic, tucastar Oscar a chétcath.' 'Ga hadhbar bái aigi?' ar Pátraic. 'Ní annsa,' ar Cáilte, 'um Neim ingin Aedha Duinn meic Ferghusa Find, ingin rígh (Uladh), ro snadhmad d'Aedh mac Fidh*aig* meic (Finntain, 7 tucadh) hí do mac rígh Connacht. Ocus ni rai(bhe se lín catha) [fo. 166b 1] d'Oscar ná don Féinn nogur' siredh uaidh sochraidhi ṡl*óigh* ar Cormac ua Chuinn, ar rígh Eir*enn*, 7 do chuir Cormac .iiii. cuicidh Eir*enn* lais do thab*airt* chatha don Féin, 7 doradadh an cath imon n-ingin isin maigin sin, 7 ba hiat so céitghnímha Oscair isin cath sin, am*ail* adubairt Find:

Eirigh suas, a Oscair . ro fes as tu in bunad,
gidh lór méd na ndaighfer . dingaibh dín *cét* curad.
Eirigh tritha is tarrsa . gursat maela a méidhe,
geibh sciath engach uaine . geibh cloidimh co ngéire.
Geibh sciath is geibh sl*egha* . on arm niadh rot-rubha,
geibh lúirigh rot-meala . nár maidhedh do thuba.

As mór an gním damsa . a bhḟiadnaise ḟiadhan
derlágadh mu náidhen . a cinn a nái mbl*iadan*.
Ní thicfa is ní tháinic . bhudh ḟerr lám na luighe
is ní ḟuil crann sleighi . as sia doria a nduine.
Mairg *gus* tibre a śidhe . le claid*em* gu ngéiri
ó thic ferg a láimhe . an ḟirghairg ar n-éirghe.

Is ann asbert Cailte:

Céitghníma Oscair co mbuaidh . rí Ul*ad* gusan ń-arduaill
ocus rí Laig*en* gan acht . *ocus* ri ródha Connacht.
Is dorala chuigi iar soin . Aedh mac Ḟid*aig* meic Ḟinntoin,
ocus fácbhais hé gan cheann . ni gnáth an comhrag coimhthend.
Aedh Donn mac Ferghusa Finn . ri Ul*adh* gusan imrinn
a los scéith is cl*oidim* cruaidh . do marb Osc*ar* a n-aenuair.
Baetán mac Fir nairb co neim . do bó rí lonn do Laighnibh,
do mharbh gér' lór a cruaidhi . re hathladh na haenuaire.
A chomhalta caemh crínna . Oscar áluinn innríghdha,
Linne mac Ligne gu nglonn . do mharbh Oscar a n-imroll.
Tainic d'féch*ain* in chatha . Niamh an éduigh ildatha,
mebhuis in cath ana cenn . marbhthar in ríghun roithenn.
[Dob*ér* teist ara cuingid . ara laech co luathbuillib
nar' iadh a dha chois im each . bud ferr engnum na einech — *Fr.* 15a.]
Adeirimse ritsa dhe . a Phádraic co bhḟirinde,
ro ba mór a rect rígda . nír bo ceart a chéitgnímha.

'Adrae b*uaid* 7 b*ennacht*, a Cháilte!' ar Pátraic; '7 caidhi Brocan? Scríbh(thar in) scél út lat, gomba gairdiughadh do [fo. 166b 2] ḟlaithibh deridh dom*ain* é.' Ocus do scríb Brocan.

'Maith, a anum, a Cháilte,' ar Pátraic, 'cia in fertsa ar an tul*aig* ar a tám?' 'Ní *annsa*,' ar Cáilte, 'óclach d'fianuibh Eir*enn* fuair bás annso .i. Airnélach mac Adhmalláin, mac rígh Laigen, 7 táinic fer dána le duain do annso, 7 do ghabh a dhuan. 'Maith a anum, a ḟir dhána,' ar eisiumh, 'léic cairdi dam nogu rabat mu sheoit 7 mh'innmusa im ḟarrad.' 'Dar mo bhréithir ámh,' ar an fer dána, 'ní leiceabh gan do ghlamad 7 t'aeradh isin ló aniu [1] mun bá am buidech.' Mar atchualaseom sin, tuc a aig*id* re talm*ain* 7 nir' thócaib a ghnúis nogu bhḟuair b*ás* do náire; 7 do muiredh in tuluch thonnghlas so air, 7 ro tócbad a lia ós a chinn, gurab ris ata do dhruim-si, a naemhPhádr*aic*.'

[1] aniugh *Lism.*, andíu *Fr.*

[C*áilte* *cecinit*

An fert fuil fan líg Lodain . ba *fert* fir uallaigh o thaigh,
fertán in láich niamaigh náir . Airnelaigh *meic* Admallain — *Fr.* 15a.]

,Neamh uaimsi dho,' ar Pátraic, 'a lógh a náire, 7 a thabairt a péin.' *Ocus* táinic a anum a péin isin uair sin gu r*ái*bhe 'na cholum .*ghel* arin cairthi cloichi ós cinn Pátraic.

'Cia ata isin chinn-sa thes don tul*aig*, a Cháilti?' ar Pátraic. 'Sálbhuidi mac Feidleacair, mac rígh Muman, fuair b*ás* ann a ndeg*aidh* fiadha sídhe .xxx. con 7 .xxx. gilla 7 .xxx. ócl*ach*, 7 ro muiredh in tul*ach* orro': ut dixit Cáilte:

Atá isin chinn-sa thes . mac Sálbuidhi na n-eceas,
ní háirimthi mar mháin bhic . *cóeca* conghlann finnaircit.

'Do ba maith linn,' ar Benén, 'na seoit sin d'fagh[b]ail'. 'Foghébha-sa sin,' ar Cáilte, 7 ro osl*aic* in fert, 7 do bhí lán crainn a shl*eig*i d'failghibh ann. 'Tucais nemh ar a náire don fir ó chianaib,' ar Beneoin, '7 tab*air* nemh ar a séduibh don ócl*ach* ele ud.' 'Doberthar,' ar Pátraic.

Is and sin do fiarf*aig* Pátraic do Cháilti: 'créd ro dith*aig* sibh uili in bar bhFéinn?' ar se. 'In dá chath tucsam fa deiredh,' ar Cáilte, '.i. cath Gabra 7 cath Ollarbha. Tri catha dochuamar-ne do chur chatha Innbhir Ollarbha, 7 ní thor*acht acht sé* cét uainn as, 7 nir' cheis m*en*ma Finn ar an bhFéin riam co sin a gcath ná a gcomhl*onn*, 7 tuc da uidh an uair sin esb*adh*a na triath 7 na tigernad 7 na curadh 7 na caithmhil*edh* 7 an aesa gradha do thuit isna c(athaib sin):

Finnaidh dun in lín atám . ni meisdi nech uaib (a rádh),
co finnam sunn, lith gu ngal . in lia duin n(a dhóib 'sin cath).
[Maith mo m*uinter* taeb re taeb . *no*cor' marb*ad* Cellach caem,
gaet do sleigh D*eirg* m*eic* Dulaigh . isin *tr*ess a Tuath[1]-Mumain.
Cellach caem . do bí fam sithail is braen
cecha cluindís in dias glan . ní théighedh *acu* ar imral.
Seisiur do bí ar mh'inchaib . ní leicdís nech fa dímdhaigh,
d'fostaighidis a *techt* amach . cech dáim ba hecail d'écnach.
Beithech, Barran, Bresal d*erg* . *cr*uad Co*n*nla na canad cealg,
Dubróid *ocus* Mac da dér . *co*noch*t*aidis dam cech scél.
Dub Drumann do berrad dam . ba hinmain lam gasta glan,
ní tabrad sgín ar aighidh . is lugha d'fácad ainimh.

[1] tuagh, *Fr.*

Dér *mac* Daig*ri* círadh m'folt . maith doní *ocus* ní holc,
ní benad finda asa tuind . *ocus* ní b*rised*h deghbairr.
Cú cuilli doroinded biadh . inmain óclach fuilech fíal,
ba maith m'imdaigh ar laighi . o Dubthach *mac* Dairene.
Cú cuilli . *tr*om a bermaidh a builli,
bai inesair aici co dian . is ní benad a lam ria[m].
Mara gabra Glas *mac* D*eir*g . uathad ro fit . . .
Daire rob . . . roind ris . ba f*err*di in leth cos' teigmis.
Lir *mac* Gabra bai fam sciath . inmain gilla robo . . .
. . . curraigh mo ślegh ro aeb . ní delighidis rim . . .
Taisech comóil Corc *mac* Suain . a hairer Alban adfuair,
tricha laech ro bai im thigh . co laithi mona ma faidh.
Cairpri Cas . ro tindbed duind ar midh mas,
don . . do ocht feraib déc . do denam da . mbem céd.
Da assa don airgit bán . ro bi et*arr*o is lár
(c)liabinar siric dar ler . ima c*or*p comlan comgel.
Cathbarr caecdiabul *co n*-ór . bai machi [leg. 'ma chínn] re huair tinóil
co cét ngem nglainẹ cen oil . co cét ngem do líg lóghmair.
An uair dob*er*thea ar cuid dúind . sól*us* ó ursaind co cúil,
coindel do cách sund imne . a cathbarr im cenn Cairbre.
Andum lim ces*acht* ar śluagh . a dénam ní dam is dúal
cosaníu ní dern*us* riam . a foc*us* na a n-eitercían. — *Fr*. 15ᵇ — 16ᵃ.
[fo. 167ᵃ 1] Ecoir d'Fath*od* tachair frim . mor lá ro leasaiged lim.
ní do deoin Luighdech Meic con . do thaichérad frim Fath*od*.
Is leasc leam tachar don treas . giamad lim no ricthe a les
mu ceim as ceim co nglaine . gu Dubhthor Dháil nAraidhe.
Ochtar is *sé fich*it fer . doneoch ba dingmala dhamh
do marb*ad* ag Ard Abla . fa Donnghus mac Lánamhna.
Tri *cét* cath do chuir in F*hían* . itir tuaid is tes is *tíar*,
nochar' chuirset riam co sé . enchath as mó egcaine.
An luct sin dochuadar dínn . no dhingebhdais a dhá lín,
aniu dá mairdis ar magh . ní hé Fath*od* nach finnfadh.

'Adrae buaid 7 bennacht, a Cáilti!' ar Pátraic. ['Is mor do maith do canais isin láidh[1] sin; 7 s*cr*ib sud, a Brogain,' ar Pátraic, 7 ro s*cr*ib — *Fr*. 16ᵃ]. Is ann sin ro fiarfaig Caínen mac Failbhe, meic F*e*rgh*us*a, meic Eogain Mhoir do Cháilti: 'Cait ar' marb*ad* Oilill Ol*om* mac Mogha Nuadat?' Freagrais Cáilte sin: 'Marb é do cróbhainne chumad a mulluch Slébhi Claire thes'. '*Ocus* [cait inar' marb Sadb ingen Cuind?

[1] láigh, *Lism*.

ás Cainen — *Fr.* 16ª]. As marbh Sadb ingen Chuinn do chumaid a meic mhórghrádh*aig* .i. Meic con a Temhr*aig* [na rígh, — *Fr.*] 'ar Cáilte. 'Cáit ar' marb*ad* Ferchis mac Comáin eices?' ar Cainén. 'Urchar', ar se, 'tuc Ael mac Derg-dhuib do bhir chruaidh chuilinn [dó] a mull*ach* Sléibe Crot do dhamh all*aid*, gur' mharbh Feirchis de.' 'Ocus secht meic áilli Aililla,' ar Cainén, 'cait a fuaradar bás?' 'Benne Brit ros-mugh*aig* iat i cath mhór Mhuighi Mucramha ria mórsochraidi Meic con.'

'Áth ísseal ar Magh mínadhbul, cidh dia tá?' ar Cainén. 'Connla Derg a Cnuc dhen ro ghonasdar Fiacha Muill*ethan* mac Eog*ain* ann, ⁊ Áth tuiseal de sin hé'. *Ocus* atbert Cáilte:

Ath t*uis*il ainm an átha . do chach as fis fírátha,
tuseal tuc Connla Cnuic dhean . ar Fiacha maith Muilleathan.

'Ocus cath Samna,' ar Cainén, 'cia lasa tugadh ⁊ cia thorchair ann?' 'Cormac Cas, mac Ai*li*lla Ól*uim*, tuc*a*star hé d'Eochaidh Abhratruadh do rígh Uladh atuaidh, ⁊ do tuit an[n] Eochaidh Abratr*uadh*, ⁊ do buail*ed* Cormac Cas ann, ⁊ ro bhái trí blia*dna* déc ica leighius ⁊ a inchinn (ac si)led, ⁊ sé a ríghi Mum*an* ris sin. Ocus dorónad dúnad (⁊ degbai)le aigi ac dún ar sléibh, ⁊ is aml*aid* ro bhái (in dúnad s)in, ⁊ lochtopar grinn glainidi ar lár an (dúnaid), ⁊ dorónad ríghthech romhór aigi imon [fo. 167ª 2] tiprait, ⁊ ro saidhit trí liagána cloiche uimpe, ⁊ ro suidhiged leabaidh in rígh ⁊ a cenn siar idir na trí huaithnibh cl*oiche* sin, ⁊ óclach grádha da mhuintir ag tabairt uisce a cuach *nó* as sith*al* ima cenn. Ocus fuair[-sium] bas iarsin ann, *gur'* cuired fo fochlaidhibh talm*an* hé isin dún sin. Ocus as de sin atá Dún trí liacc d'ainm fair,' ar Cáilte. 'Ocus as é sin in scel ro fiarfaighis dim, a Cainéin,' ar Cáilte. Ocus adubairt Cáilte an *láidh*:

Aibhinn gidh in dúnsa thair . risa n-ab*ar* Dún eochair,
as aibhne fós o thic lá . loighe Sadhbha is Oililla.
Marbh Sadb do chumaid Meic con . ro gaet Ferchis d'aenurch*or*
don fairind ana farrad . marbh Ailill do thámhghalar.
Ba marbh Eogan Mór gan mheth . a cath Mucramha maeithnech,
borrálat ro las ó ghnímuib . marbh Cormac Cas d'fuillídhain.
Goin Fiacha Muill*ethain* mas . meic Eog*ain* gu n-airechas,
lór a solmha ro bái tan . ro gaet Connla ic Áth leathan.

[*Ocus* Áth lethan bodhéin . sloindit sárfir co sárcéill
is Dun eochair os maidh móir . caidhi fochaind a claechlóigh?
Áth sisel ainm in atha . is e so in fis fírfádha,
don tuisel tuc Co*n*nla a cnucc dean . ar Fiacha maith Mullethan. — *Fr.* 16[b]]
Cath Samhna ro ládh ann soin . ann ba raen madma ar Ult*aib*,
do buail*ed* Cormac 'san cath . do marb*ad* rí na n-Ulltach.
Tángadar a chnedha ris . re mac rígh fega fidhlis[1]
gilla nár'bho dimbuan bladh[2] . usce innfuar ro foir*ead*.
Gach lá do théiged fon es . mac Oililla Cormac Cas,
an leas dia mbí do bo ghar . dul fo Es Maighi[3] morghl*an*.
Doluidh as co dún ar sléib . co dún a athar budhéin,
ro saidhtea trí liaga lais . d'innfuar*ad* a chinn chaemchais.
Dona trí liacuibh atciat . aderar ris Dún trí liac,
as é a ainm ó sin ale . tar éis Chormaic chinn Chlaire.
Marbh mac ríg Muman iar soin . do chneaduibh is d'fuill-idhoin,
ro adn*acht* 'san dún glan grind . a leab*aid* innfuair áibind.

Dála Mhuiredh*aig* mheic Finnachta rígh Connacht [indister asa haithle sin — *Fr.*]. Ro bói mac grádach aigi .i. Aedh mac Muiredhaigh, 7 ro fuacradh imáin ag macr*aid* choic*id* C(onnacht) intan sin, 7 ruc Aedh mac Muiredhaig sé (cluichi) ar an macr*aid* gan nech da chuid(iugud leis) [fo. 167[b] 1] 7 ro ṡuidheastar iarsin, 7 ro ghab slaedan tiughmaine[4] tromghalair hé, 7 fuair bás ann sin, 7 ro hinnis*edh* da mhuinntir sin 7 da mhath*air* .i. Aifi [Foiltfind] ingin rígh Ul*adh*, 7 dorónad nualghubha mór ag mnáibh an cóicid do bhás in macaimh sin, 7 adubhairt a mháth*air* a thabairt a n-ucht in Táilcind .i. intí dar'thidhluic Dia Eire uile, 7 com*us* lesaigti cáich innti. 'As imdergad mór leamsa sin,' ar rí Connacht, 'mun bhadh deoin do féin hé.' .

As ann sin docuas ar cenn Patraic asin pubaill a raibi rí Connacht cona slóghuibh, 7 in mac marbh ann, 7 brat corcra corrtharach thairis 7 culpait chaemh chorcardha[5] 'na thimceall. *Ocus* adubairt a mháthair 7 a trí comhaltada 7 a deirbhṡiur cumad marbh da chum*aid* iat. Ocus ó'tchual*a* naemPátraic sin ba truagh lais, 7 tainic a chraidhe forro.

Is ann sin tucadh loingṡith*al* bhánoir chum an chléir*ig*, 7 a lán d'uisci innti, 7 coisercaidh in t-uisqi, 7 tucadh a cuach

[1] leg. Feda findlis? [2] blagh, *Lism.* [3] maidhi, *Lism.*
[4] tiudhmaine, *Lism.* tiugbaidhi, *Fr.* [5] chorchardha, *Lism.*

fetta finnaircit an t-uisqi, 7 éirghis an naemchleirech 7 tócbais in chlupait (*sic*) caeim corcordha, 7 tuc trí bainne don uisqi a mbél Aedha *meic* Mhuiredhaig, 7 in treas loim tuc ina bheol ro éirigh óghslan, 7 tuc a láimh dara agaidh [mar do beith a mbandail no a cuirmthigh, — *Fr.*] 7 do éirig asan imdha*id* amach. [*Cáilte cecinit*:

Aed m*ac* Muiredaigh m*eic* Findachta . air re himred firferta
ro athbeóaigh Pat*raic* co mblaid . re hathlum 'san aidchi sin — *Fr.* 17.]

Ocus ba subach somenmnach na sl*óig* de sin, 7 do creitset do Dia, 7 tucsat a cinn a n-ucht Patraic, 7 tucsat a com*us* ó bhic gu mor dhó, 7 do bádar ann sin re hedh na hoidhche[1] sin [co tainic lá *con*a lansoillsi, — *Fr.* 17] 7 ro fácbhatar in baili arnamhárach. *Ocus* táncatar na sl*óig* uili rompa a nGannmhagh, risa n-abar Magh Find isin tan so, 7 i Toch*ar* an bhanchuire, re a ráidhter Toch*ar* Find isin tan so, 7 lámh dhes re Ros na fingaili, re n-abur Ros Camain isin tan so .i. nái meic Uair meic Idhaist ro marbsat a chéli ann, conad de aderar Ros na finghaile ris, 7 do Ráith Glais, re n-abar Raith Brénaind. *Ocus* ro saidh*ed* pupall rígh Connacht ann sin, 7 do riact Patraic 7 Cáilte, 7 ro suidhset ar an firt fótb*aig* ós or na rátha, (7 táin)ic rí Connacht co lín a sl*óig*, 7 suidhit a farrad [fo. 167b 2] Pátraic 7 Cáil*ti*.

Is and sin ro fiarf*aig* Muir*ed*ach mac Finn*achta* do Cáil*ti*: 'Cidh dia tá Ráith Glais ar in ráith si?' 'Adérsa rit,' ar Cáilte. 'Glas m*ac* Dreacain, mac rígh Lochlainn, táinic *cúic* catha fichet do ghabáil rígi nEir*enn*, 7 is ann tángatar, gu Cathair Dhaimh díleann, risa n-abar Dún Rosarach, 7 is ann bái F*ind* mac Cumaill, a n-Almain Laigen intan sin'.

Do fiafr*aig* Muiredach do Cháil*ti*: 'cidh fa tucadh Almha uirre?' Freagrais Cailte: 'óclach do Thuaith d*é* D*anann* do bhí isin Brugh braenach breacsolus. Bracan [leg. Bocan?] a ainm, 7 do bí ingen a n-oighi aigi, Almha a hainm, 7 tucastar Cumhall mac Trénmhoir hí, 7 ba marb do bhreith mheic do Chumall hí, 7 ro múir*ed* in tulach tonnghlas so thairrsi, gurub uaithi ainmnigth*er* an tulach, 7 Tulach na faircsina a hainm co

[1] hoighthi, *Lism.*

sin. Nó Almha ainm antí ro ghabh re linn Neimhidh. Nó dana Nuadha drái doróine dún 7 dingna ann, 7 do ghab almhain don dún, cunad de atá Almha.' Ocus adubairt Cáilte:

Almha Laig*en*, lis na fian . bhaili ar' ghnáth*aig* Find fírfial,
atá sunn do réir gach śin . an ní dia fuil in t-ainm sin.
Almha ainm in ḟir do ghabh . re linn Neimh*id* co nertbhladh,
marbh thall 'san tul*aig* uaine . do thámh obunn énuaire.
Oclach d'Feruib Bolg nár' bhaeth . Iuchna ba hainm don óclaech,
ba lán an dún tiar is toir . da éidib 7 da almhoib.
Luidset á tainti le tart . d'ól usce cum na tiprat,
gleacsat le truma a tarta . gur' ḟacsat a n-adharca.
D'adharcuibh na mbó mbreac mbán . ro ḟágsat imon uaran,
as de ḟuil ann sunna 'na . adharc bó adbhul Iuchna.
Coic inghina ac Iuchna ard . 'con óclach ghasda glégharg,
is uathaibh sin leath a fat . gach ferann mar do ghabhsat.
Carman i Carm*an* nach mín . 'ga mbitis baird (sel) combrigh,
ben Trega 'na thigh treorach . (nir'bh ſ) ben ná haithgeon*adh*.
Mag Life a(r lí an óir) . gun ogmhnai gasda gealmhoir,
dar leam ni senchas soebh so . 'san *cóic*ed ingen Almho.
Nuada drai ba gilla garg . doronad lais dun dronard
a n-Almhain gu ngloine ngrinn . do śonnach a dhuin dighainn.
Aeingheal an dun dreimnibh dreann . mar do ghabadh ael Eirenn,
don alumhuin tuc o thoigh . as de ata Almha ar Almain.

'Is maith do hinnis*ed* an scél sin, a Cháil*ti*,' ar Muiredach mac Finnachta. 'Is ann do bámar-ne ann sin,' ar Cáilte, 'a nAlmain *Laigen*, 7 ráinic fis na loingsi sin chugainn, 7 as í tuc an fis sin lé, Sprédh aithinne, ingen Mhughna Mí[a]ncraesaigh, bainechlach rígh Eir*enn*. *Ocus* do gairmedh a bhainechlach cum Find do thinól 7 do thoicheasdul ḟian Eir*enn* 7 Alb*an*, 7 do thinóil Cormac ua Cuinn tuatha Temra 7 buidne Breagh 7 mórśochraide bf*er* nEir*enn*, 7 tancatar *cúic* catha *fich*it cusan mag so, 7 doronad crandchar idir in bhFéinn 7 aes na treabaire cia dhíbh da rois*ed* tus do thabairt an chatha dona hallmharch*aib*, 7 ro siacht don Ḟ*éinn* in cath do thab*air*t ar tús. Tucad in cath gach lái co cenn sectm*ai*ne 7 ro marbad *cuic* cét déc d'allmarch*aib* 7 d'Eir*en*nchaib, 7 tucádh in mórchath iarsin 7 torchuir Glas le Finn mac Cum*ai*ll, 7 torcratar a *secht* meic leisin Féinn. *Ocus* tri .l. ócl*ach* docuamair-ne maraen re Find do chur in

chatha sin, 7 do thuit .l. laech la gach nech uainn, 7 dochuamar-ne triar oclach don Féin maraen re Finn isin phupaill a raibhi Glas mac Dreagain, 7 fuaramar nái n-uaitne óir ann, 7 an t-uaitne ba lugha díbh ba commór re cuing n-imechtair, 7 ro folchamar isin móin ruaidh-se don taeibh tuaidh don ráith iat.

[A Ráith Glais . cosa tathaighmis[1] mór n-uair,
do foilghes *nói* n-uaitne óir . isin móin rét múr atuaidh.[2]
T*rí*ar bamar 'ca folach sin . ba hé ar lin re ar comáirem,
Find is Oisin, Cailti c*r*uaid . sind ros-folaigh re henuair.
Tri *coecait* ro lodmair-ne . faré Find co mét maisi,
marbsum *coecait* cech *t*ratha . fa cladh na ratha glaisi — *Fr.* 17.]

Ocus do cuireadh Glas mac Dreacain fo thalm*ain* annso, conadh uaidhe ata Ráith Glais ar in ráith so.

'Adrae b*uaid* 7 b*ennacht*, a Cháil*ti*!' ar Pátraic, 'is maith an scél do innisis duinn: 7 scríbhtar an scél út lat, a Brocáin,' 7 do scribh Bróg*án*.

Ocus do bádar ann sin re hedh na haidhchi sin, 7 do éirghetar co moch arnamhárach, (7) táncatar rompa i Ré carpuit Fearghusa, fris(a r)aidhter Imaire meic Chonnrach isin tan so, 7 do Cnuc na ríg, frisa n-abar Uarán nGar*ad*, 7 do gabadh [fo. 168a 2] sosad 7 longphort les ann, 7 do sreth*ad* a phub*all* [tar cend irsi na nGaedel .i. — *Fr.* 18] tar Pátraic, 7 do chan a thrátha ann sin, 7 do benn*aig* an tuluch taebhåluinn togaidi, 7 do ráidh: 'Bid hí so an t-ochtmad releac dhéc bhus dili leam a nEir*inn*.' 'As eadh ar doilghi,' ar rí Connacht, 'gan uisc*e* a comfochraibh di.' 'Madh deoin don Dúil*emain*,' ar Pátraic, 'biaid usc*e* ann so.'

Is annsin adracht Pátraic 7 beann cairrgi [cloichi — *Fr.*] adconnaic a n-imeal in bhaili táinic da hinnsaighidh, 7 saidhis a trosdán isin carraic gur' ben re grian 7 re grinneall, gur' mebhad*ar* trí sreabha d'uisqi eochargorm [firuaine — *Fr.*] asin carraic. 'Fácbala ar in tiprait, a naemhPatraic,' ar Beneoin. 'Coimgi gu cenn nomhaidhi do gach neach ibh*es* a huisqi,' ar Pátraic, ['7 ma huime b*us* marb é nem Dé dó, — *Fr.* 18] 7 usc*e* Eir*enn* uili do dhighbhug*ud* fo trí re deiread an domain tre mhóid in

---

[1] tathaighemais, *Lism.* [2] atuaigh, *Fr.*

Dúilem*an*, 7 Eire do leasugu*d* asin tiprait-si, 7 in t-uisqi se fo trí do thab*air*t cum duine galair, 7 ni ḟuil aincis nach foirfe'.

'Indis athscél[1] duinn, a Cháilt*i*,' ar Patraic. 'Indésat,' ar Cáilte, 'scél ima tarmairt fianna Eire*nn*, etir choin 7 duine, do mharb*ad* aran tulaig si a dtai. Guaire Goll 7 Flaithes Faebrach, dá ghilla imairchthe fithchle Find, 7 táinic óclach d' imirt fi[d]chle re Guaire ar an tulaig si .i. Finn Bán mac Breasail, mac rígh Laig*en*. 'Imératsa geall friut,' ar Guairi Goll. 'Crét in geall?' ar Finn. 'Tri uinge d'ór ó chechtur againn [co ceand tri lá 7 tri n-aidchi, — *Fr.* 18]' ar Guaire. Ocus is amhl*aid* do bhí F*ind* Bán as é an treas fi[d]cheallach as ferr do bhí isin Féin hé .i. Finn mac Cumaill 7 Diarmaid o Duibhne 7 Fl*aith*ius Faebrach gilla na fi[d]chli. [*Ocus* roraid Oisin so and:

Flaithi*us* Faebrach gilla Find . 's é is ferr ro imred fithchill,
nocha tarraid ar clár beirt . lámh budh áille ica himbert — *Fr.* 18.]

Ocus do imredar an dias sin re trí lá, 7 ní ruc Guaire énchluichi rissin, 7 do thuit a gheall uadha, 7 tucastar ail 7 aithis ar an ócl*ach* ele, 7 adub*air*t nár' ghilla a ngillaighe*cht* hé, 7 nár' óclach i n-óclachus 7 nár' ghaisceadach a ngaisced. Ocus tócbus Finn Bán in láim, 7 tuc dorn do G*huaire* co tuc trí cláirḟiacla asa charpat uachturach [7 tri fiacla asa charpat ichtarach — *Fr.*]. Ocus do tarla ina luighe (ar) chlár na fi[d]chle. Indister sin (don ríghfeinnid), 7 adubairt Finn Bán (cona mhuintir do mharbad). 'Dom bhréithir', ar Oisin, 'ní muirbfider, acht ra(chaid i mbreith) Cáilte 7 Diarmata í Dhuibne 7 Ḟer(gusa Ḟínbeoil .i.) [fo. 168ᵇ 1] ollaim na Féinne, duitse, a Ḟinn'. Ocus rucsat an triar sin a mbr*eith* .i. áit a comraicfisi 7 gilla Finn Bháin tabairsi dorn dó, 7 rach*aid* ascaidh duitsi leis [sin] .i. uingi d'ór ó gach tháisech Féinne d'fiann*aib* Eire*nn*; 7 dorónad síd aml*aid* sin acu.

Ocus a cinn f*ich*et bl*iadan* tángamur gu Caill Coimhéda i crích ua Tairrsidh Laigen, risa raidter Druim Criadh isin tan so, 7 dochuadar an Ḟian do ṡeilg, 7 do ḟácbhat*ar* ócl*ach* don Feinn ac coiméd in bantrachta, dar'bho comainm Garad

---

[1] scel, *Lism.* athscel, *Fr.* 18.

mac Morna, 7 is amhl*aid* do bhí Garad ann sin 'ar techt urmhóir a aeisi, 7 'ar marbad a bhráithrech [*acht* becan namá — *Fr*. 19]. Ocus adubratar na mná risseom: 'Maith, a anum, a Ghar*aid*, in áil l*et*sa fi[d]chell d'imirt frinne?' 'Ni háil *immorro*', ar eisium. 'Cidh ón?' ar an bantract. 'Laithi n-aen do bámar-ne ac Tula*ig* na rígh 7 ag Loch an eoin a cuiced Connacht, 7 do innis an scél dóibh, 7 is é so é, a naemhPátraic. Ocus adub*airt* ben dibh: 'nách uime do fácbhadh Garad inar farrad-ne do dhénam thein*ed* duin 7 d'imirt fi[d]chle rinn, uair dochuaidh ara lúth 7 ara lámach, 7 loighi aeisi dho in loighi a dtá.' 'Darm' bréithir', ar Garad, 'is glor ban mbidhb*ad* sin, 7 gidh fada do beinn-si a coimhlenmain na Fénne nírsat carait bun*aid* fa d*er*edh iat. Is annsin ro addá thein*id* moir isin mbruidin[1] 7 ro dhúin na secht ndorais bai uirre, 7 táinic féin amach 7 tuc a airm leis, 7 adubairt riu-san an senrann:

A mna áilli Fénne Finn . imridhse féin bhur bhfi[d]child,
sibsi sósar in rígh ghlic . misi senóir, sean m'imeirt.
Bruth aeisi orm snas ar sin . am comhaes re bhar n-aithribh,
is áithe cach ndelg as só . im [leg. ní?] chomaeis ar comhchluicheo.
Cumain lim lá ag Loch an Eoin . ni maith senóir gan seinsceoil,
da tarmairt a[r] n-ár uili . tre imarbháigh[2] énchluiche.
Do bí Guaire gilla Finn . ag fáithimirt ar fi[d]ch*ill*,
ocus Finn Bán mac Bresail . da tarla dóibh imresain.
Dob ferr d'im(ertach) Finn Bán . iná Guaire a Glaiss berrán[3],
ruc Finn Bán cetra cluichi . ní ruc Guaire (acht énchluiche).
(Fásaid ferg mór) a nGuaire . re mac Bresail bratuaine,
doráidh olcc (daririb ris . tré)na beirt ndírig ndílis.
[fo. 168b 2] Ba mór imnairi Finn bain . is tócbaidh gu luath an láimh,
gur' ben tar bél Guaire gloin . dorn ó mhac buadach[4] Breasoil.
Eirghit suas an Fian amra . fial oscurdha fírchalma,
saeth leo gilla na flatha . do bhual*ad* tré drochfatha.
Eirghit suas fianna Find bháin . is fian meic Cumaill d'énláim,
fiann Cáilti, fian Conáin chain . fian Oisín, fian Ferdhomhain.
[Ergid allos gaiscid gloin . fiann Find fein, fian Mail enaigh,
fian Duib drumann a Ros Guill . fian Guill *ocus* fian Irguill — *Fr*. 19a.]
Is ann adub*airt* Find féin . 'dech amuich, a meic mhóirtréin,
cidh 'ma fuil ferg na Fénne . crét adb*ar* a coiméirghe?'

---

[1] mbruigin, *Lism*. [2] imarbhaidh, *Lism*. [3] bemann, *Lism*.
[4] buagach, *Lism*.

'Guaire do ghilla-sa, a Ḟinn . 'óclach do bhi fot ḟi[d]chill,
ni maith in t-adb*ar* da fuil . a marb*ad* do mhac Breasuil.
[Gabar m*a*c Bresail cen b*r*ath . ar m*a*c re*cht*aire Temrach
baeth do neoch cemad t*r*enfer . marb*ad* gilla in righféinded — *Fr.* 19[a].]
'Gabhthar mac Breasail,' ar Finn . 'ná gabhthar comha da chinn,
ní ba comairce dhó dhe . Diarm*ait*, Oisín, ná Cáil*te*.'
'Dar do láimh, a Ḟinn gu nglóir . dar h'uais[l]i is dar h'onóir,
ní muirbhfit*her* mac Breasail . ó tarla 'na imreasain.
'A athair, oiris 'gut chéill . a mheic Cumaill,' ar Oiséin,
'br*eth* dírech as dú do ḟlaith . is ní briathar bhaeghalbhraith.
Gidh sinne no beth gan chosc . ditsa dleg*ar* ar tecosc,
tabair fod d*éid* fis do m*ér* . na b*eir* luaithbre*ith* ar l*eith*scél.
Gabhthar Faelchu mac Fir chruim . gilla meic Breasail barrtruim,
m*a*d do marb-san Guaire glan . marbhthar latsa féin Faelch*ad*.
Tiaghmait i ndeg*aid* Ḟinn Bháin . ó mac Cum*aill* einechnáir
co tucsam mac Breasail lenn[1] . co righḟéinn*id* Fían Eir*enn*.
Do ḟiafr*aig* Find d'Finn aili . Find mac C*umaill* Almhaine,
'créd 'má raibhi do Ghuaire . ar n-imthecht ar n-anbhuaine?'
'Guaire do ghilla-sa, a Ḟ*inn* . bachla*ch* do bhí fat ḟi[d]chill,
táinic tri maitne muichi . rom-greann*aig* fa éncluichi.
Rucus cetra cluchi ann soin . ar Ghuaire mac Beobeartoigh,
rom-loisc in uair fa lonn leis . tre ḟeirg *ocus* tre aitheis.
Dorat orum aithis tenn . a ḟiadhn*ai*si Ḟian Eirenn,
nír'bhám gilla, nir'bam laech . tan ba hairc nír'bham óclaech.
Tócbhaim mu láim ndirigh ndeis . nocha ndernas ann eisleis,
doradus dorn dara bhél . ni innisim *acht* fírscél.
'Bennacht don láim dorat dó' . ar Oisín, ní him(argó),
do gilla-sa, a Ḟinn na fl*e*dh . ní gan fath(adh do buailed).
Muna maithi in dorn co daith . ícfait*her* rit, a (ardflaith),
rot-fia screabal óir gach ḟir . olc dia (mbíthea gan chluinsin).
[fo. 169[a] 1] Doigh damad maith l*e*tsa sin . a n-olc do chosc ót ghillibh
Guaire, Comán[2], Saltrán seng . ag imd*er*gadh fian Eirenn.
Guaire do imd*er*g Finn Bán . Glas d'imdergad do Chomán,
mó gach scél Saltrán solam . do rádh uilc re Ferdhom*an*.
Finn mac Breasail ó Ráith chró . mad thuc dorn dod ghilla-só,
tab*air* a ḟlaith na corn cain . dorn do gilla meic Bhreasail.
'Beir mo benn*acht*; eirg dot thoigh' . ar Finn re F*inn* mac Br*esail*,
'luach a ndubairt Guaire féin . dlig*id* sárbriathar sárbéim.
As í ascaidh iar[r]uim ort . a ḟlaith na fian faebharnochd,
narub bés ó aniu[3] cu bráth . gilla d'ḟuigeall re hócla*ch*.

---

[1] linn, *Lism.* [2] Conan, *Lism.* Camán, *Fr.* [3] aniugh, *Lism.*

Tucsam lughi lámh do láim . fian meic Cumuill einechnair,
nach lémadh beith a bféin Ḟinn . gilla nach tibhredh uirrim.
Misi as gilla dháibh anocht . orraim uaim dhaibh, a bhanntrocht,
tucus fom bréithir theglaich . nach trotfainn re hingenr*aidh*.
Gidh cian do bheimís male . a bhanntracht Finn Alm*ain*e,
cein b*us* cumhan lim rem lá . ni imérsa ribh, a mhná.'

'Adrae b*uaid* 7 be*nnacht*, a Cháilti,' ar Pátraic, 'is maith an fis 7 in for*us* sin do innisis.'

Ocus do éirghetar in slógh rompu do [Carnd na hairmi, risi n-abar — *Fr.* 21] Carn Fraeich meic Ḟidh*aigh* [isin tan sa, — *Fr.*], 7 táinic Pátraic suas isin cnuc. 'Maith a anam, a Cháil*ti*', ar Pátraic, 'ar' chreideab*ai*rse do ríg n*im*e 7 *talman*, *nó* an fetubair a beith ann etir?' Frecr*aidh* Cáilte sin: 'rofitir in flaithf*éinnid*,' ar Cáilte, 'ór ba drai 7 ba fáidh 7 ba f*laith* é, 7 do thuicemar-ne uili cu raibhi Dia ann tré urchra aenoidche[1] adconncamar'. 'Crét an urchra sin?' ar Pátraic. 'Teg(l)ach mór bái ag rígh Eirenn ac Cormac mac Airt, deich fichit mac ríg bá sedh a lín, 7 ní bái duine díb sin *acht* mac rígh 7 ríghna, [7 ni tabrad duine dibsin b*en* *acht* ingen righ 7 righna — *Fr*. 21] 7 ac Ros na rígh fria Te(mhr*aig*) anorthuaidh no bítis.' 'Crét in ros éisein?' ar Pátraic. 'Ros caille*dh*,' ar Cáilte, '7 míle do cenél gacha crainn ann. 7 do bhí rígbhruid*en*[2] romór ann ag na macaibh rígh sin, 7 ní déntai *acht* a cuid do thidl*acad* o Themhr*aig* dóib, 7 do bádar iar n-ól 7 iar n-áibnes adhaigh[3] ann, 7 ro déirg*et* a n-imdaidhi dóibh, (7 d)o bádar ann re hedh na hoidhchi[4] sin.

Is ann sin (tái)nic prímhrechtairi na Temrach .i. Binde (Bóinde) d'agall*aim* mecc rígh Eir*enn* do bhí isin bruidin,[5] (7 ro dhéch) uime in tech, 7 is aml*aid* do bátar, [fo. 169a 2] [7 siat — *Fr*. 21] marbh uili, 7 do thuicemar assin go raibi in fírDhia for*ó*rdha ann .i. in nech aca raibe com*us* 7 cum*achta* orainn uili.' Ocus atbert Cáilte:

Baili na ríg, Ros Temhrach . ann ba meinicc mórtheglach,
ba himdha sl*uag* is groigi . ar a thaebh go tonnghlaine.

---

[1] aenoighthe, *Lism.* [2] rígbhruigen, *Lism.* [3] aghaidh, *Lism.*
[4] hoighthe, *Lism.* [5] bruigin, *Lism.*

Deich fichit mac rígh ba ráin . do bí 'san tegl*ach* tromnáir,
an coimlín cétna do mnáibh . do bhí 'san tulaig thonnbháin.
Ni f*aca* urchra mar soin . a Pádraic uasail idhoin,
iar ndul uili as male . in sl*óg* do bí i n-énbhaili.

Ocus do hadlaiced isin tul*aig* sin na *deich fichit* fer 7 na *deich fichit* ban sin, conid Cnoc an áir ainm in chnuic ó sin alé, 7 dála na caill*ed*h a rabatar ro ṡluic an tal*am* fana comair in ros uili, 7 ro thuicsem rí[g] n*ime* 7 *talman* trít sin,' ar Cáilte.

'Adrae b*uaid* 7 b*ennacht*, a Cháilti,' ar Pátraic.

Is ann sin adubairt Cáilte: 'As mithigh damsa imthecht amárach, a anam, a naemPatraic.' 'Crét um a n-imthighi?' ar Pátraic. 'D'iarr*aid* cnoc 7 céite 7 dingnadh in bhaili ir-rabutar mu choicli 7 mu chomaltada 7 in flaithfénnid 7 maithi Fian Eir*enn* am ḟochair, ór is fada lim beith a n-aein inad.' *Ocus* do bátar ann in adaig[1] sin, 7 do éirigh in sl*óg* uili, 7 do éirigh Cáilte, 7 tuc a chenn a n-ucht Pátraic, 7 adub*airt* Pátraic: 'Nemh uaimsi duit gibé inad amuich nó a tigh a ngébh[a] Dia lámh ort [am écmaisi' — *Fr.* 24ᵇ].

Is and sin do éiri*g* Muire*d*ach mac Finn*acht*a ri Connacht roime d'imluadh a righi 7 a ḟlaithi*usa*, 7 táinic Pátraic roime do ṡíl*ad* chreitmhe 7 crab*aid* [7 ꝑcroisfighill — *Fr.* 24ᵇ] 7 do dhíchur deman 7 druadh a hEir*inn*, 7 do togha[2] naemh 7 fírén 7 [do tocbáil — *Fr.* 24ᵇ] cros 7 uladh[3] 7 altoiredh, 7 do thairnemh idhul 7 arracht 7 ealadhan ndráidhe*cht*a.

Dála Cáil*ti immorro*, ráinic roime b*ud*thuaidh co leathanMagh Luirg in Dagda, 7 tar Corrṡliab[4] na Féinne, risa raidter Es mac n-Eircc isin tan-so, 7 i Sliabh Seaghsa ua Eibric b*ud*tuaidh, 7 i mB*er*naidh na cét, risi raidter Ceis Coruinn, 7 a clár-machaire in Choruinn amach.

Ocus is ann sin atcualadar in fidhrén[5] adbal da n-innsaigid, 7 d*é*chain (ro déch) Cáilte secha co ḟacaidh na nái n(daim discire) alltaidhi, 7 tucsat nái n-ur(chair doib, [fo. 169ᵇ1] gur') marbhsat na nái ndaimh, gu raibhi cuid na haidhche[6] acu, 7 do thócbhatar orro iat, 7 tucait co hEs meic Modhairn, re n-abar

[1] *agaid*, *Lism.* [2] thócb*ail*, *Lism.* [3] ult*ad*, *Lism.*
[4] coirrleim, *Lism.* [5] fighrén, *Lism.* [6] haighthı, *Lism.*

Es dara, 7 i Crích in cosnama, re n-ab*ar* Crích Cairbre, 7 do Rinn Eabha inghine Geibhtine meic Morna, áit ar' bháidh tonn tuili hi, 7 do Druim d*erg* re n-abar Druim cliabh, 7 d'Áth in chomraic, re n-abar Áth doim ghlais. Ocus luidhset as sin rompo co Leacht na muice [co Beind nGulban, — *Fr.* 25] áit ar' marbh an muc Diarmait ó Duibhne, 7 gu mullach na tulcha [tondglaisi suas, — *Fr.* 25] áit i tá Leab*aidh* Dhiarmada. Ocus do chuir Cáil*te* a arma re lár ann, 7 do luigh ar leacht 7 ar lighi [a coicli 7 — *Fr.* 25] a chomhalta [7 a fir g*r*ada .i. Diarmata uaDuibne, — *Fr.* 25] 7 ro cháiestar déra folcmara fírtruagha gur' bhó fliuch blái 7 bruinne dhó, 7 adubairt: 'truagh[1] amh mar dochuaidh [mo coicli 7 — *Fr.* 25] mu chomalta uaim!' Ocus o bátar ann ó medón lái co crích fuinid nóna. 'Truagh sin, a chairdi,' ar sé, 'ni bhadh dúthracht limsa dul ón lighi se cu bráth do chumh*aid* Diarmada 7 a chloinne.' 'Cidh ón,' ar Flann mac Failbhe: 'in rabhutar meic ag Diarmait?' 'Do bátar *immorro*,' ar Cáilte, '7 'ac so a n-anmanna:

Anmann mac nDiarmada duinn . re hin*gin* Cormaic hí Chuinn
Donnch*ad* is Illann is Uath . Sealbuch, S*er*cach is Iruath.

Ocus in t-Áth daim glais sin adubramar, as ann do chomraic Cailti coscair ríg re Dithrumach mac in Scáil, meic Eogain, mac ríg Muman 7 mac m*áthar* d'Finn hé. Ocus atb*ert* Cáilte:

Do chuirset comhlann cu cruaidh . a fiadhn*aise* in tsl*óig* mhóir mhais,
tócaibset fidhbadh[2] ra feirg . ar in leirg ós Áth daim ghlaiss.
Cáilte ro dhibraic ar tús . in sleigh tre dlús gaisc*id* grinn,
nír' mhó iná a cur as a láimh . in uair tarla an ts*leg* áigh[3] inn.
A lámh dhes is a chos chlé . do bhen do Dhíthrumhach dhían,
a cenn do fác Cáilte cruaidh . don táibh at*uaid* do Druim cl*iab*.

Ocus lotar rompo gu Caill na mbuiden, re n-ab*ar* Caill Muadhnatan, 7 tar Beinn Gulbain Guirt mheic Mhaeilghairbh [bothuaid, *Fr.* 25] 7 gu Garbhros, re n-ab*ar* Daire na damhraidhi, 7 doghniat fianboth fairsing fula*cht*aidh and, 7 (ro ecrat)ar hí do ṡeisc barrghlais buinghil (ó féici co) f*orn*asc, 7 dorónad inneonadh [fo. 169b 2] 7 fulachtadh leo ann. 'In ḟuil uisci a

[1] truadh, *Lism.* [2] fighbhadh, *Lism.* [3] áidh, *Lism.*

n-imfogus duin?' ar fer dibh. 'Atá ámh,' ar Cáilte '.i. tipra Oisín.' 'Is dorcha an adhaig[1], ar na hócláich. 'Ni damhsa is dorcha,' ar Cáilte, 'uair ni ḟuil inad asa tab*ar* lán énchuaich a haill na a habhuinn [*no* a hindb*er* — *Fr.* 25] a *cúic* ollcoigeduibh Eir*enn* nacham eolach itir lá 7 oidhchi [indtib sin. — *Fr.* 26]. Ocus ro gab cuach airgdidhi[2] isindara láimh do, 7 a ṡlegha[3] crannremra cródhaingne isin láimh araill, 7 táinic roime docum na tiprat, 7 atcuala in mblais*echt*aigh 7 in mbuaidirt ar an uisqi, 7 is edh búi ann, torc taeibhleabar ag ól an uisqi; 7 tucastar a mh*ér* a suaineam na sleigi seimnigi sodibraicthi, 7 tuc urchar don mhuic co ros-marbh, 7 ruc leis ara mhuin 7 in cuach 'na láimh [ar aen rían — *Fr.* 26].

Ocus do bátar ann re hedh na haidhche[4] sin, *ocus* tángatar rompu arnamhárach tar Es R*uaid* mheic Mhod*uirn*, 7 co Sídh Aedha Esa Ruaid, ocus ar tiachtuin dóibh and atcíat in t-ócl*ach* ar an tulaig tonnglais ar a cinn, 7 brat corcra corrtharach uime, 7 dealg aircit isin brut ós a bruinne, 7 geilsciath co tuaighmhílaibh[5] óir deirg fair, 7 cuachṡnaidm [loghm*ur* — *Fr.* 26] ar a ḟolt, 7 dá choin ṡelga ar slabraduibh snímacha senaircit 'na láimh, 7 airm tréna tromghlasa 'na láim. *Ocus* ar rochtain do Chail*ti* dha innsaig*id* toirbiris teora póg co dil is co díc*hr*a dhó, 7 suidhis ar in firt 'na ḟochair.

'Cia thusa, a ócl*áich*?' ar Cáilte. 'Derg dianscothach mac Eog*ain*, a tuathaib Uisn*ig* amuich, do chomalta budhéin.' 'Cinnus ata dó betha ag m*uintir* do mh*áthar*?' ar Cáilte. 'Ní fuil a n-uiresbai*d* duin do biudh na d'étach,' ar an t-ócl*ach*, '7 ba hiat triar is mesa betha búi isin Féin .i. Ligarne Licon 7 Semenn Sacaire 7 Bec gilla na mBromhac [leg. Brodhmucc?], 7 ro badh ḟearr lim-sa beith 'na mbeth*aid* sin iná bheith isin bethaidh a fuilim isin tsídh.'[6] Gidh uathadh duitsi oc seilg aniu,' ar Cailte, 'atconnarcsa thu cu mórbhuidnech a Comar trí n-uisqi tes, áit a comraic Siuir 7 Beoir 7 Berba, *cuic cét* décc óclach 7 *cuic cét* déc gilla 7 *cuic cét* déc ban.' *Ocus* atbert:

[1] agh*aid*, *Lism*. [2] airghidhi, *Lism*. [3] shledha, *Lism*.
[4] haighthi, *Lism*. [5] tuaidhmhílaibh, *Lism*. [6] taíth, *Lism*,
[7] aniugh, *Lism*.

Uathad selga sin a Dheirg . do scaruis redt ḟeinn 's ret ṡeilg,
in at eolach, comull nglé . a n-oidheduib[1] na Fénne?
'Am eoluch-sa, línibh gal . gach baile (a) torchratar,
[fo. 170a 1]gé bheth i síth mo cliu chain . fuil mo menma ar na fianaibh.
Nocho rabhasa fós riamh . toir na thuaid na tes na thiar,
bhaili bud gairdi rem ghal . ná na mesc gémad uathad.'

'Maith, a anum, a Deirg, cia don Féinn ata isin firt fótb*aig*h ar a tám?' ar Cáilte. 'As misi 7 tusa ro adhlaic hé,' ar Derg, 'cóir gia beth a ḟis acam'. *Ocus* atbert:

Cuinnscleo gilla, m*ac* Annscleo . ros-foirrghedh fira a fuirrsceo,
naenb*ar* fo dairbre nduillech . foirrged in cuinged duinnscleo.
Cuinnscleo gér' bhaeth nír' briathrach . do bo laech i ló luaithcreach,
áit a tollta scéith breaca . nochar' é in t-egal uaimhnech.

[*Ocus* is esin, a Cailti, atá isin firt fótmaighi sea, 7 is sind araen ro cuir fa fochluidib tal*man* — *Fr.* 27a.]

'Cia risa nd*er*na an rith dian doil*ig*, a Dheirg?' 'Risan ech ndub ro bái ac Dil mac da Creac,' ar Derg:

Each dubh ac Dil mac dá creac . in gach cluiche ro chuirset,
ocon carraic ós Loch Gair . ruc trí lánbhuadha an aenaig.

'Gá tech a rabhumar in adhaigh sin, a Cháil*ti*?' ar Derg. 'A tigh Catháir m*eic* Ailella,' ar Cáilte, 'ar mbreith Finn 7 na Fénne leis ar cuiredh. Ocus do bámar teora lá 7 teora hoidhchi a tigh Catháir [cen athscis, — *Fr.* 27a] gan uiresb*aid* bídh na leanna na leasaigthe ar ar sluagaibh'. 'In tucsam ní dhó, a Cháil*ti*?' ar Derg. 'Tuc Finn,' ar Cáilte, 'trí cét bó 7 .ccc. brat 7 tri cét uingi dh'ór.' *Ocus* adub*air*t Cáilte:

Trí *cét* bó is *trí cét* brat . *trí cét* claidem ba comnart,
dorad Finn fiach a leanna . do Caithír mac Ailealla.

'Cia tuc in t-ech dub d'Ḟinn?' ar Derg, 'an hé Dil mac da C*re*aca nó an he Caithir mac Ailella?' [Freg*r*ais C*áilte* co comnart sin: 'Ní ne*cht*ar dib', ar Cáilte, 'acht — *Fr.* 27a] Fiacha Muillethan mac Eogain,' ar Cáilte; 7 adubairt:

Ac súd duitsi an t-ech dub dian . ar Fiacha re flaith na fian,
ac sut mu chloidem gu mblaidh . *ocus* ech uaim dot araidh.
Luid Finn d'imluad an eich duibh . gusin tráigh ós Berramuin,
is teichimse di fo trí . or baam luaithi aná gach ní.

[1] noighedhuib, *Lism.*

Ocus luidh an t-ech gu cenn iartharach na (trá)gha, 7 fuair bás ann do ghal retha, conad Tráigh in (eich) duibh ainm na trágha, 7 Tráigh Berram*ain* a hainm co sin.

('Is dered do ló) ann,' ar Cail*te*, 'ór dochuadar neoil áilli (aengela) an lái as, 7 táncatar damalta dorcha [fo. 170ᵃ 2] na haidchi chucainn'.

As ann sin táinicc Derg Dianscothach roime isin sídh anunn d'urfuigeall Cháilti re hIlbreac Easa Ruaid 7 re hAedh Minbrec mac an Daghdha, 7 do innis a imacall*aim* re *Cáilte* ó do riacht chuice co haes na huairi sin. 'A thab*airt* isin sídh,' ar siat, 'ór do chualamar a einech 7 a engnam.' Ocus luidh Derg ara chinn, 7 ruc leis é cona m*huintir*, 7 ro (suidigedh) iat ana n-inad*aib* dílse dingbhála isin tsíd. Ba hí sin aimser dorála cocad mór idir Lir Sídha Findach*aid* 7 Ilbreac Easa R*uaid*, 7 ticedh én co ngob iarn*aid*e 7 co n-err tein*edh* ar fuindeoig ordh*aid*i isin tsídh, 7 do chroth*adh* é gacha nóna ann, cu nach fácbadh claid*em* ar cennadairt, ná scíath ar dealgain, ná sl*eg* ar aidhlinn, gan leacadh a ceann lochta in tsídha. Ocus do bítis lucht an tsídha ica dibhracad, 7 [ce*ch* urchar do berdis cuici — *Fr.* 27ᵃ] is *ed* do thecmad ar cenn meic nó mhná nó dhalta do lucht in tsída. Ocus ro hecradh a tech n-ola in adhaigh[1] sin aca, 7 do riachd in t-én *céd*na chuca 7 doróine in t-aidmill*edh* cédna. Ocus do bhádar luchd in tsídha 'ga dibhrucad 7 nir' chuimngetar a bec dhó.

'Cia fot atá in t-én mar sút?' ar Cáilte. 'Ré bliadna anosa,' ar Derg, 'ó ro gabsam cocad 7 lucht an tsídha aile.' [Ocus itb*ert* Ilbrecc so and: Fó fos nargart fiad firu airm ngrindi colg d*r*emni dibad das*acht*ach ni duindi is fó .Fo. fos — *Fr.* 27ᵃ.]

Is ann sin tuc Cáilte a láim a comr*aid*h a sceith, 7 fleasc umhaidhi bái aige, 7 tuc urchar don eon di [trena ucht — *Fr.* 27ᵇ] cu rus-marb [d'oen urchar — *Fr.*], co tarla ar lár in tsídha cuca é. 'In nderna nech riam lámach budh ferr iná sin?' ar Ilbreac. 'In raibi isin Féinn,' ar Aedh Minbreac Esa R*uaid*, 'noch bhudh

[1] agh*aid*, *Lism.*

commaith lámach fritsa?' 'Báigimse mu bhréithir ris,' ar Cáilte, 'nár' bo cóir do neoch sech araili díb bocas*ach* do dhénam, ór do bhí a lórdhaethain lúidh 7 lám*ach* in gach ḟir dhibh, 7 do bhí indamsa, 'no,' ar Cáilte.

Is ann sin tuc Ilbreac a láim secha suas, 7 tucastar gái [nemnech — *Fr.* 27b] áith uillindglas da haidhlinn, 7 tuc a láim Cáil*ti* hí. 'Decha lat, a anum, a Cháil*ti*, cia in tsl*eg* sin, 7 cia d'ḟian*naib* Eir*enn* ica raibhi?' Ro benastar Cáilte a foirtcedh 7 a hincasnaidi don tsleig, 7 do bátar *tricha* semann d'ór thíre Araibe ar a (chró. 'Aithnimsi so,' bar Cáilte): 'sl*eg* Fiachach meic Congha, (7 is ón tsleigh-si) [fo. 170b 1] do ghabh Find mac Cumuill ríghi Fíann Eir*enn* [7 Alban — *Fr.* 27b] artús, 7 a sídh ḟér-uaine Ḟinnach*aid* tugad í, 7 Aillén mac Midhna do Thuathaib dé Danann do tigedh ó Charn Ḟinnach*aid* atuaid co Team*raig*, 7 is aml*aid* ticedh, 7 timpan ciuil 'na láimh, 7 do codl*ad* gach nech atcluinedh hé, 7 do chuiredh ainn-sein cairche teined as a bheol, 7 ticedh co Temhr*aig* i líthlaithi na samhna gacha bliadhna, 7 do seinnedh a thimpan, 7 do chodladais cách risin ceol sídhi doníth, 7 do ṡéidedh a anáil fon cairche teinedh, 7 no loiscedh Temhair cona turrscar gacha bl*iadna* aml*aid* sin fri ré trí mbl*iadan* *fich*et. Ocus ba sí sin aims*er* a tucad cath Cnucha, 7 do thuit Cumull mac Trénmhóir and, 7 do ḟácaibh ben torrach da éis .i. Muirne Munchaemh ingen Taidg m*eic* N*uadat*.

'Ar ndíth Chumhaill tugad ríghḟéinnidhecht Eirenn do Gholl mórglonnach mac Morna, 7 do bí deich mbliadna aigi. Rucad iarum mac do Chumhall .i. Finn, 7 do bhí ar foghuil 7 ar díbhḟeirg cu cenn a *dheich* mbl*iadan*. Ocus dorónad feis na T*emra* isin dechmad bl*iadain* le Conn *Cétchathach*, 7 amail ro bátar fir Eir*enn* ag ól 7 ag áibhnes i Tigh mor Midchuarda nír' rath*aig*set ní nogu riacd in maccamh óg ildealbach cucu, [a cind a *deich* mbl*iadna* — *Fr.* 27b], 7 ro ṡuidestar a bhḟiadnaise Cuind *Chét*ch*athaig* 7 Ghuill meic Morna, cu maithib Fian Eirenn uime isin tig, 7 ba do bhuadaibh feisi na T*emra* na lamadh nech fala ná frithfala do thab*airt* fri ré caeicdigis ar mhís airet bíte ag ól — *nó* do chaithim — feisi na Temra.

Ro dhech rí Eir*enn* in macamh, doigh nir' aithnidh dho hé ná do nech eli da raibhi isin bruidin.[1]

Is ann sin do riacht a chorn dála gu righ Eir*enn*, 7 tuc a láimh in macaeimh é. [As ann sin adub*airt* rí Érenn: 'Tafi, a firu Ér*enn*!' 7 ro táietar ríghr*ad* co tái tostadach fria guth in uasail 7 in ardrigh .i. Cuind — *Fr.* 27ᵇ]. *Ocus* do fiarfaig iarsin cuich in macaemh? 'As misi Finn mac Cum*aill*,' ar an macaem, 'mac don ócl*ach* oca mbái rígi na Fénne anallana, 7 tánac do dhénum mu mhuinnterais ritsa, a rí Eirenn.' 'Mac carut 7 fir grádha thu, a mhacaeim', (ar Conn). *Ocus* do éirigh in macaem 7 dorinne a cora(igecht 7 a mhuinteras fri) rígh Eir*enn*, 7 gab*us* Conn ar lethláim hé [fo. 170ᵇ 2], 7 tic ar gual*ainn* Airt meic Cuinn, 7 do gabsat ag ól 7 ag áibnes re hedh is re hath*aid*.

Is ann sin adracht rí Eir*enn* re beinn mbláthcháin mbuabhaill do bhí 'na láim, 7 adubairt: 'Da bhfaghainn aguibh, a fira Eir*enn*, nech do choimétfaidh Temair gu tráth éirghi do ló amárach gan a loscad d'Aillén mac Midhna dobh*ér*ainn a dhúthch*us* do, gémad beg, gémad mór hé.' Do éistetar *immorro* fir Eir*enn* co tái tostadhach rissin, uair no choidelduis mná co n-idhn*aib* 7 laeich l*et*airthe risin ceol sírr*ech*tach sídhi 7 risin ngadan [leg. gothán] ngIésta nguithbinn do chanad in fer soinemail sídhi no loisc*edh* Temair gacha blia*dna*.

Is ann sin do eir*ig* Finn 7 adub*airt* re rígh Eir*enn*: 'Créd b*us* cuir 7 bus tennta damsa tar do cheann im a chomhall sin?' 'Cóiced*aig* Eir*enn*,' ar Conn, '*ocus* Cithruadh [mac Fir *cóecat* — *Fr.* 28ᵃ] *cona* dráith*ib*.' Ocus tugaid uili isin coraigh*echt*,[2] 7 gab*us* Finn do láim Tem*air* cona turrscar do coimét gu trath éirghi arnamhárach. Ocus do bhí ócl*ach* grádha do Chumhall a comhuid*echt* rígh Eir*enn* .i. Fiacha mac C*o*nga.

'Maith a mhacaeim,' ar Fiacha: 'cá luaighidh*echt* dob*ér*tha damsa da fagainn sl*eg* neimhnech [áith uillendglas — *Fr.* 28ᵃ] duit, 7 nír' dibraicedh urchar n-imraill dhi.' 'Gá luagh chuingi oram?' ar Finn. 'Gid beg mór do rath ghéba do lámh dheas

[1] bruigin *Lism.* [2] coraid*echt*, *Lism.*

[a trian] damsa 7 trian do chocair 7 do chomairli.' 'Raghaidh dhuit,' ar Finn, 7 do naidm air fo a bréithir. As ann do ráidh Fiacha: 'Mar atcluinfe in ceol [sirre*cht*ach — *Fr.* 28a] síde 7 an timpan téitbhinn 7 an *fedán* fogurbinn, ben a cumhdach do chenn na *cráisi*ghi, 7 tabuir redt édan nó re ball eli dot ball*aib*, 7 ni léicfe gráin na sleigi neme codl*ad* f*or*t.'

Is ann sin do éirig Find i fiadhnaisi fer nEir*enn* do choimét Temrach, 7 tuc Fiacha mac Congha sciath 7 sl*eg* dhó gan fis do mhacuibh Morna ná do neoch eli dá raibe a tigh Themra, 7 taínic roime mar sin i timcheall na Temra, 7 nír' chian dó gu cual*a* in ceol sirr*ech*tach, 7 tuc slinn na sleigi 7 a f*or*gr*a*ín re a édan, 7 gabhaidh Aillén ac seinm a thimp*ain* [fo. 171a 1] nogur' chuir cách 'na codlad mar do chleacht, 7 léicidh iarsin a chairce tein*ed* asa bheol do loscad na Temhrach, [7 do condaicc Find sin, — *Fr.* 28a] 7 chuireas Find in b*r*at corc*r*a corrtharach búi ime a n-agaidh in cairce, 7 tuitit anuas asin aier, co ruc cairche in brat ceithirfillti *sé* láma *fich*et a talm*ain*. Conadh Ard na teinedh ainm in aird, 7 conidh Glenn an b*r*ait ainm an ghleanna.

Mar do rathaigh Aillén mac Midhna a dráidhecht do mhill*ed* uime, tainic tar a ais d'innsaig*id* Sídha Findach*aid* 7 gu mullach Sléibi Fuait. *Ocus* lean*us* Find hé co Carn Finnachaid, 7 mar do bhí Aillén ac dul tar dorus in tsídha anunn tuc Find mér a suaineamh na sleigi, 7 tuc urchar ádhmhar urmaisnech, co tarla a mull*ach* a droma a n-Aill*én*, gur' chuir a chraidhi 'na lia dubhfola tar a bhél. *Ocus* ros-díchenn Find hé, 7 tuc in cenn f*or* cúla co Temr*aig*, 7 do chuir ar cuailli bhadhbhdha, 7 do bhí ann co héirgi gréine ós airdibh 7 ós innberaibh an talm*an*.

Táinic iarum a m*áthai*r co hAillén, 7 tuc treas ar thoirrsi, 7 do chuaidh d'iarr*aid* leagha dhó.

Toir-che a bainnliaigh Amharrtha . do gaet Aill*én* mac Midhna
do sleigh Fiacha meic Conga . don brat bodh[b]dha, don birgha.
Uchán adrochair Aill*én* . táncatar a tri tonna,
atá sunn fuil a chraidhi . maraen is smir a dhroma.
Uchan adrochair Aillén . sídh*aidi* Benne Boirche,
anois tairnic a mhaill-néill . a Boirche a bainnliaigh toir-che.
Uch ba suairc . Aill*én* mac Midhna a sl*éib* Fuait,
cuma nái ro loisc Temair . ar gach n-ardbl*aid* ba hí a chuairt.

Is and sin do éirghetar fir Eirenn uili um a rígh ar faithchi[1] na Temhrach airm a mbúi Find. 'Atchí sin, a rí', ar Find, 'cenn an fir do loisced Temair, 7 a ḟeadán 7 a thimp*an* 7 a chairchi ciuil, 7 dar leam ro saeradh Temair cona turrscar.' Is and sin do línadh láthair leo, 7 do cruthaig*ed*h comhairli, 7 as í comairle do crichn*aig*ed acu, ríghḟéinnidh*echt* Eirenn do tab*air*t d'Find. 'Maith, a anam, a Ghuill mheic Morna,' ar Conn Cé*t*chathach, '(do ro)gha duit, Eire d'ḟacb*áil* nó do lámh do thabairt i láim Find.' '(Dar mu b)réithir,' ar Goll, 'as í mu lámh dobér i láim Find.'

Is ann (sin tainic) a nert isin sén 7 isin soladh, 7 do éirghetar (trí catha na) Fénne, 7 tucsat a lámha a láim Ḟind, [fo. 171ª 2] 7 tuc Goll mac Morna rompa comad lugaiti an náire le neach ele don Ḟéinn a tabuirt. Ocus do bhí Find isin ríghi sin,' ar Cáilte, 'nogu bhfuair bás 7 aidhed a n-Aill in bhruic a Luachair Degadh. Ocus an ts*leg* dobeirise am laimh-si, a Ilbric, as di dorónad an gním sochair sin d'Eir*inn*, 7 as lé fuair Finn gach rath riamh, 7 'Birgha' ainm bun*aid* na sleigi. ,Coimhét acut in tsl*eg*, a Cáil*ti*', ar Ilbrec, 'gu finnam in ticfa Lir [Sidhi Findachaid *con*a brait*h*rib, —*Fr.* 28ᵇ] do díghailt a e(oin) orainn.'

Is ann sin ro tócbait a cuirn 7 a cupada, 7 do bát*ar* ac ól 7 ac áibhnes 7 ac urgairdiugad menman 7 aic*en*ta. 'Maith, a anum, a Cháilti,' ar Ilbr*ec*: 'c(ia da tibé*r*thar) com*us* in chatha da tí Lir *con*a b*r*aith*r*ib do dhíghail a eoin orainn?' 'Don tí da tabradh Find com*us* a chatha .i. do D*er*g Dhianscothach ann sút. Inn gebhe de láim sút, a D*eirg*?' ar lucht in tsídhe. 'Gabhaim *con*a ṡochar *con*a dhochar,' ar Derg. Ocus do bádar amhlaid in adhaigh sin. Ocus nír' chian dóibh ar matuin gu cualatar seitfedach na n-ech 7 culgaire na carput, 7 glonnbéimnech na sciath 7 tairm in mhórs*lóig*, 7 táncadar 'mon sídh, 7 táncas asin sídh dá ḟég*ad* gá lín do bádar, 7 is edh do bádar, trí catha cródha commóra. 'Pudhur leamsa', ar Aedh Minbreac, 'a ndingént*ar* ann sin .i. bás 7 aidhedh d'faghbáil dúin, 7 ar sídhbrugh do beith ag cloinn Lir Sídha Finnach*aid*'. 'Nach

---

[1] faighthe, *Lism.*

fedrais, a Aedh', ar Cailte, 'cu téit an tréntorc all*aid* ó chonuib 7 ó chuanartaib, 7 intan ghab*us* a bedg in búiridan damh all*aid* téit imṡlán o chonuibh mar an cédna.'

[*Cáilte* cecinit:

Ro soich tretirni tulaigh . re cuanairt *con* craeb tubaid,
ó ro soich buirech a bedg . re cosair *con*art crobd*erg*, — *Fr.* 29a.]

'Gá comhlann as doilghe libh isin cath?' ar Cáilte. 'In fer as ferr engnam do Thuath*aib* *dé* D*anann*,' ar siat, '.i. Lir Sídha Findachaidh.' 'An ní fa tucussa láimh in gach cath riam,' ar Cáil*te*, '.i. in comla*nn* as ferr do bhiath ann do frithailimh ní léiceabh aniu[1] re lár hé.' 'Ocus caidhi do chomla*nn*sa dhúin, a Dheirg?' ar siat. 'Gá comhlann is doilghi lib 'na dheg*aid* sút?' ar Derg. 'Donn 7 Dubh,' ar iatsom. 'Dingébhatsa iat araen,' ar Derg. Ocus do éirghedar sluaigh in tsídha amach a n-aeinḟ*echt* cum in catha, 7 ro dibhruic cách a chéli dhíbh do shoighdibh (sithgo)rm(a) 7 do gháibh bega birgh*ér*a 7 do (laighnib) lethanglasa; 7 do chuir*ed* in c(ath) [fo. 171b 1] ó solustrath éirgi do ló co medón lái. Ocus do comraic Cáilte 7 Lir Sídha Finnachaidh co fuilech fobartach, 7 torchair Lir a crích in chomraic le Cáilte. Is ann sin do gabsat an dias deglaech .i. Dubh 7 Dond dá mac Eirgi Anghlonn*aig* a hInnsib Gaid, ac coimét an chatha. Ocus is aml*aid* ro chuirset an gliaidh .i. Dubh a tosach na dírma 7 Donn re degḟeithium 'na diaid[2]. Ocus atconnaic sin Derg Dianscothach, 7 tuc a choirrmér a suainemh na sl*eige*, 7 tuc urchar ádhm*ur* don ḟir ba nesa do, gur' bhris a dhruim ar dhó, 7 gu tarla i compar cléib an fir ba sia uaidh, gu torchratar don aenurchur. Is ann asbert Ilb*rec*;

Doroch*air* Lir le Cáilte . *ocus* ní gním nach máidte,
dorochair Donn ocus Dubh . le mac Eoghain d'aenurchur.
Do mhinaigh in cath b*u*dhtuaidh . ar Lir co m*éi*t a mhorsl*úaig*,
ni dhech*aid* dhíbh don muig mhas . acht eintriar gu ndeigheolas.

Ocus táncatar rompa isin sídh iar mbuaidh coscair 7 commáidhmhe, 7 do gabsat nert 7 forlámhus ar ṡídh[3] Findach*aid* asa haithle sin riamh. 'Do ṡleagh duit, a Ilbric,' ar Cáilte. 'Nír' chomadhas duit a rádh rim,' ar Ilbrec, 'ór gin

[1] aniugh, *Lism.* [2] diaig, *Lism.* [3] ṡíth, *Lism.*

gu beth d'arm im Lir acht an tsl*eg* sin as duitsi dorachadh, ór comarba dílis dingbála di thú.' Ocus do bátar teora lá 7 teora adaig[1] isin sídh[2] iarsin.

'Maith, a anum, a Cháilti,' ar Ilbr*ec* Esa R*uaidh*: 'cia airm a nderna Find creidium, nó inn d*er*na riamh?' ar se. 'Doróine ón', ar Cáilte. 'Cáit a nderna 7 crét adb*ar* a dénmha?' ar Ilbrec. 'Ag Druim ndiamhair, risa n-ab*ar* Druim dhá én, ar in Sinaind, 7 ba hé adbar in creitmhe arbít[h]in Findine ingine Buidbh ro mharbh a céle féin .i. *Con*án, 7 ro mharbh cách a céli dhíbh .i. Conán 7 F*er*dhom*an*, 7 doriacht an Ḟian co Fidh[3] n-en*aig*, re n-abar Druim ndiamhair isin tansa, 7 tucadh loingṡithal bánóir do ṡaigid Ḟinn, 7 do innail a gh*el*ghlaca, 7 do chuir in t-uisqi eocharghorm im a ghnúis, 7 tuc a ord*ain* fo a dhét fis, 7 do faillsig*ed* fír dhó 7 do ceil*edh* gái fair, 7 do faillsiged do gu ticfadh in Táilceann tabarthach re dereadh dom*ain*, 7 gu ngébadh tech ar leth Eir*enn* .i. Ciarán mac an tsaeir'. Ocus adubairt Cáilte:

Inmain ceall (bus comra)mach . bias fo eochair na habhunn,
(inmain fertán forba)rach . bidh anacal mór n-anum.

[fo. 171[b] 2] Ocus doriacht fis an chomhraic sin cucainn conice sin, 7 dorighne Find in creidemhsa ann 7 fuair nemh trit:

Mairg féinnid atcuala in scél . ar techt duin co Snámh dha én,
aidhed Conáin Maeil don Mhuigh . ocus aidhed Ḟerdhomain.
Druim ndiamhair . a ainm so cusna fian*naib*,
Druim n-énaig ó sin ale . d'énach Ḟ*ind* is na Féinne.
Is amra in gein ber*thar* ann . do deoin Ruir*e* na rochlann,
mac dingbála rígh uime . aingil ica ḟurn*aidi*.
Bidh eisidhe Ciarán caidh . is é ber[th]ar 'san rígraith,
gébuidh leth Eir*enn* male . mac in tsaeir a Muirtheimhne.
Rachait faghl*aidh* a chille . bás obunn do ruaidhrinne,
croch*ad*[4] is riagh*ad* gan rath . ocus iff*er*n íchturach.
Aderimse ribhsi dhe . as fír dhamh in ḟáitsine,
creidim Athair ocus Mac . is Spirat naem a n-aeinḟe*acht*.
Sáilim flaith*ius* ríg nimhe . as ferr iná gach fine,
in rí rom-cuir ar cairdi . nim-léicfe[5] fo bithmairgi.

---

[1] ag*aid*, *Lism.* [2] síth, *Lism.* [3] figh, *Lism.* [4] crechad, *Lism.* [5] ni amleicfe, *Lism.* ní leicfid, *Fr.*

Do bátar isin tsidh iarsin gu cenn cáicdigis ar mís. ‘As mithi*g* dúin imthecht’, ar Cáilte, ‘ór atámuit re hath*aid* abhus.’ ‘Bennacht Dé 7 dáine abhus ort,’ ar lucht an tsídha, ‘7 gid choidhche bidh áil duid beith acainn foghébtha. Ocus ac sud,’ ar Ilbreac, ‘ó’s imdecht doní, nai n-édaigi lígda lennmhaisecha, 7 nái scéith 7 nái sl*egha* 7 nái cl*oidim* inntláis órdhaidi, 7 nái coin caeimhṡelga duit.’ Ocus do thimnadar ceileabrad, 7 do ḟácbatar benn*acht*ain, 7 rucsat buidech*us*, 7 gér’bh fada an cath sin, ba foidi le Derg nDianscothach (scarad) le(a) choicle 7 le a chomhalta bhudhéin, ór nír’ faide leis in lá do scar re Find 7 risin Féin iná in lá sin.

Táinic roimhe Cáilte in naenbhar óclach sin, 7 do bí a Sliabh cuire 7 a Sliabh Cairbre 7 a Sliabh céide bu*d*htuaidh 7 do Chathair daim deirg, 7 nír’ chian do bátar ann, co facadar in dias niamdha ndatháluinn aracinn isin carn .i. óclach áluinn 7 ríghan a comaeisi ’na ḟarradh. Fiarf*aig*is an t-ócl*ach* scéla do Cháilte, 7 do innis Cáilte a scéla dho. ‘Do mhuintir Finn meic Cum*aill* dam, 7 Cáilte mac Rónáin m’ainm. Gá comainm thúsa, a óclaich?’ ar Cáilte. ‘Eoghan flathbrughaid m’ainm,’ ar sé, ‘7 do ṡenmhuintir Chair(bri) Lifechair mheic Cormaic dam. *Ocus* Becnait banbhrug*aid* ainm (na) mná maithe si, 7 comaeis damsa 7 di. *Ocus* as slan *deich fichit* bl*iadan* duin araen.’ ‘Na(ch raibi) [fo. 172a 1] maithes móradhbhul acatsa, a óclaich?’ ar Cáilte. ‘Ro bhói *immorro*,’ ar Eogan, ‘ar ní raibhi ó Es R*uaid* meic Mhodhuirn gu Cnoc in ḟomhor*aich* budhthuaidh, re n-ab*ar* Torach thuaiscirt Eir*enn* nach raibhi finnairghi gach re mbaile nó gach treas baili dib acam.’ ‘Cidh ro dhíghbadh sin?’ ar Cáilte. ‘Torathar táidi 7 fomor firgrána 7 mac míraith ro mhill sinn, 7 ro chaith na *secht* tricha *cét* comlána co na fil nech re gabáil forba na ferainn co ro ḟásaigh uile arna ndíthugad-som, 7 ro dighbadh 7 ro airg mhisi da*no* *acht* oct fichit findairghi do deir*ed* mo mhaithiusa ocum.’ ‘Cáit a mbí in fer sin?’ ar Cáilte. ‘Carrac comdaingin cloichi atá rinn atúaid ar an cuan coiml*eth*an, is ann bhís, 7 beiridh lán a luinge leis a triur muinntiri 7 comhl*ín* *ceithre cét* é féin, 7 coml*ín* *tri cét* a chú, 7 coml*ín* *tri cét* a in*gen*, 7 ní chumngann nech ní dóibh.’ ‘Cáit a tic-sium isin cuan?’ ar Cáilte,

'Risin mbaili aníartúaid amne,' ar Eogan. Do bád*ar* ann re hedh na hoidhchi sin, 7 ro freastl*adh* 7 ro frithoiledh da gach l[e]ith iat.

Do éir*igh* Cáilte a oenar cu moch arnamhárach, 7 ro ghabh a sciath 7 a *chloidem* 7 a dhá ṡl*eig*, 7 táinic roime cusin carraic ndithoghlaidi do thaeibh an chuain, 7 do bí re hedh 7 re hathaid ann, co facuidh in curach da innsaig*id*, 7 triar isin curach .i. madra gairbhḟindach glasodhar 7 slabrad agarb iarnaidi ima bhrághait, 7 scailp ingini maeili duibhi fa cosm*ail* re beinn cairrgi do chéin hí a tosach in churaig, 7 birga imdaingen iarn*aidi* ina láim, 7 in t-eathach a nd*eir*edh in chur*aig*, 7 do gabsat cuan 7 cal*ad* a comḟocus do Cháil*ti*, 7 do gab gráin 7 egla Cáilte rompa. Adub*airt* an f*er* mór re a ing*in*: 'Oslaic don choin,' ar sé,' '7 léic cum in aenduine móir út hí cu ro loingi a lórdhaethain de re ndul ar fect 7 ar tur*us*.' Ocus ro osluic an ingen don choin, 7 gab*us* gráin 7 egla Cáilte roimpi nar' ghabh riam a cath ná a coml*ann*. Ocus adub*airt*: 'Mo dhúilium 7 mho Tháilgenn uaimse an bar (n)ag*aid*', ar Cáilte. Ocus gothnait umhaidhi do bhí aigi ro di(braic r)od n-urchair di cum na con, cu tarla indara (cenn don bhi)r isin carput uachturach 7 in cenn (ele isin carput) íchtarach, cu rosdúin a glomar, 'ocus do thuit asin curach co)mad i ndom*ain* in mara fuair bás' [fo. 172[a] 2] 7 do chuir in tonn i tír hí iarsin.

Táncatar an dias eli a tír ar amus Cáil*ti*, 7 do comraicset co dána dúrcraidech ris, 7 tuc an ingen .xxx. gon ó ladhair a choisi có [a] urla air, 7 tuc Cáilte béim cloidim di gur' léic a habach 7 a hinathar aisdi. Ocus ro dhánaigh 7 ro dhíchraigh in comrac risin bfer mór, 7 doríne trí hoirdne urgranna dhe, 7 ba hí in treas ordu dhíbh, a cenn. Ocus do ben a trí cindu dib, 7 tuc leis iat cum na bruidhne, [co tech Eog*ain* — *Fr.* 30[b].] Do éir*igh* Eogan 7 muinter Cáilte, 7 tucsat aithne ar na cenn*aib* sin, 7 ro altuighset in gnímh, 7 suidhis Cailte co hanmhunn étlaith.[1]

[*Cáilte cecinit:*

I n-adhaigh[2] a tigh Eog*ain* . is im *c*raide ata a beoghuin,
facaim Maelan is a chú . ar in *tracht*, na comnaidhiu[3].

---

[1] étl*achta*ch, *Fr.* [2] Maghaidh *Fr. R.* [3] comnaighiu *Fr.*

Marbaim Maelan is a cú . is a in*gin* can caemclú,
ó maidin co trath érgi [1] . ro bo cruaidh ar comergi. [2]
Gachar' śires tess is tuaidh [3] . don doman co mét morśluaigh,
ní fuar*us* i n-uair na a ló . a comolc na haidci so. — *Fr*. 30b].

Ocus ro thuitset taisi 7 táimnéllu fair, 7 tucad losa ícce da innsaig*id*, 7 bái re hedh caicdhighis icá leighi*us*, co ndernad slem*an* sláinchréchtach dhe.

'Imthect acainn amárach,' ar Cáilte, '7 benn*acht* ḟácmaid acaibhse.' ['Beir buaid 7 bennachtain,' ar Eogan, — *Fr*. 30b] Ocus ro thimnadar ceilebr*ad* d'Eogan, 7 táncatar rompa assin co Tulaig na céd, risi ráidhter Tulach dá ech isin tan-sa, 7 do Chuill*end* *r*os na Féinne b*ud*htúaid, 7 do Churrach na milchon, re n-abar Currach [na] cuan, 7 do Bhoith chnó budhtúaid, áit ar' thaispen an eicsi cenn do Lugh Lámhfada mac Eithlenn, 7 in bhaile a rucadh Col*um* cille mac Fei[d]limid, 7 do Dhoire Guill b*ud*htúaid. Ocus ac toidhecht dóibh dar bord in daire amach co facadar in t-aenóclach 7 a druim re cairthi comdaingen cloichi, 7 brat corcra corrthurach uime, 7 dealg óir isin brut ós a bruinne, 7 inar maethsróil uime, 7 dá choin caeimśealga 'na láim, cuanart gadar 'na ḟiadhn*aise*. Bennachais Cáilte don óclach, 7 freagrais in t-ócl*ach* in bennach*ad*. 'Cia danad muinter sibhse?' ar in t-óclach. 'Ní mharann ar triath ná ar tig*er*na .i. Find mac Cumaill,' ar Cáilte.

Is ann sin ro cháieasdar an t-óclach déra falcmara fír-truagha, gur' ba fliuch blaei 7 bruinne dho. 'Cia thusa amh-l*aid*, a óclaigh?' ar Cáilte. 'Doghén mo ślonnad duitsi,' ar éisium: 'Donn mac Aeda, mheic Garaid, meic Morna, misi.' 'Do ba mhaith h'athair,' ar Cáilte, 7 adub*air*t:

Rob é in bríghach buanbladach . dob é in fénnid fírghalach,
dob é in ghég tor*aid* co mblaidh . re fogail séd in domhoin.

'Maith, a anum, a Cáilte,' ar Donn: 'in fuil sleagh m'athar acutsa?' 'Atá cidh a sciath 7 a chloidem,' ar Cáilte. ('Ar fír) do ghaili 7 do ghaiscid frit,' ar Donn, 'innis d(am an fochaind)

[1] érgid, *Fr*. [2] comergid, *Fr*. [3] tuaigh, *Fr*.

bhun*aid* umar' marb*ad* hé.' 'Indeos(at duit,' ar Cáilte, 'uair [fo. 172ᵇ 1] isam) meabruch ann'.

'Dubh dithre righḟéinnidh ḟiann Osr*aig*e do mharb*ad* dot ṡenath*air*se do Gharadh mhac Mórna, 7 Carrac Guill do ghabháil ar Goll mac Morna thiar, 7 tri catha na Féinne do beith ac forbhaisi fair gu cenn caeicdighis ar mhís ann, 7 a bheith nái n-aidchi gan bhiadh, 7 scithlim do dul ar a lúth 7 ar a lámach, 7 dul do Muc Smaili mac Duib dithre anund isin carraic, 7 Goll do dícenn*adh* a fiadhn*ais*e ḟiann Eirenn, 7 tuc leis in cenn d'innsaigid Ḟind, 7 do bhí h'ath*air*se ag iarr*aidh* dligid 7 cora ar Muc Smaile .i. inneoch ro búi idir rígh 7 óclach do tabairt dó.

Cáilte cecinit:

Adubairt nach tibhredh cóir . don Aedh ḟinngheal ba mór ádh,
acht dobéradh corp re corp . an gach olc dorinne a lám.

Ocus adubairt h'athairse coimdhilsi do lécen etorra 7 Muc Smaile. 'Dobérsa comha duit, a Aedh,' ar Muc Smaile. 'Gá coma sin?, ar Aedh. 'Dobér,' ar eisium, 'dá ṡl*eig* Guill meic Morna, 7 sciath Cairill í Conbroin, 7 corn Duibh dithre, 7 cl*oidem* Muirinne Macha do bhí ac Goll, 7 muince sealga Sigmaill, 7 misi,' ar Cáilte, 'dochuaidh lesin techtairecht': dia n-ebrad in l*áid*:

Tiagat techta uainn cu hAedh . ráidhid risin segainn saer
ar gealladh dó, toluibh gal . co bráth nocho coimeltar.
Targa dho muinci sealga . tucad d'Finn as Síth Nennta
gan cor no a ḟiadh tar cladh . nócha teit gan a mharb*adh*.
Targa sciath Cairill co mbloidh[1] . do bhidh air isin imghoin,
suairc in sét in sciath scenmdha . gráin céd ara tig*er*na.
Targa dho in cloidem catha . do bídh ac M*u*irinn Macha,
targa fós corn Duib dhithre . gidh do bádh*us* ga dhicleit[h],
geall caeca mogadh tar muir . atá d'ór ana borduibh.
Targa dhá sl*eig*, monar nglé . co crannuib ruis robhuidé,
gid beg a fuili *nó* a loit . is marbh gach duini a tiagoit.
Ocus gé thargasa sain . nír' gabhsat clanna Garoidh
ar imad a slóg 'masech . na mac mór fialgharg fuil*e*ch.
Do faeth le cl*oinn* Morna moill . Findtan ferrda a Feadhaibh[2] cuill,

[1] mbloigh, *Lism.* [2] feaghaibh, *Lism.*

Banbh Sinna Sciathbreac in áigh[1] . ocus Finn mór mac Cuáin.
Sirit ar Mac Lugach lonn . a éraic ór do gon Goll
is ar Cáilte in airm géir gl*oin* . 'sar . . . a Luachoir
(Óclach do thuai)th Temra Br*eag* . do f*er* cuinnscleo re Goll ngeal,
maelgorm [fo. 172b 2] 'san treas, ferdha in roinn . dar' ainm Flaithius fíráloinn.
Dá mbeitis *trí caecait* mac . ag Goll gasda na ngealghlacc,
nír'bo annsa le cl*oinn* cain . ná limsa mo dheghathoir.
M'athairsi Dub dit[h]re dian . féinn*id* for*u*sda fírfial,
ni chlos a écnach a cath . fa maith a lúth 'sa lámhach.
Ráidh risna feruibh, ní gó . uaim ní b*é*rat ní bhus mó,
nái cét is a ndruim re f*eart* . isin tulaig a tiagat.

'Ar fír do ghaili 7 do g*haiscid*, a Cháil*ti*', ar Donn, 'tabhuir armgaisc*ed* mh'ath*ar* dhamh.' 'Dobhér *immorro*,' ar C*áilte*, 'dóigh ba fialnár fria hathchuingid hé féin.' Ocus tuc Cáilte armghaisc*ed* a ath*ar* uili dhó. 'Tabair eolus dúin anosa, a Dhuinn,' ar Cáil*te*. 'Cia háirm a sire eol*us*, a righféinn*id*?' ar Donn. 'Do tigh Conaill meic Néill, rígh Ceneoil Conuill.'

Cáilte cecinit:
A Dhuind tab*air* eol*us* dún . gan m*eirg* ocus gan mhírún,
ór atái at aenar male . tar éis h'féinne is h'foirne.
Dochuad*ar* as meic Morna . adb*ar* bróin is bithdogra,
deich cét laech, ba hedh a lín . dob é in t-oire*cht* gan imsním.
Adeirimse ribsi de . bidh fír gach a ráidhemne,
re taeibh óir is arcait uill . foghébha sin uaim, a Dhuinn.

'Raghatsa romatsa ann sin,' ar Donn, 'uair derbbhrát[h]air mo mh*áthar* hé, 7 as é ro[2] oileasdar mhé, 7 gidh aigisium atá in ríghi is acamsa atá a tóth*acht*.' Ocus do ghabh Donn a arma 7 táinic roime co tech Conuill, co Dún na mbarc. 'Innis scéla dhuinn, a Dhuind,' ar Conall mac Néil. Do indis Dond mar tuc Cáilte na hairm dhó féin 7 a b*eith* ar slig*id* cum in rígh. 'Do gébhu-som sin,' ar Conall, 'ór as do Leith Cuinn dó, 7 ar a nd*er*na féin do maith.' Ro thaimhsen [leg. Ro thaisfen] Donn na hairm 7 na hilfaeb*air* tuc Cáilte dhó. 'Is ó degdhuine,' ar in t-airecht, 'fríth na haisceda út.' 'As deghdhuine *immorro*,' ar Conall, 'ór ni dubhrad mac ócláich re duine budh ferr anás.' [*Ocus* doria*cht* C*áilte* reme dar Sruth na Feindi fothuaidh, 7

[1] áidh, *Lism.* [2] so, *Lism.*

tar Ard na m*ac*raidi, risi n-ab*ar* Ard nglas isin tansa, 7 d'Ḟid mór, co facatar in dunad uaithib — *Fr*. 31[a]]. Ocus mar atconncas Cáilte cum in dúnaid, do éirigh Conall co maithibh a ṡlóigh 7 a mhuinntiri d'f*er*thain *fáilte* re Cailte, 7 suidis Cáilte ar in carn a ndorus in dúin, 7 suidhit in sl*úag* uime.

Do ḟiar*faig* Conall do Ch*ái*lte, 'crét ima tucadh Carn Gairbh daire ar in carn so?' Do freagair Cáilte in ceisd sin, ór is aigi do bhí a fis. 'Óclach gráda dh'Find mac Cum*aill* do bói ann so,' ar Cáilte '.i. Garbh daire mac Aengh*us*a mac rígh fer Muman andes, [Laud 610, fo. 123[a]] 7 ro bói ac dénam tṡelga laithi n-aen annso, [7 ro bí selg taidiur taibs(en)ach aigi, — *Fr*. 31[b]] 7 ro marb t*r*i chaeca dam 7 t*r*i .l. muc 7 t*r*i .l. eilit, 7 atconncad*ur* luc*ht* in tíre 7 in ḟeraind sin, 7 ro lingset chuice, 7 rucsat a fiadach 7 a tṡelg uaide, 7 atorchair t*r*i c*ét* óclach leis ac breith a tṡelga uada, 7 ro iadsat luc*ht* in tíre uimme, 7 dorigned ubhall im rendaib de, 7 ro marbad hé, 7 doriachtamarne tri catha na Féinne da dighailt, 7 do falmaigemar in chrich 7 in ferann, 7 ro marbsamar trí ríga in tíre, 7 ro éladar drong aile a n-ailenaib, *con*ar' ḟacamar *acht* beccan díb gan marb*ad*.' Ocus adubairt Caílti:

Marb*ad* Gairb daire issin traig . lé cenel Eogain imlain,
marb-sum *coeca* laech malle . sunn a ndíghail Gairb daire.

'*Ocus* issé atá issin charnn so *con*a armgaisced, 7 is aici ro bói slabrad Logha m*eic* Eithlend ro bíd a[c] comet braiget mac Mil*ed* 7 Tuaithe d*é* D*anann* aici.'

'Ro bad maith lind,' ar C*on*all, 'na hairm 7 na hilḟaebair sin d'ḟagbail.' 'Mad maith let,' ar Cailti, 'tochailt*er* in carnn anocht.' 'Ní hed, ar C*on*all, '*acht* tochailt*er* amairech hé, uair adhaig ann, 7 ól 7 áibnis dogentar acaind anocht.' Ocus tangad*ur* rompo issin ṁbruidin[1] moir, 7 tucad Cailti *con*a muintir í tech ṅderrait ṅdiamair, 7 ro frithailed iat commaith, 7 is sí bá bancheile do Ch*on*all, Bé bhind ingen Muiredaig m*eic* Ḟínnachta, ingen rí[g] *Conn*a*cht*. 'Maith m'anam, a ingen,' ar *Conall*, ['cid] fat[a] gairit bes Cailte abhos, tabair proind *deich* c*ét* cach

[1] ṁbruigin, *Laud*.

láe dó, 7 cuirt*er* ocht *fichit* bó a férgort gabala ina chomair, 7 a mblegon ca*ch* n-áidchi dó, [7 in nech do b*er*thar do as 7 do lemnoc*ht* uaithib a tabairt dó — *Fr.* 31b].

Ocus ro bad*ur* ann re hed na háidhchi sin co tainic lá *co*na lanṡoillsi arnamairech, 7 ad*r*achtad*ur* ann dochum cairnn Gairb daire, 7 ro tochlad in carnn, 7 f*r*ith Garb daire ann *co*na armgaisced, 7 f*r*ith slabrad Logha m*ei*c Eithlenn ann, 7 frith[1] in sciath imlan am*al* tucad ré thaeb hé, 7 tucad na hairm [imṡlán — *Fr.* 31b] anís, 7 tucad in cend 7 in fer fa mó no bith issin tulaig sin do thoilled ina tṡuidhe ar lar chind ind ócláig sin. 'Is mor in cend, a m'anum, a Chailti,' ar *Co*nall. 'Is mor,' ar eissim, '7 is maith intí ar a raibe,' ar Cail*te*, 7 tuc Cail*te* na hairm sin do *Cho*nall, 7 ro bói in slabrad aici féin da thabairt do naemPat*r*aic, 7 ro muired in fert 'ar sin, [7 tancat*ar* sun[2] anund iarsin, 7 ro bat*ar* re teora la 7 re teora aidchi and — *Fr.* 31b].

Is ann sin ro ḟiarfaig[3] *Co*nall Mor mac Neill do Chail*ti*: 'Atá ailén ar in muir-sea ar comair amuig 7 dúnad ann 7 annlacud mor annsein, 7 ní ḟetam*ur* c*r*ét da fuil.' Ocus is ann sin ro cháiestar Cail*te* ica cloistecht sin. 'Ar fír do gaile 7 do gaiscid riut,' ar *Co*nall, 'tarrasa linde da ḟechain.' 'Dar mo breithir ám,' ar Cailti, 'is sé sin in t*r*es inadh a nEir*inn* nar' b'áil liumsa do ḟeicsin taréis na muintire moiri maithe ro bói ann, 7 gid ed rachat letsa amairech ann, a Chonaill,' ar Cail*te*.

Ro bad*ur* ann co tainic lá arnabarach. Ad*r*acht *Co*nall 7 a ben 7 sluaig in baile uile, uair fa hirgairdiug*ud* menman 7 aicenta leo [eiste*cht* re — *Fr.* 31b] Cailti, 7 tangadar [fo. 123b] réompa chum in dúnaid anunn, 7 ro tṡuidest*ar* Cailti ar in firt ro bói issin dúnad, 7 .iiii. .ix. t*r*aig do *Cho*nall i fat in ḟerta 7 ocht t*r*aigthi .xx. ina leithet. 'Maith m'anam, a Chail*ti*,' ar *Co*nall, 'ní hinganta liumsa ní da facca riam ina in fertsa, 7 indis duind ciasa fert so?' 'Ader riut a ḟírinde,' ar Cail*te* '.i. fert in cethramad ben is ferr ro laighestar lé fer a n-aenaimsir [f]ria.' 'Cia na ceit*h*ri mná sin?' ar *Co*nall. 'Sadb

---

[1] ní frith, *Laud.* [2] leg. sum? [3] ro fiarfaid, *Laud.*

ingen Chuind Chétchathaig,' ar Cailte, '7 Eithne Ollamda *ingen* Caithír Moir, 7 Ailbe Gruadbrec *ingen* Chormaic, 7 ben in lechta so .i. Berrach Brec *ingen* Chais Chuailgne, ingen rig Ulad atuaid, bancheile grádach Ḟind meic Cumaill, 7 má ro bói maithius imarcraid a mnái díb sin is inti-si ro bói, 7 is ana tigh do bith in t-áighi[1] [ollaman — *Fr.* 32[a]] ó luan taite tsamhna co tait[e] n-imbuilg, 7 a rogha dó imthecht nó beith acon muintir ossin amach, 7 in duine nach faghad a daeithin airm no etaig dobered si do a daeithin o ladhair a choissi co urrla.' 'Adhbur a haidheda?' ar Conall. 'Ata limsa duit, ar Cailti '.i. mathair 7 athair Guill meic Morna ro ailestar hí, 7 ní raibe do chomalta mná accosom *acht* hí, 7 ro cuindig Find ara hathair hí .i. ar Chas Chuailgne ríg Ulad. Ocus adubairt nach tibred d'Ḟind hí munbad deoin le Goll mac Morna, 7 siris Find ar Goll a chomalta, 7 adubairt Goll: 'Fuil coma ara tibarsa duit hí,' ar se, '.i. gan a léicen tre bithu', ar Goll, '7 a beith don tres mnái accut, 7 gan a héra um ní da cuindigfea ort.' 'Dobérsa sin duitsiu uile,' ar Find, 'uair is maith in ben.' 'Cia bus chuir duind?' ar Goll. 'Doragha cuir duit,' ar Find, 7 tuc Find a tri comaltada féin a[c] coraigecht [f]ria .i. Daigri 7 Garad 7 *Conan*. Ocus do bói ac Find co ruc tri meic dó .i. Faelan mac Find 7 Aed Bec mac Find 7 Uillind Faeburderg mac Find, 7 do bí 'na mnái grádaig ac Find nóco ṅdechadur a comaltadha si .i. clanna Morna ar foghail 7 ar dibeirg ar Ḟind, 7 deich cét ar .xx. cét óclach a lín. Ocus adubairt Cailti:

> Is eol dam in lín atat . clanna Morna na morbárc,
> ocus gan aírem na fer . tar cach múr, tar cach maigen.
> Deich cét ar *fichit* cét ann . do clannaib Morna miad clann,
> cóic cét déc ó sin amach . lín a ríg is a taissech.

Lodur maic Morna co Daire Tharbgai[2] i cuicid *Connacht*, 7 rucadur tri catha na Féine orro ann re síu deirgedar assa longport amach, 7 ro thuitset .u. ḟir déc dighraisi degarmach do macaib Morna issin Daire.

Is ann sin adracht in milid morchalma .i. Goll mac Morna, 7 tuc sciath tar lorg doib, 7 nír' ḟétsamar a bec doib o sin o

[1] t-áighid, *Laud.* [2] tharbdai, *Laud.* tarbhgha, *Lism.*

ro gab Goll a sciath fair. *Ocus* doronsat clanna Morna comairli gan nech issa caradrad do biad fria Fiad, 7 frissin Feinn do léigen cen marbad uile, 7 isse thuc in chomairli sin .i. Conan Mael mac Morna, uair ba trotach airechta, [fo. 123b 1] ocus ba deabthach muintire, 7 ba himchassaidech sluaig 7 sochaide. Tangadur rompo meic Morna conice in faichthe férglais-seo, 7 do badur 'ca rada créd dogéndais re Berraig Bricc ingen Chais Chuailgne .i. re comalta bodéin, 7 adubradur coma do tabairt di .i. a seoit 7 a maine 7 a hindmusa do breith di lé, 7 Find d'facbail, 7 nach bad ecail lé ní cen no beidis sim béo. 'Truag sin ám!' ar Berrach, 'inné m'olc-sa do b'ail lib do dénam, a chomaltada craide?' 'Is sé immorro,' ar siat, 7 adubairt si: 'Nocho treigiubsa mo cheile 7 mo chóemlennan 7 mo chétmuinter .i. Find mac Cumaill rígféindid[1] Fiann Eirenn [7 Alpan — *Fr.*] oraibsi etir.' *Ocus* do eirgedur meic Morna in cathgrinde ro badur chum in baile, 7 tuc cach a lám il-láim a chéile immon mbaile, 7 do chuiredar teindte cacha slessa issin mbaile. Adracht in rígan roscletban 7 .xxx. da bantracht lé assin baile amach, 7 do condairc Art mac Morna hí do scemel in dúnaid ac dul ar in ngeltracht ngainmidhe amach chum a luinge, 7 tuc a chorrmér a suainem na sleige 7 tuc ró[t] n-urchair di, 7 atchualaid in rigan fidhrén na sleige, [7] impais a haighed rissin sleig co tarla ina hucht 7 ina hurbruinde di hí, cor'briss a druim ar dó 7 co fuair bás. Ocus rucad suas 'arsin léna muintir féin hí 'ar n-argain in dúnaid, 7 ro hadhlaiced hí issin dún, 7 is hí atá issin firt-sa,' ar Cailte. Ocus adubairt Cailte:

Berrach brecc . ingen Cais Chuailgne nir' cert,
robo rigan fuilt buide . *ocus* dirma degduine.
Do marbad hí ar in tráig . dob é sin in gnim nar' thlaith,
doradad teine 'na dún . rob í in fogail gan mírún.
Tri *cét* sciath ina tigh tall . *tri cét* brandub is fi[d]chell,
is tri *cét* bleide ré hól . risa tabartha dergór.
Ni ro hér sí duine riam . uair fa maith a cruth 's a ciall
in bail i tá a lecht co mblaid . risa raiter fert Berr[a]ig.
Berrach.

---

[1] rígfeindig, *Laud.*

'*Ocus* atá fuibhsi sunn,' ar Cail*te*, 'in ben issa fert 7 isa scela sin.'

Ocus at*r*acht Cailti iarsin, 7 tuc lám rissin m̄baile bothuaid, 7 tangad*ur* cach ina diaid, 7 tuc a lám ar lia cloiche ro bói a slis in dúnaid amach, *ocus* 'a firu,' ar se, 'gabaid leithchenn na cloiche 7 leícid damsa in cend aile.' Ocus tangad*ur* na sluaig da indsaigid, 7 nír' ḟetsat ní di. 'Cait a fuil, ar Cailti, 'Dond m*ac* Aeda m*eic* Garaid?' 'Sund,' ar se Donn. 'Eírig', ar Cailti, 'am aghaidh[1], ór mac curad 7 cathmil*ed* thú, 7 da faghaind étail fan cloich, dobéraind a t*r*ían duit.' Do eirgetar araen do hindsaigid, 7 tucsat srengtharraing bodb[d]a urri, 7 do tharraingset co lonn 7 co lanlaitir, cor' chuirset ré lar 7 re lantal*am* hí.

'Adrae buaid 7 benn*acht*, a m'anam, a Duind', ar Cailti, 'is fe*rr* dam do chungnum amain ina cungnum muintire *Con*aill uile. *Ocus* cáit a fuil *Con*all 7 in rigan 7 Donn?' ar Cailti. [fo. 123b 2] 'Sunn', ar siat. 'Eirgid issin n-uaim anunn', ar Cail*te*, 'ocus atáit t*r*i dabcha inti .i. dabach oir 7 dabach aile lán do cuachaib 7 do chopanaib 7 do chorrnnaib inti, 7 dabach lán d'airgget, 7 na tabraid dona sétaib damsa *acht* mad in Cráeb Glasach .i. claidem sliasta Find, 7 esc*r*a láma Find, co tucar do Pat*r*aic iat, uair ata tri .l. uinge d'ór 7 tri .l. uingi d'airget 7 tri .l. gem glainidhe ina chomecor.' Ocus docuad*ur* at*r*iur issind uaim, 7 tucsat a n-airi[2] léo do ca*ch* maith díb sin, 7 téit in sluag uile isin n-uaim 7 tucsat a lórdo[e]thain léo, *co*nach *r*aibe fine nonbuir dib ga[n]a ndaethin d'ór 7 d'airget.

Is and sin tainic a charp*at* chum C*on*aill. 'Eirg issin carpat, a Cailti', ar *Con*all. 'Ricim a les', ar Cailti, 'uair is scithech mé isin airecht*us*'. Ocus dochuad*ur* issin carpat. Do g*r*eis *Con*all brod fo*r*sin echraid, 7 dochuad*ur* siar co T*r*áig *Con*bice, 7 do ḟiarfaig *Con*all: 'Cid fa tucad T*r*áig *Chon*bice ar in t*r*áig seo, a Cailti?' 'Ní *ansa*,' ar Cailti. 'Cú g*r*ádach do bói ac Find .i. *Con*bec a hainm, 7 in fiad risa licthea hí ní ḟaghad a dín a nEir*inn*, noco tabrad a cend ch*on* 7 gilla ḟiann Eir*enn*, 7 ní*r*' loigh cú a n-aenlepaid ré Find riam ach[t] hí, 7 is anñ so ro báid[3] Goll m*ac* Morna hí,

[1] adhaigh, *Laud*. [2] a nairid, *Laud*. [3] báig, *Laud*.

7 do chuir tonn tuile ann so fo thír hí, co fuil fan carnn ṅglas atchi a cind na trága'. [*Cáilte cecinit* — *Fr.* 33a].

Truag lem oidhed[1] *Con*bice . *Con*bec ba lór a gloine,
ni ḟacca bud chrobglici . andiaid muici ná oighe.
Soeth lium oidhedh[2] *Con*bice . *Con*bec in gotha gairge,
ní ḟacca bo chrobglicci . ic marb*ad* doim na hairde.
Bid saeth lem 'ga fo*r*ngaire . os tonnaib arda uaine
a hoidhed[3] bá comraime . a bás is lor a t*r*uaigi.
Truag lem.

Tangad*ur* reompo co Dún na ṁbarc ind aídchi sin, 7 iarna-mairech adubairt *Con*all re Cailti: 'Ata druim ann seo i comḟoc*r*aib duind .i. Druim Náir ainm in droma, 7 ata mucc ann, 7 ní ḟetait coin na dáine ní di.' 'Ro bád*us* la', ar Cailti, '7 rob fiadaigi maith muici mé, 7 cáit a fuil Donn m*ac* Aeda m*eic* Garaid?' ar Cailti. 'Sunn', ar Donn. 'Gab t'airm 7 denam d'ḟiadach na muice in lín Feinde atámait'. *Ocus* ro gluaissid*ur* rompo 7 tangad*ur* issin druim anund, 7 atchonncad*ur* in mucc ann [7 .ix. fiacla asa carbut ua*cht*arach — *Fr.* 33a] 7 náe fiacla assa carpat ichtarach, 7 ro screchastar in mucc ic faicsin na con 7 na fer mor, 7 ro gab g*r*áin 7 ecla iat-s*om* roimpe. 'Lecar etrumsa 7 in mucc,' ar Donn, '7 is cuma mo betha no mo bás.' 'Aiscid churad chuingi,' ar Cailti, 7 do indsaig Dond in mucc, 7 ac drud don muicc chuici tuc Cailti sádhud[4] don tśleig inti co rainic on oscail có cheile di, 7 fuair in mucc bas léo marsin, 7 nír ḟetsat a breith assin nóco tainic sluag *Con*aill uile ara cend, 7 tucad i fiadnaissi *Ch*o*n*aill hí.

'Is mor in mucc', ar *Con*all. 'Is fír,' ar Cail*te*, 'uair issí sin in Muc tSlanga, 7 is immá leithéit sin tainic [Lism. fo. 173b 2] (olc) cloinni Morna 7 cloinni B*áiscni*.

Ocus nír' chian (ro batar ann co facatar) [fo. 174a 2] in móirśeis*er* [gilla mór — *Fr.* 33a] cucu. 'Canasa táncabair, a ógu?' ar Conall mac Néil[l]. 'Táncamar,' ar siat, 'ó Phádraic mac Calp*uirn* 7 ó Oisín mac Find 7 o Dhiarmaid mac Cerb*aill* ar do cenn-sa 7 ar cenn Cáilte.' 'Ní héit*er* limsa dhul ann aniu[5] d'éis

[1] oidheg, *Laud.* [2] oighedh, *Laud.* [3] hoighed, *Laud.*
[4] sághud, *Laud.* [5] aniugh, *Lism.*

mu ṡealga, 7 éirighse ann, a Conuill,' ar Cáilte, '7 beir let na haisceda út .i. in t-eascra do bhí ac Find do Phátraic, 7 in Craebhghlasach, claidem Find, do Diarm*ait* mac Cerb*aill* do rígh Eir*enn*, 7 in muc do marb*ad* ann do ríg Eir*enn*, ór as í so in Mhuc Ṡlángha, 7 co faicit cách í 7 gu roinne rí Eir*enn* dóib hí idir mhaith 7 saith.' Dorónad uili mar sin, 7 tucadh in cl*oidem* i láimh Duinn mheic Aedha meic Gharaidh mheic Mhorna. 'A sochar 7 a dochar in chloidim ort, a ghilla,' ar Cáilte, 'nogu ria co rígh Eir*enn*.' Ocus tuc Conall féin in t-eascra leis do Phátraic, 7 tucsat na moghuid an muic leo, 7 lotar rompa co ráncadar Cnoc Uachtair Erca, re n-ab*ar* Uisnech isin tan so, [im-midi medoin do ló — *Fr.* 33[b]]. Ocus 'ar roc*ht*ain dóibh ann is ann do bhói Pátraic i mull*a*ch Uisn*ig*, 7 Diarmait mac Cerb*aill* ara láim ndeis, 7 Oisin mac Find ar a l*áim* clí, 7 M*uir*edach mac Finn*achta* rí *Con*nacht fora láimsein, 7 Eochaid Leithd*er*g rí Laig*en* ar a láimh-sein, 7 Eogh*an* Derg mac Aenghusa, rí dá cóiced Mum*an*, ar l*áim* ríg Eir*enn*.

Táinic Conull mac Néill iar sin 7 tuc a cenn a n-ucht Pátraic, 7 do ṡlé*cht* do. 'Tar sunn, a Chonaill,' ar Diarm*ait*. 'A bhfiadhn*ai*si Pátraic biat,' ar Conall, 'gurub é bias ós mu cinn a nim 7 a talmain.' 'Rígi uaimsi duit,' ar Pátraic, 'ocus *tricha* ríg dot ṡíl a ríghi. Mo cathair 7 mh' abdaine duit fós, 7 inneoch foghébh o chóic ollchoicedh*ai*b Eir*enn* do chaithimh acat.'

Tuc Conall an t-eascra oír i láimh Pátraic. 'Do chara féin, Cáil*te* mac Rónáin, tuc in aisc*idh* sin duit', ar Conall. 'As cara, dar mo bréithir,' ar Pátraic. Ocus tuc Pátraic secha i láim ríg Eir*enn* é, 7 do bhí rí Eirenn ica ḟégad co fada, 7 adub*airt*: 'Ní facam*ar* riam sét budh ferr iná in t-escra, 7 dégha l*et*, a Oisín, cia ica raibe'. 'Acam athair féin,' ar Oisin, 'ac Find mac Cum*aill*. 7 tuc do bainchéli dho [é] .i. Berrach Breac ingen Cais Cuail*gne*. As í ro marbhsat meic Mor*na* [ar in foghail — *Fr.* 33[b]], 7 is deimin leamsa,' ar Oisín, 'intí fuair so co fuair sé in sét eli as ferr do bí a nEiri*nn* ná a nAlb*ain* (.i. in) Craeb glasach, cl*oidem* Find.' 'Atá acamsa sunn', ar Conall, '(do rí)g Eirenn, 7 is maith in aithne tucais. Éirigh, a Dhuinn, 7 tuc in cl*oidem* do rígh Eir*enn*, ór is do

tuc Cáilte (é. Ocus tuc in gilla) in cloidem il-láim Oisín, 7 ba lán glac [fo. 174a 2] Dhuinn do dornchla in chl*oidim*. 'Ingnad lim,' ar Oisín, 'do glac do línadh don chl*oidem*, ór nír' lín glac riam *acht* glac fir do cl*oinn* Bhaiscni *nó* do cloinn Mórna. 'Can duit a gilla?' ar rí Eir*enn*. 'Donn mac Aedha, mheic Garuid, m*eic* Mórna mhisi.' 'Dar mu bhréithir,' ar Oisín, 'do bo mhaith h'ath*air* 7 do ṡenath*air*.' Ocus tuc an cl*oidem* il-láimh rígh Eir*enn*. 'Caidi dece an cl*oidh*imh, a rí Eir*enn*?' ar Donn. 'Cá dece ṡire?' ol in rí. 'Ríghféinnidh*echt* Eir*enn* am*ail* bái ag derbbhráthair mo ṡenath*ar*.' 'Madh cet le hOisín 7 le Cáilte,' [ar rí Ér*enn*, — *Fr.* 34a] 'ragaid dhuit.' 'As ced ámh,' ar Oisín, 'ór is é mu chet-sa *cet* Cáil*ti*, *ocus* as duth*aig* do Dhonn hí, ór ro ghabsat *secht* rígha uime ríghféinnidhe*cht* Eir*enn* 7 Alb*an*.' Is aml*aid* dobeirim duit hí,' ar an rí, 'gan chís gan chánach*us* óir ná aircit do tab*airt* duit aisdi, am*ail* tucad do gach ríghḟéinn*id* romut, *acht* com*us* sealga 7 fiadaigh Eir*enn* duit.' Ocus do ghabh-som cuir 7 tennta ann sin, 7 do bhí *secht* mbl*iadna* *fich*et a ríghḟéinnidhech*t* Eir*enn* 7 Alb*an* nogur' mharbh Dubh mac Dolair a cath Cuire thall a nAlb*ain* hé.

Tucad iarum in mhuc a fiadhn*ais*i rígh Eir*enn*. 'Ac sin,' ar Conall, 'in muc ro mharbh Cáilte 7 Donn, 7 tuc Cáilte duitsi hí da roinn ar feruibh Eir*enn* ar dáigh cumad coimhdhi dóibh a cuid don Muic Slangha do rochtuin dóibh.' Ocus do roinn rí Eirenn in mhuc dona .u. cathaib *fich*et bátar fir Eirenn i n-Uisnech gur'bhat sub*aig*h sobrón*aig*h uili iat. Ocus ba hí sin Muc Ṡlángha déidhenach[1] do roinned idir feruibh Eir*enn*.

Is and sin adubairt Conoll mór mac Neil re rígh Eir*enn*: 'Cá breth is áil letsa do breith ar Cháil*te* da tí dot innsaigid?' 'Proinn *deich cét* ócl*ach* dho,' ol in rí, '7 ocht *fich*it bó do chur i férghurt gabhála 7 a [loim do] thabairt do [digh doib — *Fr.* 34a] ré loigi 7 dá chomalta, dh' Oisin.' Ocus do bátar ann in adhaigh sin co harabárach.

[1] dhéighenach, *Lism.*

Dála Cáil*ti* *immorro*, do gab*adh* eich Chonuill do, 7 do hinnleadh a carpat, 7 táinic roime i fosmhullach Sléibi Fuait, 7 do Chaerthenn ban finn, re n-ab*ar* Caerth*ann* cluana dá dhamh, 7 d'Ard in ghaiscid atúaid, frisi ráidhter Fochaird Muirt[h]emne, bhaili a nderna Cúchulainn in foic[h]erd gaisc*id* ar slu*aig*ed tána b*ó* C*uailngi*, 7 d'Áth na carpat b*udh*t*úaid*, re n-abar Áth Guill, 7 d'Echlaisc ech *Con*cula*inn*, re n-abar Lighi in Léit[h] M*ach*a (iter Dún Dealgain 7 muir, 7 do Slíab na com (. . . risa ráidter) Slíabh Bregh.

As í sin aes 7 uair ro ghabh (íttu Diarmait) [fo. 174[b] 1] mac Cerb*aill* i mulluch Uisn*igh*, 7 maithi bhḟear nEir*enn* 'na ḟarrad ann, 7 do ḟiar*faig* in raibhi uisce a comḟocraibh do. 'Ní ḟuil,' ar cách. Do chual*a* Oisín sin 7 atbert: 'Sith*al* damh,' ar sé, 'co ndechuinn d'iarr*aidh* uisci.' 'Gilla leat,' ar Diarmait. 'Ni thicfa gilla na óclach,' ar Oisín.

Adracht Oisín 7 do chuir in caincinn [leg. cairci?] frithroisc for a lurg co nach facad nech a longphurt ḟer nEirenn é, 7 ráinic d'innsaig*id* na tiprat .i. in Find[ḟ]leascach tipra Uisn*ig*, 7 ó thucadh cath Gabra ní ḟuair nech d'feraibh Eir*enn* hí co sin. Ocus ráinic Oisín co griantracht an tob*air*, 7 atconnuic na hocht n-éicne áilli eochairbreaca ann, ór do bí do dhiamhair an inuid nár' ecal leosum ní ann, 7 benais o*ch*t ngais bhiroir 7 ocht ngais fothla*chta*, 7 tuc in tsith*al* fón tiprait, 7 tuc lais na hocht mbratáin beo ac baeithléimn*ech* isin tsith*ail* 7 na gais birair 7 ḟothl*acht*a ar a huachtar, 7 táinic roime co hUisnech aml*aid* sin, 7 tuc in tsith*al* a fiadn*ai*si rígh Eirenn, 7 ba hingnad le cách sin, 7 do théiged glún Diarmada a mbun gach gaisi díbh. 'A roinn sút ar dhó,' ar Diarmait, '7 a leath do Phátraic 7 a leth aili dúinne.' 'Ní hamhl*aid*,' ar Pátraic, 'ór lia dáibhsi, 7 roinnt*er* ar trí iat, 7 tabar a trian donn eclais, ór as í sin a cuit féin.' Ocus dorónad amhluidh. 'Maith, a rí Eirenn,' ar Pátraic, 'ná b*en*udh in dias út do chuid nimhe dítsa.' 'Cidh é-sein, a naem-Pátraic?' ol Diarmuid. 'A mhéd dob*eir*i dot uidh iat,' ar Pátraic.

Dála Cailte [im*morro*, indister andso: — *Fr.* 34[b]] doriacht sein co faithchi[1] in Brogha atúaid, tar Linn Féig ar Boinn

[1] faighthi, *Lism.*

bhántsroth*aig*, 7 lámh des re cnoc Tl*acht*gha, 7 lámh clé re cnoc Taill*tenn* ingine Magmóir, 7 a Rót na carpat suas i mull*ach* Uisn*igh* bhaile ir-rabhatar firu Eir*enn*. Toirlingidh Cáilte isin aenach, 7 táinic mara raibhi Pátraic, 7 táirnes do 7 tuc a c[h]enn a n-ucht Pátraic. Éirghis athlaech do muintir Phátraic roime .i. mu-Chua mac Lonáin. 'Maith a anam, a Cháilti,' ar Pátraic, 'innis dúin cuich é mu-Chua.' Atbert Cáilte:

(Mu-Chua) mac Lonáin na lenn . meic Senaigh arnach saighfem,
meic Aenghusa in greaga[1] ghuirm . (meic Mughna,) meic Blait breacduirn.
Meic Aedháin, meic (Blae Aeda) . meic Fergais, meic Chinaetha,
meic Fiachach, (meic Airt don Muigh . meic) Muir*edaig* meic Eogain.

'Crét fuil acumsa,' [fo. 174b 2] ar mu-Chua, '*acht* do chuimn*igu*dsa a n-ocht trath*aib* na hEcailsi?'

'Alléra anís ar mo ghual*ainn* si, a Cháil*ti*,' ar Diarm*ait*, [ac a gabail ar lethlaim — *Fr.* 34b]. 'Ní fer gual*ann* rígh mhe,' ar Cáilte, '*acht* fer fiadhn*ais*i rígh, ór mac óclaich mhé, 7 is ferr inté atá ar do ghual*ainn* innúsa.' 'Dom bréithir fris,' ar Oisín, 'nach ruc ben a comaimsir frit a nEir*inn* neach dar' chóir a rádh gur' ferr é fein iná thusa.'

Is annsin ro fersat fir Eirenn fáilti re Cáilte, 7 ferais in rí fáilte fo trí ris, 7 tuc Cáilte teora póc d'Oisín, 7 suidhis ar a lethláim. Lán duirn do bhiror 7 fothl*acht* búi i láim Oisín tuc a láim Cáilti. 'Biror 7 fothlacht na Flesce so,' ar Cáilte, '7 in fuaruis iasc innti?' 'Fuarus ocht maigre,' ar Oisín, '7 atá in t-ochtmhadh maigre acainn araen díbh.' 'Dar mo bréithir,' ar Cáilte, 'ní roibhi mo chuit-se riam il-láim mná ná fir budh annsu[2] lim innáisi.'

Is ann sin tuc Cáilte a láim a comr*aid*h a scéith, 7 tuc slabrad línidi Logha meic Eithlenn ar lár 'na bhfiadhn*ais*i. 'I carn Gairb Daire fuaruis in slabradh, a Cháilti,' ar Oisín. 'As ann co deimhin,' ar Cáilte. Ocus tuc Cáilte do rígh Eirenn in sl*ab*rad, ocus .u. catha *fich*et búi in slúag, 7 do thicedh 'na timchill 7 ocht cét óclach do thoill*ed*h ann, 7 dúnad ar in *cét*fer dhíbh, 7 gan comus a osluicthi nogu n-oslaici in *cétfer*.

Is and adub*airt* in rí: 'Maith, a Cháilti, ba maith in cethrar bátar a nEirinn a n-aenaimsir .i. Cormac mac Airt 7 Find 7

[1] greada, *Lim.* [2] annsa, *Lism.*, andsu, *Fr.*

Cairbre Lifechair 7 Oisín.' 'Ba maith in t-óclach Cormac,' ar Cáilte, '7 dob aithnid do chách maithes Finn.' Ocus atb*ert* Cailte:

Da tísadh fo breith dála . a mhac cuigi 'sa náma
ba do maithib líne dhó . eturra ní bérad gó.

'Ocus, a Cáil*ti*,' ar Diarm*ait*, 'inar' ḟerr Cormac iná Find 7 inar' ḟerr Cairbre iná Oisín?' [Atbert Cáilte]:

Dar in Rígh ḟuil ós mo chinn . nír' ḟerr Cormac iná Find,
's nír' mesa Oisín co mblaidh[1] . iná Cairbre Lifechair.

Is and do ḟiar*faig* Eochaid L*eth*d*erg*, rí Laigen, do Cháilti: 'Crét fodera d'Finn 7 don Ḟéinn gan in péisd [adbalmór — *Fr.* 35[a]] atá acainn a nGlenn Ruis en*aig*h do mharb*ad* sech gach n-ar*racht* eli dar' dhíchuir sibh a hEir*inn*?' 'Is *ed* fod*er*a sin,' ar Cáilte, 'in ceathramad rann d'inchinn Mes-gedra hí, 7 ro sluic in tal*am* ann hí co nd*er*na peisd adbul[mor] di. Ocus ní raibhi a ndán dúinne a marbad nogu toirsedh an Táilcend 7 deiscib*ul* da mh*uintir* chengl*us* d'aen ṡifinn luachra ar deiredh na haimsiri hí, 7 biaidh isin cengal soin co tí in b(ráth).' 'Cidh uma téígdis an Ḟian da marbad féin (7 do mharbad a con) ar an loch sin don phéisd?' 'Leannán sídh(e) [Laud 610, fo. 124[a] 1] do bói ac Find,' ar Oissin .i. Uaine ingen Moduirnd, 7 tuc Find éra tochmairc furri ar a immat d'ilr[e]achtaib a téiged sí, uair ní raibe bethadach na téighed sí richt, 7 tangad*ur* ind Ḟiann laithe n-aen ar in carnn os chind in locha sin, 7 tainic in fiad amach ar in loch, 7 do lenamar-ne ar in loch hé, 7 do eírig in peist duind, 7 do marb *cét* cú 7 *cét* fer accaind, 7 is ann sin do iarfaig Cail*te* do Ḟind: in lind tuitfis in peist, 7 mased co cuirmis ria 7 co ṅdighlamais ar muint*ir* furri. *Ocus* tuc Find a ordain fa déd fis, 7 ro faillsiged fír faistine dó, [7 ro ceiled gae fair ann — *Fr.* 35[a]], 7 adubairt in laid:

Glend Rois enaig bid fir dam . bid bind guth cluic ann nach[2] than,
gé beth fó damaib ruada . robsat ili a ardbuada.
Ro gab in doinend dubad . ni soinend *acht* ar selaibh,
do gab in tal*am* trochull . do gab cochull cend n-enaig.
Enach feinde fadb fulaig . imrulaig garb ro *con*aib
siat srotha elta enaig . rian t*r*egain terchtha[3] t*r*ogain.

[1] mblaigh, *Lism.* [2] *written over* biaid, *Laud.*
[3] rian trega treghta, *Fr.* 35[b]. rian treghain terca, *Lism.* 175[a] 1.

Crotholl[1] Feinne fuath curraig . os duillib ruada rindib,
sceo gaithi céo tar rindib . os rengaib leabra ar lindib.
Coscrach atchiu-sa an muirbich . rosc dercain[2] brath tar buidnib,
taebúaine taithnem taidlech . biaid Cáemgin ga mbia cuibrech.
Muirbech lonn locha hEnaig . tonn 'na degaid adraigi,
sissi ac slaidhi na Féinde . óig na Feinde 'ga slaide.
Deich ṁbliadna ar da bliadnaib . a hocht riagail ar relaig,
ar da cét deg sét saíre . gusin áine ro genair.
Loch nEnaig adhba elad . scith cen ḟianna 'na ḟarrad[3],
tailgind contagfat uime . badh binde chanfat aille.
Loch n-Enaig[4] adhba ela . dind ṁbera itir da mbroine.
enach trogain blái théite . otá in chéiti có 'raili.
Glend Enaig itir da tšliab . iss é is áille atconnarcc riam,
abhand da loch ar a lar . iss é lán don leith aniar.
Bidh adhba ailithrech uar . bid adba trén ocus truag,
bid adhnacht rig cend a cenn . tic fa Cáemgein issin ṅglenn.
Glenn.

Ní héitir a indissin na a aisneis neoch ro indissetar do denam dóib féin do morgnimaib gaile 7 gaiscid 7 do maithib na Féine, re táeb dindsenchais cach cnuic 7 cach ḟeraind ro ḟiarfaigetar fir Eirenn díb.

IS ann sin tainic [Tamun — *Fr.* 35b] trénbrugaid mac Tréin .i. flaithbriugaid cétach comramach do ríg Eirenn .i. tri .l. fer mor ina ḟarrad 7 faideran[5] fírgorm im cach fer díb [7 fedana finduma isna brataib os a mbruindib — *Fr.* 35b] 7 leinti lígdha lángela umpu, 7 tri .l. gabal-lorg ina lámaib, 7 ro bennaigedur do rí[g] Eirenn 7 fregrais in rí iat. 'Atá fled[6] mor acaind duit, a ríg,' ar siat '.i. deich fichid dabach do midh, 7 deich .xx. dabach do chuirm glain gabaltaig cona daeithin do biadaib ilarda écsamlaib léo,' 7 tucsat in biad 7 in lind léo don ríg. *Ocus* do ḟiarfaig rí Eirenn d'Oissin: 'in a n-aentech re maithib Eirenn rachaisi nó in tech óil 7 aibniusa ar leith bes accaib?' 'Ar cuit bíd 7 lenda duind [fo. 124a 2] ar leith,' ar-si Oissin, 'uair ní lucht comdíne na comaimsire duind na daíne anois.' 'Cá lín atáthi?' ar rí[7] Eirenn. Da naenbur', ar Oissin '.i. nonbur damsa 7 naenbur dom

[1] Trochull, *Fr.* 1. [2] dreacoin, *Lism.*, dregain, *Fr.* [3] ḟarrud, *Laud.*
[4] nenaid, *Laud.* [5] faitiuran, *Fr.* 35b. [6] fleg, *Laud.* [7] rig, *Laud.*

chomalta, do Chailti.' 'Fiche dabach *cona* ndaeithin bíd doib,' ar rí Eir*enn*. 'Maith a rí[1],' ar Cailti, 'na cut*r*umaig-siu sind do bíud *nó* do lind chaichi, uair intan doberthea deich ṅdabcha damsa, .xxx. dabach b(ud) chóir d'Oissin,' *Ocus* ro chaithed*ur* ind adhaig sin co subach sobrónach, co tainic la *cona* lanṡoillsi gan uresbaid bíd na dighi forro.

Oc*us* do cuired a phupall tar rig Eir*enn* issin tulaig thonnglais in lá sin, 7 nír' léiced ach rí[g]damna issin pupaill, 7 tainic Pat*r*aic *cona* chleírchib issin darna leth don phupaill, 7 nír' léiced *acht* esgob 7 sacart 7 m*a*c ochta rig nime 7 tal*man* issin leith ir-roibe Pat*raic*.

Suidhis Oissin i fiadnaissi P*átraic* 7 Cailti i fiadnaisi rig Eir*enn*. 'Cia accaib as sine?' ar rí Eir*enn*. 'Missi,' ar Cáilti, 'uair .x. mbli*adna* .xx. do bo tȧlan dam intan rucȧd Oissin 7 .uii. ṁbli*adna* déc dó am leapaid-sea, 7 as mo thigh ro gab feind 7 foirind.'

IS ann sin do ḟiarfaig rig Eir*enn*: 'cá lín do rígaib Eir*enn* leis a tucad ferann don Ḟeind?' Freg*r*ais Cailti sin, or do bói a ḟis aice .i. 'Rí[2] ro gab*us*d*ur* Eir*inn* .i. F*er*adach Fechtnach, 7 da bad*ur* da m*a*c aici .i. Tuathal 7 Fiacha a n-anmanna, 7 fuair Feradhach bás, 7 do roindset a da m*a*c Éire eturru .i. seóit 7 maine 7 indm*us*a 7 buara 7 bóthainte, a failgi 7 a fo*r*nasca, a nduinte 7 a ndingna 7 a ndegbailti dondarna fer; a halla 7 a hindb*er*a, a mes 7 a morthorad 7 a héicne[3] aille eoch*ur*breca 7 a fiadach don ḟir aile.' 'Cait a ndernnsat in roind sin?' ar rí Eir*enn*. 'Immon cnoc so ara fuilmid inar suidhe do roindset da m*a*c rig Eir*enn* eturru.' 'Ní samlaithi in da roind sin,' ar maithe fer nEir*enn*. 'Cé díb roind bod ferr libsi?' ar Oissin '.i. a fleda 7 a tighi 7 a maithi*us* archena issindarna roind dib, a feda 7 a fassaigi, a selg 7 a fiadach issin roind aili'. 'In roind ba messa díb,' ar Cailti, '[dar libsi — *Fr.* 36[a]] issí ba ferr linde.'

'Ráid 7 indis a ḟírinde siut, a Chailti,' ar Oissin.

Oissin *cecinit*:

Raid a Chailti, cid dia fuil . mor eol*us* ré iarfaigid,
cétroind Eir*enn* l*eth* ar leth . do cach *c*rich fil um Uisnech.

---

[1] ríg, *Laud.* [2] Rig, *Laud.* [3] heicned, *Laud.*

Cia dorat *ferann* don Féind . ind abrai frium a Oisséin?
cia ro scar re gill*acht* ch*on* . cia ros-dil fa thuaru*s*dul?

[Cáilte cecinit.]

Mebair[1] lem in ní dia fuil . a m*eic* ingine in D*eirg* druin,
ó ro lessaig Fiacha in Féind . co ro athrígis-si, a Oisséin.
Deich m̄bli*adna* do ḟlaithi*us* maith . duitsiu a Ossin, a ardḟlaith,
ó r*us*-brég Fathad in Féind . co r*us* t*r*éigset tú, a Oissein.
Degm*ac* F*er*adaig dar lim . dar' bo chomainm Fiacha Find,
Eithne ingen Daire Duib . ro bí in morrigu a mathair.
[fo. 124b 1] Feradhach is Fiacho Find . roindset Eir*inn* tind a tind,
bad*ur* ar Eir*inn* co mblad . gan chocad, gan chomardad.
Ruc do roga in m*ac* ba só . beith ré Féind, ní himargó,
foithri, fássaigi, feda . aibhne is alla is indbera.
Ro gab Feradach, dar lem . airdrígi ar f*er*aib Eir*enn*,
a fleda, a thairgthi, a tighi . a táinti 's a t*r*ebaire.
Rígi Feradhaig ba maith . cor' thuit lé Mál in m*ac*[ḟ]la*ith*,
bá tásc rígh ruamn*us* a gail . bás in ríg ind áidchi sin.
Luid Fiacha a Temr*aig* co rath . ó dorochair F*er*adach,
gabais n*er*t Eir*enn* uile . la marmuir m*ac* Rocraide[2].
IArsin dorat Fiacha in Féind . do Morna g*us*in morcheill,
cethrar dóib sein, dreimne gal . ina diaid ro gabsatar.
Morna m*ac* Cairp*ri* co n̄g*us* . deich m̄bli*adna* dó ina ḟlaithi*us*,
a deich do Garad nár' gann . nócor' scarad ré cháemchend.
Daighri m*ac* Garaid co n̄g*us* . *cóic* bli*adna* dó 'na flaithi*us*,
áirim *secht* m̄bli*adan* gan brath . Donn m*ac* Morna in deidinach.
Eoch*aid* m*ac* Nárchada anair . rí Ḟiann Eir*enn* a hUltaib,
bli*adan* co leith a líne . ós in Féin̄d a n-airdrígi.
Cas m*ac* Cannáin, cruaid a neim . aen bli*adan* aici a hUltaib,
Duban a m*ac*, monar n̄grind . da bli*adain* aici áirbim[3].
Gabsat a Mumain, miad cealg . Liath Luach*ra* is Labraid Lamd*erg*,
deich m̄bli*adna* doib, lith nach gann . do m*ac*aib aithig Árann.
Trénmor hua Baiscne ba balc . ba húa do Ṡet[n]a Ṡithbacc,
senathair Ḟind, ségda in roind . athair Cumaill is C*r*imaill.
Tarraid Trénmor, trén a báig . Fianna Eir*enn* a n-aendáil,
rigsatar a ríg andes . *secht* m̄bli*adna* déc a reimes.
Ro gab Cumall, cruaid a neim . al-los sceith *ocus* chlaidim,
rígi fá tuc teora cath . scannlach, *con*galach, cocthach.
[Ro gab Cumall, cruaid a nim . il-los scéith *ocus* cloidim[4] — *Fr.* 36b]
deich m̄bli*adna* dó sunn ana . co torchair i cath Chuncha.

---

[1] Meadbair, *Laud.* [2] ar Mál mór mac Rochraidi, *Lism.* luid tar muir mac Rochraide, *Fr.* 37a. [3] leg. áirmim (airmhim, *Fr.* 36b). [4] cloigim, *Fr.*

'Arsin gabsat m*aic* Morna . ar br*ó*n 7 ar bithdoghra,
t*r*icha laech, ba mor a ngal . im Daigri, im Goll, im Garad.
Goll mór ba milid i cath . m*ac* do Morna déidenach,
deich ṁbli*adna* dó, lith nar' gann . ind-airdr*i*gi ḟiann Eir*eann*.
'Ar sin ro gab in t-éo óir . Find m*ac* Cumaill m*eic* T*r*énmóir,
ar tairb*er*tach saer sluagach . ar sái amra ilbuadach.
[Ar flaith, ar séghaind, ar sái . ar mbreithem, ar nd*r*uth, ar nd*r*ái,
ar cend cumaing . ar slicht slóigh . Find m*ac* Cumaill m*eic* T*r*énmóir.
Dob é Find in *cói*ciud laech . uasal f*or*us*ta* firgaeth
noch dob ferr delb *ocus* drech . dob f*err* arm *ocus* édach — *Fr.* 36[b].]
Dá cét bli*adan* co mblaithe . *ocus* t*r*icha gan tlaithe
saegal Find, ba fata re . co torchair 'ga léim baissi.
Secht rí déc, is deimin lem[1] . do gab rigi Ḟiann Eir*enn*,
ferr Find inait sin uile . cathmil*id* ard Almaine.
[fo. 124[b] 2] Cuicir druad[2], ba dám duilig . is ferr taraill iath fuinid,
is mebair[3] limsa co becht . a n-aísneis is a nd*r*ái[d]*echt*.
Ba díb Ba[d]gna a Síd Ba[d]gna . díb Cathbad d*r*ái degam*ra*,
Stocán m*ac* Cuirc chrechtaig cháim . Mog Ruith is Find a F*or*mail.
Cuicir legha, lith n-am*ra* . is ferr taraill tír Banba.
cid cían atúsa da n-éis . isam eolach 'na faisnéis.
Miach is Oirmed, dalaib drecht . *ocus* a n-athair Diancecht,
Gabran liaig tar muir anair . Find féin hua Baiscne barrglain.
Cuicer fil*ed*, uasal drem . is ferr tharaill iath nEir*enn*,
is mebair[3] liumsa co becht . a faisneis, a filid*echt*.
Cairbri fili fuair dar ler . Amairgin indsi Gaeidel,
Feircheirtne re Labraid Lorc . Mogh-Ruith is Find faeb*ur*nocht.
Cuicer is gaithe um ceill ṅg*r*ind . ro bói a n-aentig a n-Eir*inn*,
Fithel *ocus* Flaith*r*i a m*ac* . Carp*re* *ocus* Aillbhi is Corm*ac*.
In cheist do chuirdis t*r*i cheill . prap ro ḟuaslaiced Find féin,
in cheist donith Find na fled . nech don chuicer ní chuimged.
Cuicer laech luaidis ferga . is ferr táraill iath n-Elga,
budh gairbe gnim *ocus* glonn . bud gairge í cath 's a comlunn.
Lugh m*ac* Céin m*eic* Cáinte anall . Cúcul*ainn* *ocus* *Con*all,
Lugaid Lágda, lám ar gail . Find féin huaBaiscne barrglain.
Cuicer is féile f*r*ith riam . budh ḟerr um brat is[4] um biad,
do chined na ṅGaeidel ṅgle . maith ro chaithset a maine.
Lug m*ac* Eithlenn, Aeng*us* áin . Cú na cerda, c*r*úaid a báig,
*Con*aire caem, cruth nar' chlé . Find is M*ac* Luchta ar aenchsé.
Cuicir flatha ferrdi lem . is ferr taraill tír nEir*enn*,
is mebair[3] limsa co becht . a n-aisneis 'na flaithemnacht.
Eirimon m*ac* Miled mo[i]r . Iugaine a ndiaid Eirimoin,

[1] lim, *Laud.* [2] druag, *Laud.* [3] medbair, *Laud.* [4] im, *Laud.*

Aengus Tuirbech, *tr*eissi a ṅgail . Conn C*ét*chathach, Find féindid.[1]
Laech ar gairbe, co ṅgnim ṅglonn . *ocus* óglach ar chomund,
cleirech ar *pro*cept M*ai*c Dé . *ocus* flaith ré fírinde.
Ni ḟetar locht ar Ḟeind Ḟind . dar in Rí[g] [ḟ]uil os mo chind,
acht, a Dé tadhaill talman . gan in M*a*c do moradhrad.
Ni mairit in muinter maith . ní mairenn Find in fír[ḟ]laith,
ní ḟuil in cuire gan cleith . na ruire 'mun rigḟéindid.[2]
Ferr a sretha na ca*ch* sreath . ferr na ca*ch* rig a taissech,
mét na fer is mét a sciath . mét a laech ṅgasta ṅgarbliath.
Ba rig, bá fáid, ba fili . ba *tr*iath co mét morḟine,
ar fisid 's ar ṅd*r*ai 's ar fáid . ba bind lind ca*ch* ní do ráid.

R.

I N-abraim do thestaib Find . dar in Rí[g] ḟuil os mo chind,
[fo. 125a 1] ba ferr som fos co ba *tri* . cid mor in ní raidim-sí.

Raid.

Gu ba ṡecht do chreid in rí . Find m*a*c C*um*aill Almaini,
in sechtmad fecht do bói ar fás . is de thainic a thiugbás.
Leth Moga ac Eogan do bói . Trénmor is ré laim ro láe,
m*a*c dó Cairill fa gein Scail . ba bínd lais ca*ch* ní ro ráid.

Raid.

'Adrae buaid 7 benn*acht*ain, a Chailti,' ar Diarmait m*a*c Cerb*aill*, '7 caid a filet sin 7 senchaide Eir*enn*? Scribthar i tamlorgaib file*d* 7 a slechtaib suad 7 a mbriath*r*aib ollaman [sud, — *Fr.* 37a] co mb*er*e cach a chuid lais da *cr*ich 7 da f*er*ann bodein da ca*ch* ní dar' indis Cailti 7 Oissin da morgnimarthaib gaile 7 gaiscid, 7 do dindṡen*chus* Eir*enn*.' *Ocus* dogníd aml*aid* sin.

IS annsin ro ḟiarfaig[3] Find m*a*c Faeb*ur*d*eir*g, m*a*c rig H*ua* Ceindsel*aig*. 'A Chail*ti*,' ar se, 'crét fadera in Giussach Ḟind náim 7 fíreoin ic a hadhrad seoch ca*ch* n-inad aile issin *cr*ich?' Frecrais Cail*te* sin. 'Lú[b]gort selga d'Ḟind hí,' ar se, '7 intan na fagdais in Ḟiann a cuiged letharthach Laigen óta Indeoin Maighi Feimin co Beind Édair a ndaeithin selga do geibdis issin Giussaig Ḟind.'

'Maith m'anam, a Chailti', ar Find m*a*c Faebair, 'cret im[a] n-abar Áth Ferna risin n-ath atá ar lar na Giussaigi?' Frecrais Oissin sin: 'Goll m*a*c Morna ro marb*u*star Fernn m*a*c Cairill ann ar foghail chlaind[e] Morna, 7 m*a*c rig na ṅDeissi

[1] feindig, *Laud*. [2] rigḟeindig, *Laud*. [3] ḟiarfaid, *Laud*.

andes hé, 7 óclach *gr*ádha d'Find he, 7 'arna chur fá ḟochlaitib tal*man* tuc Find a ordain fá déd fis 7 ro faillsiged fírinde dó, [7 ro ceiled gói fair, — *Fr.* 37[a]] 7 adubairt: 'a Ḟernn m*aic* Cairill, mogenair duit ro hadlaiced issinn inudh a tái. Uair mor do ḟindcheolanaib ceilebartha 7 do ḟindleabraib *tr*ath 7 do eadbairt chuirp in Choimded dogentar ós do chind.' *Ocus* adubairt:

Ath Ferna . áit a mbia mAedóg ḟedbda,
aníu cid imda a chuana . bid imda a duana nemda.
Ath F*er*na na féorainde . bid fedbda in fer 'ga ṁbia,
da roiset ann anmcharait . bat imḟoicsi do Dia.
Daria mAedog muintirach . tar áth Findglaissi fia
bidh chromchind ros-tairgéba . bid roibhchind duíní Dia.
Daria mAedog muintirach . maissi *gr*eine tar cithu,
daria m*ac* na retlaindi . retla buada[ch] tré bithu.
Bíd hé in t-inad oirrnidi[1] . a mbíd fianna fa fulacht,
daria mAedóg muinterach . mochin rí darab rulacht.
Bidh hé in torc trén tulcháinim . bid hí in lassar borb brátha,
daria mAedóc muinterach . bid tonn tar ilar n-átha.
Ath.

'Is maith am ro indissis,' ar Find m*ac* Faebair, '7 atá ceist aile accum is áil lium d'ḟiarfaigi[2] dít, a Chail*ti*?' 'Cret in cheist sin?' ar Cail*te*. 'Baile atá acainde annso í comrac in da chóiced .i. Comar ollbuidnech na t*ri* n-uisci, áit a comraicend Siúir 7 Ḟeoir [7] Berba, 7 Ros [fo. 125[a] 2] ṁbrocc ainm in baile sin, 7 rob ail liumsa a ḟis d'ḟagbail uaitsiu cia ic á raibe in dúnad út ann.', ['Urusa liumsa a fis sin duit,' ar *Cáilte* .i. — *Fr.* 37[b]].

'Dá óclach *gr*áda d'Ḟind m*ac* Cumaill ro bói ann .i. Cel*lach* Braenbili 7 Moling Luath do chóiced Laigen, 7 do bad*ur* da *cét* óclach 7 da *cét* gilla 7 da *cét* con ac cechtar de díb, 7 cid iat t*ri* catha na Féinde do tsirthea ba terc ann dias budh ḟerr luth nó lamach anait-sium, 7 do bí maith aile intib-sium mailli rissin, uair is 'na tigib do bith in Ḟiann re bli*adna* gan teirce bíd na lenda orro rissin.'

'INgnad linn,' ar Finn m*ac* Faebair, 'uisci in baili sin in

[1] oirrnigi, *Laud.* [2] dḟiarfaidi, *Laud.*

ard 7 a táruth ina all, 7 foírid in t-uisci sin ca*ch* eslainti re ṁbenann.' 'INdeossat-sa duit adb*ur* in ratha sin,' ar Cail*te*. Is é sin *cét*uisci ro bennachad*ur* aingil Dé a nEir*inn*, 7 iss é uisc*e* déidinach béos [bendeochar inti, — *Fr.* 37[b]] 7 Táeidiu ainm na habhann,' ar se.

Ocus do bad*ur* in dá óclach sin ann nóco ṅdechad*ur* m*ai*c Morna ar fogail ar Ḟind, 7 nir' rathaigset áidchi ann nócor' gabsat m*ai*c Morna anair 7 aniar immon ṁbaile acco, 7 ro bad*ur* teora lá 7 teora aídchi ac dul ar in ṁbaile, 7 nir' ḟedatar ní dó rissin, 7 a cind in tres lá fuarad*ur* baegal teined do chur ann, 7 do loisced in baile léo, 7 dorigned a argain, 7 ní thernó duine béo d'ḟir na do mnai gan a loscud ann, 7 intan tairnic leo in baili d'arggain 7 d'indrud tangad*ur* reompo tar sgairb Indbir Dub-glaissi, tar B*er*ba síar ar sodain, 7 issí sin aimsir ir-rangamar-ne t*r*i catha na Féinde dochum in baile gingur' chobair doibsium sin. *Ocus* suidhis Find 7 t*r*i catha na Feinde ar faichthe in dúnaid, 7 ro cháisetar co dérach dobronach, uair ní minic má dorinded riam gnim bo doilgi leissin Féind ina sin. *Ocus* tucad loingṡithal bánóir chum na flatha Find ann sin, 7 ro indail a láma 7 tuc uisci ima gnuis rígda roalaind, 7 tuc a ordain fa déd fis 7 in t*r*es fis is mó ro faillsiged dó riam issin tan sin ro faillsighed dó hé, 7 adubairt: 'Ceithri fáidi toghaide ticfa[t] tarmeissi a nEir*inn*, 7 do rig nime 7 tal*man* dogénat a faistine, 7 bid annso ticfa in cethramad fer .i. Mo-ling m*a*c Faelain, m*ei*c F*er*adaig [Find], m*ei*c Ḟidgai, 7 cath chuirfither re deiredh aimsire ind-Eir*inn* .i. cath Maigi Rath, 7 Suibne Geilt tic assin chath sin is annsa baili seo muir[b]fither hé 7 aidhléсthar, 7 ben d'f*er*aib Muman m*áthai*r in chlei*rig* sin, 7 ní lemat fir Mum*an* olcc in baili seo do denam chaídche.' *Ocus* adubairt in laid ann:

Ros ṁbrocc aníu is *con*air chuan . romur ruad itir da all,
cian gar co toirset nóim ind . Moling ainm intí 'sa ceall.
[fo. 125b 1] Taediu chorrach chamlindtech . ar ur na cairrgi is lia,
da roichid sunn sochaide . imtheghdaid ann ar Dia.
[Taídíu grianach genter leis . beith ara greis bud maith lim,
truagh deired in domain dein . saeth lim mé féin can beith ind —
Fr. 38a.]

Doroichfea in f*er* foluaimnech . atuaid a Maig Rath,
bid gairdiug*ud* don chleir*ech* . maiden co méit rath.
Tech Moling m*eic* Ḟaelain . m*eic* Ḟeradaig Ḟind,
uingi d'ór ó nech . ar a thech 'na chill.
Bennan Moling Luachair . bentar isna *tr*athaib,
ní lémat láich Luimnig . ben Muimnech a mathair.
Tiucfat fir Chualann atuaid . f*or*ba a sluaig co Tech Moling
ó sin amach co brath mend . ferr issa ferr Tech Moling,
Adeirim-si rit reime . bid fír dam in ḟaistine
geib re hanmain Ḟind í bhos . tarrngaire Moling don Ross. Ros.

['Maith a anum, a Find m*eic* Faebair,' ar Cailti, 'is i sin in ceist ro fiarf*aig*is dim — *Fr.* 38[a]].

IS andsin adubairt rí Eir*enn* re Pat*raic*: 'is mithig lemsa dul co Temr*aig* bodesta, 7 ín ticti-si lím co Temr*aig*', ar Diarmait ['don dula sa, — *Fr.* 38[a]] a ṡenorchu?' 'Ni rechum,' ar siat, 'cocend ṁbli*adne*. IS annsin adubairt Eoch*aid* Lethd*er*g rí Laigen: 'B*ér*atsa Oissin lem,' ar se, 'frissin ṁbli*adain*-seo co Dún Liamna Lendchaime ingine Dobrain Dubthaire. 'Berat-sa Cailti lem,' ar *Con*all Mor m*ac* Neill, 'co Dún na ṁbarcc bothuaid rissin ṁbli*adain* seo.' 'Berat-sa P*átraic* lem,' ar Diarmait m*ac* C*erbaill* co Temr*aig* do baisted 7 do bennach*ad* 7 d'ordug*ud* fer nEir*enn* ina cirt 7 ina riagail féin.'

Ro scailset fir Eir*enn* dochum a *cr*ichi féin, co ro chomraicset a cind bli*adne* i Temr*aig*.

Corub hí Accallaim na Senorach ac in chartha a mullach Uisnig sin 7 ca*char*' chansat d'ḟis 7 d'eol*us* d'f*er*aib Eir*enn* uile ó sin amach.

Dala Chailti im*morro*, ro eirig sein reime maraen re Conall m*ac* Neill co Raith Art*r*ach bothuaid a *cr*ichaib Ceineil *Con*aill. IS annsin do eirged*ur* ingena míne macdachta mongbuide 7 m*eic* becca bratuaine [7 amais — *Fr.* 38[a]] 7 óclaig in dúnaid d'ḟerthain faeilte re Cailti. Bad*ur* ac ól 7 ac áibni*us* re hed 7 re hathaid[1] in caemlaithe sin nocor' eirig g*r*ian assa circcaill t*r*uim teintidhi[2] cor' línastar alla 7 essa 7 indb*er*a in tal*man*.

INa degaid sin tainic *Con*all 7 Cailti co maithib a muintire assin baile amach, 7 ro ḟiarfaig[3] *Con*all: 'cid fa tucad Raith Art*r*ach ar in raith seo, 7 cid ima tucad Raith Mongaig[4] ar

[1] hathaig, *Laud.* [2] teintighi, *Laud.* [3] ḟiarfaid, *Laud.*
[4] mongaid, *Laud.*

in raith-seo thuaid, 7 cid imma tucad Lis na n-éices ar in lis so thes?' Frecrais Cail*te* sin: 'T*ri* m*e*ic ro bad*ur* ic Bodb Derg m*ac* in Dagda issin Brug b*r*ecsol*us* .i. Art*r*ach 7 Aed Alaind 7 Aeng*us*, 7 tarrla imressan eturru 7 a n-athair fein. 'Maith m'anam, a m*acc*u,' ar Bodb Derg, 'fácaid-si damsa Tuatha *dé* D*anann*, 7 im[thi]gid chum rig Eir*enn* .i. chum[1] Corm*a*ic h*úi* Chuind, 7 atá adhb*ur* 'mana cóir dáib [fo. 125b 2] Tuatha *dé* D*anann* d'fagbail, uair ní fuil do c*r*ich ac T*uathaib* dé D*anann* a fulang féin 7 a fuil do maithius ic Art*r*ach inmain, 7 is lia d'Aeng*us* m*a*c B*uidb* ná do T*uathaib* dé D*anann* uile etir gilla 7 óclach, 7 is lia d'Aed Álaind eíces ann siut na do chliaraib Eir*enn* 7 Alban.

IS ann sin tangad*ur* t*r*i m*e*ic Buidb co Corm*a*c, 7 fiarfaigis dib cid do gluais iat. 'Ar n-athair fein ro fogair a Tuath*aib* dé D*anann* sind, 7 tangamar d'iarraid feraind f*or*tsa.' 'Do gebthái-si sin,' ar Corm*a*c, 'dober-sa daib ceith*r*i t*r*iucha na garbthire,' f*r*isa rait*er* Tír *Con*aill aníu, 7 ro bói in m*a*c ro-ba tsine díb .i. Art*r*ach 7 bruiden[2] *secht* ndor*us* aici, 7 mochen re c*ach* ndáim. Ro bói Aeng*us* ilclessach í raith Mongain, 7 m*acc*u rig Eir*enn* 7 Alban ac foghlaim lamaig, 7 ro bói Aed eíces a Lis na n-éices 7 cliara Eir*enn* 7 Alban ina farradh ann .i. *deich* mbli*adna fichet* ro chaithset do flaithi*us* Chorm*a*ic h*úi* Chuind[3] nóco fuair bás ic Raith Spelain a mBregaib.

Tangad*ur* ar cula doridhissi[4] co T*uatha* dé D*anann*, 7 ro ba lis ballach breicd*er*g in lis-so do chnoib caema cendchorc*r*a caillide 7 d'ublaib aille órbuidhe, cid raith ruad aniu.

Cailti *cecinit*:

IS ruad aniu[5] Raith Art*r*ach . ger'bo raith óc ilarmach,
sol*us* bodes is bothuaid . in raith-seo co n-ilar mbuaid.
IN cloch-sa in táib thuaid don lis . sochaide ata 'na hainfis,
t*r*i *coeca* uingi fa t*r*i . fuil fo bruinde na cloichí.
Ainm na ratha rind atuaid . degraith Mongaig in morsluaig,
as gairit uaithe bodes . co Raith Aeda na n-eíces.
[*Deich* mbl*iadna fichet* ba cert . co t*r*ath erghid na morm*a*c,
riam nochar' t*r*oitset ria fein . *con*ach creiti cach roreidh — *Fr.* 39a.]

[1] chuind, *Laud.* [2] bruigen, *Laud.* [3] chuaind, *Laud.*
[4] dorighissi, *Laud.* [5] aniug, *Laud.*

'Cait a fil in cloch, a Chailti?' ar *Con*all, 'fó fuill in t-ór 7 in t-airget?' 'Ní hí in chloch as doilig d'ḟagbail,' ar Cailti, '*acht* a tabairt a tal*main*.' 'Ní doilig ón,' ar *Con*all, ac eirgi co ceith*ri* *cét*[aib] fer n-armach nertmur, 7 tucsat a lama a n-aen-ḟecht chum na cloiche da tarraing a tal*main*, 7 ni raibi tarba issin t*r*énfeidm, ór nir' ḟetsat a becc di. 'Ni fuil fer cobartha na tócbala aire acaind anossa,' ar Cail*te*, ac tabairt sádaid[1] do *cr*ann a tsleigi fuithe cor' thóc hí da háit, 7 tuc Cail*te* lám a n-inad na cloiche 7 tuc lia Find m*e*ic Cumaill as ina raibi t*r*i .l. uinge d'airget 7 t*r*i .l. uingi do d*er*gór 7 t*r*i .l. slab*r*ad órda 7 claidim catha assa hinad [7 ro íadh[2] *Cáilte* in cloch iar sin — *Fr.* 39ᵃ], 'Maith, a Chailti, ar *Con*all, 'roind na seóit,' 'IN cloidim 7 in slab*r*ad duitsi,' ar Cail*te*, '7 in lia d*er*goir do nóemP*atraic*, ór iss é lia na *cr*eidme 7 irsi na ṅGaeidel hé.'

IS andsin ro ḟiarfaig *Con*all [D*er*g. — *Fr.* 29ᵃ] m*ac* Neill do Chail*ti*: 'Filet t*r*i tulcha acaind annseo 7 nil a fis acaind cid dia fuilet na hanmanna ata orro .i. Lecht na laech*r*aide ar thul*aig* díb 7 Tul*ach* in banchuiri ar tul*aig* [fo. 126ᵃ 1] aile díb, 7 Lecht na m*acc*r*a*ide ainm in tres tul*aig* díb, 7 tip*r*a isin tul sin, 7 abhann aisti amach, 7 Glaissi na fer a hainm sein?' 'Do geba-su a ḟis sin uaimsi,' ar Cail*te* ['cíngob inand in ní dia tait — *Fr.* 39ᵃ]. Ben tuc Find .i. Sadb ingen Buidb Deirg m*e*ic [in] Dagda, 7 ro tsirestar coibchi ar in flaith ar Ḟind .i. leth feissi 7 leth n-etála do thabairt di, 7 rob é adhbur a iarrata sin, uair is terc má do bói ó Thip*r*ait fáine[3] co Garrda n-Isp*er*da ben budh ḟerr ina hí, 7 ro naidmed d'Ḟind hí ac Síd ár Femen, risa raiter Sídh ban find issin tan-so, 7 'arna naidm dó dochuaid Find ar slicht lorg chlainde Morna, 7 ro bói ar fogail 7 ar dibeirg fair nóco tor*acht* conici in raith seo .i. Raith Art*r*ach, 7 ro gabad sossad 7 longport aici annso, 7 do ráid Find re Ferrdoman m*ac* Buidhb D*e*irg m*e*ic in Dagda, re brathair na hingine: 'Is fata,' ar se, 'le Saidb ingen Buidb atúsa amuigh, 7 adéra is ail 7 aithis 7 eisleis tuc*us*a urri re bli*adain* anossa, 7 techta as choir damsa do chur ar a cenn,' ar

[1] ságaid, *Laud.* [2] íagh, *Fr.* [3] Teprofane, *Lism.*

Find, '7 cia as chora do chur ar a cend?' ar Find. 'A cethrur comalta[1] fein .i. *Con*aing 7 Cathal, da [m*ac* Duib m*eic* Aen-g*usa* Tirigh, da — *Fr.* 39b] m*ac* rig Muman, 7 in da comalta aile .i. Cathal 7 C*r*imthan da m*ac* Cuind C*ét*chathaig .i. da m*ac* rig Laigen, 7 is iat-sin cethrar as dile leissi a n-Eir*inn*.' *Ocus* in trath na bith ben i lebaid Ḟind iss iat-sin do bith ina ḟarrad', ar Cailti, '7 cia uaib, a firu, rech*us* ann?' ar Find. 'Rachmaid-ne ann,' ar-si da m*ac* rig Muman .i. *Con*aing 7 Cathal, 'uair is 'nar c*r*ich 7 'nar ferann atá, 7 issí is dislí 7 is dochu lind do mnaib Eir*enn*.' *Ocus* tangad*ur* sin reompo ceith*r*i *cét* óclach 7 ceith*r*i *cét* gilla cona *con*aib co Síd ban find, 7 dochuadur issin síd sol*us*mór anund, 7 ro canad fírcháin faeilte friu gan meing 7 gan mebail[2] ann, 7 tucad doib nua ga*cha* bídh 7 sen gacha dighi, 7 do bad*ur* ann re teora lá 7 re teora aídchi.

In marg. De scel*aib* Saidbe in*gin*e Buidb Deirg.

7 ro ráidset ria: 'is ar do chenn-sa tanac*amur* (sic) ó Ḟind m*ac* Cumaill.' 'Cred fil ann?' ar inn ingen, 'ach[t] dul da indsaigid.'

IS ann sin ro gabsat in bant*r*acht a n-eirred 7 a n-étach aistir 7 imthechta umpu, *cét* ingen rig 7 taissech co n-étaigib ca*cha* datha, 7 tangad*ur* conici in tulaig-sea, 7 do scuired a n-eich, 7 do geltsat fér co hurchleithe tal*man*. IS ann do gab ítu mor in *ingin* .i. Sadb in*gen* Buidb 7 in bant*r*acht uile. 'Ní haichnid[3] dam uisci ann so a comḟoc*r*aib,' ar *Con*aing m*ac* Duib m*eic* Aeng*usa* Tirig, m*ac* rí[g] Muman, 7 in rí[g]lia chloichi ro bói a mullach na tulcha [7 ro ergetar in lín fer ro bat*ar*, — *Fr.* 39b] 7 tucsat feidm ferrda ca*cha* fir furri cor' chuirset assa tuinide in t*r*omchloch, 7 ro moid lochthop*ur* g*r*ind gloinide assa hinad. 'Is feramail ro tochlad in t-uisci sin,' ar in *ingen*, '7 ca ferr [fo. 126a 2] ainm da ṁbia urri na Glaissi na fer?' *Ocus* atibset a lordaeithin don uisci.

'Dála Ḟind, ro geallsabair do beith annso,' ar in in*gen*. 'Dar ar ṁbreithir ám is andso ro geall beith, 7 atá a ḟis accaind is a ndegaid chlainde Morna dochuaid i coiced ollbladach

[1] comaltad, *Laud.* [2] medbail, *Laud.* mebail, *Fr.* [3] haichnig, *Laud.*

Ul*ad*,' ar siat, '7 co Bennaib Boirchi.' *Ocus* ni cían ro bad*ur* ann co facad*ur* in luathg*r*inde áigh 7 irgaile atuaid ca*ch* dírge chucca, ir-rabad*ur* ocht *cét* óclach. 'In aithintí siut?' ar Sadb. 'Aithnigmait,' ar *Con*aing .i. Goll mórglonnach m*ac* Morna fuil ann 7 dar n-indsaig-ne thic'. [*Ocus* ró ergetar na fir 7 ro hindled a carbait, — *Fr.* 39[b]] 7 do cuired in in*gen* ina carp*at* leo, 7 is annsin adubairt Goll: 'in aichintí na fir út?' 'Aithnimaid,' ar *Con*an m*ac* Morna '.i. da m*ac* Duib m*ei*c Aeng*us*a Tírig .i. da m*ac* rig Muman, 7 da ḟer g*r*áda d'Ḟind m*ac* Cumaill iat.'

IS andsin tucsat muinter Ḟind glun re gliaid 7 aighed re heislind do Goll c*on*a muintir, 7 do dibraicedar cach a cheile díb, co tor*cr*adar ceit*hri* *cét* fer n-armach n-inchomlaind do m*ac*aib Morna le muintir Ḟind, 7 ator*cr*ad*ur* sum féin gan eladhach a mbeth*aid* díb. Dála in banchuire tucsat a n-aichthi re lár 7 fuarad*ur* bás d'uathbás ann: *con*id de atá Tulach an banchuire ar in tul*aig*-seo,' ar Cailte.

IS annsin tainic Find 7 t*r*i catha na Feine conici seo, 7 atconnairc in t-ár, 7 dála da m*ac* rig Laigen tangad*ur* issin tul*aig*, 7 tucsat a mbeil re lár, 7 fuaradar bás ann do cumaid a dá comalta, 7 atconnairc Find sin, 7 do thuited*ur* a airm assa lamaib, 7 ro chaiestar f*r*assa falcm*ur*a fírt*hr*uaga cor'ba ḟliuch blái os bruinde dó, 7 ro cháiestar in Ḟiann uili archena, 7 adubairt Find: 'is mairg,' ar se, 'ro soissed co tech Cuind *Cét*cathaig co Síd Liamna Lendchaime, 7 is olcc in scel indestar do Dub m*ac* Aeng*us*a Tírig do rig da choiced Muman co cathair tṡleibe Claire bodes[1] 7 co f*or*imell tṡleibe Cúa bodes 7 is olcc in scél ro sia co Bodb D*er*g, co Síd ban find bodes .i. bás a ingine.' *Ocus* ro eirig Find iarsin 7 ro fechadh in t-á[illegible] aicci, 7 ní ḟuair Sadb. *Ocus* ro eirged*ur* in Ḟiann, 7 do cuired na ceit*hri* *cét* sin do muintir Ḟind fó ḟochlaidib tal*man*, 7 is aml*aid* do geibthea ca*ch* fer do muintir Ḟind, 7 fer do m*ac*aib Morna marb fói, 7 ro scribad a n-ainm oghaim oss a cind, 7 ro ferad cluiche[2] cáintech ann, g*ur*ub de atá Cnoc na laechraide ar in cnoc-sa, 7 corub de atá Cnoc in banchuire ar in cnoc

[1] bosdes, *Laud.* [2] cluithe, *Laud.*

aile seo, 7 Ard na *ma*craide ar in cnoc so thuaid ó *ma*caib ríg Laig*en* ro cuired fo thal*main* ann. *Ocus* iss é sin, a *Chon*aill,' ar Cail*te*, 'in ní ro ḟiarfaigis dím 7 in ní dia fuilet.'

IS ann sin do ḟiarfaig *Con*all [fo. 126b 1] do Chailti in ra ba*dur* gessa *for* Ḟind. 'Rob imda[1] iat,' ar Cailti, '7 ni hiat tainic ris, 7 do gab crith 7 uromain annsin Find,' ar Cailti, 'asa haithli [na muintire] sin do chur fo tal*main*.' *Ocus* adubairt:

IS truag in gnim . da *ma*c Duib, da *ma*c in rig,
cét gilla *ocus* *cét* *con* . atorchradar gan imrol.
Mór in scél . im Raith Artrach immat dér,
bas *Con*aing *ocus* Cathail . do beith im chenn aen-achaid.
Glais na fer . bid hé in top*ur* suth*ain* sen,
bid irdraic ac cach in scel . meraid co tí brath na mmeadh.
Gan imthecht maitne a moin Breg . gan teiched re daim ḟil*ed*,
gan feis adhaig ic Dún rath . gan tuar*us*tul da n-óclach.
Gan feis re hingin Buid[b] D*eirg* . fesc*ur* is faide tar leirg,
's gan imtecht Sídh ár Femen . re daigir nua ṅdeirgthened.
Ni ro diult re duine riam . dar *Ma*c Muiri na morgiall,
dh' ulcc nó do maith, comall ṅgle . Find *ma*c C*u*maill Almaine.
Éc Cathail is Crímthain chais . atait fó thulaig tonnglais.
ní ḟaca-sa thes na thuaid . ár mar sin uile a n-aenuair.
Do marb*ad* Find na Feinde . ic tabairt a laechleime,
is do bris mo[2] craide ar tri . ruc mo nert uile ar nemfní.
IS truag.

'Adrae buaid 7 benn*acht*, a Chail*ti*,' ar *Con*all, 'is mor in fis d'ḟácais acaind ré indissin do lucht deirid na haimsire.' *Ocus* tangad*ur* issin ṁbaile anunn 'arsin, 7 ro bad*ur* ac ól 7 ac aibnius co trath cumsanta dóib. *Ocus* eirgis Cailti arnamairech 7 timnais ceileabrad do *Chon*all Derg *ma*c Neill 7 da muintir uile, 7 'is mithig damsa imtecht ar leith aili festa,' ar eiss*ium*, 7 téit reime sair co Loch daim d*eirg* in la sin, a nDail Araide, co hairm ir-rabad*ur* da chruimtir uaisli do muintir Patraic .i. Colman Ela 7 Eoganan, 7 siat ic gabail na cánoine cáime coimdeta 7 ic etarmolad in Duileman.

In marg. Áigid*echt* Cháilti[3] co tech Col*máin* Ela 7 Eoganain ar Loch daim deirg.

---

[1] Ro bimda, *Laud.* [2] a, *Laud.* [3] áidig*echt* chlaiti, *Laud.*

IS ann sin tangad*ur* tri m*aic* ecalsa do muintir na cleirech, 7 do chuirset a curach amach do gabail éisc, 7 iat ac denam a n-uird 7 a t*r*ath, 7 atconnairc Cailti iat, 7 ro bói icc á n-eistecht, 7 adubairt in láid:

Ba hannam re hó mo chind . cloistecht re léigind os lind,
ba minca lim ro bói than · eistecht re dordan degban.
Gebé nech ica ṁbiad pend . fada do biad 'ga sc*r*ibenn,
is t*r*uag mar atussa bos . is mor d'ingantaib fuar*us*.
Mall mo thur*us* ó T*hr*áig Lí . fada atú 'ga f*ur*naidí,
liubair léighind, mór in mod . a n-eistecht lem ba hannam.
Ba hannam.

IS andsin tainic Colman Ela 7 Eogan[án] amach 7 atchondcad*ur* na fir mora 7 na coin mora ina lamaib. 'IS fír,' ar Col*mán*, '[i]s é Cailti siut, 7 do muintir Ḟind hé', ar-si Colman, '7 is do muintir nóemPat*raic* fos dó, 7 a thobairt isin ailen [fo.126[b] 2] dár n-indsaigi na t*r*i náenmuir atait.' *Ocus* tucad 7 do cuired iat a tech ṅdiamair ṅderrait iat, 7 tuc*ad* sen ca*ch*a lenda doib ann 7 nua ca*ch*a bíd, 7 ó thairnig dóib a proind 7 a tomult*us*,

In marg. Cid diata Loch daim d*eir*g? Ni *insa*.

is ann sin do ḟiarfaig Colman do Chailti: 'Cred fa tucad Loch daim d*eir*g ar in loch sin?' F*r*eg*r*ais Cailti sin: 'Dam d*er*g,' ar se, 'do bói a les-lergaib na Lua*ch*ra lendb*r*aenaigi thes, 7 teighed d' f*er*aib 7 do *cho*naib na Féinde fecht fá t*r*i ca*ch*a bli*adna*, 7 ro lensat ind Ḟiann bli*adain* hé conici[1] seo. Tárthamar-ne cethrar don Ḟeind air .i. Diarmaid h*ua* Duibne 7 M*a*c Lugach 7 Glas m*a*c Aencherda Bérra, 7 missi fa nessa dó ic techt dochum in locho so, 7 do chaithim ar cei*th*ri slega a n-aenḟecht f*r*is, 7 dorochair lind, 7 tarrasa indarna congna de, 7 tarraid Diarmait in congna aile, 7 ruc leis co Temair Luachra d'indsaigid Ḟind, 7 tuc Find bun in chongna ar a t*r*aig, 7 do bói in benn uachtarach de ara bath*us*, 7 iss é nech ba mó don Ḟeind hé, 7 ro ḟac*us*a in congna aile a cind na hindsi seo, 7 damad ṫsol*us* dam is doig co b*er*aind eol*us* da indsaigid.' *Ocus* adubairt in láid ann:

---

[1] co conici, *Laud*.

IN loch so in Loch daim d*eirg* . fris tangamar leirg do leirg,
bid hé a ainm óssin amach . co tí in díne déidhinach[1].
[Dororithius re feind Find . ar techt dam a hIbarg(lind)
ba hainm damsa Cailti cas . rob aithnid dam oglachas. — *Fr.* 41a]
Mad sol*us* damsa co fír . is mád lethan tar ca*ch* tír
dob*é*rsa daib ar in lár . congna *ocus* hé comlán.
IN cethrur lodm*ur* aníar . a c*r*ich Muman na mórgiall,
ba maith ar luth is ar cloth . noco rangam*ur* in loch.
IN loch.

'Adrae buaid 7 benn*acht*ain, a Chailti,' ar Colman, 'iss mor in fis 7 in fíreol*us* sin do marthain ac nech.' '*Ocus* decha let, a me*i*c ecalsa,' ar Cailti, 'nar' eirig in t-éscca ina pupaill aérda fós?' 'Ra eirig,' ar in m*a*c ecalsa, '*con*id comṡol*us* muir 7 tír de.' *Ocus* is annsin ro eirig Cáilti a cúil íartharaig ind ailén, 7 tuc a lam sís issin ṁbruach, 7 tuc leis anís in congna, 7 léicid ar lár in tighe ir-rabad*ur* na cleirig, 7 is é ba ríg Ulad intan sin, Eochaid Faeb*ur*d*er*g m*a*c Firglinde, 7 ro bói í comfoc*us* dóibsi*um* a Tulaig na n-arm, risa rait*er* Mag Rath.

IS annsin do eirig Colman 7 Eoganan co moch *sé* me*i*c ecalsa, 7 rucsat in congna léo da thaispenad do rig Ul*ad* 7 d'Ultaib archena, 7 do bad*ur* a n-aenach ann, deich *fichit* fer n-armach ina timchell ann, 7 tuc in m*a*c ecalsa in congna i fiadnaissi rig, 7 ro thuillfidis uile in lin sin ré doinind 7 re derdan fói. 'Cé fuair in congna?' ar rí Ul*ad*, '7 cáit a f*r*ith?' 'A Loch daim d*eirg* fuair Cailti hé,' ar siat. 'Mochin damsa,' ar se, 'da toirsed dom' indsaigid, uair do ḟuicfed sench*us* ca*cha* c*r*iche 7 ca*cha* céite 7 et*er*deiliug*ud* ca*cha* fine accaind.'

Dála na cleirech, [fo. 127a 1] tangad*ur* ar cúl dochum a tighi, 7 ro facsat in congna ac rí[g] Ul*ad*. 'Maith, m'anam, a Cholmain,' ar Cail*te*, 'créd adb*ur* na n-ocht *tr*ath út chum a n-eirigthi-si et*er* lá 7 áidchi?' Frec*r*aid in naemchleir*ech* sin: 'Mor a fáth 7 a n-adhb*ur*,' ar Col*mán*, '.i. ocht caire at*á* i[c] lenmain chuirp 7 anma ca*ch* duine, 7 dílait na hocht *tr*ath[a] sin iat.' *Ocus* adubairt Colman in laid:

Na hocht caire chollaide . coceilet co grian,
na hocht *tr*atha toghaide . da ṅdíchur co dian.

[1] deighinach, *Laud.*

Prim re craes nach coimsigi . teirt ré feirg na fáth,
medhonláe suairc soillsighi . uaim ré hetrad ṅgnáth.
Nóin ind-aghaid n-occobair . ar brú tal*man* theind,
esparta suairc soccomail . uaim re toirsi theind.
Compléid re snim sechmallach . or is comroind choir,
iarmeirge thenn togaide . fria maithnighi[1] móir.
Maiten m*aic* Dé dílgedaig . fri ˏdíum*us* ṅdúr ṅdrocht,
gurum-saera a rí brethaig . a Issu fa ocht.
Na hocht.

'Adrae buaid 7 benn*acht*, a Colmain Ela,' ar Cail*te*, 'is maith ro uaslaicis in cheist sin. *Ocus* cidh damsa,' ar Cailti, 'gan na hocht t*r*atha sin do thathaighid ó ro ḟuirig Dia mé i comaimsir ríu?'

IS annsin do ḟiarfaig Colman [Ela — *Fr.*] do Chail*ti*: 'créd fa n-abar Tip*r*a in bant*r*achta rissin tip*r*ait-sea a cind in locha?' *Ocus* do ḟrecair Cail*te* sin:

In marg. Athad ingine ríg M*u*man le hOissin inso:

'Niam ingen Aeng*us*a Tírig, ingen rig da cúiced Muman, luidh ar athad 7 ar élod le hOissin m*a*c Find ó ta Dún na ṁbárc i cóiced Muman aniar conice in tip*r*ait-sea, 7 ro bói Oissin ina farrad ann cáeicis ar mís ac denam tṡelga 7 ḟiadaig chuicid Ul*ad* ann, 7 ticed in in*gen deich* mná .xx.[2] ca*cha* maitne d' indlat a lám 7 a ngnuissi assinn uisci eochargorm-sa. Dála im*morro* Aeng*us*a Tírig rí Muman, ro chuir co mór air a ingen do dul lé hOissin ar athad 7 ar élod, 7 ro tinoiled da cúiced Muman leis .i. *cóic* catha mora 7 *deich* c*ét* ar *fichit* c*ét* ca*cha* catha, 7 tangad*ur* a n-iarmor*acht* na Féinde conici-seo, 7 ro bói Niam intan sin ac indlat ac in tip*r*ait 7 a bant*r*acht, 7 atchonncadar na *cóic* catha ar in tul*aig* oss a cind. 'T*r*uag sin!' ar-si in ingen: 'mogenar do gébad bás 7 aidhed'[3], ar sí, 'sul do chífed a oidi 7 a athair 7 a t*r*i derb[b]raithri, 7 maith[i] da *cóicid* M*u*man aml*aid* sin hí!' IS annsin tuc inn ingen a gnuis re lár, 7 fuair bás ann in *tricha* ban ro boi, 7 ro chuir a craide ina lia ḟola tar a bél amach. *Con*id Cnoc ind áir ainm na tulcha ossin anall cosaníu, 7 curub Tip*r*a in banchuire ainm na tip*r*at óssin ille.' *Ocus* adubairt Cail*te*:

[1] maichnighi, *Laud.* [2] .x. .xx. ban, *with* l. mná *written over* .x., *Laud.* [3] aidheg, *Laud.*

Atá 'sa chnoc in rigan . sochaide rissa digal,
Cnocc ind áir óssin ille . baile chaich 'na comnaide.

Atconncad*ur* da cuiced Muman bás na hingine. Adubairt in rig: 'as olcc am*us* Ḟind 7 Oissin 7 na Féinde oraind,' 7 adubrad*ur* re banechlaig[1] [127a 2] da muintir .i. Muirend in*gen* Muirisci, dul chum Find 7 cath d'ḟuag*r*a fair. *Ocus* dochuaid roimpe co Raith chind *chon* i nDail Araide, áit ir-raibe ind Ḟiann, 7 fiarfaigis Find scela di, 7 indissid[2] ind echlach[3] a toisc dó, 7 adubairt in laid:

Cath uaind ar do tśeilb, a Ḟind . a ḟir na ṁbriathar ṁbithbind,
is tiachtain leis co Cenn chon . gan aithcheo, gan éliug*od*.
Comrac Find is fear Muman, sochaide ris ba *cuman*,
marbaid cach díb a chéile . bid curuta a comeirge.
Adeirim-si riut reime . bid fír dam ind faistine,
mina thairge breth b*us* grind . biaid cath ar do tśeilb-se, a Ḟind.

'IS andum', ar Find, 'cath d'ḟuacra orum g*us*aníu. Eirig amach, a Gairb chronain,' ar-sí Find, '7 abair rissin Féind eirgi chum in catha.' *Ocus* tainic Garb cronan amach co longphort na Féinde, 7 ro leicestar t*r*i barannglaeda bodb[d]a ar lár longphuirt na Féinde, 7 ro ḟrecrad*ur* in Ḟiann sin, uair do aithenset co raibe deithbir mor fair.

IS annsin ro eirged*ur* ind Ḟiann, 7 ro cóirged cath c*r*oda accu, 7 is ann adubrad*ur* in Ḟiann re Find: 'créd adhb*ur* in catha, a rígḟéindid[4]?' ar siat, 7 ra indis Find sin.

IS annsin atb*ert* F*er*g*us* Fínbél, fili[5] na Féinde, re Find: 'is cath écoir duitsiu in cath sin do thabairt do rig Muman i folaid a ingine is marb accut.'

IS annsin ro cenglad comairle ac Find 7 ac maithib na Féinde, 7 atb*er*t Find: 'cait a fuil Smirgat ingen Abhartaig?' 'Sunn,' ar sí. 'Eirg co luath 7 abair re hAeng*us* Tírech 7 re maithib Muman dober-sa breth Chorm*aic* hua-Chuind 7 Eithne Ollaman in*gen* Chathair Móir, 7 Cithruaid m*aic* Ḟir chaecait'. *Ocus* do im[th]ig ḟrissin techtair*echt* sin, 7 do ḟrecair rí Muman di, 7 adubairt: 'Da tucthar cúir 7 tenta ris, gebat-sa sin.' '*Ocus* cia na cuir chuingi?' ar Smirgat. 'M*a*c ind ḟir doroine olc

[1] banathlaig, *Laud*. [2] indissig, *Laud*. [3] ethlach, *Laud*.
[4] rífeindig, *Laud*. [5] filid, *Laud*.

rium .i. Osccur m*a*c Oissin 7 Ferrdoman m*a*c Buidb D*eirg*, m*eic* in Dagda, 7 Diarmait m*a*c Duind, m*eic* Donnchada.' *Ocus* do ḟáem Find sin, 7 dochuad*ur* in Ḟiann 7 rí Muman co Temraig[1], 7 issí breth rucsat na breithemain ro toghad ann .i. inn ingen do thogbail assin tulaig thogaide ir-raibe, 7 a cur a meidh, 7 a comth*r*om d'ór 7 a comth*r*om d'airget ina héiricc do rig Muman, 7 éiric ar leith in ca*ch* ingin ríg 7 taíssig atorchair ann.

IS annsin adubairt Find: 'cind*us* roindfimait ind eiric út, a Ḟianna Eir*enn*?' *Ocus* ro fregrad sin acco s*um*: 'a t*r*ian do chlaind Báiscne 7 a dá t*r*ian duinde inar fiannaib.' Corub hísin', ar-si Cail*te*, 'aenéiricc do roind Find riam ar in Féind, 7 is é sin,' ar Cail*te*, 'a chleir*ig*, in scél [fo. 127ᵇ 1] ro thsiris orum, 7 in ní dia tá Cnoc ind áir 7 Tip*r*a in bant*r*achta ainm na tip*r*at.

IS andsin ro chuir Eochaid Faeb*ur*d*er*g m*a*c Firglindi .i. rí Ul*ad*, fessa 7 techta arcenn Chailti o Raith Aíni, 7 doriachtad*ur* sin co Loch daim deirg arcenn Cail*ti*. Oc*us* ro timna Cail*te* ceileb*r*ad do Cholman 7 d'Eoganan, 7 gellsat na cleiri*g* nem dósum, 7 a écnairc do gabail, 7 Rí nime 7 tal*man* do guidhe fair.

Dála Chail*ti* im*morro*, doluid i carp*ut* rig Ul*ad* co Raith Aíni ind-airt*her* Ul*ad*, ait ir-raibi Eoch*aid* Faeb*ur*d*er*g m*a*c Firglinde rí Ul*ad*, 7 ba rí uassal oir[d]nide in rí sin, uair ní airged nech cen chóir, 7 ni benad a bunad chenel féin do neoch.

In marg. Raith Aine cid dia tá?

IS annsin ro bói in rí t*r*i catha cut*r*uma ind-aeninad, 7 is annsin doriacht Cail*te* chuccu, *ocus* tairlingid assin carp*ut*, 7 doriacht rí Ul*ad* chucu, *ocus* f*er*aid faeilti f*r*is *cona* tśluaga*ib*. 'Maith m'anum, a Cail*ti*,' ar in rí, 'ca ferr duind ní da fiarfochamais dít na sench*us* na ratha so .i. Raith Áine?' 'Atá acumsa inní dia tá sin,' ar Cail*te* '.i. Áine *ingen* Mugh[d]uirnn, in*gen* rig Alban anall, 7 ro bad*ur* fir Alban íc a rada ria: 'Cid taíssiu, a rigan, gan feis re f*er* maith ind-Albain *nó* a nEir*inn*?' *Ocus* adubairt nach raibe inti sin f*er* budh dingbala lé *acht* madh Find m*a*c Cumaill amain, 7 atclos do Ḟind sin.

[1] co co Temraig, *Laud.*

Is annsin adubairt Find re Find F*er* in champair 7 re Ronán Rí[g]óclach, da rígféindid[1] Alban, dul da tochmarc ara hathair. ‘Cé coma b*ér*maid lind?’ ar iat-s*o*m. ‘Com*us* a fil a n-Eir*inn* 7 a n-Albain acumsa di.’ ‘Maith a rígféindid,’[2] bar iat s*o*m, ‘dias gr*á*da do tsenmuintir-si fein lind gura moide do chreidfed in rigan sinde.’ ‘Eírig-siu 7 M*a*c Lugach leó, a Cail*ti*’, ar Find, ‘7 gid mor gabthai sí f*or*aib dob*ér*sa di hé.’

IS annsin luidsi*m* reomaind in cethrar sóer óclach sin co Dún Monaid ind-Albain, 7 tucad i tech ndiamair ann sind, 7 is annsin doriacht Mo[g]dhurnn rí Alb*an* is’tech 7 a ingen araen ris .i. Áine in*gen* Mo[g]duirnn, 7 ro fiarfaiged ar fecht 7 ar tur*us* dínd, 7 ro indissemar ar n-aithescc. ‘*Ocus* atchluine siut, a ingen,’ ar in ríg, ‘in f*er* is ferr i nEir*inn* 7 ind-Albain.’ ‘Fáefet-sa leis,’ bar inn ingen. *Ocus* ina degaid sin ro naidmed in ben sin d’[F]ind m*a*c *Cumaill*, 7 ca*ch* ní do tsir sí ar Find do tabairt di, 7 tangamar-ne 7 inn ingen lind dochum Eir*enn* co n-ilar ca*ch*a maithi*us*[a] lé chum na ratha so i tamait, 7 do riacht Find t*r*i catha na Féinde inar coinde 7 inar comdáil ó Themair Luach*r*a conici in raith-sea, 7 dorigned dúnad 7 deg-baile 7 g*r*ianan ann, 7 ro frithoil 7 ro frestail sí t*r*i catha na Féinde re bli*adain* gan uresbaid bídh na lenda orra issin baile-seo re taeb ar n-áighed.

I cind bli*adna* im*morro*, ar-si Cail*te*, adubairt M*a*c Lugach re Find: ‘is lór letsu do c*r*ich 7 d’ferann .i. Áine in*gen* Mo[g]-duirnn.’ ‘Dar mo breithir, a M*e*ic Lug*ach*,’ ar Find, ‘ní [fo. 127b 2] fetar-sa cidh do tsirfind a nEir*inn* no a n-Alb*ain* *acht* in ní do geibit in Fiann a tigh Aine.’ *Ocus* do bói in rigan sin co cenn *sé* mbli*adan* ina degaid sin ac Find, 7 do bói buidhech*us* f*er* nEir*enn* 7 f*er* nAlb*an* urri frissin, 7 ruc da m*a*c d’Find .i. Aed Bec m*a*c Find 7 Illan Faeb*ur*d*er*g m*a*c Find, 7 marb issi do breith Aeda Bic m*e*ic Find,’ ar Cail*te*. *Ocus* adubairt Cailti in laid ann:

Falum aníu Raith Aine . a cuirdís óic ilgáire,
fa minic sluaig is graighe[3] . ara taeb co tonnglaine.

---

[1] rígfeindig, *Laud* [2] rí feindig, *Laud*. [3] graidhe, *Laud*.

Trí *cét* rígan issin lis . sochaide itá 'na n-anḟis,
ocus tri *cét* *fer* ngrada . *ocus* ṅdalta ṅdingbala.
Dob ḟerr in ben na ca*ch* ben . do bói d'immat a báighed,
fa marb uile sin malle . co ro falmaig in baile.
Falum.

'*Ocus* do cuired fo [ḟ]ochlaidib tal*man* annso hí', ar-se Cailte, '7 ro tócbad a lia oss a lighi, 7 ro f*er*ad a cluiche[1] caintech 7 ro sc*r*íbad a hainm oghaim.'

'Adrae buaid 7 benn*acht*, a Chailti,' ar rí Ul*ad*: 'as maith in scel ro hind[i]sis duind; 7 sc*r*ibtar lib in scel út i tamlorgaib fil*ed* 7 il-lechtaib fiann.'

IS annsin im*morro* doluid Eoch*aid* Faeb*ur*d*er*g m*ac* Firglindi, rí Ul*ad*, reime co Raith na sciath os chind T*r*achta romir Rud*r*aig, risa n-ap*ur* tonn Rud*r*aigi isa tan-so, 7 tangad*ur* isin ṅdúnad anunn, 7 tuc*ad* tech derrait diamair do Cail*ti* and, 7 do frithailed hé do ca*ch* maith ann, 7 tucad in baile uile ar com*us* Chailti ó bec co mór. [*Ocus* ro bat*ur* ac ól 7 ac aibni*us* co tainic la *con*a lansoillsi arnamarach, — *Fr.* 42[a]].

IS annsin ro ḟiarfaig rí Ul*ad* do Chailti: 'Atait da ḟert ar T*r*áig Rud*r*aigi annseo, 7 cid dia fuilet?' 'Issim meabrach inní dia fuilet,' ar Cailte '.i. da m*ac* d'Aed m*ac* Ḟidaig, meic Ḟintain, do rí[g] C*on*nacht aniar, do hadhlaiced ann. *Ocus* rob inmain lé Find 7 leisin Feind uile iat, 7 rob é adbur a ng*r*áda ac Find 7 ac ind Ḟéin, uair ní raibe do theirce *nó* d'immat eladan ac nech dorech*ad* falum uaithib-si*um* gan ní, 7 ní bí a ṅdebaid re Find 7 rissin Feind na*ch* sidaigdís re bli*adain*, 7 comlann ceith*r*i *cét* óclach cechtar de díb, 7 secht ṁbli*adna* déc ro bad*ur* issin Ḟéind,' ar Cail*te*, '7 do ba da m*ac* dingbala do Chorm*ac* m*ac* Airt *nó* d'Ḟind iat. Fecht da*no* doriacht Find 7 t*r*i catha na Féinde co T*r*aig Rud*r*aigi annseo ar morṡeilg Eir*enn*, 7 adubairt Find f*or*aire 7 f*or*coimet do denam, uair dias m*ac* rig *con*a muintir donith f*or*aire Ḟind 7 na Féinde ca*ch* n-áidchi, 7 do da m*ac* rig *Connacht* .i. Art 7 Eogan, rainic ind f*or*aire ind aidchi sin. *Ocus* do eirged*ur* ceith*r*i *cét* óclach 7 ceith*r*i *cét* gilla, 7 tangad*ur* co cind na t*r*ága so. *Ocus* nir'

[1] cluithe, *Laud.*

chían doib ann co tangad*ur* da ríg do rig*aib* Lochlann ituaid .i. *Con*us 7 *Con*mael a n-anmanna, ar marb*ad* a n-athar d'Ḟind m*ac* *Cumaill* i cath Droma D*eir*g tall ind-Alb*ain*, 7 doriachtad*ur* in dá ríg sin da chath *cr*oda cut*r*uma conici in t*r*aigseo do digailt a n-athar ar Ḟind.

IS annsin atchonncad*ur* na .iiii. *cét* sciatharmach urlum ar a cind ar in t*r*acht, 7 is aml*aid* bói Art m*ac* rig *Con*n*acht* 7 gái neimnech [fo. 128a 1] uillindglas aici tucasdur Find dó bli*adain* roime-sin 7 inn Órlasrach a hainm, 7 sleg aile tuc*us*dar Find d'Eogan fos .i. in Mund*er*g a hainm.

IS annsin ro ḟiarfaiged*ur* na hallm*ur*aig cia do bói a[c] comét na t*r*ága? 7 adubairt Art corub do muintir Ḟind iat. 'Mochin im*morro* do gébad in comlín-so da muintir, uair ní rech*ad* élaithech as díb.' 'Má ḟrith drem a ṁbaegul riam díb,' [ar Art,] 'ní sinde sin.'

In marg. Cath T*r*aga Rud*r*aigi inso.

Ocus tangad*ur* in da cath mora sin a tír, 7 ro bo mor in t-anborlann dona hocht *cét* óclach in da chath mora d'ḟulang, 7 ro chumaisc in n-imguin annsin 7 in t-imbualad o ḟuined néll nóna co tainic medonaídchi. *Ocus* issí sin áis 7 uair atchonnairc Find fís 7 aislingthi, 7 iss *ed* atchonnairc, da ron glasa ac díul a da chich, 7 ro muscail in flaith Find asa chotlud. 'Cáit a fuil Ferg*us* Fínbél?' ar eissi*um*. 'Sunna', ar se. 'Crét ind aislingthi atconnarc*us* .i. da rón muiride ac díul mo da chich?' 'Da m*ac* ríg *Con*n*acht* do chuiris do f*or*comét na Féinde anocht atait a n-éccomlann ac allm*ur*chaib,' ar in fili[1]. 'Eírgid, a ḟiru,' ar-si Find, '7 is fír a n-abair in fil*i* rib.' *Ocus* is annsin ro eirged*ur* ind Ḟiann a n-aenḟecht 7 a n-aenuair, 7 tangad*ur* co T*r*áig Rudraigi, 7 ní fuarad*ur* béo da Feind féin *acht* da m*ac* ríg *Con*n*acht*, 7 irsi a sciath imma ṁbraigdib, 7 ní mó ro bói fer máiti gnima don[2] da chath tangad*ur* na hallm*ur*aig béo, 7 is aml*aid* do frith da m*ac* rig *Con*n*acht*, 7 a cuirp ina crólindtib fola 7 a sceith 7 a slega ica congbail ina sessum, 7 nir' dingbad*ur* dias reime sin riam don

[1] filid, *Laud*. [2] *Laud repeats* don.

Ḟéind comrac mar sin. *Ocus* luidset ind Ḟiann 7 ro airgset na láidhenga[1] do bói ac na Lochlannachaib, 7 ro tairrnged na longa sin léo a tír, 7 do cuired da m*ac* ríg Lochlann fó [ḟ]ochlaidib tal*man* .i. *Con*us 7 *Con*mael. *Ocus* dala da m*ac* rig *Con*na*cht* .i. Art 7 Eógan, marbh iat fó *chét*óir 7 tócbait in Ḟiann suas os chind Tuinde Rud*r*aigi iat annseo,' ar Cail*te*, 7 ro fiarfaig[2] Find dib: 'In bud inleighis sib, a chairde?' ar se. 'Dursun duitsiu sin do ráda,' ar siat s*om*, '7 feb*us* t'aithne, uair rangad*ur* náe *cét* laech uim ca*ch* fer uaind 7 adorc*r*adar s*om* 7 torc*r*amar do*no*, 7 dentar ar fert 7 tócthar ar lia os ar lighi, 7 na hairm da ndernnsamar maith,' ar siat, '7 tucaissi a tuar*u*stal duind adhlaict*er* iat maraen rind.' *Ocus* ro deilig anam re corp dóib ann, 7 ro cuired a ndís brathar fa [ḟ]ochlaidib tal*man* annsin iat, 7 is í sin in chúis ima raibe a ṁblad 7 a nós da n-eis.' *Ocus* adubairt Find:

Fertan Airt ocus[3] Eogain . sochaide risar' beoguin,
inmain dias, nir' dáer a ṁbreth . na ṅgilla n-óc n-amulchach.
Da mhac rig *Con*na*cht* aniar . rop aiti ch*on* is ch*on*iall,
rob aiti maiti*us* malle . eisdrecht *ocus* obhloire.
Adeirim-si riut reime . is fír inní ráidim-ne,
inmain dias fa calma glecc . noc*hur*' cuired iat 'sin fert.

[fo. 128[a] 2] 'Ar fír do gaile 7 do gaiscid riut, a Chailti, tabair na hairm duind assin ḟirt ḟótbaig[4] anís'. 'IS lesc lemsa sin,' ar Cail*te*, 'arson Ḟind m*eic* Cumaill 7 na muintire moire ro adlaic iat, 7 do gébthái-si iat.' *Ocus* ro eirgetar 7 ro oslaicetar in fert, 7 tucsatar na hairm as anís .i. in Órlasrach 7 in Mund*erg*, 7 tucad indarna sleg díb d'Aeng*us*, do m*ac* rig Ul*ad*, 7 in tṡleg aile .i. in Órlasrach, ac rí[g] Ul*ad* féin. *Con*idh Cath Tr*á*ga Rud*r*aigi ainm in catha sin, 7 tallann do thallannaib[5] na fiannaig*echta*. *Ocus* ro cuired issin fert iarsin iat, 7 ro tócbad a lía, 7 ro scribad a n-ainm oghaim and.'

'Adrae buaid 7 benn*acht*, a m'anum, a Chail*ti*,' ar rí Ul*ad*: 'is mor in fis 7 in t-eol*us* do ḟácais acaind.' *Ocus* tangad*ur* isin ṅdúnad anunn, 7 ro cóirged tech n-óla accu, 7 do

---

[1] láighenga, *Laud.* laidhenga lanmora, *Fr.* [2] fiarfaid, *Laud.*
[3] is, *Laud.* [4] fotbaid, *Laud.* [5] thallannannaib, *Laud.*

bad*ur* co subhach ind áidchi sin. Cailti im*morro*, ro bói crotboll sádaile 7 senordachta air in lá sin, 7 tainic rí Ul*ad* ar am*us* Cail*ti*, 7 suidhis ar in imdaid[1] aici. 'Maith m'anum, a rígféindid[2], a Cail*ti*, cind*us* atathar accut aníu[3]?' 'Da faghaind selg 7 fiadach Beinde Boirchi do denam dam, is ferrde do beind.' 'Do geba im*morro*', ar Eoch*aid* Faebu*r*de*r*g m*ac* Firglinde, rí Ul*ad*.

IS andsin ro tinoil*ed* a choin 7 a cuanarta d'indsaigid in rig, 7 doluid co Beind Boirchi bothuaid, 7 doluid Cail*te* leis 7 do ordaig Cail*te* in tselg in la sin inn*us* co tabrad in fer in coneill il-laim a chéile ó Ethaig co Tuind tuile bothuaid ind aird tuaiscirt Beinde Boirchi.

IS ann im*morro* ro bói Cailti 7 rí Ul*ad* ar Tuind tuile ac mordechsain na mara amach, 7 atchonncad*ur* in n-ingin m*a*ccaemda arin túind amuich 7 sí ic culsnámh 7 ic táebsnám 7 ic *tr*aigirsnám, 7 ro tsuid ar in tuind ina fiadnaissi mar do tsuidhedh ar tul*aig* *nó* ar carraic, 7 ro thócaib a cend 7 adubairt: 'Nach hé Cail*te* m*ac* Ronain siút?' ar inn ingen. 'Is mé co deimin,' ar Cail*te*. 'Is mór la atchonncamar thú ar in carraic sin ar a fuili at suidhe í farrad in fir is ferr do bói a nEir*inn* 7 a nAlb*ain* .i. í farrad Find m*eic* *Cumaill*.' 'Cia thussa aml*aid*?' ar Cail*te*. 'Lí bán in*gen* Ech*ach* m*eic* Eogainn m*eic* Aililla, missi,' ar sí, '7 atú *cét* bli*adan* ar in uisci, 7 nir' thócb*us* cend do neoch ó dochuaid in flaith Find *gu*saníu, 7 iss *ed* fodera dam cend do thócbail aníu[4] .i. Cailte d'faicsin, [in mac oglaigh is ferr ruc ben i nÉr*inn*'. Cailti *cecinit*:

Canas a tic in tond tuile . asin aicén foltbuidhi?
cá tír asa luidh lith co *n*-ádh?[5] . cred dobe*ir* suan na sianán?
INní tond Rudhr*aigi* ruaidh[6] . tic andes *nó* tic atuaidh?[7]
nó inní in tond báidhes[8] ille . gáires i tr*á*ig n-Eothaile?
INní tond Beindi Étair fuair . *nó* tond Indb*ir* Colpa cruaidh?
nó tond Trágha Baile bind . fil isahaire ar Ér*inn*?
Inní tond Clidhna co mbuaidh . tuaires in caladh comcruaid,
nó inní tond Duiblindi dhe . *nó* inní múr m*eic* Dairíne?
Cid be tond dib aille imnail . alaind a lí co langlain,
bind a torman 'sa cúan c*as* . is fuar in comrad canas[9] — *Fr*. 43a].

---

[1] imdaig, *Laud*. [2] rí féindig, *Laud*. [3] aniug, *Laud*.
[4] aníug, *Laud*. [5] ágh, *Fr*. [6] ruaigh, *Fr*. [7] atuaigh, *Fr*.
[8] baighes, *Fr*. [9] can*us*, *Fr*.

INa degaid sin tangad*ur* na fiada amach isin muir ar teiched roim na conaib. 'Iassacht don tṡleig dam, a Chail*ti*,' ar Lí bán, 'co marb*ur* na fiada dí 7 co cuirer ar tír suas dáib iat.' *Ocus* tuc Cail*te* in Cosc*ur*aig ina laím, 7 ro marb na fiadu aml*aid* sin, 7 in tṡelg is mó doróine Find riam issin n-inadh sin ba comeit re in tṡelg doroni [fo. 128^{b} 1] Cailti in lá sin.

Ocus dala na hingine ina deghaid sin, ro diubraig a tṡleg chum Cailti suas ar tír, 7 do im[th]ig féin uathaib annsin [7 tairrnig in tselg sin do denum — *Fr.* 43^{b}], 7 amail indissit ú[gh]dair co rainic mucc 7 agh[1] 7 eilit do o*ach* cúicir d' Ulltaib in lá sin, 7 co rainic .xxx. fiad fo dilmain do rig Ul*ad* 7 do Chailti, 7 tangad*ur* reompo co Raith na sciath risa rait*er* Raith imil issin tan-so.

*Con*id hi Selg Beindi Boirchi 7 Imaccallaim Li baine, in*gine* Ech*ach* me*ic* Eogain rí[g] Eir*enn*, 7 Cail*ti* *con*ici sin.

Ocus tangad*ur* anunn issin raith, 7 ro cóirged tech óla 7 áibniussa accu, 7 is annsin do chonnairc Cail*te* raet rob ingnad leis isin tigh n-ola .i. ingen mín mongbuide isin [ḟ]ochla ḟéinned[a] ic tidlocad tṡet 7 máine arson ar' gab*ad* do dán 7 d'eladain astigh.

IS annsin ro fiarfaig Cail*te* do rig Ul*ad*: 'Cia inn ingen da tab*ur* in miad 7 ind anóir seoch cach uili?' 'INgen óclaig damsa,' ar rí Ul*ad*, '7 ní'l da tṡíl ina beth*aid* *acht* in n-ingen út, 7 is aml*aid* atá inn ingen, a Cail*ti*,' ar rí Ul*ad*, '7 lethrann aicce, 7 ní ḟaghann a nEir*inn* nech doní lethrann dílis dó sin.' *Ocus* adubairt Cail*te*: 'ní fer-dana missi ám,' ar Cail*te*, '7 gab, a ingen, in lethrann.' *Ocus* adubairt inn ingen in l*et*hrann, 7 adubairt Cail*te* 'na degaid:

R*ann*. Dún ḟir duib. iss é in dúnad fata ar fuil:
[Dixit Cáilte:]
dochuad*ur* as uile in Ḟiann. ní mairend Fial ara fuin.

Ocus ro chuir Cail*te* in cornn assa láim, 7 ro cháiestar déra falcmara fírt*hr*uaga cor'bo fliuch blái 7 bruinde dó. 'Ciall in raind, a m'anam, a Cail*ti*?' ar in rí.[2] 'Atá accumsa a chiall,'

[1] adh, *Laud.* [2] rig, *Laud.*

ar Cail*te*, '7 dursain dam a tarrachtain inní da tá, 7 in fetrais, a rí Ul*ad*, in cethrar is ferr eineach ro bói a nEir*inn* 7 a n-Alb*ain* i comré 7 i comaimsir ríu .i. Find m*ac* *Cumaill* 7 a m*ac* Oissin, 7 Dub m*ac* T*r*éin annso do Ultaib 7 a m*ac* séin .i. Fial m*ac* Duib, 7 ro bói enech d'imarc*r*aid accu sin. Uair da tuctha ir-raibhi a nEir*inn* 7 a nAlb*ain* doib ro thidlaicfidis *acht* co faghbadais nech da iarraid orro, 7 do bo t*r*uag lé Cor-m*ac* 7 lé Find in t-einech sin do beith acco, 7 gan a beith do maithi*us* moradbul acco ní ro dilfad hé.'

IS annsin tangad*ur* fir Eir*enn* fecht co haenach Taillten .i. Corm*ac* h*úa* Cuind rí Eir*enn* 7 Find m*ac* Cumaill, t*r*i catha na Feinde 7 aes na t*r*ebaire uile, 7 doriacht ann Dub m*ac* T*r*éoin 7 a m*ac* Fial m*ac* Duib, 7 ro tṡuidhed*ur* a fiadnaissi rig Eir*enn* 7 a m*eic*. *Ocus* nirb' aichnid do rí[g] Eir*enn* roime sin hé fein na a m*ac*, *acht* a chloistecht, 7 iss é ro bói ar lethlaim Chorm*aic* .i. Find m*ac* *Cumaill* 7 Oissin ar laim Ḟind, 7 Cairp*re* Lifechair ar laim aile Chorm*aic*.

'Maith a m'anum, a Chorm*aic*', ar Ḟind, 'ind aichnid duitsiu in t-óclach atá at hfiadnaissi?' 'Ní haichnid um,' ar Corm*ac*. [fo. 128b 2]. 'Dub m*ac* T*r*eoin, do cuiced Ul*ad* atuaid, 7 a m*ac* Fial m*ac* Duib.' 'Inn é siut,' ar rí Eir*enn*, 'in t-óclach daibir deig-einig atchluinmíd d'imrád?' 'Iss é im*morro*,' ar Find, 7 ro ḟiarfaig[1] in rí: 'Caide Fial do m*ac*?' ar se. 'Ic-seo am ḟarrad hé,' ar Dub m*ac* T*r*eoin. 'Cred ima tarrla in t-einech atá acaib et*er* athair 7 m*ac*,' ar in rí[2], '7 sibh in bar m*ac*aib óclach?' 'T*r*uag sin, a uassail, a Chorm*aic*,' ar in m*ac* .i. Fial, 'dar lind da tucmais eitech *nó* éra ar nech do gébmais bás, et*er* athair 7 m*ac*.' 'IS t*r*uag duib, a ḟiru Eir*enn*,' ar Cairp*re* Lifechair m*ac* Corm*aic* 7 ar Oissin m*ac* Find, 'gan f*ur*tacht 7 gan foirithin[3] do thabairt ar Dub m*ac* T*r*eoin 7 ar a m*ac*.' *Ocus* atchual*a* Find 7 Corm*ac* sin, 7 maithe fer nEir*enn*, '7 dobé*r*am-ne,' ar siat, 'ind ḟoirithin[4] aderthai-si orru, uair is re *fer*aib Eir*enn* caithfither a tiubarthar doib.' 'Dobé*r*sa, ar

[1] ḟiarḟaid, *Laud*. [2] ríg, *Laud*. [3] foírichin, *Laud*.
[4] ḟoirichin, *Laud*.

Cormac, '*cét* do cach crud *cacha* bli*adna* doib.' 'Dob*ér*sa in coibeis *cét*na', ar Find, 'cacha bli*adna* doib,' 7 do gellsatar maithi fer nEir*enn* fos maithi*us* aile doib. *Ocus* tainic Dub m*ac* T*r*eoin reime chum a dúnaid féin, 7 ro bói a[c] caithem in maithi*us*a sin ann co cend secht ṁbli*adan* ṅdeg, 7 ní heitir a aírim in neoch dorínset do maith rissin re sin, noco tainic torrthaim 7 tupaist chuice ar faichthi a dúnaid[1] féin adhaig ann .i. marcṡluag sirrachtach sidhe do thiacht adhaig n-aen ann co raith Duib m*eic* T*r*eoin í coiced Ul*ad*,' ar Cailti, '7 ro ḟiarfaiged*ur* cia in baile sea, 7 adubairt nech ríu: 'baile Duib m*eic* T*r*eoin, in aenóclaig as ferr einech do m*a*caib Mil*ed* 7 do Tuaith d*é* D*anann*.' *Ocus* adubairt fer dib: 'Is *tr*uag gan fer a f*r*estail accainde do T*huaith* d*é* D*anann*', 7 ro gab*usta*r fer dib sleg neimnech ro bói aici, 7 tuc builli dó ind-odhur a chiche cor' marb. *Ocus* gabais Fial a m*a*c a inad ré ré .x. ṁbli*adan* 7 t*r*i .xx. bli*adan*. 'Maith m'anam, a ingen', ar Cail*te*, 'ca carad*r*ad do bói duitsi riusin intan ro ḟiarfaigis dimsa in scél sin?' ar Cail*te*. 'INgen don óclach déidenach[2] sin msi,' ar issí '.i. do Ḟial m*a*c Duib, 7 ní mairenn don muintir moir sin do conncais *acht* mád missi am aenur, 7 airi sin, a m'anam, a Chail*ti*, tuc rí Ul*ad* com*us* a tṡét 7 a máine damsa re tindlucudh.' '*Ocus* ca comainm t*us*a, a ingen?' ar Cail*te*. ‹Uaíni ingen Ḟeil m*eic* Duib m'ainm,' ar si; 7 adubairt Cailti:

Rann. A U[a]íní, a ingen Ḟéil . ropo maith t'athair do chein,
rob é sin cara na cliar . in laech f*oru*sta fírḟial.

'*Ocus* iss é sin,' ar-si Cail*te*, 'ciall in sceil ro ḟiarfaigis dim 7 córug*ud* t'athar 7 do tṡenathar, 7 cubaid do rig Ula*d* com*us* a tṡét 7 a máine[3] duit re tindlucud.'

IS annsin adubairt in rí .i. Eoch*aid* Faeb*ur*d*er*g m*a*c Firglinde, re m*a*c .i. re hAeng*us*: 'tabair, a m'anam, a gill,' ar se, 'in in*gin* ut, uair ní fuighbé tú a cóiced aile a nEir*inn* ben as ferr scela athar 7 senathar ina sí.' *Ocus* tuc in t-óclach hí iarsin, 7 do bói d'aenmnái aici nóco ṅdech*aid* éc. *Ocus* ina

---

[1] dúnaig, *Laud.* [2] deigenach, *Laud.* [3] mained, *Laud.*

degaid sin ro bad*ur* ac ól 7 ac aibni*us* co cenn t*ri* la 7 t*ri* n-aídchi.

Ocus adubairt in rí ré Cailti [fo. 129a 1]: 'Maith m'anum, a Chailti, do bo maith lemsa dul d'ḟiadach 7 d'ḟiannchosc*ur* co Forad na Féine annso.' *Ocus* do eirged*ur* co moch arnamairech t*ri* catha co F*or*udh na Féine, 7 Cail*te* maraen ríu, 7 'ar rochtain doib ann tancad*ur* na maithe 7 Cail*te* issin lis mor do bói ann, 7 atchonnairc Cail*te* in t-inad sin, 7 adubairt: 'sochaidhe ám,' ar se, 'ro dílad don tellach-so d'ítaid 7 d'occor*us*, 7 do dán 7 d'eladhain ac Find m*ac* C*umaill*.' *Ocus* ro tṡuid rí Ul*ad* ann, 7 maithi in tṡluaig, 7 Cail*te* maraen ríu.

In marg. Is ann tainic Cas corach m*ac* Caincinde doc*hu*m Cailti.

Ocus ní cian ro bad*ur* ann co facad*ur* in scolóc da n-indsaigid, 7 brat álaind uaine uime, 7 delg airgit ann, 7 leine do tṡidha buidhe ria cnes, 7 inar maeth sroill tairsi anechtair, 7 tiṁpan toghaide ara muin. 'Can*as* tice, a scolóc? ar rí Ul*ad*. 'A síd Buidb Deirg m*eic* in Dagda andes, a deisc*ert* Eir*enn*. 'Cid rot-imluaid andes *nó* cia thú féin?' ar in rí[1]. 'Cas corach m*ac* Cáincinde, m*ac* ollaman[2] do T*huaith* d*é* D*anann*, 7 damna olloman mé fein,' ar eissim, '7 iss *ed* ro m-imluaid, d'ḟoglaim ḟessa 7 ḟireolais 7 scelaigechta 7 morgnim gaiscid na Féinne ó Chail*ti* m*ac* Ronain.' *Ocus* tar a eis-sin doroine céol 7 airfided dóib, 7 ro chuir ina suan chotalta iat. 'Maith, a m'anum, a Chail*ti*, ca fregr*a* dobeire f*or*um?' ar eissi*um*. 'Ca*ch* ní da tangais d'iarraid d'ḟagbail duit, 7 da raib acut fein d'eladhain 7 d'intlecht ca*ch* ní dorinded*ur* ind Ḟiann do gnimradaib gaile 7 gaiscid do denum. *Ocus* ro bói óclach issa baile-seo .i. Find m*ac* C*u*maill, 7 do ba mor do c*h*rod 7 do thuar*us*tal-sa uaidi ar th'airfided, cid falam in baile atchí.' *Ocus* adubairt in láid ann:

Forud na fiann fás anocht . g*us*' ticed Find faeb*ur*nocht,
do bás degduine gan brón . as fás Almu uassalmór.
Ni mairend in muintir maith . ni mair Find féin in fírḟlaith,
ní fuil in cuire gin cleith . na ruire 'mun rigḟéinid.

---

[1] rig, *Laud.* [2] ollomain, *Laud.*

As marb uile Fianna Find . ge dochuad*ur* glind do glind,
olc atú a ndiaid na ríg rán . tareis Diarmata is *Ch*on*an*.
Deis Guill m*eic* Morna don Maig . *ocus* Ai*le*lla cétaig,
iar ṅdith Eogain in gái glais . *ocus* *Ch*on*aill don chetḟrais.
Adeirim-si riut reime . as fír dam ind ḟaistine,
is mor ar n-esbada ann . gan Dub dírma ic Tech Drumann.
'Ar ṅdith na cuire is na cét . is *tr*uag na*ch* ann fuar*us* éc,
iarna ṅdul a hor and-or . corob f*or*lan in f*or*ud.
F*or*ud.

IS annsin tuc Cail*te* da uidh 7 da aire esbaid na carat 7 na comalta[1] 7 na ṅd*r*ong buidhen mor it*er* a raibi, 7 ro cháiestar[2] déra *tr*oma fír*thr*uaga ann, cor'bo ḟliuch blai 7 bruinde dó. *Ocus* tangad*ur* amach assin co Tulaig[3] in *tr*ir, 7 do ṡuidhed*ur* ann .i. rí Ulad 7 Cail*te* 7 cach archena, 7 ro ḟiarfaig[4] rí Ul*ad* do Chail*ti*: 'IS álaind in tal*am* tonnglas toghaide,' ar in rí[5], '7 crét ima tuc*ad* Tul*ach* in *tr*ir ar in tul*aig* seo, [fo. 129ᵃ 2], 7 cid fa tuc*ad* Abhann deisi ar ind abhaind seo, 7 cid fa tuc*ad* Lecht chind *con* ar in inad út thall?' 'Gingub nua in ní dia tá, indessat duit in ní dia tá sin, 7 ní ba sen missi ind uair do lenad*ur* na hanmanna sin ucut .i.

Rí ro bí ar Albain .i. Iruath m*ac* Ailpin, ri Alb*an*, 7 ro bad*ur* *tr*i hingena aici .i. Muiresc 7 Aiffi 7 Aillbi a n-anmanna, 7 tucsat g*r*adh do *thr*iur óclach i fiannaib Eir*enn* .i. do *thr*i m*a*caib Aencherda Berra .i. Ger 7 Glas 7 Guba a n-anmanna, 7 tucsat na hócláig sin g*r*ád dóib-sium, 7 ro bói comṡeirc re .xx. bli*adan* eturru, 7 ro élad*ur* fecht n-óen ann, 7 tangad*ur* conici in tulaig-sea, 7 ro thuit a torrthaim suain 7 cotalta f*or*ro annso, 7 issí sin uair 7 aimser ro cuired bruigen[6] uathm*ur* re Find m*ac* C*umaill* 7 re m*ac* Mic con, m*aic* Maic nia, i cuiced lánalaind Laighen, 7 nocho n-uil airem ac filedaib a torchair dona Fiannaib ann 7 do muintir Ḟathad Canand, 7 doroc*r*ad*ur* do*no* ann na *tr*i geraiti gaiscid sin .i. *tr*i m*eic* Aencherda Berra. *Ocus* dala in *tr*ir in*gen* sin, ro ċirged*ur* assa cotlud, 7 do chonncad*ur* *tr*iar óclach don Ḟeind da n-indsaigid, 7 ro ḟiar-

[1] comaltad, *Laud*. [2] cháiesthar, *Laud*. [3] tulaid, *Laud*. [4] ḟiarfaid, *Laud*. [5] ríg, *Laud*. [6] bruiden, *Laud*.

faigedar scela díb, 7 indissit in bruigen[1] do thabairt 7 ár na Féine do thabairt ann, 7 *tri* m*eic* Aencherda Berra do thoitim.

IS annsin doronsat na hingena nuall 7 toirrsi isin tul*aig* sin, 7 fuarad*ur* bás ann do ch*u*maid na *tri* m*ac* sin Aencherda Berra, 7 do bad*ur* da derbchomalta ac na hingenaib sin .i. dá m*ac* ríg Catt atuaid .i. Uillenn 7 Eochair a n-anmanna, 7 doronsat airbirt tenn *tr*eorach a ndiaid a comalta[2], 7 doriachtad*ur* conici ind abhaind seo, 7 ro thuil ind abhann ríu, 7 atchonncad*ur* na hétaigi iudhlaidhe ingantacha don leith aile, 7 tangad*ur* isind ath co rodana, co ro báid in tuile na habhann iat, 7 iss iat atá fa in da f*er*t glasa út f*or* ur ind atha.'

'*Ocus* cred fa n-abar Lecht chind *chon* rissin lecht út allanall don ath?' 'Cú *gr*ádach ro bói ac Find m*ac* *Cumaill*, ar Cail*te* .i. Adhnuall[3] a hainm, 7 dorala ar sechrán 7 ar meru*gud* hí ó bruidin[4] bothuaid, 7 ro tśir Eir*inn* fá thrí co tor*ach*t in t-ath so, 7 tuc a *tri* donala aisti ann seo, 7 fuair bás ann, *con*id uaith[i] sin,' ar-si Cailti, 'ata Lecht cind *chon*, 7 issí sin, a m'anum, a rí Ul*ad*,' ar Cailt*e*, 'in tres cú is ferr fuair Find riam.'

Dala im*morro* da rí[g]ḟeinded Ul*ad* .i. Goll Gulban 7 Cas Cuailgne, ro bad*ur* ac seilg 7 ac fiadach in maigi-sea, 7 atchonncad*ur* na *tri* hingena mongbuide, 7 siat marb ar in tul*aig* sea, co sáine étaig ca*ch*a datha umpu, 7 ro bad*ar* icá n-écaine co fata 7 ro chuiredar fó thalm*ain* a *tr*iur derbśethar iat, 7 tangad*ur* sís isin n-ath, 7 atconncad*ur* in dís m*a*ccaem ann arna mbádud[5], 7 ro chuirset fa [ḟ]ochláitib tal*man* iat fos. *Ocus* adubairt Cailti in láid and:

[fo. 129b 1] IS í seo Túlach in *tr*ir . as˙ tangadur tír do thír,
bid he a hainm o sunn amach . co tí in díne déidinach.[6]
IS í seo Abhann Deissi . chum arb' eolach fos misse,
don dís seo ro báidtea[7] ann . frith fa phortaib na habann.
Leacht con a cind ind atha . indeossat daib gan ḟatha,
Adhnuall rob é ainm na con . adér rib gan imressan.
Mor céite is mor carrac c*r*uaid . immá ṅdern*us* airm d'imluad,
gid uath*ad* thanag as tír . sunna co Tulaig in *tr*ír.
IS í seo.

[1] bruiden, *Laud*. [2] comaltad, *Laud*. [3] aghnuall, *Laud*.
[4] bruigin, *Laud*. [5] ṁbágud, *Laud*. [6] déiginach, *Laud*.
[7] baigtea, *Laud*.

Ceilebraid Cail*te* do ri[g] Ul*ad* iarsin, 7 tainic reime i n-étnaib cnocc 7 carracc co fosmullach Sleibe Fuait féruaine, co Caerthend Cluana da dam, 7 co Rót [leg. Róe?] na carpat, áit ar' chuirset Ul*aid* a carp*ait* uathaib ac dul andegaid catha Gairige 7 Ilgairigi. *Ocus* ar rochtain do Chail*ti* co rici sin, issí sin aes 7 uair dorala naem*Pátraic* co Ráe na carp*at* a t*r*i .l. esp*oc* 7 a t*r*i .l. sacart 7 a t*r*i .l. deochain 7 a t*r*i .l. salmchetlaid. *Ocus* ro tṡuidetar ann, 7 ro bói *Pátraic* ac dénam a t*r*ath 7 ic etarmolad in Dúiliman a cind Ráe na carpat í fossad mullach tṠleibe Fúaid. *Ocus* doriacht Cail*te* co*na* naenb*ur* Féine 7 Cas corach m*ac* Caincinde in t-airfidech ann, 7 ro ḟerastar faeilte re Cail*te*, 7 ro bad*ur* na cleirig ac fiarfaige scél de, 7 ro indis a thuirrthechta rissin ṁbli*adain* sin dóib. 'Caide Brogan sc*r*ibneoir?' ar Pat*raic*, 7 ro frecair sin. 'Sc*r*ibthar 7 lessaig*ther* let cach ní do chan Cail*te* ón ló ro delaig rinde ac in chairthe a mullach Uisnig co ham na huaire sea.'

In marg. IS ann tarla Cas corach m*ac* Caincinde ar *Pátraic* .i. in timpanach.

'Maith m'anam, a Cail*ti*,' ar *Pátraic*, 'cuich in maccaem cenncas álaind a ṁbrut gorm ut accut 7 in crann cíuil aicci? 'Cas corach m*ac* Cáincinde m*eic* olloman T*uaithe* dé D*anann*,' ar Cailti, '7 tainic d'ḟoglaim ḟessa 7 ḟíreolais chuccumsa.' 'Maith in ch*on*air tainic,' ar *Pátraic*, '7 a Chail*ti*,' ar *Pátraic*, 'ro fuirged ré maithi*us* mor th*us*a .i. re haimsir chreidme 7 nóem 7 ḟíren, 7 ré beith a muintir*us* Ríg nime 7 tal*man*, 7 can duind, a Chas choraig, ní do[d] dán 7 dot eladain féin.' 'Dogéntar im*morro*,' ar Cas-chorach, '7 ní derna reomut riam do neoch dara[b] ferr lium a denam ina duitsiu, a naemchleir*ig*,' ar eissi*um*. *Ocus* tuc a thimpan cuice 7 ra gles hí, 7 do tṡéind hí co tucastar cairchi cíuil urrí, 7 ní chualad*ur* riam reime a chomṁbind *acht* mád adhmolad na canóine coimdeta 7 edarmolad Ríg nime 7 tal*man*.

IS annsin ro thuit a toirrthim suain 7 cotalta f*or* na cleirchib leissin céol sirrachtach sídhe, 7 tairnic leis a airfided do denam. 'Tabair luag ind airfidid[1] dam, a naemchleir*ig*,' ar

[1] airfidig, *Laud.*

Cas corach. 'Cá luag iarrai?' ar *Pátraic*. 'Nem dam fein,' ar eissium, 'uair is é luag as ferr hé, 7 rath ar m'eladain féin co brath[1] [fo. 129b 2], 7 ar lucht m'eladhan chaichi am degaid.' 'Nem duit,' ar *Pátraic*, '7 corub hí in t*r*es eladha ar a fagaib nech a lessug*ud* fa d*e*ridh a nEir*inn* hí, 7 cid mor in doichell bias roim ḟir th'eladhan, *acht* co ṅderna airfided 7 co n-indsi scela, gan doichell reime,' ar *Pátraic*, '7 f*er* lephtha ríg t*r*e bithu re t'eladain, 7 soirbius dóib *acht* na d*er*nat leisce.' *Ocus* ro chuir-sium a c*r*ann cíuil ina comet.

'Maith ind elada sin dorónais duind,' ar Brogan, 'Is maith im*morro*,' ar *Pátraic*, '*acht* muna beth sianargan in brechta sídhe inti, 7 nocho n[ḟ]uil ní bo chosmala re céol Rig nime inas *acht* muna beth sin.' 'Matá ceol a nim,' ar Brocan, 'cid na*ch* biad i tal*main*, 7 ní cóir aml*aid* ind airfited do dichur,' ar Brocan. 'Ni ap*r*aim úm,' ar *Pátraic*, '*acht* gan rochreidim dó,'

Ní cian ro bad*ur* ann co facad*ur* aen óclach f*oru*sta findliath da n-indsaighid, 7 brat corc*r*a uime, 7 delg óir ann, 7 claidim órdaidi[2] imma brágait, 7 lorg ḟindchuill issind-ara laim dó, 7 tuc a chend a n-u*cht* Pat*raic*, 7 slechtais dó. 'Carsat comainm tú, a óclaig?' ar Pat*raic*. 'Eogan ardbriug*aid* m'ainm,' ar in t-óclach, 'do muintir rig Eir*enn* .i. Diarmata m*eic* C*er*baill. 'INd accutsa atclos duind in maithi*us* mor do beith?' ar *Pátraic*. 'Is accum, a chleir*ig*,' ar eissi*um*. 'Ind adhaig anocht ar do tṡelb*ad*,' ar esp*oc* Soichell .i. p*r*imronnaire *Pátraic*. 'Adhaig tṡamna,' ar *Pátraic*. 'Do gebthái faeilti acumsa o aídchi tṡamna co haídchi belltaine in lín atáthi et*er* áigedaib 7 muinter,' ar eissi*um*. 'IS méth in manach,' ar Beineoin, fuair in cleirech.' 'Rachaid do ḟogn*um* na Macha bothuaid,' ar *Pátraic*, '7 masa méth bid ed a m*a*c 7 a ua ina degaid.' '*Ocus* ca ferr ainm da mbiath forro,' ar Benon, 'inait Húi Meith Macha?'

IS annsin atchonncad*ur* in .l. f*er* mor da n-indsaigid, 7 deilge iarnaide ina ṁbrataib, '*ocus* cia so'? ar Pat*raic*. 'Mo

[1] Here there is a marginal note ending with 'Pat*r*icium ed*ixit* artem timpanist*r*arum'. [2] ordaigi, *Laud*.

brug*aidi*-sea 7 mo biataig sin,' ar Eogan. *Ocus* ro eirgedar a n-aenfecht 7 ro tṡlectsat do P*átraic* uili. 'Bar ṁbéomaicne 7 b*ur* marbmaicne don Macha co bráth,' ar P*átraic*.

IS annsin ro f*er*ast*ur* t*r*omsnechta mor 7 aincis ḟuardachta ar in cóiced uile, co roiched co sleasaib fer 7 co f*or*mnaib mil*ed* 7 co feir[t]sib carp*at*, co ṅd*er*na gatṡnim do barr na fidbaide f*or*ruade, *co* na*ch* fétadais dáine imtecht ann. *Ocus* is annsin adubairt Cailti: 'Inam amh,' ar se, 'do damaib alltaide 7 d'eilltib dul a n-indib cnoc 7 carrac innois,' ar eissi*um*, '7 inum éicned do dul a cuassaib bruach ann.' *Ocus* adubairt:

IS fuar geimred, at*r*acht gaeth . eirgid dam discir d*er*gbaeth,
ní te anocht in sliab slan . gé beth dam dian ic dordan.
Ní thabair a tháeb re lár . dam tṡleibe cairnn na comdál,
ní lugha atchluin céol cúaine . dam chind Echtgi indḟuaire.
Missi, ar Cail*te*, ar is Diarmaid donn . *ocus* Osc*ur* aithédrom
ro chloisdis re ceol cuaine . d*er*ed áidchi adhuaire.
[Lism. 181ᵇ 1]. As maith chodlus in dam donn . fuil is a chnes re coronn,
mar do beth fá thuind tuaidhi . deiredh oidche indḟuaire.
Aniu isam senóir sen . ni aithnim acht becán fer,
ro chraithinn coirrṡl*eig* co cruaidh . a maduin oighridh innḟuair.
Atlochar do rígh nime . do Mac Muire inghine
dobeirinn mór sochd ar sluag . ge b*er* anocht co hadfuar.

'Is mithigh dúin imthecht,' ar Eogan, 'dár ndúnad 7 dár ndegbaili.' *Ocus* do éirgetar rompa, 7 atchonncatar an dúnad ar a cind, 7 tucadh in baili ar a comus féin ar rochtain dóib, 7 tucadh Cáil*te* cona muintir a ngrianán ndeirrit ndiamair, 7 do bádar annsin teora lá 7 teora a*idchi* ac ól 7 ac áibhnes acht in comhḟad do bítís na cléiri*g* ac dénum a n-uird 7 a tráth 7 ac edarmholad in Dúilemhan.

Is annsin táinic Eog*an* ardbrug*aid* d'acall*aim* Pát*raic* 7 do bói ga indisi do gan uisce do beith a comhḟochraib dhóibh, ór ba scíth dáine ag (tabair)t uisce cum an baili sin. *Ocus* ingnad mar dho (bui in baile i)n lá sin ina latharpholl talman (7 bruindi cethr)a sliab uime anunn 7 anall (7 gan dorus air acht in dorus) ar a ticte amach, 7 nach [fo. 181ᵇ 2] fétfaitís fir dhom*ain* fog*hail* ná dibferg air cémad áil leo. Do ḟiar*faig* P*átraic* d'Eogan: 'in bfuarub*ar* slicht sl*uaig* ná soch*aid*e romh-

uibh isin mbaili?' 'Fuaramar,' ar Eog*an*, 'sleagh 7 cl*oidem* 7 iarnleastar ann.' 'Do gébhthar a ḟis sin ac Cáiltí,' ar Pátraic. Ocus docuas ar cenn Cáilti, 7 tucadh d'innsaig*id* Pátraic hé.

'Maith a anum, a Cháilti,' ar Pátraic: 'in fuil a ḟis acat duin cia do bói isin baili-se ria nEog*an*?' 'Urusa damhsa a ḟis dho beith agum,' ar Cáilte, 'ór is mé in t-ochtmad fer do bhí ac tab*airt* in baili-se don ḟir dá tuc Finn m*ac* Cum*aill* é .i. aenóclach dorinne a mhuindter*as* ar éicin riamh re Finn .i. Conán mac in Léith Luac[h]ra aniar. Ocus dorala dhó olc mór do dhénam re Finn .i. cú 7 gilla 7 óc*lách* do mharbhadh ón tsamhfuin co araili don Ḟéinn re taebh an tres duine as ferr do bhi do chlann*aib* Rónáin do mharbad .i. Aedh Rind m*ac* Rónáin cona trí macaib .i. Aedh 7 Eogan 7 Eobran. Ocus doriacht in flaithf*éinnid* co Carn Luigdech thiar i cóic*ed* Mu-m*an*, 7 ar suidhi dho ann iar ndénam ṡealga doriacht Conán da innsaig*id* do leith a chúil, 7 do gabastar tar a ḟormna 7 tara armghais*ced* in flaithf*éinnid* gan rathug*ud* dó. Aithnis Finn inté don-gabastar amhl*aid* sin. 'Cidh is áil duit, a Chonáin?' ar Finn. 'Mu chor 7 mo mhuinnteras 7 mu thairise do dhénam friutsa, ór itú *secht* mbli*adna* ac fog*bail* 7 ac dibhḟeirg ort, 7 ni ḟuil fulang h'feirgi-se acam.' 'Gidh meisi rot-gabadh,' ar Finn, 'atá dha mhét d'ulc 7 d'écóir dorónais ar Fiann*aib* Eir*enn* nach sáilim do ghabáil dóibh cum sídha.' 'Acht gu ngabasa mé, a rígféinn*id*, léic eadram 7 Fianna Eir*enn*,' ar Conán. 'Gébat ámh,' ar Finn, 'gidh coraighecht ar éicin damh.' *Ocus* do ghabh Finn é, 7 dorine a chor 7 a mhuindter*as* ris. *Ocus* doriachta-dar an Ḟiann ina ndronguibh 7 ina mbuidhnibh da n-innsaig*id*, 7 ba hingnad la gach ndroing thiced ann in dias is mó ba námuit a nEir*inn* 7 a nAlb*ain* d'faicsin i n-aeninad.

'Maith, a Chonáin,' ar an Ḟiann, 'cidh fil acat dúinn in(ár) mórolcaibh?' Freagras Conán cu comnart sin: 'Gach (cath) 7 gach eic*in* 7 gach mórolc doria cucaibh, cui(ridh misi i)na cenn,' ar Conán, 'acht dá toitersa ann, (do tairistissi) oram bur bhḟalta, 7 mina thoiter ann, (is oraib si) [fo. 182^{a} 1] bias a nós 7 a orrdharcas.' 'Dar ár ṁbréithir ámh,' ar Oisín, 'ní tucad dúinn riam coma b*u*dh ḟerr linn iná sin.' Ocus dorónad síth re Conán annsin.

'Cá lín atái do mhuindtir, a Chonáin?' ar Finn. *Cúic cét* óclach 7 *cúic cét* gilla 7 *cúic cét* con,' ar sé. 'Ó atai in coimlín sin,' ar Finn, 'sir féin Eir*inn*, 7 in tricha *cét* thoghfus tu féin innti dobérsa duit hé.' *Ocus* doluidsium-ne ochtar óclach leis,' ar Cáil*te*, 'conice in mbaili-si a tám, 7 ni raibi tairisi ag Conán, gia ro gabsat in Fian hé chum sídha, nogu táinic don baili-se, 7 ó'tchonnairc in baili-si cur'ba dún diamair daingiun dithoghl*aid*i é tucasdar grádh dho, 7 táinic lion a ṡl*óig* 7 a muindtiri, 7 do gabadh in baili-si leis fria ré .xxx. bli*adan*, 7 gach cath 7 gach comracc thiced cum na Fénne frissin ro dingbhadh som tosach gacha comhraic dhíb.

'Crét aidhidh[1] in *Chon*áin sin?' ar Pátraic. 'An cethramad fer,' ar Cáilte, 'fuair bás re hadhart don Ḟéinn hé .i. cruimh neime do ghabh 'na chinn, 7 fuair b*ás* ón trath co araili.'

'Créd rob uisce dho andso?' ar Pátraic. 'Tipra fíruisce atá san baili so,' ar Cáilte. 'As diamhair an t-inad itá,' ar Eogan, 'ór ní ḟaghmait ar lár talm*an* hí.' 'As uath*ad* don Ḟéinn dar' eoluch í,' ar Cáilte, 'nogur' ormais aenócl*ach* dhíbh uirre, 7 nogur' urmaises-sa 'na dheg*aid*, 7 gur' urmais fer in baili féin iarsin.' 'Cia in cétoclach?' ar Pátraic. 'Aedh mac Finn,' ar Cáilte, '7 ad*eir*im nach raibhe inadh asa tuc duine lán bledhi nó eascra a haill nó a habhuind nó a hindb*er* nó a hinadh díthoghla a nEir*inn* nach bérad-som eol*us* a medón oidhche ann, 7 rucastar eol*us* g*us*in tiprait itá 'san baili-si. Ocus is ann atá an tipra,' ar Cáilte, 'a slisbhord na cairrgi cenngairbhi cloiche 7 faircle comhdhaingen comhdhlútha cloichi uirre. Ocus mór lá fuair Smirgat 7 D*er* dhubh (a D)uibsléib hí.' Ocus atbert Cáilte:

(Atá) tipra san leith thes . doghén[s]a dháibh bur ndeighleas,
(dobérsa) dúib for a lár . usc*e* eochargorm imṡlán.
('Nocha nfuil tipra) ocon dún' . atbert Eog*an* gan mhírún,
'mina cabra rí nimhe . Mac maith Muire mín(ghile)'.
Ro ba mhaith m'engnam 'san chath . a n-agaid na n-allm(urach),
ro thuitset limsa fo thrí . *tri cóeca* fer co caeimhlí.
Smirgat ingen Fath*aig* ḟéil . *ocus* Der dhubh a Duibsléibh,
inm*ain* dias téiged a fad . don Ḟéinn do brath a námad.

[1] aighidh, *Lism.*

Ro bo mhé in Cail*te* co cruth . soch*aide* dá tuc*us* uch,
dá ro tinóilius dom rith . lánama*in* gach fiadha ar bith.
Maith in muint*er* muint*er* F*inn* . mairg fuil dá n-éis a nEir*inn*!
mór mbeodhachta in buidhen bras . as mór n-iath a mbói a n-colas.
[Maith in m*uinter* m*uinter* Find . mairg fuil da ndéis i nErinn,
cen lo*cht* orra ar tuind talm*an* . *acht* cen Dia do moradhrad.
Aed m*ac* Find . fer nachar' creid *c*rois na cill,
a cath *Con*paiti ro lái a tres . is mor mbaile bái a eolas — *Fr.* 47b].

'Dul anois,' ar Pátraic, '7 in tipra d'faghbáil.' 'As egal leam a fag*báil*,' ar Cáilte, 'ór naenbar curad no bhídh ac tócb*áil* a faircle di 7 in coimhlín *cét*na 'gá chur uirre arís, 7 as ecal lim uisqi na tiprat do bháth*ad* in baile,' ar Cáil*te*. 'As tual*aing* Dia a dháil mar bhus cóir,' ar Pátraic. Do éirigh Cáilte 7 do éirghedar sum leis, 7 ríghlia cloichi ro bói as-slis in baili amach iadhus Cáilte a dhá láimh uimpe, 7 tairrngis chuige hí, co táinic ródbhuindi róimer d'uisqi eocharghorm fíráluind asin carraic gu raibhi ag dianbhádad an baili. Ann sin tócbus Pátraic an láimh caeimh creadhail ro fóired gach n-airc 7 gach n-ainces frisi tabrad hí, 7 sluicter in t-uisqi ar cúl doridisi isin sliabh 7 isin charraic cédna, cu nach raibhi acht lán baisi Pátraic ac snighe[1] aisdi amach don uisgi. 'Bas Pátraic' ainm na tiprat b*ud*hesta,' ar Beneoin. 'As ced leam a beith aml*aid* sin,' ar Pátraic, 'nogu nderntar finghal icá duth*aigh* isin baile re d*ei*readh n-aimsire.'

Táncadar ar in faithchi[2] imach Pátraic 7 Cáilte 7 an lín do bát*ar* isin dúnad, ocus nír' cian dóibh co facadar aenóclach da n-innsaig*id*, 7 is aml*aid* ro bói an t-óclach sin 7 léne do sída bhuidhi ré chnes 7 brat áluind uaine uime, [7] dealg óir isin brut ós a bruinde. 'Cia thusa, a anum, a ócl*aich*?' ar Cáilte. 'Aedh mac Aedha na n-abasach[3], a Cnuc Árdmulla amuigh don mhuir,' — risi n-ab*ar* Rachlaind nó Rachrainn isin tan-sa, — '7 macaem T*uaithe* dé D*anann* uili (mise), 7 d'fiafraigid neich[4] dítsa thán(ac anois'). 'Crét rob ail [let] d'fiarf*aigid* dhím,

---

[1] snidhe, *Lism.* [2] faighthi, *Lism.* [3] amsach *Fr.* 48a.
[4] neith, *Lism.*

(a Aed?' ar Cáilte. 'Ca ferr dam n)í dhá fiafrochainn díd iná cid fá tucadh Carn Manannáin ar an carn so?'

'Óclach do T*huaith* dé D*anann*,' ar Cáilte '.i. Aillén mac Eogabail, tuc grádh do mhnái Mhanannáin meic lir, 7 tuc derbṡiur Ailléin grádh do Mhanannán .i. Aíne ingen Eogab*ail*, 7 ba hannsa le Man*annán* í iná in drong dhaena. As annsin ro ḟiarf*aig* Aíne da bráth*air* .i. d'Aillén: 'cidh,' ar si, 'ro tráigh in dealbh rígda romhór do bhói fort?' 'Dar ár mbréithir ámh, a ingen,' ar Aillén, 'ní ḟuil don droing daena nech dhá n-indesmais sin acht mad thusa at aenar,' 7 do indis di: 'grád tucus,' ar sé, 'd'Uchtdeilbh ingin Aengusa Find, do mhnái Manannáin. 'Am láim-se atá a ḟoiridin sin,' ar Aine, 'ór tuc Man*annán* grádh damsa 7 da tuca som a mhnái duitsi fóifet-sa lais tar cenn f*ur*tachta d'faghbháil duitsi.' Ocus táncadar rompa, ar Cáilte, .i. Aill*én* 7 Aine, conice in tul*aig*-sea, 7 doriact Manannán 7 a bainchéli lais, 7 ro ṡuidh Aine ar láimh deis Man*annáin*, 7 tairbiris teora póc ndil ndíchra dho, 7 ro ḟiarf*aig* cách scéla da chéle dhibh. Mar atchonnaic ben Man*annáin* Aillén tuc grád dho [fochétoir, 7 do indis cach dib scéla da cheile — *Fr.* 48ᵃ]. Is ann sin adubairt Pátraic: 'As gablánach in scél*aig*echt sin .i. s*iur* Ailléin m*eic* Eogab*ail* do thabairt grádha do Manannán, 7 ben M*anannáin* do thabairt grádha dh'Aillén.' Conadh de sin atá in tseinbriathar: gablánach in rét an scéluighecht. Ocus tuc Manannan a mhnái féin d'Aillén mac Eogabail, 7 tuc féin Aine siur Ailléin.

[Ocus ro bai Aíne in*gen* Eogab*ail* oc brécad Man*annáin*,' ar C*áilte*, 7 dor*igni* in láid and:

A M*eic* lir tairri lium . co Daire nDairbri os cach dind,
gairfid cailigh beraid lon . darís clochan da borb*chon*.
Canfaither[1] duit ilar ceol . it*er* éol *ocus* anéol,
bidgfaidh guth cuach os chaill céir . re dordan daim damaire.
Fascnam fedain feda faind . snaghach snoidi claraig craind,[2]
oig oc abrán re gaith ngluair . cerc fraich re aidche n-adhuair.
Eiste*cht* re sianan senma . re hairfitiud n-ílerda,
ingena aille 'n-ar tigh . do gebtar dait, a M*eic* lir. A.

---

[1] canfaighter, *Fr.* [2] croind, *Fr.*

Ocus ruc Aillen mnai Man*annáin* co sid Eoghabail, 7 ruc Man*annán* Aine *ingin* Eogab*ail* leis co Tír Tairngire. — *Fr.* 48a].

[Lism. 182b 1]. Ocus as iatsin, a anum, a Aed', ar Cáilte, 'in dá cheisd do fiarf*aig*is dím.' Ocus do bátar isin baili sin re hedh *secht*maine, 7 do thimnadar ceileabrad d'Eoghan ardbhru-g*aid*, 7 tuc Pátraic nemh dho ara nderna dá réir.

Is annsin táncadar rompa co Gleann in scáil soir, risi n-abar Muindter Diugra isin tan-so, áit a raibhe Pátraic a ndaeire ac Milcoin mac húi Buain ac ríg Dhail nAraide, 7 atciat ceall ṡuthach ara cind, 7 .xxx. mac n-eculsa innti ac edarmol*ad* in Dúil*eman* co dícra, 7 ac déch[s]ain dóibh don taeibh eili secha atciat in ceall (aile ar in gort) cluana re a taeibh. 'Do rígh nime (7 talman atloch)amar.' ar Cáilte, 'rob adhba slógh [fo. 182b 2] 7 soch*aid*e sin gidh imat naemh 7 fírén anosa [and].' 'Cia don Ḟéinn do bhí isin baile út? ar Pátraic. 'Raighne Roisclethan mac Finn isindara baile díbh 7 Caince Corcarderg m*ac* Finn isin baili ele,' ar Cáilte, '7 do mharbh-sat clanna Morna Raighne mac Finn. Conadh uada atá Magh Raigne. Ocus ro marbsat in mac aili, conad uadha ata Sliab Caince.

Ocus nir' chian do bát*ar* ann co facadar i*ngin* mín mac-d*acht*a mongbhuidhi da n-innsaig*id*, 7 suidhis ar an firt fót-bhuigh acu. 'Cia thusa, a ingen?' ar Pátraic. 'Edáin ḟoiltḟinn *ingen* Baedáin misi,' ar sí, 'ingen rígh Dáil nAraidhe. 'Cidh um a táncais, a ingen?' ar Pátraic. 'Do thabairt ar mbeomaicne 7 ar marbmaicne duitsi, a naemh*Pátraic*,' ar an ingen, 'ór ni ḟil dom ṡíl beo *acht* mé fein 7 mo dherbbráth*air*.' *Ocus* tuc a láimh etorra 7 a léin*id* 7 tuc .l. bruth óir 7 .l. bruth aircit a raibhi .l. uingi d'aircet 7 .l. uingi d'ór ina screabal soiscé*la* do Phátraic, 7 do ṡlécht dó. 'Gá ainm atá ar do bhráth*air*, a *ingen*?' ar Pátraic. 'Loingsech mac Baedáin,' ar inn ingen. 'Ríghi nEir*enn* uaimsi dho,' ar Pátraic, '7 triur dia ṡíl a ríghi dia éis.' 'Gach ní bias acaindne dh' Eir*inn* co bráth duitsi, a naeimhchleirigh,' ar an ingen. Ocus do cheileab*air* dhóibh iarsin, 7 do bhádar ar in tul*aig* re hath*aid* tar éis na hingine.

[Cailte cecinit.
Ard Caemain anfu cid cell . ro pa port ríg co rothend,
is inad crab*aid* is *cr*os . is ecna cen amaros.
Ard Coemain is Cluain gamna . ge bet indiu fo tarba
is inad *cr*ab*aid* is *cr*oss . is mor ngabad do fuaros — *Fr.* 48[b]].
[Laud 610, fo. 130[a] 1] Adeirim-si riut reime . bid fír dam in faistine,
gé beth mo *chr*aidi fá mairg . is baile aingel ind aird. Ard.

In marg. . . abur on abur Tonn Clidna.

IS annsin ro bói óclach comaidechta do Muiridach m*ac* Finnachta do rí[g] C*onnacht* i farrad Pátraic .i. Corc m*ac* Dairine, m*ac* rig Corco Duibne. 'Fiarfaigid rob ail lium do denam dit, a Chailti,' ar Corc. 'Cid ima n-abur Tonn Chlidna 7 cid ima n-abur Tonn Téite risin tuind aili?'

'IS accumsa itá in scel sin do glainmebra,'[1] ar Cail*te* .i. Óclach grá*da* ro bói ac Find [mac Cumaill, *Fr.* 19[b]] .i. Ciabhan m*ac* Eoch*ach* Imd*eirg* m*ac* rig Ul*ad* í tuaid, [7] is aml*aid* ro bói in t-óclach sin in derscug*ud* beiris [int-] éscca ina chuiced dég do ardrennachaib nime ruc in t-óclach sin ar *cr*uth 7 ar deilb do m*ac*aib rig 7 taissech in domain. *Ocus* ro gab*ustur* toirrsi Fianna Eirenn reim Chiaban m*ac* Ech*ach* Imdeirg, 7 rob é adhbur a toirrsi ní raibi ac fir nó gan fir díb ben nach tuc*us*tar grad do Chiaban m*ac* Ech*ach*, 7 ro diult Find reime, 7 gé ro diult ro bo lescc leis, *acht* ecail leis Fianda Eir*enn* dó ar mét a n-éta.

Ocus tainic reime co Tráig in chairnn, risa n-abar Traig na trénfer, i cuicid Ul*ad*, it*er* Dún Sobairchi 7 muir, 7 atconnairc curach cendard colgdíriuch creduma and, 7 da gilla óca isin churach 7 tuighnech[2] [phutairle — *Fr.* 20[a]] forro co f*or*mnaib a ngualann, 7 bendachais Ciaban dóib, 7 do fregrad*ur* som dó. 'Cia sib a m'anum, a ócu?,' ar Ciaban. 'Lodan m*ac* ríg na hIndia missi,' ar se, '7 Eol*us* m*ac* rig na G*r*ege in f*er* aile út,' ar se, '7 ro gluais tonn sind,' ar se, '7 ro thimairg gaeth, 7 ní fetamar cá crich *nó* cá cinel issin domun í tamait.' 'Intí leis budh áil siubal mara lib in tiubrad sib dó?' 'Dá

[1] glainmedbra, *Laud.* [2] tuidhnech, *Laud.*

mad at' aenḟer duit,' ar siat, 'dobérmais.' 'Maith, a Chiabhain,' ar a muinter, ind hí Éire is áil let d'ḟacbail?' 'Iss í ám,' bar eissin, 'uair ní ḟagbaim mo dín na mo chomairchi inti.' *Ocus* dala Chiabain tainic issin curach, 7 ro delaig re muintir, 7 ro bad*ur* co dubach dom*en*mnach, 7 ro bo scarad cuirp ré hanmain léo scarad ris. *Ocus* dorindset a comunn 7 a cara*d*rad [Ciabhán 7 na hóclaich do bhí 'san churach, *Lism.* 183a 1].

Ocus do eirged*ur* na tonna geala gairechtacha dóib coma cut*r*uma re sliab [Mis *nó* re slíab Édair *nó* re slíab Elga — *Fr.* 20a] ca*ch* murthonn mor muiride díb, 7 na héicne[1] áille eoch*ur*brecca nobith ré g*r*ian 7 re g*r*innell co miṅbidis ré slisbordaib in churaig[2] acco, 7 ro gab g*r*ain 7 eacla 7 uruamain iatsum reime sin. 'Dar mo breithir ám,' ar Ciaban, ['damad ar tir duind, — *Fr.* 20a] ro choissenmais sind il-lathair chatha 7 comraic commaith.'

Ciabhan *cecinit.*

IN *t*riar atám ar in tuind . ron tarla a ṁbeth*aid* chumaing,
mor in baegal beith mar sin . gan bás faeb*uir* dar rochtain.
Missi *ocus* in dias tar muir . co lín gaile *ocus* gaiscid,
damad i cath *cé*tach chrón . dingébmais *cét* do gach tslóg.
O ro chím in tuind-seo thes . is mor dar ṅdaghles cheiles,
is mor in brón brón na *t*riath . ar nech ó tá dís co *t*riar.
IN *t*riar.

Oc*us* ro bad*ur* isin moréicin moir sin nóco facadur in aenóclach da n-indsaighid, 7 ech dubglas ḟáe, 7 srian óir f*r*ia, 7 .ix. [fo. 130a 2] tonna fa muir dó 7 in nóbad tonn do eirged, 7 ní ba fliuch blae na bruinde dóib. *Ocus* do ḟiarfaig in t-óclách dib: 'ca luag do berad sib dontí d'ḟoirfed sib assin n-éicin sin?' 'Ní ḟetamar in fil inar láim in luach sir*ther* oraind.' 'Atá ám,' ar in t-óclach, 'bar mbeith fein ar cur 7 ar muint*erus* intí do ḟoirfed sib.' Ocus ro ḟoemad*ur* sum sin, 7 tuc*ad* a láma il-láim ind ócláig.

Ocus tuc in t-óclach chuice assin churach iaṫ a tríur ar in n-ech, 7 ro bói in curach ar taebṡnám lam risin n-ech co rangad*ur* cuan 7 calathport i Tír Thairrṅgaire, 7 ro

[1] héicned, *Laud.* [2] churaid, *Laud.*

thairrlingetar ann, 7 tangad*ur* co Loch luchra 7 co cathair Manannain, 7 tairnic tech n-óla do tsuidhiug*ud* rompo, 7 do frestlad 7 do f*r*ithailed iat a cethrar óclach ina degaid sin, 7 ro benad a ceindbéca da ṅdabchaib donniubhair leo, 7 ro tócbait cuaich 7 cuirnn 7 copana, 7 ro eirged*ur* gilli áilli aghmara abhradgorma re bennaib blathcháine buabaill,[1] 7 ro seinded léo timpana téitbindi 7 cruite nuabinde náethétacha co tarla in tech in[a] choirchi chiúil.

IS annsin do eirged*ur* bachlaich[2] srubḟata tsalḟata tseiredchaela ruadmáela rintacha ro bith ac denam chles 7 chluiche[3] a tigh Manannain, 7 ba hé seo cles donídis .i. .ix. ṁbunnsacha birgaissi ina laim 7 a ndiubrucud ar lethchois 7 ar lethlaim co féice na bruidne[4], 7 a ngabail dó fon cor *cé*tna, 7 is uime donídis sin, d'imd*er*gad sóerchlann sochineoil ticdís a c*r*ichaib ciana comaichthi amuich. *Ocus* dorinde ind adhaig sin a chles feib donith riam roime, 7 tainic d'indsaigid Chiabain Chasmongaig m*eic* Ech*ach* Imd*eir*g, 7 tuc na nae ṁbunnsacha ina láim, uair iss é is ferr delb 7 taichim[5] 7 tuarascbail do bói do *Thuaith* d*é* D*anann* 7 do m*a*caib Mil*ed* isin tigh sin Manannain, 7 ro eirig Ciaban 7 dorigne in cles sin a fiadnaissi Manannain 7 maithe Thíre Tairrṅgaire mar badh hé budh aen eludha dó riam reime sin, 7 tuc il-láim Eolais m*eic* rig G*reg*, 7 dorigne fan cuma *cé*tna, 7 tuc in cles il-laim Lodain m*eic* rig na hIndia, 7 dorigne fan cuma *cé*tna.

IS annsin ro bói p*r*imollam maith ac Manannán[6] a Tír Tairrṅgaire .i. Libra p*r*imlíaig, 7 ro bad*ur* t*r*i hingena aici .i. Clidna 7 Aífi 7 Étain Ḟoltḟind, 7 ro biat sin t*r*i taisceda genais 7 aentuma Thuaithe dé[7] D*anann*, 7 nír b'ecail ní da marb*ad* *acht* gái chró na genmnaidechta[8], 7 tucsat a n-aenuair grád don t*r*iar sin, 7 ro chindset élod fán cáemlait[h]e do ba nessa dóib, 7 tangad*ur* co calathport ina coinde in t*r*ir óclach sin, 7 tainic Lodan m*a*c ríg na hIndia 7 Eol*us* m*a*c ríg G*rég* ind

[1] buadbaill, *Laud.* [2] bathlaich, *Laud.* [3] cluithed, *Laud.*
[4] bruigne, *Laud.* [5] taithim, *Laud.* [6] mannann, *Laud.*
[7] dédé, *Laud.* [8] genmnaigech*ta*, *Laud.*

...n]churach, 7 tain*ic* Ciaban m*ac* Ech*ach* Imd*eirg* 7 Clidna ...*gen* Libra in aenchurach, 7 ro thócbad*ur* in snathbréid sídaide ... barr uachtar in *chr*aind tsiúil, 7 luided*ur* reompo o tá sin ... T*r*aig Théite [fo. 130b 1] ingine Ragamnach i ndeiscert Eir*enn* ..., 7 is uime seo tuc*ad* T*r*áig Théite urri .i. Téite Brec *ingen* ...agamna*ch* do dul ann, 7 t*r*i .l. ingen lé do chluiche[8] thuinde, ... ro báidhed[1] ann iat, 7 *con*id uaithe atá T*r*áig Théite.

Ocus dala Chiabhain m*eic* Ech*ach* Imd*eirg*, ro gab*us*tur ...an 7 calathport ar in t*r*áig *cét*na sin, 7 doluid do tseilg 7 ... fiadach fón crich fa comnessa dó, 7 tainic in tonn amuich ...chum Chlidna, 7 ro báidhed hí ann. *Con*id uaithe atá Tonn ...lidna urri. *Ocus* tangad*ur* teglach tighi Manannain ina ndegaid ... Illathach 7 a da m*ac* 'ar tabairt g*r*ada donn ingin, 7 ro ...áidhed[1] ar in t*r*áig *cét*na,' ar Cail*te*. Ut d*ixit* Cail*te*:

Clidna cheindfind, búan in bét . ar in t*r*aig tainic a héc,
damna da mathair beith marb . inní dia tarla in senainm.
Da ndernad in t-aenach te . ac lu*cht* Tíre Tairrngairo
iss é thuc in mnái t*r*e cheilg . Ciabhan m*ac* Ech*ach* Imd*eirg*.
Rígan ind aenaig thall t*r*a . ingen dán' comainm Clidna
tar in ler lethan longach . tuc leis Ciabhan casmongach.
Ro fagaib hí ar in tuind . luid uaithe echt*r*a n-et*r*uim,
d'iarraid tselga, monur mas . luid reime fan fidh foltchas.
Tainic in tonn tara éis . do Chiaban nir' bo degg*r*es,
morgnim ba dimda linde . bádhad[2] Chlidna ceindfinde,
Tonn dúine Téite na t*r*iath . iss é ainm ro bói ar in iath
nócor' báid[3] in tonn sin t*r*á . ben darub[4] comainm Clidná.
Lecht Téite sin t*r*aig-seo thuaid . ro gaet a mesc in morsluaig,
lecht Clidna ar in tuile thes . re síd Duirnn buidhe ben*as*.
Fliuchthar folt in Duirnn buidhe . a tonnaib in t*r*omtuile,
gid imda do neoch fuil ann . iss í Clidna nos-báidhend.
Caeca long lod*ur* tar sál . teglach tíghi Manannain,
nochar' bí in chongaib gan ga . ro báided[5] ar Tuind Clidna. C.
Illathach is [a] da m*ac* . ro báidtea[6] in t*r*iar ac tochmarc,
mairg d'adhair don luing da*na* . nachas-ainic Tonn Chlidna.
Clidna.

[1] báighed, *Laud.* [2] baghad, *Laud.* [3] báig, *Laud.*
[4] dara, *Laud.* [5] báiged, *Laud.* [6] baigtea, *Laud.*

IS annsin im*morro* doriacht Ciaban Casmongach dar n-indsaigid co Druim nAssail m*aic* Úmoir, 7 issin áidchi sin ro marba*d* Eoch*ai*d Imd*erg* rí Ul*ad*, 7 ro rigast*ar* Find Ciaban Casmongach tar eis a athar a rigi nUl*ad*. *Ocus* iss é sin, a Chuirc m*eic* Daire, in scél ro ḟiarfaigis dim,' ar Cail*te*.

Oc*us* ina degaid sin ro eirged*ur* in sluag uile co Raith Medba, 7 P*atraic* maraen riú. 'Cé in Medb o rait*er* in raith sea?' ar P*atraic*. 'Medb in*gen* Ech*ach* Feidligh.' 'IN é seo ro ba baile bunaid di?' ar P*atraic*. 'Ní hé úm,' ar Cail*te*, '*acht* fa lith laithe na sámna ticed d'acallaim a druad[1] 7 a fil*ed* ann dús cid ra biad ar maith *nó* ar saith in bli*adan* sin di, 7 is aml*aid* ticed si, ina náe cairpthib ann .i. nae carp*ait* roimpe 7 náe carp*ait* ina diaid 7 nae carp*ait* cechtar do dib leithib di.' 'Créd má ndenad sí sin?' ar Pat*raic*. 'Na roised braenscoid na *con*aire 7 glomarchind na hechraidi,[2] 7 nach salchadais na dechealta nuaglana.' 'Adhb*ur* subhach sin!' ar P*átraic*.

'Caide ainm ind achaid sea? aChail*ti*?' ar P*átraic*. 'Gort ind ḟostáid ainm in guirt seo,' ar Cailte. 'Cred in fostod?' ar P*átraic*. 'Óclach d'Ḟind tarmairt imtecht uad ar bithin a thuarastail, uair fata leis co rainic do .i. Druimderg dana m*ac* Duibdechelt do Conn*acht*aib inso, 7 tangad*ur* t*ri* catha na Féinn[e] da ḟastud, 7 nir' thairis accu, 7 doriacht Find da fastud, uair badur búada ara ḟastud óclaíg [fo. 130b 2], 7 bá dona buadaib sin, *acht* co ndernad Find t*ri* raind dó comad táidach iat [leg. é ?] ina degaid. *Ocus* adubairt Find:

Tú sin, a Druim deirg dana . a urdeirg na hurbagha,
gé thís uaim aniu co mblad . is cetlud duit ceilebrad.
Dorat*us* duit ic Raith chró . t*ri* *coecta* uingi a n-aenló,
lán mo chuaich a Carn Ruide . d'airget *ocus* d'ór buide.
IN cumain let ic Raith nái . da fuaramar in da mnái,
ocus aduadmar[3] na cno . missi ann *ocus* tusso.
Tú sin.

IS ann sin do eirged*ur* in sluag uili assa haithle sin co Ros na hechraide, risa n-abar Ailfind isin tan-so, 7 is uim[e]

[1] druag, *Laud*. [2] hechraigi, *Laud*. [3] aduagmar, *Laud*.

ad*er*thai Ros na echraidi ris .i. intan no bídis cuicedaig Eir*enn* ic ól i Cruach*ain* is ann do bidis a n-echradha a lú[b]gortaib gabala.' 'Ad*ráe* buaid ⁊ b*ennacht*, a Cailti,' ar P*átraic*, 'as mor in fis ⁊ in t-eol*us* sin acut.'

Ni cian ro bad*ur* ann co facad*ur* ind aenmnai da n-indsaighid, ⁊ brat úaine uimpi, ⁊ leine don tślemenśíd buidhe fria cnes, ⁊ niamlann d'ór buidhe réna hédan. 'Canas tangais, a m'anam?,' ar Cail*te*. 'A huaim Chruach*an*,' ar inn ingen. '*Ocus* cia th*usa*, a m'anum?' ar Cail*te*. 'Scoth-niam i*ngen* Buidb [Deirg — *Fr.* 23a] m*eic* in Daghda missi,' ar sí. 'Cid ro t-imluaid [⁊ rot-aistrig — *Fr.* 23a] ille?' ar Cail*te*. 'Iss *ed* romimluaid, ar in n-ingen, 'd'iarraid mo choibche ortsu, a Cail*ti*, ar inn ingen, 'uair ro geallais uair éicin damsa hí.' 'Cred tuc ortsa gan tiacht da hiarraid co Carn Cáiridha thes i coiced Laigen?' 'Neimfírindech adeire sin,' ar inn ingen, '⁊ in deiliug*ud* tucad ó cheile oraind.' 'INgnad lind mar atchiamait sibh,' ar P*átraic* .i. inn ingen as í óc ildelbach ⁊ t*usa*, a Cail*ti*,' ar P*átraic*, 'at śenoir chrin chrotach c*r*omliath. 'Do fuil a adhbhur sin acum,' ar Cail*te*, '⁊ ní lu*cht* comaimsire sind, ⁊ do Tuath*aib* d*é* D*anann* iss í, ⁊ nemirc*hr*adach iat sein, ⁊ missi do clannaib Mil*ed*, ⁊ dimbuan irc*hr*adach iat.'

[Lism. fo. 183b 2] 'Tab*air* freagra ar in mnái,' a Cháilti, ar Pátraic. 'Dobér im*morro*,' ar Cáilte, ⁊ do éirigh roimhe cu Carn soghradhach re Cruachain aniart*húaid*, ⁊ tuc a uillinn clí risin carn, ⁊ do chuir secha hé ⁊ tuc a láim fon carn ⁊ tuc in Lugbordach anís .i. crannóc tucadh a c(omair chísa ⁊) chánach*ais* d'Ḟind mh*ac* Cum*aill*, ⁊ tuc Find 'na thuarasd*al* do Choná(n Mhael) mh*ac* Mhorna, ⁊ do ḟol*aig* Conán isin carn hí. *Ocus* as am(laid) [fo. 184a 1] do bhói in chrannóc ⁊ a lán d'ór innti, ⁊ tuc Cáilte ina coibhche don inghin hí. 'As gairit ón tsligid ⁊ ó ré na carp*at* fuaruis sin, a Cháilti,' ar Pátraic. Ocus adubairt Cáilte:

Dáine b*átar* sunn co sé . saeire aidble a n-innile,
nocha soch*aide* rus-gaib . cincub cian á śligedhaibh.
Atá foluch i Sléibh Fuait . do chuirfedh Eir*inn* má cuaird,
tr*í* c*ét* uingi don ór dherg . maraen is an Duill*e* dearg.

Atait ceathra dabhcha óir . a fírmhullach Sléibi smóil,
in dabhuch as luga dhíbh . fairsing ndési, cumang trír.
[Ata fer óir a cuimrech . isin raith ic Sen-Luimnech,
slabr*ad* airgit air dib nglond . a fuil tri *cóecait* *con*glonn.
Atat *tri* sréin *nó* cúic śreín . arna folach dom láim féin,
in t-éolas téighim don dáil . dol i taib Duma Massáin.
Ata mo lend *cona* delg . is *cona* cimsaib óir d*eirg*,
isin cnuc ic Tuaighimne . ro fac*us* hé ic Os*r*aighi.
Ata mo scian becc c*r*oda . *cona* heim do líg loghmair
a mullach D*r*oma tinde . ní fo laighi *acht* casnaidhi.
Dabach fuil i n-illathaib . ro ceilfed m*a*c ar a m*áthair*,
begní ros-beir o dainib . lán duirnd aenfir do tlathaigh.
Atat da cornd *nó* *tri* cuirnd . re taeb go duilb ac *R*os cuill,
co cochluib óir g*r*ibda gle . co carrmoclaib findruine.
Ata 'sa tulaigh leith aníar . ro ba śaithech *t*riur da *t*rian,
it*er* da cairthe ata in cornd . ar in faithchi ac Dún Moghdornd.
Atat cet*h*ri tindi dh'ór . isin carraic os Connlón,
isin tindi is luga dib . degheiri deisi *no* t*r*ír.
Ro fác*us* clesán *Con*rí . ar in fertan ac Senchai,
a haithle . . . in fir . *Concu*laind m*eic* Subaltaigh.
Tá fithcell C*r*imthain Níadh Náir . a Caill m*a*c nd*r*aigh in casain,
lán do íriallaib a mna . *con* foirfed se*cht* lanamna.
Ata mo cloidemh[1] calma . isin cnuc i Car[n]d Abla,
cid bé ro béradh imach . ro bo gell *tri* *cét* loilghech.
Ata mo b*r*andub co mbloidh . isin tsléib os Leit*ir* broín,
cuiciur airgit gil can glór . *ocus* ocht*ur* do d*er*gór.
Atá m'fithcell ic Ess Ruaid[3] . isin tulaigh leth atuaidh,[3]
a taiscidh a medon c*r*aind . cen esbaid fir da foirind.
Atait cet*h*ri cieib do gual . dol i taib Leici na ndruadh,[4]
coceilit mór do maínib . cingo somáin do daíníb.
Gabar sailm, gabar créda . salt*r*acha *ocus* soiscéla
a timcell cind Garaid glain . a nInis Cuind Cétcathaigh. — ***Fr.*** **23**[a], **b**]
Adeirimse ritsa dhe . a mheic Chalp*uir*n co naeime,
gu mairit na hinnmhusa is nach mairit na dáine.

'Ar ndénum a thráth 7 a úird 7 a aithfrind do Phátraic, tucadh Cáilte cuigi 7 do fiarf*aig* de: 'crét fa tucad Glenn na caillige ar an nglenn-so thís?' ['Inneosat duit, a naemclérigh — *Fr.* 23[b]]. 'Aen do ló do bhí Find 7 in Fiann annso, 7 atchonncam*ar* amuit chailligi corrluirgnigi círdhuibhi cucainn,

[1] cloighem, *Fr.* [2] druagh, *Fr.* [3] ruaig, *Fr.* [4] atuaigh, *Fr.*

7 ghrennaighis sinn um choimhling do dhénam ria 7 a ngnáithgeall ón Ḟéinn uimi sin. Ocus ba hiat geallta do snaidhmedh ann, a chenn do bhein donte do fúicfidhe ann. Ocus do rithsamne triar don Ḟéinn ria .i. Oisín 7 Diarmait ua Duibne 7 mhisi. Ocus do rithamar co hÁth mór, re n-abar Áth moga isin tan-so, 7 as misi fa túsca ac dul tar in áth siar,' ar Cáilte, '7 d'impódhas a n-ag*aid* na cailligi aniar 7 tuc*us* béim cl*oidim* di gur' chuires a cenn dá coluind. Ocus is uaithi ainmni*gther* an gl*enn* sin ó sin alé.'

Ocus táncatar isin mbaili anunn iarsin 7 do bennachadh acu hé, 7 do bí légeon d'ainglib ós a chinn arna bennach*ad*, 7 do bádar ann iarsin co ceann caeic*digis* ar mís.

For translation see p. 225

[*Fr.* 23b. Laithe n-aen ro bí Pá*traic* ic denam a *tr*ath, 7 mar tairnig na *tr*atha do denam is ann itcualat*ar* in' suasan selga 7 fiadaigh a Berrobail isin cnuc re táib. 'IS becc gotha na *con* 7 na itcluinmít,' ar Cáilte, 7 is do dith na flatha Find atá in tselg so oca denam, 7 do dith M*eic* Lugach lancalma, 7 do dith Diarmata ua Duibne 7 Aeda Beic m*eic* Find ro marb*ad* i cath *Con*raite thair a Saxanaib, 7 d'esb*aid* Duib da cond 7 Duib dithrib m*eic* righ Galéon 7 do dul Dithr*ub*aigh m*eic* in Scáil m*eic* Eoghain, m*ac* m*áthar* Ḟind, ro marb*us*tar Cailti Coscar righ m*ac* righ F*r*angc, 7 ar múrad tal*man* ar *Con*án Mael m*ac* Mornda 7 Ferdoman m*ac* Buidb t*re* bithin Findinni in*gine* Buidb.

IS annsin adub*airt* Pá*traic* re *Cáilte*: Is t*r*uagh in nuall cuma duitsiu b*eith* marsin taréis t'ḟéindi, 7 ní haml*aid* sin is coir duitsiu do creidem do b*eith* festa,' ar Pa*traic*, '*acht*, isin fírDia f*or*orda ro cruth*aig* nem 7 tal*main*.' 'Maith a anam, a naemclérigh, da mad aithníd duitsiu an Fiand dobérta g*r*ad doib in *tr*ath is misi is inmain let, 7 me ar tairesin mo luith 7 mo lámaigh.'

Ocus itcualaid in sluagh uile sin, 7 ba t*r*uagh léo a ndern*ad* in fírlaech 7 in firgaisc*ed*ach a n-ingnais a Feindi in la sin. 'Maith a anam, a *Cháilti*,' ar Pá*traic*, 'cid duitsiu cen dul do dḟéchsain?' 'Ro ba dáil, a naem*Pátraic*,' ar *Cáilte*, '*acht* urchar do dib*r*aic Seiscend m*ac* Fir duib i cath Cind mara thes dam,

7 ní fédaim le gaeib cró in urchair sin [*Fr.* 24ᵃ 1] 7 rob é a diubruc*ud* dédhenach[1] sum é, uair itorcair fein and, 7 is do Rí[g] nime 7 tal*man* itlocharsa beith ac éiste*cht* re guth cailigh an baile sea.'

'Cáit indut a tarrla in tslegh, a C*háilti*?' ar Pá*traic*. 'Im taeb ndess andso, a naemPá*traic*, 'i fail na raibi in sciath orum.' *Ocus* tuc Pá*traic* a derndaind ṅdeis re hínad na gona co tainig in tslegh imach tar áladh na gona, 7 glún an fir fa mó don tsluagh téighed tara cró 7 tar indsma na sleighi, 7 is e ba nesa dó isin eclais .i. Maeltrena m*ac* Dínertaigh. 'A m*a*caim,' ar se, 'geib mo laim, uair docuaidh in Tailgind do dféchain na selga.'

Cáilte cecinit.

A scológ rom-beir amach . o tairnic in celebrad
d'éste*cht* na *con* taifnes[2] fiad . a Berrobol . . . .
A cailigh doní in gairm glan . cia da ndenaidh t'oirfidedh?
mor dob*er*im dom aire . ní da tám a n-enbaile.
Ceol donídís m*eic* Lodain . ba bind le feraib in domain,
clíaraidhe*cht* cet*h*rair rom-char . cet*h*ri m*eic* C*o*naill Cruachan.
Bás M*eic* Lughach do Laighníb . a cath Gabra cruadhairmigh,
aen guin da fostud malle . mor in coscar cruadhlaime,
Dub daile . Dub sin do brondad máine,
coscar céd i Coill dit*h*rib . gnath le Dub ndithmar ndáile.
Slegh d*erg* i laim Ditrebaigh . bidís óig ara tairb*eirt*,
inmain a guth issel becc . *ocus* a gnim n-ar*d* n-aird*erc*.
Da coin Diarmata dualaigh . Baeth is Buidi co mbuadaib,
tri coin Cailti, comall ngrind . Bret *ocus* Luath is Lanbínd.
Fertan Find i Fatharlaigh . ba fert fir andiuid engmaid,
ro cuir mór laech fa le*cht*aib . ro tercaigh mísi a talmain.
Ar n-aghaidh ac Daire Braín . nírbí i n-aghaidh ar *cu*id Cáil,
do marb*us*, ba suairc in slat . *deich* n-eilti *ocus* da *fichet*.
An selg a nDaire Tarbgha . ro bo maith lind ar m*en*ma,
ro marb*us* re ndul amach . ocht *fichit* dam das*acht*ach.
Ferdoman o La*th*raig cain . *ocus* C*o*nán taeb re taib,
inmain dias mor garg co mbladh . leis ar meníc deghlamach.
Fiana Find ro fedarsa . inmain sluagh[3] sochla sétach,
ní bendais duine [ ] . [*ocus*] ní dendais d'écnach.

[1] déghenach, *Fr.* [2] taithfnes, *Fr.* [3] sluogh, *Fr.*

Nirsat cruindi ces*acht*aigh . nírsat mianaigh blaisechtaigh.,
nír'bo *cr*omcendaigh a ruisc . nírsat uircendaig tecuisc.
Fác*us* Find a sgín 'sa n-áth . *ocus* ní tuc ass co brath,
is é a ainm o sin alle . A'th ainmneda na scine.
Luas luin it*er* da muine . 's ed robi 'sa Féind uile,
lúas na gaeithi seoch in lon . do bi a[c] Cailti 'na aenor.
Ad*e*rimsi rib reme . adér dib a firínne,
robsum álaind robsum [ ] cia beridh imach mé, a scológ.
A scológ.

IS andsin táinig *Cáilte* amach 7 Mael-trena dalta p*r*imda *Pátraic* 7 lam *Cáilti* aigi da tigh lepta a haithle na sleighi do buain as, 7 ro bi-sium co huchfadach écaintech in aidchi sin.

Bui dibergach isin tír-sin, oc eitim 7 oc ingreim ar *Pátraic.* .i. Dubc*r*aidi m*a*c Dubtnuthaigh, 7 idub*air*t Pát*r*aic:

'Ced lemsa do Cailtigan . do cuir mór laech fo lechtaib,
cia ro marb*ad* Dubc*hr*aidech . [*Fr.* 24b] is cia ro faghbadh a n-aisgidh.

Ocus fuair an duine bás iarsin.

Ocus do bat*ar* re teora lá 7 re teora aidchi andsin, 7 tancat*ar* rompu in lín ro bat*ar* co Fanglend na Feindi i leith ilíu do *Chr*uachain, 7 do suidetar[1] i nArd Senaigh os Fánglend na Feindi. 'Cred ma tuc*ad* Ard Senaigh ar in ard-so, a *Cháilti?*' ar *Pátraic.* 'Adérsa rit,' ar *Cáilte* .i. airfidech maith ro bái ic Find .i. Senach uaDaig*r*i, 7 andso fuair bás do galar enuaire, 7 ro múired in tulach so air, *con*id uada ad*e*rar Ard Senaigh.' *Ocus* itb*er*t *Cáilte*:

A mbeired Senach o Fínd . ara céol is cumain lím,
ní ba cuma is beith cen ní . *tricha* uingi cech raithí.
Sgrebull óir cech fir is' táluagh . do Senach alaind foltruadh[2],
ara canad, mor in mod . co cuired iat 'na codl*od.*

'Ba hilarda in t-imat cruidh-sin, a anam, a *Cháilti,*' ar *Pátraic.* 'Ba hilarda,' ar *Cáilte,* 'uair cin co tuc*ad* som do crud *acht* a tabrad do mnáib 7 do airfitechachaib ro bo mór in crodh.' 'An tuc-sam mná imda aml*aid?*' ar Pát*r*aic. 'Dorat *immorro,* ar *Cáilte, co n*debairt:

Rann. Trí *cét* ben dorat Fínd . dar in Rí[g] úil os mo cind,
is coibchi ar leith do ce*ch* mnái . ba mór in crodh ar aenchái.

[1] suigetar, *Fr.* [2] foltruagh, *Fr.*

'Ba mór eínech in oclaigh sin,' ar *Pátraic*. 'Ba mor,' ar *Cáilte*, 'uair nír' facaib ben cen a coibchi 7 nír' fácaib gilla cen a dliged díngmala, 7 nír' facaib fer cen a tuar*ustal*, 7 nír' gell i n-aidci riam ní nach comaillfed il-ló, 7 nír' gell il-ló ní na*ch* comaillfed i n-aidci' —*Fr.* 24^{b} 2].

[*Laud* 130^{b} 2]. IS ann so thainic rí[1] Laigen dochum Patraic.

Ní cían ro bad*ur* ann co faccad*ur* in t-aen óclach da [n]indsaigid, 7 ba maith a tuar*us*cbail in meic sin et*er* deilb 7 erred, 7 suidhis ar in fírt fótbaig[2] ina fiadnaissi. 'Cia th*us*a, a m'anam, a m*a*ccaeim?' ar *Pátraic*. 'Aed m*ac* Ech*ach* Leithd*eirg*, m*ac* rig Laigen andes. Oc*us* immáin dorigned acaind ac Síd Liamna lendchaime thes, 7 ro bói mo mathair-si 7 m'athair acaind a fiadnaissi na himana .i. Bé bind *ingen* Chuain m*eic* Fintain, *ingen* rig *Con*na*cht*, 7 ni fuil gein claindi aici *acht* missi amaenar, 7 dorigned in immain accaind, 7 ruc*us*a .uii. cluiche[3] ar in m*a*ccraid uile, 7 in cluiche[3] déidenach ruc*us* is ann dom-riacht in da mnai 7 da brat uaine umpu .i. Slat 7 Mumain a n-anmanna, 7 da *ingin* do Bodb D*er*g m*ac* in Dagda iat, 7 ro gab ben ca*ch*a laime dam, 7 rucsat me leo dochum in Broga breccsolais, co fuilet mo muinter acom chained tarméis, 7 lu*cht* in tsída acom lessug*ud* ré ré t*r*i bli*adan*, 7 atússa isin tsíd ossin ille nóco fuar*us* ed*ur*baegal in tsídha aráeir, 7 tangamar t*r*i .l. m*a*ccáem assin tsíd amach ar in faichthi, 7 is ann sin tuc*us*a dom úidh 7 dom aire in moréicen ir-raba ac lu*cht* in tsida, 7 is annsin tánac am rith ón brug conice so do t'indsaighidsi, a naemPat*r*aic.' 'Bid comairchi ón,' ar *Pátraic*, 'ind*us* na bia a nert na a cum*acht*a s*o*m fort.

IS annsin adubairt Cail*te* re *Pátraic*: 'IS mithig[4] duind dul a cuiced Laigen bodes 7 a m*ac* do breith do rig Laig*en*, 7 c*r*eidem do tsilad ann 7 mainchesa do gabail ann.' 'Cáit a fuil Cas corach m*ac* Cáincinde?' bar *Pátraic*. [fo. 131^{a} 1] 'Sunn, a naemchlei*rig*,' ar in t-airfidech. 'Bid m*ac* righ Laigen a n-aenleapaid riut 7 a n-aenchumaid noco rissem coiced Laigen.'

---

[1] rig, *Laud*. [2] fotbaid, *Laud*. [3] cluithe, *Laud*. [4] mithid, *Laud*.

In marg. Fert Rairinde il-Laig*nib*.

Tangad*ur* reompo marsin d'indsaigid chuicid Laigen, 7 rangad*ur* co ferta R[a]irinde ingine Ronain Ruaid ar lar laechmachaire Laigen, 7 indissid Cail*te* dóib cid 'ma tucad in t-ainm ar in fert .i. 'Aen deirbtṡiur ro bói accumsa,' ar Cail*te* '.i. Reiriu *ingen* Ronain Ruaid, ben Guill m*eic* Morna, 7 marb do breith m*eic* ar in tul*aig* seo hí, 7 marb in m*ac*, 7 adubairt:

Rairiu ingen Ronain Ruaid . ar ind uaig os fertais blae,
is fuithe a taissi abhus . 'sin tul*aig* gan imarb*us*.

'*Ocus* aiscid rob áil liumsa d'iarraid ort, a naemchleiri*g*,' ar Cail*ti*. 'Cá haiscid sin, a m'anam?' ar Pátraic. 'Mo deirbtṡiur do thabairt a piannaib, uair tarrasa dot muintir*us* 7 dot g*r*áda.' 'Do máthair 7 t'athair 7 do thig*er*na Find m*ac* Cumaill do thabairt a piannaib ortsu,' ar Pátraic, 'massa maith lé Dia.' Ro altaig Cail*te* sin don Tailgind, *con*id hí sin étail is ferr fuair Cailti riam.

Ocus tangad*ur* reompo assa haithle sin co Carnn na curad, risa rait*er* in Garbthanach ind Uaib Muiredaig issin tan-so. '*Ocus* indis duind, a m'anam, a Chailti,' ar Pat*raic*, 'cid imma tucad in Garbthanach ar in n-inad sa?' Freg*r*ais Cail*te* in ceist sin .i. 'Airdr*í*[1] ro gab*us*tar Eir*inn* .i. Tuathal Techtmar m*ac* Fiachach Findal*aid* m*eic* F*er*adaig Ḟindḟechtnaig, 7 iss e in Tuathal sin do ben a cind do choic cóicedaib Eir*enn*, corub uimmi raiter Tuathal Techtmar de ón techtad tuc*us*dar ar Eir*inn* 7 don techtad tuc ar choicedaib Eir*enn* re Temr*aig* na rig da foghnam. *Ocus* do bad*ur* do*no* da *ingin* tṡoinemla aici .i. Fithir 7 Dáirine a n-anmanna, 7 tainic rí[2] Laigen d'iarraid indarna hingen díb .i. Eoch*aid* m*ac* Ech*ach* Ainchind rí Laigen, 7 do ḟiarfaig rí Eir*enn*: 'cá hingen dona hingenaib is áil let, a ri Laigen? 'Fithir,' ar rí Laigen. 'Ac um,' ar rí Eir*enn*, 'ni thibersa in soisser í fiadnaissi in tṡeindsir do ḟir.' *Ocus* tucad Dáirine *ingen* Tuath*ail* do Eoch*aid* do rí[g] Laig*en*, 7 tuc*us*dar c*ét* da cach c*r*ud ina tindsc*r*a na hingine, 7 ro bói re bli*adain* aicci issin baile seo, 7 nirb' inmain le rí[g] Laigen[3]

[1] Airdrig, *Laud*. [2] rig, *Laud*. [3] laigin, *Laud*.

hí, 7 ro cóirig[1] ceilg 7 eladhain adhaig n-aen ina imdaid[2] aici féin .i. ing*en* rig Eir*enn* do breith co lar in fedha diamair, 7 a tslechtadh uimpi, 7 tech derraith daingen do denam ann, 7 naenb*ur* comalta[3] do bói aicci lé, 7 a radha a héc ann.

Ro gabad a eich don ríg 7 ro hindled a charp*at*, 7 tainic reime do accall*aim* rig Eir*enn* co Temr*aig*, 7 do fiarfaig rí Eir*enn* scela de. 'Scela olcca,' bar rí[4] Laigen, 'in ingen maith tucaissi duind a héc araeir accaind.' 'Ocus créd má tangaisi dom indsaigidsi?' ar Tuath*al*, 'uair ní chuala-sa scel is doilgi lem ina in scel sin.' 'Tánagsa d'iarraid na hingine aili ort, a rí[4],' ar eissi*um*, 'uair ní háil lem scarthain ret charad*rad*.' 'Dar ar mbreithir am,' ar rí Eir*enn*, 'ní thaispen ann sáimi na subha damsa m'ingen do tabairt duit.' 'Ní haccumsa ro bói [fo. 131ª 2] com*us* a hanma,' ar rí[4] Laigen. [Cailte *cecinit*:

Nir' agar re hiarr*aid co* nocht . is re tacrad co torocht,
co ruc Fithir leis da thigh . cerba rithír le muinntir — *Fr.* 49ᵇ].

Oc*us* tuc[ad] in in*gen* aile dósum,' ar Cail*te*, '7 tuc leis dochum in baile seo ar a tamaíd hí, 7 am*al* doriacht inn ingen sin', ar Cailte, 'chum in baile, is ann ro bói ingen aile rig Eir*enn* isin tigh ara cind.' Cailte cecinit:

Tuc Fithir a bél re lar . nir'b é in carad*r*ad comlán,
cor' brised a c*r*aide ar t*r*i . is ruc a nert ar nemfní.

Oc*us* ó'tconnairc[5] in i*ngen* aile sin .i. a siur do éc ina fiadnaissi marsin, fuair bas do chumaid a sethar fochetoir. Cail*te* cecinit:

Fithir *ocus* Dáirin[e] . da ingin Tuathail tubhaig,
marb Fithir do náirine . marb Dairfine da c*u*maid.

Oc*us* dorigned a tanach ann seo ac rí[g] Laigen, 7 isber*t* in ri[4]: 'IS garb in tanach,' ar sé. *Con*id uad sin atá 'Garbthanach' ar in n-inad so daneis. *Ocus* ro cuired issin fert fótbaig[6] seo iat a n-aenuaig, 7 iss é in scél ro fiarfaigis dim, a naemPátraic,' ar Cáil*te*.

'Adrae buaid 7 b*ennachtain*, a m'anum, a Chail*ti*,' ar Pátraic, 'is maith in scel ro indsis duind.'

---

[1] ro cóirid, *Laud.* [2] imdaig, *Laud.* [3] comaltad, *Laud.*
[4] rig, *Laud.* [5] atconnairc, *Laud.* [6] fotbaid, *Laud.*

IS annsin atconncad*ur* férbrug gabala ind imocc*us* dóib 7 aen m*a*ccaem soithim soinemail ann, 7 t*r*i .l. ech ina fiadnaissi issin fergurt gabala sin, 7 tic Pátraic doc*hu*m in m*a*ccaeim, 7 eirgis in m*a*ccaem reime. 'Uaitne rig umut, a m*a*ccaeim,' ar Pátraic, '7 ac fir th'inaid it degaid; 7 ca comainm t*u*sa, a m*a*ccaim?' ar Pátraic. 'Muridach m*a*c Tuathail m*ei*c Ḟind*achta*, m*ei*c ríg in tíre seo mé,' ar in m*a*ccaem. 'Cia in dunad út atchiamait?' ar Pátraic. 'Dunad briug*aid* do m*uinti*r rí[g] Laig*en* sin,' ar Muiridach .i. Cosc*r*ach na *cét*.' 'C*r*éd má n-apar in t-ainm-sin ris?' ar Pátraic. 'Ni fétar a chrod nait a alma do airem nóco n-airimther ar *cét*aib iat.' 'In fuigem feis na haídchi anocht ann?' ar Pátraic. 'Dogébam,' ar in m*a*ccaem, 'uair is coimsech 7 is cum*acht*ach missi issin baile, 7 ni fuil óclach in baile féin ann.' Oc*us* tangad*ur* chum in baile annsin, 7 ro chuir in m*a*ccaem Pát*r*aic *co*n*a* muintir issin rí[g]thech romor ro boi ac Coscrach issin baile, 7 dorinded a n-umalosaic ann.

Ocus dala Cail*ti*, doluid reime co Cloich na n-arm il-leith andes don dúnad, in bail a ndéndais in Ḟiann a n-airm do bleith re rí[g]lia cloiche ca*cha* bli*adne*, 7 ro chaiestar déra fírt*hr*uaga falcmara annsin os chind na cloiche ic cuimniug*ud* na muintire moire ro bói os chind na cloiche sin co minic reime. Oc*us* ní cian do bói ann co faccaid in t-aenóclach da indsaigid, 7 b*r*at corc*r*a uime 7 delg óir issin brut, 7 delb degduine fair 7 *fo*rom flatha leis 7 folt cáem cas fair, 7 nír' rathaig Cail*te* hé nócor' tṡuidh in t-óclach ar leithchenn na chloiche ina ḟarrad. 'Carsat comainm th*u*sa, a óclaig?' ar Cail*te*. 'Cosc*r*ach na *cét* m'ainmsi,' ar se. Oc*us* in t*u*sa m'aichne si?' ar in t'óclach. 'Cá haichne fuil accutsa o*rum*?' ar Cail*te*. 'Andar lemsa,' ar Cosc*r*ach, 'is tu Cailti m*a*c Ronain.' 'Is fír cora mé,' ar Cail*te*. 'Maith lem do thecmail chuccum,' ar Cosc*r*ach. 'Cid on sin?' ar Cailti. 'Atait .ix. seisrecha .xx. acumsa,' ar Cosc*r*ach, '7 in t*r*ath is inam búana [fo. 131^{b} 1] in t*r*ebaire tecaid fíad imdiscir[1] alltaide, 7 loitidh 7 millid uile, *con*nach bí tarba duinde de. Oc*us* ar fír do gaile 7 do gaiscid riutsa, a m'anum, a

[1] imdiscire, *Laud*.

Chail*ti*,' ar Cosc*r*ach na cét, 'tabair *fur*tacht 7 fóirithin[1] orum um dingbail in daim sin dím.' 'Ind aimsir do bád*us*a im luth 7 im lathar,' ar Cail*te*, 'ro dingebaind sin dít.'

IS annsin atchonncad*ur* in luathg*r*inde áigh 7 irgaile da n-indsaigid, 7 fidhnemed do tślegaib urardu re ṅguaillib, 7 ámdabach da sciathaib donna deiligthi forro. 'Cia sut, a m'anum, a Cosc*r*aig?' ar Cail*te*. 'Tuathal mác Finnachta, rí[2] in tíre seo,' ar Cosc*r*ach, 7 ro tśuidh in t-óclaech ar in faithche[3] ar a rabad*ur*. Oc*us* is annsin ro ḟiarfaig Cail*te* do Chosc*r*ach da fagtha techtaireda co Cluain cain na fairchi i cóiced Muman 7 Daire na fingaile, '*ocus* atáit mo tśecht lína ḟiadaigh sea annsin.' *Ocus* docuad*ur* na techtaireda aracend, 7 tucad*ur* na lína léo dá n-indsaigid, 7 ro chóirig Cail*te* in tśelg 'ar sin, 7 ro chóraig tiug na fer 7 immat na con in t-eol*us* ro tśail in dam sin do thiachtain, 7 do chóirig a línta ar allaib 7 ar essaib 7 ar indb*er*aib ind ḟeraind, 7 doriacht in fíad mor da n-indsaighid mara ticed cacha bli*adna*, 7 atchonnairc Cail*te* in dam allaith ac tuidecht co hAth in daim ar Slaine. *Ocus* ros-gab Cail*te* in Cosc*r*aig .i. a tśleg, 7 tuc réo n-urchuir don dam 7 sé a lenmain isin lín co tarla fat láma laich don *ch*rann na sleige t*r*ít. 'Adar limsa do d*er*gad ar in ṅdam,' ar Cosc*r*ach, '7 ca ferr ainm da ṁb*et*h ar ind ath ina Ath d*er*gtha in daim?' ainm ind atha ossin anall cossaníu. Oc*us* rucsat a druim co Druim lethan, risa rait*er* Druim ṅdeirg na damraide isin tan-so. 'A Chail*ti*,' ar sé Cosc*r*ach na *cét*, 'maith do thoisc dar n-indsaig,' [7 adubairt an l*áid* ann:

Canas ticidh a śenoir tśin . cait ar' sgarais ret m*uintir*?
rot-tarraid c*r*otfall c*r*ine . ní mairend do comdíne.
IS iat is comdíne dam . locht toirimtec*ht*a in talm*an*
Find *con*a m*uintir* miadaigh . lu*cht* tairbthech an t*r*enfiadhaigh.
Dob*er*aind oirchissecht ort . uair dorala corsat no*cht*
da marbtha dam co gaibthech . in sendam c*r*ín comraithnech.
Cind*us* do muirbfínd si é . a fir dorat duinne gné,
a marb*ad*, fa mor in mod . can coin, cen lín am farr*od*?
Atait mo lína a Cluain cáin . dob*ér* cugum mad ail dáib,
budh ésin a bás co mbladh . rachaidh 'sa sás an sendam.

[1] fóirichin, *Laud.* [2] rig, *Laud.* [3] faichthe, *Laud.*

Adagar mo lína alle . co Druim nd*er*g na damraidhe[1]
marbt*har* ann in *con*gnach *cr*uaidh . ar in leirg sea lind atuaidh.
Cáilti do beith d'eis in doim . a beith cen caimthech cen choin,
taréis na cuaine rom-char . scela is t*r*uaighi ro canadh. —*Fr*. 50,51] Can.

Ocus táinic Coscrach 7 Cailti chum in baili mara raibe noem-*Pátraic*, 7 dorat [Coscrach — *Fr*. 51] a chend a n-ucht *Pátraic*, 7 tucsat a ṡeacht m*eic* 7 a tṡecht n-ingena a cindu ina ucht, 7 ro ṡlechtad*ur* dó, uair tarlatar a da les dó in aídchi sin .i. Ṗ*átraic* do les a anma 7 Cail*te* do anaccul a arba .i. do marb*ad* in daim do bói ic foghail fair. Oc*us* do bad*ur* ic ól 7 ic áibni*us* ind áidchi sin. Oc*us* doruacht in sluag uile arnamairech 7 naem*Pátraic* amach assin dúnad ar in faithchi.[2]

IS annsin ro ḟiarfaig Coscrach na *cét* do Cail*ti*: 'cred fa tucad Cloch na n-arm ar in cairthi comdaingen cloiche sea ar in ḟaithchi.[3] 'Issí sin,' ar se Cail*te*, 'in chloch risa meildis in Ḟiann a n-airm il-laithe na samhna ca*cha* bli*adna*, 7 ar in cloich sin ro bói in smacht chomarta sida is fearr ro bói a nEir*inn* 7 a n-Alb*ain* re reimes Chuind 7 Airt 7 Chorm*aic* 7 Cairpṙi Lifech*air* .i. fail druimnech d*er*goir ir-rabad*ur* ocht fichit uinge do d*er*gór, 7 poll t*r*ésin coirthi sea, 7 issí t*r*ésin poll, 7 do bói d'ḟeb*us* rígi na ríg na lamad [fo. 131b 2] nech a breith leis, 7 do bói d'ḟeb*us* ḟessa na ṅdruad[4] *con*na lamtha a glúasacht, 7 ac smacht na rig. *Ocus* dochuad*ur* asna riga sin co tor*acht* Cairp*re* Lifech*air* m*ac* Corm*aic*, 7 ro thuit Cairp*re* i cath Gabra, 7 do luidsemarne in deired Féine do bamar,' ar Cailte, 'conici in n-inat-so, 7 ro impaidissa in coirthi 7 tuc*us* in leth ro bói suas de sís co fuil am*al* atchithi si.' 'Da faicmis in poll 7 in comartha,' ar in sluag, 'ro chreidfimaís sin.' 'Léicidsi cairde damsa,' ar-si Cail*te*, 'co ro thócb*ur* in leth atá sís di co raib suas, uair deibidach in raet in Gaeidel.' *Con*id desin atá 'is deinmnitach in raet in Gaeidel.' *Ocus* ro eirged*ur* uile a n-aenḟect da indsaigid in lín ro bad*ur*, 7 nír' ḟétsat a bec di. *Ocus* doriacht Cail*te*, 7 tuc a da rigid uimpi 7 tuc a tal*main*

[1] damraighi, *Laud*. [2] faichthi, *Laud*. [3] ḟaichthi, *Laud*.
[4] ṅdruag, *Laud*.

hí, 7 is aml*aid* ro boi, 7 a fail óir fán poll ichtarach di, co facad*ur* cach uile hí, 7 doluid Cail*te* dochum na falach 7 roindis ar dó hí, 7 tuc a leth do P*átraic* 7 a leth aile do lucht in baile ir-rabad*ur*. *Con*id Cluain falach ainm na cluana sin g*us*aníu, 7 *con*id Lia na n-arm ainm in lia sin. *Ocus* adubairt Cail*te*:

A Choscraig[1] ind aichnide . lía g*us* tathaigdis riga?
is chuice taidled in rí . Find m*ac* Cumaill Almainí.
Ris aderthai Lia na n-arm . sochaide dar' bó alt marb,
is co fuil ossin ille . 'sa n-inad na comnaide.
Morsleg da ṅdentá pud*ur* . *ocus* claidem caemchurad,
is ro limtha rissin lia . sunn, a Choscraig,[1] ris c*ach* dia.
A Choscraig.

'Adrae buaid 7 benn*acht*ain, a Cail*ti*,' ar P*átraic*, 'is maith in scél 7 in sench*us* ro indissis duind.'

Is annsin ro gab*ad* a eich 7 ro hindled a charp*at* do Coscrach na *cét*, 7 tainic reime do acallaim ríg Laigen .i. Eoch*aid* Leithd*erg*, co Druim lethan Laegair[i] m*eic* Ugaine[2] sair, co n-indissed na scela sin Cail*ti* doib. 'Is mor mo dimda ort,' ar rí Laigen, 'gan a indissin dam Cail*te* do beith acut.'

IS annsin at*r*acht rí Laigen *tr*i catha mora d'indsaigid P*átraic* 7 Cail*ti* co Raith moir Maighi Fae, risa rait*er* Raith mor ar machaire Laigen isin tan-sa, 7 suidhis naemP*átraic* *cona* muintir a ndor*us* na ratha, *con*id Suidhi P*átraic* ainm inn inaid. Oc*us* suidis rí Laigen lín a tṡluaig, 7 tuc a chend a n-ucht P*átraic* 7 a com*us* ó bicc co mór, 7 gé thanacsa do t'indsaigid, a m'anam, a naemchleir*ig*,' ar rí[3] Laigen, 'ro bói deithb*er* mor oraind anallana .i. cath d'ḟuagair Ailill m*ac* Scannlain m*eic* Dungaili, rí[3] na ṅDeissi, oraind í Cailli in chosnuma, risa rait*er* Magh Raigne, 7 ro léicis in crich do loscad dó, 7 tanac do denum do riara-sa 7 do t'accallaim.' 'Reilec ríg Eir*enn* acut ina inad,' ar P*átraic*, '*acht* co tí tú[4] timchell na licci seo ara túsa am tṡuidhi.' *Ocus* adubairt Cail*te*:

Atá lecc ina loighe . ac Druim lethan Laegaire,
maidm re ríg Laig*en* na ler . da tí in daghḟ*er* 'na deisel.

[1] choscraid, *Laud.* [2] uagaine, *Laud.* [3] rig, *Laud.*
[4] tíu, *Laud.*

'IS cet lium,' ar *Pátraic*, 'in bail atá ar Mag Raigne a tálucud don tal*main* ann.' *Ocus* doronad mar sin, uair do sluic*ed* ann hé tre breithir naem*Pátraic*, 7 ga*n* nert do gabail d'fir a inaid ar Laighnech(aib).

[fo. 132a 1.] IS annsin adubairt rí [1] Laigen: 'Mo morchen do tiacht a m'anum, a Chail*ti*, cid ar th'aghaid féin do thista, 7 dual duit tiachtain .i. Eithne ingen Taidg do m*áthai*r. *Ocus* maith m'anam a rígfeindid [2], ar rí [1] Laigen, 'cred ima tuc*ad* Tip*r*a na Scath[d]eirce ar in tip*r*ait atá a ndor*us* na ratha accaind? .i. Scathderc in*gen* Chumaill ro baidhed inti ac dech*ain* na smirdrissi Locha Lurgain,' ar Cail*te*, 'corub eisti sin ro eirig Lach linide lindfuar Lurgan, co ro lethastar óta in chorrabhall í cind tSleibe Smóil m*eic* Eidhleccair, risa n-apar Sliab Bladma issin tan-sa, conicci seo, 7 ro bói ic lethnachud tar in cuicid uile archena. Oc*us* is annsin dorigni Find ind airbirt t*r*éntoghaide is ferr dorigne nech reime riam 7 ina diaid .i. sughmaire a tír na hIndia 7 na d*r*aithi a tír na hAlmaine 7 na bangaisgedacha a tírib Sacsan 7 F*r*anc, co ro tsúighed*ur* [3] in loch línide lindfuar sin.

'Oc*us* rob an urd*r*aic in *chét*fiann sin Find m*aic* Cumaill,' ar rí Laigen. 'Nir' messa ca*ch* aen f*er* díb iná ca*ch* f*er* uainde, *acht* gan a tarr*acht*ain í comré *nó* a comaimsir duibsi, 7 iss ed ba gairdiug*ud* d'aegairib 7 do buachaillib beith ac tinol a n-airm 7 a n-étaig annseo t*r*i catha na Féinne .i. Find m*a*c Cumaill 7 Fer-domon m*a*c Imomain ó Lathraig cáin do choiced Gailian andes.' 'Ar fír do gaili 7 do gaisc*id* riut,' a Chail*ti*, ar Eochaid Leithd*er*g rí Laigen, 'indiis (*sic*) duind ina drongaib 7 ina n-áirmib inneoch ro báid [4] in smirdris Locho Lurgan díb.' *Ocus* adubairt Cailte .i.

'Faelan Findlacha aniar a cuíced *Ch*o*nn*a*cht* 7 Aeng*us* 7 Dobarchú a cuiced Laigen. Druimd*er*g Daire 7 Dubh da dét a Ceinel *Ch*o*n*aill atuaid. Iubhar 7 Aicher 7 Aed 7 Art ceith*r*i ríg Chaille in chosnuma, risa rait*er* Osraigi isin tanso, Cairell 7 Caicher 7 Corm*a*c 7 Cáemh ceith*r*i m*eic* ríg Dal

[1] rig, *Laud*. [2] rígfeindig, *Laud*. [3] tśuidhed*ur*, *Laud*. [4] báig, *Laud*.

nAraide atuaid. Maine 7 Art 7 Aralt *tri* m*eic* rig Alb*an* anall. Eóbran 7 Aed 7 Eogan *tri* m*eic* rig Bretan. Blai *rí* Ili 7 a da m*ac* .i. Cer*nd* 7 Cernabrog, da rig Indsi Gall atuaid, Díure 7 Barrae 7 Idae *tri* m*eic* rig tuaiscirt Lochlann. Luath 7 Indell 7 Eogan *tri* rig Mairtine Muman aníar. Glas 7 Delga 7 Duibne, *tri* m*eic* rig Tuath Breg 7 Midhe. Illann 7 Aed 7 Eoganan *tri* m*eic* rig Ceinel Eógain atuaid. Samaisc 7 Artúr 7 Ínber *tri* m*eic* rig Gallgaeidel anall. *Con*id iatsin anmanna na *tri*ath 7 na tig*er*na 7 na f*er* feraind ro báidh[1] in smeirdris Locha Lurggan do ch*ét*ḟéinn Ḟind m*eic* Cumaill.' *Ocus* adubairt Cail*te*: 'gé dochuaid *et*ar [mo lúth 7 — *Fr.* 52b] mo lámach tarr*us* in maghso cor'bo loch línidhe ḟuar hé, 7 ro ba glas gleor[d]a a uisce.' *Ocus* adubairt Cail*te*:

Uisci glaissi gleoraigi . féth snaissi fúam n-iubhraige,
étach fiallaig ón gaire . ac bregad m*ac* n-ingaire.
Reithis faeillean findlacha . re hur *trá*ga *tre*thnaide,
nocho n-eil cor mara rian . nochu chian na*ch* gaethlaigi.
[Corm*ac*, Cobthach, Cu-muighi . Aedan, Fergal foltbuidhi.
fer da tol temhel tuathol . Eoch*aid* Aiblen aduathm*ur*.
Druimd*erg* dáire, Dub da dét . maraen *con*riadhaidis écc,
Ibar acher, Aed is Art . Cairill caem, Caicher, Cormac.
Curach Blai . dorat tonn dochum *tí*ri,
ar mbathud Blai is a m*eic* . uch is místi óig ýle.
Maíne mend mo daltan-sa . inmain fer tosaigh tšelga,
in uair dob*er*im dom aire . inmain *secht* inmain Maine.
Robsum comorba righ riam . bái tan ní gabaind dí míadh,
ro ḟostaind-sea firu and . ro sloighinn sluagha saercland — *Fr.* 52b].
Deich fir *deich fichit deich cét* . iss *ed* a ḟír is ní brég,
do laechraid lonn, [fo. 132a 2] lathar ndil . marb is ní do chlaind aenfir.
Bertsa mo chub*us* co grian . in ca*ch* cath i ṅdecha[d] riam
gu nar' marb*us*a ann de . *acht* m*ac* ríg nó roduine.
Ro scáil mo delb is mo dath . 's am mall meta muirbillach,
dochuaid mo chiall is mo chruth . *con*na mairenn dim *acht* mh'uch,
Dochuaid mo delb is mo dath . 's am mall meta muirbillach,
becc nar' b*r*is mo chraide ar *tri* . ó scar*us* rissin uiscí.
Uisci.

IS annsin tuc sum da uidh 7 da aire a beith a n-écmais a ḟeine 7 a f*oir*ne 7 a mormuintire 7 a n-esbaid a luith 7 a

---

[1] báigh, *Laud.*

lámaig in lá sin, 7 dorinde toirrsi mor annsin. 'Maith, m'anam a Cail*ti*,' ar P*átraic*, 'nír' choir duid toirrsi do denamh, uair ferr do dluig-siu 7 do díl innáit sin uile .i. missi do tharr*acht*-ain duit, 7 maithi*us* in ḟírDia ḟorórda .i. *c*reidemh 7 *c*rabad 7 crosḟigill[1] seoch ca*ch* nech aile don Ḟéinn.

IS annsin thainic deirid don ló 7 tossach na háidchi da n-indsaighid, 7 adubairt Cosc*r*ach na *cét* ré rí[g] Laighen: 'Atá fled[2] morcháin accumsa duit, a rí[3], ar se '.i. ocht *fichit* dabach do chuirm ṡoóla ṫsomṁblasta.' 'Ni tucad damsa riam fledh[4] dara buidecha mé ina sin.' *Ocus* tangad*ur* reompo chum na fleidhe in lín ro bad*ur* do ṫsluagaib 7 do chleir*chib* im naemP*átraic* issin dúnad anunn. *Ocus* is annsin ro eirged*ur* dáilemain re dáil 7 doirséoraid ré doirseor*acht* 7 ronnairida re roind, 7 ro benad a ceindbécca da ṅdabchaib dilsi donniubhair léo, 7 ro eirgedar m*a*ccáim re hesc*r*adaib banóir, 7 ro dian-scailit biada 7 lind do chach ina diaid sin.

IS annsin adubairt rí Laigen ré Pát*raic*: 'Nach facamarne airfidech acaibsi ó maitin?' 'Atchonncais im*morro*,' ar Pat*raic*, .i. Cas corach m*a*c Cáincinde atá ac dénam ḟogloma fessa 7 eolais ac Cail*ti*.' 'Caide m*a*c na *t*rath,' ar Pàt*raic*. 'Sunna, a naemchleiri*g*,' ar in m*a*c ecalsa. 'Dó duit amach,' bar eis-i*um*, 7 ticed Aed m*a*c Ech*ach* Leithd*e*irg, m*a*c rig Laigen, fa thimpan Cais choraig let, 7 cochall ciarleab*ur* uime.' *Ocus* doratad marsin dochum P*átraic* 7 ríg Laigen hé.

IS andsin ro ṫseindestar Cas corach a timpan, 7 tuc nuallorgan sidhe fuirri, 7 do reir a hindisti do choiteldais fir gonta rissin ceol sírrachtach sidhi dorinde dóib, 7 tucad seóit 7 máine don airfideach 7 dobeirid seom il-laím a gilla, 7 do-bered in gilla do chach. '*Ocus* cia díb siut is ferr einech?' ar cach '.i. in lu*cht* dob*eir* na seóit ina in t-airfidech no in gilla? 'Is ferr einech in gilla,' ar rí[3] Laigen, 'uair iss é dobeir do chach ca*ch* ní do geib.' 'Gach ní dogebsa,' ar in t-airfitech, 'tabrad som hé, uair ní ac iarraid étala atusa i farrad in Táil-gind 7 Chailti, *acht* do denum ḟessa 7 ḟogluma ac Cail*ti* 7

[1] crosḟuigill, *Laud.* [2] fleg, *Laud.* [3] ríg, *Laud.* [4] flegh, *Laud.*

d'iarr*aid* nime dom anmain ó Pat*raic*. 'Cáid a fuarais [fo. 132^{b} 1] in gilla et*er*, a m'anum, a airfidig?' ar rí[1] Laigen, 'is ferr einech an-ái féin?' 'I cóiced Ul*ad* thuaid,' ar Cas corach. 'Ca hainm hé?' ar rí Laighen. 'Gilla ḟuaramur,' ar in t-airfidech, 'na fes ainm na máthair na athair dó.'

IS annsin at*r*acht rí[1] Laigen le beind mbuabaill[2] bói ina laim, 7 adubairt: 'Maith m'anum, a naem*Pátraic*, da rabamarne ac Síd Liamna Lennchaime ingine Dobrain Dubthaire thes, is annsin doriachtad*ur* chucaind da ingin míne mongbuidhe, 7 rucsat léo m'aenm*ac* sa do lár ind aenaig, 7 ní ḟetarsa in a firmamaint suas rucsat hé *nó* 'n a tal*main* sís, 7 is gaeth ré haenbili missi taréis m'aenm*eic*, 7 atússa ina uresbaid óssin ille, na*ch* fetar issin domun a díl. Maith a m'anum, a naem-*Pátraic*,' ar in rí,[1] 'ro bo maith lemsa fís a bíí *no* a mairb d'ḟaghbail uaitsiu.' 'Mád déoin don Dúilim dogébthar a ḟis duitsiu.' *Ocus* ro bad*ur* ann co *t*rath éirgi arnamairech, co ro eirig g*r*ian asa circcaill teintighe.

Deich fir deich *fichit* deich cét . iss ed a ḟír is ní breg,
iss *ed* geb*us* mo chell chain . d'abbaib *ocus* d'ḟírenchaib.
Gebthar sailm, gebthar creda . paitrecha *ocus* soisscela,
gebthar sailm sunna co moch . iman carnn a fuil in cloch.
IN cloch.

'Adrae buaid 7 benn*acht*ain, 7 a m'anum, a naemPat*r*aic,' ar rí Muman, 'is mór d'fis 7 d'ḟíreol*us* ro indsebair duind imaraen.'

Oc*us* ro bad*ur* in sluag uili annsin cor' eirig g*r*ian assa circaill teintidhi[1] 7 cor' lín da soillsi in doman, 7 dolod*ur* in sluag reompo assin co Raithin na n-ingnad siar co Mag Femin, 7 do tśuidhestar rí Muman isindarna cind don raith co maithib Muman uime, 7 suidhis naem*Pátraic* 7 Cail*te* isin chind aile na ratha.

IS annsin ro ḟiarfaig Eogan Leithd*er*g m*ac* Aeng*us*a rí Muman: 'Cred ima tucad Raithin na n-ingnad ar in raithin seo?' *Ocus* adubairt Cailte ic a f*r*eg*r*a:

'INgnad turchairthe fuair Find . issin tulaig ara chind,
in *tr*iar fer, ba cáeme a clíu . *ocus* aenchú eturru.

Laithe n-aen', ar Cail*te*, 'da tangamarne t*r*i catha na Féine conici in tulaig sea 7 atchonncamar in triur óclach sin ar ar cind 7 aenchú accu, 7 ní raibi isin domun dath na raibi isin choin, 7 do bói aidble méite urri seoch na *con*aib aile, 7 ro tśuidhe-

[1] teintighi, *Laud*.

dar na hóclaig a fiadnaissi Ḟind. 'Can*us* tangabair, a ócu?' bar Find. 'Assinn Iruaith moir anoir,' ar iat-s*om*. 'Cret ima tangabair?' ar Find. 'Do denam ar cuir 7 ar muinterais riutsa,' bar iat. 'Cá maith bias duinde,' ar Find, 'in bar ṁbeithsi acaind?' 'IN t*r*iur atamait,' ar siat, 'atá feidm ar leith ac ca*ch* aenḟer acaind.' 'Ca feidm sin?' ar Find. 'Dingebatsa f*or*aire Ḟiann Eir*enn* 7 Fiann Alban,' ar óclach dib. 'Ca*ch* feidm catha 7 comlaind ticem*us* chum na Féine dingebatsa díb uili sin, 7 bid uile in [a] tost,' ar [in]darna hóclach. 'Abair, a óclaig út,' ar Find, 'cret t'ḟeidm-si?' 'Adeirim,' ar in t-óclach, 'ca*ch* mor doithbir[1] teicemh*us* chum mo thig*er*na dingebat hí, 7 ca*ch* ní dogéntar d'athchuingid fair dogebthar uaimsi hé,' ar in t-oclach. '*Ocus* dala na con,' ar in t-óclach, 'in comḟat bias fiad a nEir*inn* dingebaid sí ca*ch* re n-adhaig d'ḟiannaib Eir*enn*, 7 dingebat fein ind adhaig aile.' 'Cret iarrfai[d]si orumsa?' ar Find, '7 bar ṁbeith accum aml*aid* sin?' 'T*r*i comada duind,' ar iats*om*. 'C*r*ét na comada?' ar Find. 'Gan nech do thiachtain dochum ar longpuirt ó thicfa adhaigh tré bithiu do chian na d'ḟoc*us*, 7 gan a becc na a mór do chomraind do thabairt duind tré bithiu, 7 díghu selga duind ó ḟiannaib Eir*enn*.' '*Ocus* ar bar cub*us* rib', ar Find, 'cret ima sirenn sib [fo. 136b 1] gan nech dab*ur* faicsin ó thic adhaig chucaib?' 'Atá cúis 7 adhb*ur* accaind,' ar siat, '7 na sir ní aili oraind gid fada gairit bemait ar aenrian. *Ocus* in t*r*iur óclach so atchísi sind,' ar siat, 'bith in tres fer acaind marb ca*ch* tres n-aidchi, 7 is uime-sin nach áil lind nech dar faicsin, 7 bídmaidne ic faire in ḟir sin.' *Ocus* ba geis d'Ḟind marb d'ḟaicsin ach muna marbdais airm hé, 7 no biad a ḟoirithin[2] sin a comḟoc*h*raib ac Find,' ar Cail*te*, '.i. tiachtain timchell in raithín sea.' *Ocus* adubairt Cail*te*:

Fa geis d'Ḟind beith a cind mairb . in neoch nach muirfitis airm,
mona thairsed, caem a chlíu . a timchell na ratha sú.

IS annsin doriachtad*ur* morṡeisir aessa dana co Find do muintir Chithruaid m*eic* Air*m* m*eic* Ḟirc*óecat* do chuingid duaisi duaine .i. t*r*i .l. uingi d'ór 7 t*r*i .l. uingi d'airget do breith co

[1] soithbir. *Laud.* [2] ḟoirichin, *Laud.*

Tem*raig* do Chithruad. 'Dogebthar accainde a foirithin sin,' ar Scannal hua Liathain .i. óclach g*r*ada d'Find. 'Maith, m'anum, a aes dána,' ar na hóclaig, 'in ferr lib duais b*ur* nduaine d'faghbail anocht na a faghbail amairech?' 'IS leor lind amarach,' ar in t-aes dana. Is annsin tangad*ur* in t*r*iur óclach sin, 7 a cú léo, co leap[aid] in con o Raithin na n-ingnad amach, 7 ro scéastar in cú ina fiadnaissi t*r*i .l. uingi d'or 7 t*r*i .l. uinge d'airget, 7 tucad don aes dána sin, 7 ro imthighedar.

IS ann adubairt Find,' ar Cail*te*: 'Cind*us* dogenat t*r*i catha na Féinde gan uisci accu anocht?' IS ann adubairt óclach díbsum: 'Ca mét cornn comaitechta atá ac Find?' 'Da chornn déc 7 t*r*i *cét*,' ar Cail*te*, 'atá ac Find m*ac* *Cumaill*.'

Da chornn déc *ocus* t*r*i *cét* . do chornnaib co n-ór ac Find,
ind uair déirgimis don dáil . fa hadbul a lán do lind.

'Tabar na cuirnn im laim-si,' ar in t-óclach, '7 géb é ní dob*er*ar intib sidhe ibhid-si hé.' *Ocus* ro lín in t-óclach fa t*hr*i iat do fiannaib Eir*enn*, 7 ba mesc medarchain iat don t*r*es fecht ro lín iat.

'INgnad ám,' ar Find, 'in corug*ud* fleide seo, 7 corub Lis na fleide ainm in lessa a tucad d'Find hí, 7 corub Lepaid in chon ainm na leptha, 7 is uime thucad Raithin na n-ingnad ar in raithin-seo,' ar Cail*te*, '7 Lis na fleide ar in lis-sa, 7 Raith chind ch*on* ar in raith-seo aile. *Ocus* ro bad*ur* re bli*adain* isin Féin marsin.'

IS annsin tainic Eogan Leithd*er*g m*ac* Aeng*us*a m*eic* Natf*r*aich reime, 7 P*átraic* maraen ris 7 Cail*te*, co Raith Chind ch*on* a ndeisc*ert* Maigi Feimin, 7 co Lis in bant*r*achta bodes 7 ro tsuidh in sluag uile ar in raith, 7 suidhis Cail*te* í fiadnaissi Eogain Leithd*eir*g. 'Maith, m'anum, a Chail*ti*,' ar Eogan, '*cr*ét fa tucad Raith Chind ch*on* ar in raith-sea, 7 Lis in bant*r*achta ar in lis-sa?' 'Flaithbriugaid cétach ro bói annseo .i. Cellach m*ac* Duibdét a chomainm, 7 ind uair ro hairimthea a tséoid iss ed do bith lán laechmachaire Maighi Feimin aici. Ni raibe issin domun co cert duine bod mó cuid díbhi na leoch-

aillechta anas, 7 tangamarne,' ar Cail*te*, '*deich*neabar ar *fichit* sciatharmach ma rígḟéindid[1] Eir*enn* 7 Alb*an* ar ṅden[um] selga tṠleibe Cua duind, 7 ro tṡuidhemar ar colba chíuil ann, 7 sul tairnig fóssaic[2] do denam duind tuc *fer* in tighi ail 7 aithis ar ca*ch* *fer* fa leith uaind cen mothug*ud* d'Ḟind.

IS annsin do labair *fer* borb don Ḟeind .i. Cuindscleo m*ac* Ainscleo, m*ac* rig Bretan anair ris, 7 adubairt: 'Is mer in scem chind ch*on* dobeir in t-eathach ar ḟiannaib Eir*enn*,' ar se. 'Tarrais buaid focail fair 7 n-anma,' ar Find, '7 léic Cenn ch*on* air t*r*e bithu.'

'*Ocus* c*r*ét fa tuc*ad* [fo. 136[b]2] Raith in bant*r*achta ar in raith sea?' ar rí Muman re Cail*ti*. 'Is accumsa atá a ḟis gen gub nua inní dia tá .i. *coec*a ban [n]g*r*essa is ferr bói a nEir*inn* do thinoil in flaith Find do indsaigid na ratha so fa comair erraid 7 étaig do denam d'ḟiannaib Eir*enn* doib, 7 tuc*ad* a cenn*us* sin uile d'ingin rig Bretan dar'bo chomainm Dergoda bancheile Oscair m*e*ic Oissin, 7 ro bad*ur* issin baili-sea re ré moir do bli*adnaib*. *Con*id uatha sin atá Raith in bant*r*achta ar in raith sea 7 Raith Chind chon ann.

'*Ocus* cret in cairthi comdaingen cloiche ut atá ar lár na ratha tall?' ar rí[3] Muman. 'Caindelbra in bant*r*achta sin,' ar Cailti, 'uair ni hail leo teine ach fa thrí ca*cha* bli*adna* .i. na roissed s*m*al na dendgor na detach na teined iat na a n-étaigi. *Ocus* ro bad*ur* isin baile marsin re t*r*eimsi do bl*ia*dnaib ac denum lamda 7 ac córug*ud* étaig na Féine, 7 bói gairdiug*ud* mor ac in bant*r*acht sin .i. t*r*i hingena rig Ó Ceindsel*aig* .i. Findchas 7 Findruine 7 Findingen a n-anmanna, 7 do bói timpan becc accu *con*a leithrind airgit 7 *con*a deilgib óir buidhe, 7 mná re gur lamnada ro choiteldais leissin céol sirrachtach sidhe ro chandais na t*r*i hingena sin don bant*r*acht.'

Ocus crét in da *fer*t mora so atchiamait, a Chail*ti*?' ar in rí[3]. 'In t*r*iar óclach dorigne a muintir*us* ic Raithin na n-ingnad re Find 7 in cú accu iss iat do marb in da óclach assa fert sin .i. Donn 7 Duban, da m*ac* rig Ul*ad* atuaidh.' *Ocus*

[1] rígḟeindig, *Laud.* [2] fossaig, *Laud.* [3] rig, *Laud.*

cind*us* a torcrad[ar], a m'anum, a Cail*ti*?' ar rí Muman. 'A ṁbeith-si*um* a n-inad ar leith on Feind,' ar Cail*te*, 'in *tr*iur óclach sin 7 a cú a medon eturru, 7 ó thiced ind adhaig do bith múr tened[1] umpu *con*ach lamad nech a fégad et*ir*. *Ocus* do bad*ur* da m*ac* rig Ul*ad* .i. Donn 7 Duban, ac f*or*aire Ḟiann Eir*enn* 7 Ḟiann Alb*an* ind áidchi sin, 7 tangad*ur* fa *thr*i a timchell na Feine, 7 in *tr*es fecht tangadar,' ar Cail*te*, 'atconncad*ur* in mur tened, 7 adubairt Donn m*ac* rig Ul*ad*: 'ingnad mar atait in *tr*iar óclach 7 a cú eturru re bli*adain* andossa, uair do ḟógrad*ur* gan nech do dul da fégad ó thicfad adhaig.' *Ocus* tangad*ur* reompo da n-indsaigid m*e*ic rí[g] Ul*ad* fan cuma sin, 7 dochuad*ur* *tr*esan múr teined anunn, 7 o rangad*ur* tucsat a n-airm re n-ais, 7 ro bad*ur* ac fégad in *tr*ír óclach 7 na con, 7 in cú romor do bíth ca*ch* láe acco ac seilg 7 ac fiadach nír'bo mó na *cr*annchú bís ic roduine ind uair-sin hí, 7 óclach díbs*o*m 7 claidim áith urnocht ina laim a[c] comet na con 7 oclach aile dib 7 cuach findairgit aici ré bél na con, 7 raga ca*ch*a lenna ro tṡired cach f*er* díb, 7 iss*ed* ro chuired in cú tar a bel issin cuach. *Ocus* is annsin adubairt óclach díb rissin coin: 'Maith a m'anam, a uassail 7 a ḟireoin, a ḟerm*e*ic, mothaig let in brath tucad ón ḟlaith ón Ḟind fort.'

IS annsin im*morro* ro chraith in cú a herboll, co tainic gaeth doilfi d*r*ai[d]*echt*a as, co ro thoitsetar a sceith da ṅguaillib 7 a slegha assa lamaib 7 a claidme da slessaib, co rabad*ur* issin múr theinead ina fiadnaisi, 7 ro marbsat na hóclaig sin da m*ac* rí[g] Ul*ad*,' ar Cailte, '7 ro impó in cú 'ar marbad na fer, 7 tuc a hanail fa na corpaib na fer co ṅderna min 7 luaith díb, c*on*na frith fuil na féoil na cnáim dib ar lathair. *Ocus* iss é sin,' arsi Cail*te*, 'in da f*er*t ro fiarfaigis dim, 7 geb é ro oslaiced orro ní fuighbed a bec intib *acht* mad a lán uire 7 gainim.'

'*Ocus* nir' indis duind riam,' air-si Eogan Leithd*er*g [fo. 137a 1] rí[2] Muman, 'scél budh inganta 7 budh diamra ina sin, a m'anum, a Cail*ti*; 7 cret in sonn ard ut do tháib in chairthe thall,' ar in rí[2], 'isin raith?' 'Tuar*us*tul in banchuire

---

[1] mur tenid, *Laud*. [2] rig, *Laud*.

sin,' ar Cail*te*, 'ó Finn cacha bli*adna*, 7 Osc*ur* m*ac* Oissin ro ḟolaig hé .i. x. *fichit* uinge d'ór fá *thri*, 7 is ann ro foilged hé fa bun in chartha sin.' *Ocus* ro eirgedar in sluag 7 ro oslaicetar fair, 7 tucsat in t-ór as, 7 tucad a *tr*ian do ríg Muman 7 a *tr*ian aile do nóemP*atraic* 7 do Cail*ti*, 7 *tr*ian dona cleirchib. '*Ocus* mairid in t-ór,' ar Cail*te*, '7 ní mairenn in flaith Find na Osc*ur* m*ac* Oissin ro folaig.' *Ocus* adubairt Cail*te*:

Mairid aníu Raith chind chon . gan áille gan imrissin,
ocus ní mairenn an rí . Find m*ac* *Cumaill* Almainí.
Mairid ann lia na ratha . *gus*' tathaigmis *cach* *tr*atha,
is mairid in t-ór derg dron . *ocus* ní mairenn Oscur.
Aidhed Duind is Dubain dil . fuarad*ur* bás a fol*aig*,
is bamarne 'ga n-iarraid . sechtmain ar mís is bli*adain*.
Findchas is Finndruine iar fír . is Findingen, *tr*uag in gnim,
ar na hindb*er*aib co mblaid . tri hingena in Cheindsel*aig*.
INmain in timpan blaith bec . ní chual*a* cluas a chomboc,
ro choiteldaís, mor in buaid . sluaig in domain ré haenuair.
Timpan bec ro bói ac na mnaib . *cona* leithrind airgit báin,
cona deilgnib oir buidhe . *cona* thétaib findruine.
Caeca lepaid astigh thall . *caeca* cornn, *caeca* fi[d]chell,
caeca uinge d'ór d*er*g dron . ca*cha* bli*adna* a tuar*us*tal.
Adeirimsi riut reime . is fír inní raidimne,
mor do *cach* maith urc*r*ade . do chaithsimne 'sa raith-se.
Mairid.

'Dala in *tr*ir óclach sin, a m'anum, a Chail*te*, ar rí [1] [Muman] assa haithli, 'ind acaibsi do bad*ur* *nó* ind uaib dochuad*ur*?' 'Is acainde ro bad*ur*,' ar Cail*te*, 'nóco ndernad becbuidhne don Féin 7 nónbair do *thr*ib cathaib na Féine ac Raithin na nónb*ur* ac laechmachaire Laighen. *Ocus* rainic nónb*ur* óclach 7 naenb*ur* gilla in *cach* aen baile a nEir*inn* don Ḟeind d'iarraid da m*ac* ríg Ul*ad* atorc*r*ad*ur* re m*ac*aib rig na hIruaithe aniar.

Dala im*morro* Find m*eic* *Cumaill*, rainic reime co Temair Lua*ch*ra ar scailed na Féinde dó, 7 ní roibe don Féind ina farrud *acht* daesc*ur*sluag 7 gillida fedma na Féinne.

Dala na naenb*ur* sin dorinde Find d'Ḟiannaib Eir*enn* d'iarraid da m*ac* rig Ul*ad*, tangad*ur* co Temair Lu*ach*ra ind

[1] rig, *Laud*.

ınadhaig d'indsaigid Find gan fis a mbí na a mairb na *fer* n leo, 7 a ndala sin conic[i] sin.

Dala Pat*r*aic im*morro* 7 rig Muman, tangad*ur* secha bodes o Beind mbain in retha et*ir* Sliab Claire 7 Sliab Crot. *Ocus* o tsuidhetar in sluag uile ann, 7 ro tsuidh *Pátraic* 7 Cail*te*, adubairt rí Muman: '*Cr*ét fa tucad Benn bán in retha ar in ı-inad so?' *Ocus* f*r*egrais Cail*te* sin:

n marg, Cid diatá Benn bán in retha et*er* Sliab Claire 7 Sliab Crot?

'Feacht n-aen da raibi Find m*ac* C*umaill* ar in tul*aig*-sea tchonncad*ur* in mnái ara cind issin tul*aig*, 7 brat corc*r*a corrıarach uimpe, 7 delg óir issin brut 7 lann d'ór buidhe ré étan, 7 ro fiarfaig Find scela di canas tainic, 7 f*r*egrais sí dó:) Beind Étair m*eic* Étgaith ind feindida anair.' 'Ca comainm ıúsa, a ingen?' ar Find. 'Étain Foltfind m'ainm-si,' ar issi . in*gen* Éda Uchtgil a Síd Beinde hEtair anair.' 'Cret 'ma ngais assin conici seo?' ar Find. 'D'iarraid comlenga aenfir ' Fiannaib Eir*enn*,' ar sí. 'Cind*us* atá do rith?' ar Diarmait ıa Duibne [fo. 137a 2] rissin ingin. 'IS maith mo rith,' ar inn gen, 'gid fata gair bias tír *nó* tal*am* fám chois is cuma lem ıith am rith,' ar inn ingen. Cail*te* adubairt:

Mar thangamar don Beind bain . doriacht aenben inar ndáil,
is do fuacair ar Fein Find . comling aenfir gerb' eislind,
Ro rithissa ria 'arsin . g*us*in n-ard os Badhamair,
fa comluath duind issin chnoc . is limsa ro bo lanolcc.
IS do rithamar 'ar sin . assin chnoc os Badhamair
tar uaim tar ochtaib glinde . co dún danair Dubli[n]de.
IS mé fa taísci issin dún . nir'bo mé in Cail*te* gan rún,
is dochuad*us* díb uile . et*ir* coin *ocus* duine.
Oc*us* dochua[d]mar 'ar sin . g*us*in n-ucht ac Beind Étair,
cor'ba tsol*us* uile in sluag . issin tsíd álaind indfuar.
Tangamar anunn 'sa síd . fuaramar ann midh is fín,
is ro bamar ann 'ar sin . fiche aídchi 'na degaid.
Bristi mo *chr*ide am chli chain . is na turcnam dom anmain,
ic fechain *cach* thulcha iar tain . *ocus* na beinde ar marthain.
Mar than*gamar*.

'Oc*us* iss é lín tangamar g*us*in síd annsin,' ar Cail*te*, 'xx.c. Fiannaib Eir*enn* 'ma[1] Find m*ac* C*umaill*, 7 ro tsuidsemar ar

[1] mad, *Laud*.

colba chiuil in righthighi issin tṡíd, 7 'arsin dorinded ar n-umal-ḟossaig, *ocus* ro claeed ar ṅgere, 7 ro scuired ar n-íta. *Ocus* mar do bamar ann atconnairc in flaith Find in n-ingin mín mong-buidhe os urd*r*eich na ṅdabhach, 7 cuach findairgit ina laim, 7 sí ac dáil do chách.

IS annsin adubairt in flaith Find: 'Adar lind issí siut inn ingen ro ḟocair comrith 7 comling ar in Féind ó Chathair tṠleibe Crot aniar co Beind Étair m*ei*c Étgaith in ḟeindeda.' 'Nocho ní siut do bói remut et*ir*,' ar Aed Uchtgel rí in tṡída, 'uair issí sin ben as mailli atá accainde.' 'Cia ro bói romainde amlaid?' ar Find. 'Bé mannair in*gen* Aingceoil,' ar Áed Ucht-gel m*a*c Aeng*us*a m*ei*c in Dag[d]a .i. banechlach[1] Thuaithe dé Danann. Oc*us* issí théit a richt in spegdubain 7 in mil moir, 7 delb*us* a richt na cuile hí féin, 7 delbaid a richt cacha fírcharat et*ir* ḟir 7 mnai fos, 7 co léicenn cach a rún ria, 7 issí sin ro bói reomutsa aníar isin comling retha, 7 ní hí in in*gen* út,' ar Aed, '*acht* ro bói ac ól 7 ac áibnius os chind na ṅdabach issin tṡíd.' '*Ocus* ca hainm in *ingen* út?' ar Find. 'Étain Ḟoltḟind sin,' ar Aed Uchtgel '.i. in*gen* damsa 7 mac-caem T*uaithe* dé D*anann* uili hí.' 'IS aml*aid* ata in in*gen* sin,' ar a hathair, '7 lendann aici d'Ḟian*naib* Eir*enn*.' 'Maith a m'anum,' ar Find, 'cia accaind in lendan sin?' 'Osc*ur* mac Oissin annsiut,' ar eissi*um*, '7 issí do chuir ind echlaig[2] ar b*ur* cendsi co Cathair tṠleibe Crot bodes, 7 tairgid Cairp*re* Lifechair m*a*c Corm*ai*c in *tr*icha cét is chomnessa do Tuath*aib* Breg 7 Midhe do thabairt dó T*huaith* d*é* D*anann* in[a] tindscra 7 ina *tur*thochmarc dogrés, 7 a cur fein a meidh 7 a comt*hr*om d'ór intí 7 a comt*hr*óm d'airgid 7 a thabairt sin di.' 'Cid um nár' ḟaemabhair-si hí do m*a*c ríg Eir*enn* tar a éis sin?' ar Find. 'Nir' gabumar,' ar Aed, 'uair ni raibi cuit m*en*man na aiccenta di ann, 7 ní dernamar ni a dáil na a caingen 'arsin.' 'Maith,' ar Find, 'ca coma tṡire orainde? Maith m'anam, a ingen, ca coma iarrái ar m*a*c micc in rigḟeinded .i. ar Osc*ur*?' Adubair[t] in ingen: 'Gan mo léicen tré bithiu nóco tí m'anfalta

[1] banethlach, *Laud.* [2] ethlaig, *Laud.*

fein rium.' 'Rachaid ám in choma sin duitsiu,' ar Osc*ur*. 'Tabair cuir 7 tenta rind annsin,' ar in in*gen*. 'Cá cuir *con*naigi?' ar Osc*ur*. 'Goll m*ac* Morna ó m*a*caib Morna 7 Find m*ac* *Cumaill* ó Ḟiannaib Eir*enn*.' *Ocus* tuc*ad* na cuir sin ria [fo. 137^{b} 1], 7 ro ḟóeestar inn ingen 7 Osc*ur*, 7 ro bamarne re .xx. aidchi ann ina degaid sin.

IS annsin ro ḟiarfaig[1] Osc*ur* d'Ḟind: 'cáit a ṁbersa mo mhnái?' 'Co hAlmain lethanglais Laig*en*,' ar Find, 'co cend .uii. ṁbli*adan*, 7 faghaib-si féin inad ossin amach di.'

'*Ocus* tucad cath buidhnech Beindi hEtair assa haithle sin,' ar Cail*te*, '7 ro t*r*omloited Osc*ur* ann, 7 ro bensatar ind Ḟand a ciall de, 7 ro ben Find fos de, 7 tainic Etain Ḟoltḟind áidchi ann ar in n-imdaid[2] i farrud Oscuir, 7 atchonnairc in delb rigda romor ro bói fair do scuch uaidi, 7 tainic glaisi 7 duibe da hindsaighid, 7 ro thócaib in in*gen* a fáidhe fírt*hr*úaga 7 a gol n-ard n-accaintech ós aird, 7 tainic inn ingen ina himdaid[3], 7 ro moid[4] cnomaidm da c*r*aide ina cliab, 7 fuair bas do c*hu*maid a céile 7 a cétmuintire am*al* atchonnairc hé, 7 ro hindlaiced chui*nd*[5] a sída bodéin hí, co Síd Beinde hÉtair, 7 ro cuired fo cláithib tal*man* hí. *Con*id Fert Étaine a ainm,' ar Cailte. '*Ocus* ro ḟácaib t*r*i m*ei*c [leg. coin] maithe ac Osc*ur* .i. Luath 7 Indell 7 Osc*ur* a n-anmanna. *Ocus* iss é sin scel ro ḟiarfaigis dim,' ar Cail*te*, '7 is uime sin tucad Bend bán in retha ar in n-inadhsa.'

Ocus ro bad*ur* ann ind aidchi sin co tainic la *cona* lan-soillsi arnamairech, 7 ro eirig nóemPatraic 7 in sluag uile co rangad*ur* co Cuillind 7 co Callaind a n-Íb Cuanach, 7 suidhis nóemPat*raic* ann, *con*idh Suide P*átraic* ainm inn inaid ó sin anall, 7 suidid[6] rí Muman ar gual*ainn* P*átraic*, 7 suidhis Cail*te* ina fiadnaissi.

In marg. Ut dicitur Cuillind a n-Ib Cuanach aniu.

IS ann sin ro ḟiarfaig Eogan Leithd*erg* m*ac* Aeng*usa* .i. rí Muman do Chail*ti*: 'Cred 'má tuc*ad* Callann 7 Cuillenn ar

[1] ḟiarfaid, *Laud*. [2] nimdaig, *Laud*. [3] himdaig, *Laud*.
[4] moig, *Laud*. [5] dochum, *Fr*. 65. [6] suidig, *Laud*.

in inad so, 7 *cré*d 'ma tucad Lighi ind óic 'ar in tul*aig* út 7 Clad na Feine ar in clad so atá a timchell ind f*er*aind 7 na *c*riche?' *Ocus* fregrais Cail*te* in cheist sin:

'Laithe n-aen,' ar-si Cail*te*, 'da raibe Find m*ac* C*umaill* ac Raith chuiri et*ir* Dún ṅDelga 7 muir í cind T*r*ágha Baile 7 Leapaid na hiubraige dondarna taeb d'[Ḟ]ind .i. Raith na heo*r*aide inad in Duib-sai[n]glenn 7 in Leith Macha don le*ith* eili 7 Dun delga ar ar cúl, 7 ní cían ro bamar ann,' ar Cail*te*, 'co faccamar in t*r*icha cairptech issin t*r*áig atuaid,' ar Cail*te*, 'cach dirge chucaind, 7 ro tairrlingetar ann, 7 ro scuirsetar a n-ech*r*aid, 7 suidis in t-óclach roscleth*an* mor ba sine 7 ba huaisli acco ar gual*ainn* Ḟind m*eic* C*umaill*, 7 fiarfaigis in flaith Find scela de. 'Canas tangais, a m'anam, a óclaig, 7 cia thú féin?' ar se. 'Callann m*ac* F*er*g*us*a Find missi,' ar in t-óclach, 'mac ríg Ul*ad* atuaid, 7 mo d*er*brathair fein Áed Donn m*ac* F*er*g*us*a Find atá accum indarba nach léicend ac Corm*ac* hu-Chuind mé 7 na*ch* léicenn am duthaig[1] féin. Oc*us* tanac dot' accal-laim-si, a rígḟéindid,[2] uair atá ar fialcharad*r*ad araen .i. Meas Mungel, in*gen* Aeng*us*a rí Ul*ad*, do tṡenmathair-siu derbtṡiur m'atharsa 7 mathair Cumaill isseic.

'Mass ed is ó Ultaib,' ar Oissin, 'tucamarne in mire 7 in torcdacht ata induind.' 'IS uaithib,' ar Find, 'co deimin. IN a n-Ultaib is áil let f*er*ann d'ḟagbail?' ar Find. 'Ní hed um,' ar eissi*um*, 'uair ni dingnem fingal etraind féin.' 'Mass ed,' ar Find, 'rachatsa amairech romum co hEocho Faeb*ur*d*er*g m*ac* Find, co ríg da cóiced Muman, 7 sirfetsa f*er*ann re hed [fo. 137ᵇ 2] 7 re hathaid[3] duitsi air.' *Ocus* muna ḟaghb*ur* f*er*ann ar ais dobersa cath i cind T*r*aga Baile um it ḟerann fein do rí[g] Ul*ad*.'

IS annsin do eirged*ur* t*r*i catha na Feine, 7 Callann m*ac* rig Ul*ad* reompo bodes co Cathair tṠleibe Crot co hairm a raibe rí Muman, 7 tainic in rí a comdail Ḟind 7 Ḟiann Eir*enn*, 7 adubairt: 'Mochen do tiacht, a m'anum, a Ḟind,' ar rí Muman, 'is tairise linde ind ḟaeilte sin.' 'Is tairissi ón,' ar in rí, 7 tangad*ur* issin ṅdunad anunn 'arsin, 7 ro f*r*ithailed uile iat, 7

[1] duthaid, *Laud*. [2] rigfeindig, *Laud*. [3] hathaig, *Laud*.

ro cóirged tech n-óla acu, 7 tucad Goll m*a*c Morna a l*et*hlaim Ḟind, 7 tuc*ad* m*a*c rig Ul*ad* ar in laim aile Ḟind.

Oc*us* is annsin adubairt rí Muman: ‘In faccabair d’f*er*aib Eirenn *nó* d’f*er*aib in domain uile in t*r*es f*er* budh ferr delb ina in t-óclach út ar gualaind Ḟind m*ei*c Cumaill?’ *Ocus* ro ḟiarfaig rí Muman: ‘cia hé in t-óclach sin fuil it farrudsa, a Ḟind?’ *Ocus* ro indis Find a ainm 7 a sloinded dó, 7 a thuidecht d’iarraid f*er*aind 7 ḟorba fairsi*um*. ‘Dar mo breithir am,’ ar rí Muman, ‘gid ara aghaid[1] féin do tiucbad duine a chommaith sin d’iarraid c*r*ich 7 f*er*aind ro bad chóir a thabairt dó, 7 tussa a m’anum, a rí[g]ḟéindid[2] da iarraid is córaide a thabairt dó. *Ocus* acsíut da t*r*iucha *cét* uaimsi dó,’ ar rí Muman. ‘*Ocus* in t*r*es t*r*iucha [cét] damsa 7 don Ḟéin, ar Find. *Ocus* tucad dósom sin. co rabad*ur* t*r*i .xxx. *cét* d’f*er*ann aicci.

‘Caít a tabrai dó in f*er*ann sin?’ ar Find. ‘Breicthír,’ risa raiter Hí Chuanach, ‘7 Tulach na dala,’ risa raiter Cuillind issin tanso. IS borb ulltachda mo muintersa,’ ar Callann m*a*c F*er*gusa, ‘7 cind*us* dogenat?’ ‘Comairle accum duitsiu uimisin,’ ar rí Muman ‘.i. denat in Ḟiann annsiut dúnchlad 7 daingen umat t’f*er*ann.’ *Ocus* do eirgedar t*r*i catha na Féinde, 7 dorigned leo sin re .uii. laithi na sechtmaine, 7 dorigned sluagdor*us* deabtha fair, 7 ’arna denam sin dó, tainic Find 7 t*r*i catha na Feinne 7 Callann m*a*c F*er*gusa, m*a*c ríg Ul*ad*, maraen ríu co Cathair tṠleibe Crot dorissi.

IS annsin adubairt Find: ‘Maith, a m’anum, a rí Muman, in fitir t*us*a ca toisc aile risa tangamarne do t-indsaigid?’ ‘Ní ḟetar um,’ ar in rí. ‘Do chuingid t’ingine-si .i. Chuillinde, do Challann do m*a*c ríg Ul*ad*.’ ‘Cred a tindsc*r*a 7 a tirochraic[3]?’ ar a hathair. ‘Tindsc*r*a cétach,’ ar Find .i. *cét* do ca*ch* crud 7 do cach díne di, 7 rach sin ar breithir di,’ bar Find, 7 ra naidmed di sin, 7 tuc*ad* ingen rig Muman do m*a*c rig Ul*ad* ind aídchi sin,’ ar Cail*te*. Oc*us* dochuaid Callann m*a*c rí[g] Ulad arcend a muintire bothuaid, 7 doriacht a muintir leis

[1] adhaig, *Laud.* [2] rí ḟeindig, *Laud.* [3] tinacraid, *Laud.*

d'indsaigid ind f*er*aind sin tucastar rí Muman dó, 7 dorigned dúnad mor leis annseo.

Oc*us* rucastar inn ingen m*ac* suaichnid sainemail dó .i. Fer óc a ainm, 7 ro bo therc a nEir*enn* uili nech budh commaith delb na luth na lamach ris.

Oc*us* doriachtamarne t*ri* catha na Feine d'indsaigid in baile seo 7 *deich cét* ar *fichit cét* ca*cha* catha díb, 7 mar do bámar ann inar sessam, atchonncamar in t-aenm*ac*aem ac cluiche[1] ann ar in fai[th]che, 7 lia comth*r*om cloiche ara demnaind, 7 do b*er*ed ró n-urchair di co tecmad tarsna *deich* n-imaire[2] hí, 7 dorithed fuithe 7 do gab*ad* etarbuais ina glaic hí, 7 ro bamar uile ica ṫsírḟegad t*ri* catha na Feine. Ní [fo. 138[a] 1] ḟaccamar riam,' ar Find, 'lámach budh ḟerr ina sin, 7 cia in maccaem doní in lámach, a ḟiru?' ar Find. 'M*ac* ḟir in baili sin,' ar cach .i. Fer óc m*ac* Callainde, m*ac* ríg Ul*ad*. Ní thainic d'Ulltaib riam ó dochuad*ur* na fir mora maithe do bói díb, adhb*ur* gaisccedaig is ferr anas in m*ac*caem út. Ní thainic um,' ar cach uile i n-aenḟecht. *Ocus* daní-sium lamach aile is doirbe ina sin,' ar cach. 'Cred eissein?' ar Find '.i. urlannda ṫsleg do chur re tal*main*, 7 a druim risin ṁbaile, 7 leim re *cr*annaib na sleg tar sluagdor*us* in baile co mbói ar in lic allanall 7 a ṫslegha ina laim, 7 lingid léo 'na frithing tar in ṁbaile amuich co mbói ar in fai[th]che seo.'

'Ar ḟir do chubais riut, a Ḟir óic,' ar Find, 'dena in cles inar fiadnaissi.' 'Dogenum,' ar in m*ac*caem. 'Oc*us* is nár lém a dénamh i fiadnaissi Ḟiann Eir*enn* muna thí lem a denum co maith.' *Ocus* doroine in cles a fiadnaissi Ḟind 7 na Feinde mar is ferr dorinde riam hé.

IS annsin doriacht Callann 7 Cuillenn .i. athair 7 a mathair in m*ac*cáeim, chucca, 7 ro ḟersat fírcháin faeilte re Find 7 reim in Ḟéinn archena. 'Maith a m'anum, a m*ei*c,' ar siat, 'déna do chor 7 do muintir*us* re Find.' 'Dogén,' ar in m*ac*caem. Do eirig 7 dorinde a chor 7 a muintir*us* ré Find, 7 tuc a lám il-láim Ḟind, 7 tangamar anunn iarsin issin dún, 7 ro bamar ac ól 7 ac aibnius and.

[1] cluithe, *Laud.* [2] nimaired, *Laud.*

IS ann adubairt in flaith Find: 'Cáit a fuil Berrach in*gen* Chais Chuailgne?' 'Sunn, a m'anum, a rígfeinnid,'[1] ar inn ingen. 'Tabair in n-armidh chét do t'indsaigid, 7 tabair a t*ri* lan d'ór inti 7 a t*ri* lán d'airget, 7 tabair d' Ḟir óc ina thuar*us*tul.' *Ocus* ro roind in m*a*ccaem ar t*ri* sin .i. a t*ri*an da athair 7 a t*ri*an da mathair 7 a t*ri*an aile d'éicsib 7 d'ollamnaib 7 do lu*cht*raid maithi*us*a Fiann Eir*enn*. 'Is eolach do roinded in tuar*us*tul,' ar Find. *Ocus* do badur ann co tainic lá *cona* lansoills[i] arnabarach.

Annsin dorigned selg 7 fiannchosc*ur* ac t*ri* cathaib na *Féinne*. Cid t*ra* acht cetguin muice na ḟiada do rochtain do neoch d'ḟiannaib Eir*enn* ac Fir óc ní rainic in la sin. Ar tiachtain im*morro* dóib da tigh 7 ar ṅdenam na selga, is and ro gab*us*dur slaetan tromgalair F*er* óc tré tṡuilib na sochaide 7 t*re* ḟormat in morsluaig, cor*us*-marb gan anmain i cind nómaide hé. Oc*us* ro cuired fan tal*main* ar in tul*aig* tonnglais út he,' ar Cail*te*, '7 in lía lainderda ro bói ina laim ac denam chluiche[2] 7 aini*us*a iss é siut assa chind hé,' ar Cailte.

'*Con*id uada sin atá Tulach in óic ar in tulaig seo.

Ocus do bói a mathair bli*adain* issin baile-sea tareis a m*eic*, 7 ticed ca*ch* láe d'indsaigid ḟerta a m*eic*, 7 ro bói ica cháined rissin ṁbl*iadain* sin, 7 fuair bás do chumaid a m*eic* la n-aen ann, 7 tuc*ad* issin tul*aig*-seo ille hí.

Conid uaithe atá in t-ainm .i. Cuillenn.'

[fo. 138a 2]. *Ocus* iss é seo in cethramad inad a ngabdais Fianna Eir*enn* a n-étaigi lighda lendmaissecha umpu,' ar Cail*te*, '.i. Temair Breg 7 Temair Lua*chra* 7 ind Almain lethanmoir Laigen, 7 í Cuillind annseo. Oc*us* is annseo donith in flaith Find t*ri* catha don Ḟein ca*cha* blia*dna*, 7 is annseo doberthea 7 do toghtha curaid re gaisced a n-inad ca*cha* marbtha d'Fiannaib Eir*enn*. Oc*us* is ann dob*er*thea na daim imdiscire alltaide 7 na tuirc thaebt*ro*ma dar n-indsaigid co lar in tighi n-óil 7 n-aibniusa,' ar Cail*te*, '7 rob adba os 7 fiadmíl Cuillind in la sin.'

[1] rí feinnig, *Laud*. [2] cluithe, *Laud*.

Ocus adubairt Cailte:

Cuillenn bá hadhba ḟiadaig . ba port rig gusin riagail,
bá halaind a n-uair chatha . cona hetach ildatha.
Cá hóc da tuc Find in t-ór . in rí direcra dímor,
***ocus* ca mét n-aídchi iarsin . cor' scar a chorp ré anmain?**
Ni dernad engnam budh ḟerr . ana a nderna *Conan* Cerr,
is *Conan* Mael ar in maig[1] . issin cath ac Berram[a]in.
Nir' messa in t-engnam aile . a cath laechda Lamraige,[2]
ina a ndernasa bodéin . missi is Diarmait is Oissein.
Nochor' ferr engnum fa gréin . ina a nderna Find bodéin,
is lind tainic a tharba . do ló catha Ollarba.
IS truag a nderna in rí rán . is moch dochuadur 'na dáil,
nach mairenn díb sunn ané . *acht* mad missi *ocus* Oisséin.
Adeirimsi riut reime . is fír inní raidimne,
is uallach ticdis don beind . in sluag sin rochar Cuillind.

['Adrae buaid 7 b*ennachtain*,' ar Eoghun Lethd*erg* m*ac* Oengusa, '7 a Cailti, is truagh in scel sin ro indisis duinn .i. scél Fir óig' — *Fr.* 67ᵇ].

Oc*us* ní cian ro badur ann co faccadur in ṁbuidhin moir croda comméite da n-indsaigid ina da ṅdirma .i. ocht *fichit* sciatharmach in ca*ch* buidhin dib, 7 ámdabcha da sciathaib donnchorcra ina timchell, 7 fidhnemed do tṡlegaib urarda ré ṅguaillib, 7 gilla dond dighrais deghalaind in tossach na buidhne, 7 mind óir ima chenn i comartha rig, 7 brat corcarglan iman n-óclach aile fa cenn orro, 7 cathbarr óir ima chenn. *Ocus* slechtsat do Patr*aic* 7 tucsat a cind ina ucht.

'Cia sibsi, a óca?' ar P*átraic*. 'Da rig Iarmuman .i. Derg m*ac* Dinertaig m*eic* Maili-dúin missi, 7 Flann mac Flaind m*eic* Ḟailbe in fer aile. Atá fled morcháin acaind duit, a rí[3] Muman,' ar na hócláig, '7 is ferrde lind nóemP*átraic* do thabairt duit let d'ól ma fleide, uair maith lind ar crich 7 ar f*er*ann do bennachad dó, 7 ar ṁbéomaicne 7 ar marbmaicne do thabairt dó, uair nir' gabsamarne cara cleirig aile *acht* mad seissi*um*. Ticidsi romaind,' ar in rí,[4] '7 ro soissimne in bur ṅdegaid.' *Ocus* ro anad*ur* annsin ind aídchi sin co tainic la *cona* lansoillsi arnabarach. Oc*us* tainic in sluag sin uile 7

---

[1] muig, *Laud*. [2] lamraide, *Laud*. [3] ríg, *Laud*. [4] rig, *Laud*.

Pátraic cona muintir co Cathair na cét bodes ar lethmullach tṡleib[e] Mis. *Ocus* tangad*ur* da ríg Iarmuman ina n-aghaid,[1] 7 fersat faeilte re *Pátraic* 7 re rig Muman, 7 tucsat screpall soiscela do naem*Pátraic* .i. t*r*i *fichit* uingi d'ór 7 t*r*i *fichit* uingi [d']airget ca*ch* fir dib.

IS annsin ro ḟiarfaig Eogan Leithd*erg* m*ac* Aeng*us*a m*eic* Natfraich rí Muman do Chail*ti*: '*Ocus* cred 'ma tuc*ad* Daire in coccair ar in inad-so? [fo. 138b 1] *ocus* cred 'ma tucad Druim na mna mairbe ar in druim-sea? 7 c*r*ét 'ma tucad Raithin na sénaigechta ar in raithin-seo rind andes?' Freg*r*ais Cail*te* sin: 'is accumsa atá a ḟis,' ar Cailte, 'cen gub núa in ní dia tá.

Feacht n-aen da tainic Find m*ac* C*umaill* 7 t*r*i catha na Féinde conici seo do tṡeilg 7 d'ḟiannchosc*ur*, 7 ni cían ro bamar ann co faccam*ur* in t-aenduine dar n-indsaigid, 7 suidhis ar in tulaig-seo inar farrad, 7 ben do bói ann, 7 leine do tároll rig re cnes, 7 brat cimsach corcarglan uimpi, 7 delg oir ann, 7 inar fann clechtach f*or*órda uimp[i] *cona* uchtchlar ordaigi ann, 7 mind óir fa cenn. *Ocus* ní suaill in ní ris fa samalta lind hí .i. re séolc*r*and luingi lánmoire as ardmullach, 7 rob' uath*ad* accaind nech nar' gab g*r*áin 7 ecla 7 uruamain re feb*us* delba na mná 7 ar a mét. Uair nír' lu*cht* comaimsire di sinde, uair ba mó issi co mór. Oc*us* iss é ro bói ar lethlaim deis Find intan sin .i. Goll m*ac* Morna, 7 tuc*us*tar Cail*te* teist mor ar Goll a fiadnaissi dá coiced Muman annsin: 'Rob é[2] sin,' ar Cailte, 'in lám anuachtar, 7 in tonn báis os borbbuidnib, 7 in leoman lonn, 7 in cúiced gaiscedach is ferr ro bói a nEir*inn* 7 ind Albain i comré 7 í comaimsir ris féin ar cúl sceith 7 chlaidim 7 táleighe. Uair rob iat-sin cuicir is ferr gaisced ro bói a n-aenaimsir a nEir*inn* .i. Find m*ac* C*umaill* 7 Lugaid Lága 7 Osc*ur* m*ac* Oissin, 7 Goll m*ac* Morna, 7 dar mo breithir,' ar Cail*te*, 'ní do bocassach breithre is mé féin in cóiced.'

[1] naghaig, *Laud*. [2] pé, *Laud*.

IS annsin adubairt Find re Goll secha: 'In faccais riam ben bud mó ina in ben ut?' 'Dar mo breithir ám,' ar Goll, 'ní ḟaca 7 ní ḟaccaid nech aile riam mnái budh mó inás.'

Ocus tuc in ingen a laim leabargasta amach assa cóim, 7 do bídur tri failgi óir uim-indara láim di, 7 da ḟalaig[1] imin laim aile, 7 ba comremur re cuing n-imechtraig cach fail díb. 'Scela is chóir d'ḟiarfaige di,' ar Goll. 'Cindus ro fétfaide[2] eiseíc,' ar Find, 'acht mina eirgimne inar sessam, 7 is cuntabairt da cluine sí sind mar sin fos.'

IS annsin ro éirgedur in sluag uile i n-aenḟecht ina sesum do comrud 7 d'imacallaim ria, 7 ro eirig sí maraen ríu. 'Suidh it ṡuide,' ar Find, 'a ingen, 7 tabair t'uillind rissin tulaig mád áil let ní do chloistecht duit uainde 7 ní do thuicsin uait.' Ocus tuc sí a tóeb rissin tulaig, 7 ro ḟiarfaig in flaith Find scéla di.

'Maith, m'anam, a ingen, ca tír assa tangais,' ar Find, '7 cuich tú féin?' 'A Tír na n-ingen aníar mara fuinend grian, ticim, 7 ingen rig in tíre sin mé féin.' 'Ca h'ainm thusa, a ingen?' ar Find. 'Bébind ingen Treoin, ingen ríg Thire na n-ingen missi,' ar sí. 'Cret ima tucad Tír na n-ingen ar in tír sin?' ar Find. 'Ní fuil d'ḟeraib inti,' ar inn ingen, 'acht m'athair sea cona tri macaib 7 .ix. n-ingena 7 secht fichit ingen ro geined uada, conid airi sin aderar Tír na n-ingen rissin tír sin.' 'Ocus cá tír as chomnessa dóib-sin, a ingen?' ar Find. 'Tír na fer,' ar in ingen. 'Ocus cia is ríg inti sin?' ar Find. 'Cétach Crobderg,' ar issi, '7 ocht meic fichet do macaib aice, 7 aeningen, 7 tuccad missi do mac dó .i. Áed Álaind mac Cétaig Chrobdeirg, 7 fá thri thuccad missi dó, 7 ro élissa fá thri uada, 7 issí séo in tres fecht díb.' 'Cret tuc eolus in tíre seo duit?' ar Find. 'Triur iascaire[3] do gluais gaeth assin tír seo dar n-indsaigid, 7 ro indissidar [fo. 138b 2] scela in tire-sea duind, 7 adubradur óclach maith do beith issin tir .i. Find mac Cumaill, 7 massa thussa in t-óclach sin,' ar inn ingen, 'tanacsa do t'indsaighid dom' beith ar do chomairchi.' Ocus do benastar al-lámaind di, 7 tuc al-laim il-laim Ḟind. 'Maith, a

[1] ḟalaid, *Laud.* [2] fétfaige, *Laud.* [3] iascairidh, *Laud.*

m'anam a in*gen*,' ar Find, 'tabair do láim il-laim Guill m*ei*c Morna annsin, uair ni córa duit do chor na do chomairchi ré haenóclach a nEir*inn* ina rissin n-óclach sin.' *Ocus* tuc sí a lám il-laim Guill m*ei*c Morna, 7 dorigne a cor 7 a comairchi [1] ris.

Oc*us* is annsin atconncad*ur* dam imdiscir allta da [2] n-indsaigid, 7 araill do *cho*naib na Feine ina degaid. 'Léicid 'na aenur don dam,' ar Find, 'a Ḟianna Eir*enn*, uair ní taeb re seilg ar con doberam anocht, *acht* taeb re hóclach éicin d'Ḟiannaib Eir*enn*, 7 cait a fuil Find m*a*c Cuain?' ar Find. 'Sunna,' ar in t-óclaech. 'Eirig reomaind dot tigh, 7 déntar ar frestal 7 ar ḟrithailem.' 'Commáin duind ní do thabairt duidsi,' ar Find m*a*c Cuain, 'uair atait ocht *fichit* findairge accumsa i les-lergaib na Luac*hr*a, 7 is dítsa tarra[s] sin uile, a Ḟind.' Oc*us* ba do buadaib Find m*ei*c *Cumaill*, cid mor doberad do neoch nar' máidestar fair riam il-ló *nó* a n-áidchi. IS annsin ro eirig Find m*a*c Cuain do ḟrithailem Ḟind 7 na Feinde da dúnad bodein.

Oc*us* dala na hingine, ro benastar a cathbarr caem cengalta da cind, 7 ro scailestar a folt findleabor fírálaind immacend .i. ina ocht fichit dual, 7 ba hingnad lé cach uile mét ind ḟuilt 'arna scailed. *Ocus* is annsin adubairt Find: 'A mordéé adhartha, bid mor in t-ingnad lé Corm*a*c h*úa* Cuind lé rí[g] Eir*enn* 7 lé hEithne Ollamda in*gin* Cathair Moir, 7 lé findbant*r*acht na Feine .i. Bébhind ingen T*r*eoin do ḟaicsin!'

Oc*us* adubairt in flaith Find ria: 'Maith a in*gen*,' ar Find, 'in bec letsu comraind *deich cét* do thabairt duit?' Oc*us* is annsin ro tṡillestar sí ar in n-abhacc .i. Cnú deireoil, ro bói ac seinm chruite a fiadnaissi Ḟind, 7 'cid bec, cid mor doberasu,' ar in in*gen*, 'do chomraind don ḟir bec út atá ac sefnad na cruite it ḟiadnaissi ni bec limsa urdail ris.'

IS annsin ro chuindig inn ingen digh ar Ḟind, 7 adubairt: 'Cáit a fuil Salt*r*an Salḟada?' 'Sunn, a m'anum, a rí[g]ḟeindid' [3], ar in gilla. 'Tuc let dam lán cuaich Smera tuill d'uisci ind

---

[1] a chor 7 a chomairchi, *Laud* [2] dar, *Laud.* [3] rí ḟeindig, *Laud.*

atha út.' *Ocus* iss *ed* do bíth ól tri nonb*ur* don Ḟéind isin chuach sin, 7 dorat leis lán in chuaich sin, 7 tuc il-laim na hingine, 7 ro dóirt in in*gen* ar a bois ṅdeis in t-uisci, 7 atibhestar *tri* bolguma as, 7 ro thócaib a bos asa haithle 7 ro chraith in t-uisci ar in sluag cor' mebaid[1] a ṅgáire orro, 7 ro moid a gaire ar in in*gin* fein léo. 'Ar do chub*us* riut, a m'anam, a in*gen*,' ar Find, 'crét tuc ort gan in t-uisci d'ól assin chuach?' 'Nir' ibhi*us*a ní a lestar riam,' ar inn ingen, 'ach a lestar risa ṁbiad imdenam oir 7 airgit.' Oc*us* in dechain ro dech*us*a thorum,' ar Cail*te*, 'atconnarc in t-aenóclach mór dar n-indsaigid, 7 gér' mor in in*gen* ro bo mó eissi*um*, 7 tuighnech[2] futairlli air co ticed tar f*or*mnaib a gualann, gan ulcha gan ḟessóic fair, 7 da ṁbeidis fir in domain uili ar aenlathair dar linde,' ar Cailti, 'ní beth díb duine budh áille anás. *Ocus* brat uaine aendat[h]a uime, 7 delg oir issin brut, 7 lene do tṡroll ríg re chnes, 7 sciath c*r*aebach corcard*erg* ara muin, 7 claidim órduirnd ina laim, 7 sleg neimnech uillendglas ina laim.

Oc*us* is annsin ro dech(as)tar in sluag uile air, 7 uath*ad* accaind *acht* firgaiscedaig nar' [fo. 139ª 1] gab g*r*áin 7 eacla reime, 7 ro bói aiccned maith ac Find,' ar Cail*te*, 'uair nír' gab ecla reim duine riam hé a ló ná a n-aídchi. IS annsin ro ráid in flaith Find: 'Na labrad gilla na óclach acaib, 7 na gluaissed nech assa inad. *Ocus* in n-aithnigenn nech acaib síut?' ar Find. 'Is aithnig damsa,' ar in in*gen*, 'iss é siut in fer ara tanacsa teiched.' *Ocus* as cuma adubairt sin, 7 ro eirig in in*gen* 7 ro tṡuid et*ir* Ḟind 7 Goll m*ac* Morna. *Ocus* doriacht in t-óclach,' ar Cail*te*, 'dar n-indsaighid, 7 inní ro bói a menmain ind óclaig,' ar Cail*te*, 'ní raibe a n-aicned duinde eisseíc. *Ocus* mar thainic aird a n-aird re Find 7 re Goll ro thócaib in laim 7 tuc sádud[3] sarchlain sleighe ar in in*gin*, co raibe fat láma laich do c*r*ann na sleigi a leith aniar di, 7 ro gab in t-óclach in tṡleg, 7 tainic reime tar in sluag amach. 'Atchithi siut, a ḟiru!' ar Find, '7 na bith a menma rissin fiannaig*echt* tre bithu intí na*ch* tibra a ail 7 a urraind ar siut nóco torchair lib hé.'

---

[1] medbaid, *Laud.* [2] tuidhnech, *Laud.* [3] ságud, *Laud.*

'IS annsin ro eirgemarne,' ar Cail*te*, '*tr*i catha na Féinne a n-aenuair, co*nar*' ḟácad ar in tul*aig acht* mad *tr*iur amain .i. Find 7 Goll m*ac* Morna 7 in ben beogonta; 7 gabmáidne uile a ndiaid ind óclaig co Raith na m*a*craide, risa raiter Raith na caerech issin tan-so, a laechMachaire Lí thes, 7 do corcaig Maigi Ul*ad* siar, áit ir-rabad*ur* Ul*aid* il-longport a *for*baissi a Cathair na claenratha dar' marbsatar Cú-rí m*ac* Daire, 7 do Lathair luingi sís, áit a ṁbidis longa clainde Dedad[1], 7 d' Inber Labarthuinde ré hEiri*nn* aníar — .i. Lab*ur* in*gen* Miled Esp*aine* ro báided[2] ann, *nó* ro labair tonn re tír ann, — 7 do Thip*r*ait in laich leisc síar ar Tr*á*ig Lí m*e*ic Oidhremail, 7 do Rind chana siar, a[n] bail a tabradais na hallm*ur*aig a cís chanach*uis* do Choin-rí m*ac* Dáire ca*cha* blia*dna*. *Ocus* tuc a aighed ar in cúan comlethan amach, 7 ro bamarne cethrur óclach i comḟoc*hr*aib dó,' ar Cail*te* '.i. Diarmait h*úa* Duibne 7 Glas m*ac* Aencherda Berra, 7 Osc*ur* m*ac* Oissin, 7 mé féin in cethramad,' ar Cail*te*. '*Ocus* tucsamar aighed ar na tonnaib amach, 7 tuc*usa* sidhe retha rindluaith ina degaid, 7 tuc*us* sréo n-urchair dó,' ar Cailti, 'co tarla in táleg a n-iris a sceith 7 ina gualaind chlí, 7 co tarla in sciath ar in tuind sis, 7 ro ḟrithaili*usa* in sciath im laim chli, 7 tuc s*o*m a laim ṅdeis dochum na sleige da buain as, 7 tuc*usa* sidhe dochum na láma aile, 7 ro ben*us* a tálegh assa láim, 7 in trath ro ḟuabr*usa* a diubrug*ud* da táleig fein dorala remur na tonn 7 domain in mara etrum 7 hé. *Ocus* mar do bamar 'gá táírḟegad atchonncamar in luing lanmoir aniar[3] ca*ch* dirge da[r] n-indsaighid, 7 dias ic á himram, 7 dochuaid-si*um* issin luing inar fiadnaisi, 7 ní ḟetamarne cá leth dochuadar uaind 'arsin,' ar Cailte.

'Ocus doriachtamarne aniar conici in tul*aig*-seo, *tr*i catha na Féine, 7 ro ḟiarfaig Find scela dind, 7 ro indisisu ar scela ó dochuadmur noco tangam*ur* aris,' ar Cail*te*, '7 ro chuirsemar na hairm ar lar í fiadnaissi Ḟind,' ar Cailte. 'Maith na hairm sin,' ar in in*gen* '.i. in táleg dar'bo comainm in Torannchlessach 7 in Donnc*hr*aebach in sciath.'

---

[1] degad, *Laud.* [2] báiged, *Laud.* [3] aṅdiar, *Laud.*

Dala na hingine indister ann. 'Maith a m'anum, a Ḟind,' bar inn ingen, 'dentar m'ḟert 7 m'adhnacul co maith, uair is ar do chomairchi thanacsa d'indsaigid Eir*enn*, 7 ar th'einech fuar*us* bás.' *Ocus* tuc*us*tar a failgi don áes dána .i. do Chnú deireoil 7 do Blathnait 7 do Daighre c*r*uitire, 7 ro deilig anam re co[r]p di, 7 ro cuired fa thal*main* hí annso. *Ocus* is uaithe tuc*ad* Druim na mua mairbe ar in ṅdruim seo,' ar Cail*te*, '*ocus* iss é sin in scél ro ḟiarfaigis dim, a rí Muman,' ar Cail*te*.

'Oc*us* c*r*et 'ma tuc*ad* Daire in choccair ar in ṅdaire-seo, a Cail*ti*?' ar rí M*u*man. 'In cethrar atcualaidis lium ic Raithin na n-ingnad .i. in t*r*iur óclach 7 in cú ro chocrad*ur* ind Ḟiann a marb*ad* annso.' 'Cá fochaind choccair ro bói acco forro 7 siat acco [fo. 139ª 2] féin?' 'Nir' thuicsetar ind Ḟiann in corug*ud* nó in tinrum tucsat forro, rob é sin fochaind a cocair .i. longport ar leith acco 7 múr teined ar lassad umpu, 7 gan nech da feicail assin múr theined sin co t*r*ath do ló arnamairech. *Ocus* adubairt Find: 'ní háil liumsa a marb*ad* et*ir* uair t*r*iur is ferr lámach 7 luth atá d'f*er*aib in domain iat, 7 atait t*r*i héladhna acco, 7 nír' choir d'feraib in domain a marb*ad* il-los na n-eladhan sin do beith acco .i. fir in domain,' ar Cail*te*, 'do beith a ṅgal*ur* 7 a n-eslainti, 7 in t*r*es fer díb sin do chur lossa ris do beth slemain slanchrechtach iarsin. *Ocus* c*ach* ní athchuingit*her* ar indara fer do geibt*her* uad. *Ocus* in tres fer,' ar Cail*te*, 'esbadha in domain do indissin dó, 7 a ḟaghbail uad gan esbaid. *Ocus* ro bói do*no* imarc*r*aid aicce seoch c*ach* nech díb .i. fedan do bói aicci, 7 fir in domain do choiteldais ris gemad mór a ngal*ur*. *Ocus* in cú im*morro*,' ar Cail*te*, 'gen co marbmaisne uili fiad na míl ni biad uresbaid oraind aice si.'

IS annsin adubairt in flaith Find riu: 'in fetabair-si cid 'má tucad sib dom accallaim-si?' ar Find. 'Ní fetam*ur*,' ar na hócláig. 'Ní tairissi lé fiannaib Eir*enn* sibsi,' ar Find, 'fo*r*na heladhnaib donithi accu, 7 is áil léo a ḟocra dáibsi imthecht imslán 7 b*ur* tuar*us*tal do tabairt duib.' 'Cá holcc dorindsemar,' ar na hócláig, 'ind uair ḟócarthar imthecht duind?' 'Ní ḟetam*ur*,' ar in Ḟiann, 'b*ur* n-olcc, *acht* abhaissi accaib nach facca-

marne 7 nach cualam*ur* do denam do dáinib reomaib riam .i. múr tened umaib c*ach* n-áidchi, 7 n*ach* áil lib nech dab*ur* faicsin ó thic ind adhaig chucaib, 7 curtháí in múr tened sin umaib.' 'Oc*us* cid in t-olc[1] duibsi sin do denam duind, a Ḟind?' bar na hócláig, 'uair ní horaibsi *tr*aiscermid, cach maith dogénam is libsi hí.' IS annsin adubairt in flaith Find: 'glor dáinead sochinel[ach] sin,' ar se, 'ar tabairt ḟala nó achm*us*ain damsa dáib na do neoch d'Ḟian*naib* Eir*enn* ni recha do ló na d'áidchi, 7 ní rob ail liumsa d'ḟiarfaige díb,' ar Find. 'Da raib a ḟis accaind,' ar na hóclaig, 'indestar duitsiu hé.' 'Cá han-manna atá oraibsi?' ar Find. 'Atá Dub orumsa,' ar in t-óclach donith in leighes. 'Atá Ágh orumsa,' ar in t-óclach medhónach. 'Atá Ilar orumsa,' ar in t-óclach aile. *Ocus* adubairt Cail*te* ac tabairt tuar*us*cbala na fer sin 7 na con:

Dub *ocus* Agh is Ilar . inmain triar fá cáem inad,
ocus F*er*mac, maith in cú . bidh a medhón eturrú.
Longphort ar leith accu amach . o longport na Fiann fuilech,
*con*nach aithned nech ille . in cethrur án oirdnnighe.
Cethrar tangad*ur* í cein . ní ro aithnestar Find féin,
's nír' ro aithin nech don tṡluag . in cethrur álaind adhḟúar.
INadh ar leith accu amach . o longport na nEir*enn*ach,
*con*na taidhled nech a tech . mina thaidhlid meraigthech.
Múr teined umpu, mo nuar . bith 'na uisci c*ach* ré n-uair,
*con*nach téiged nech amach . co trath éirge arnamairech.
Nochur' loited aenḟer riam . do muintir Ḟind flaith na Ḟiann,
ní raibe a ngabad na a ṅgub . na slanaigfe fos in Dub.
Dub.

'Oc*us* imthighid dab*ur* tigh,' ar Find, '7 in comḟat bias duine am degaid-si bíthí-si 7 in muint*erus* na fuarabair dogébthai bodesta.' '*Ocus* is uime sin,' ar Cail*te*, 'tuc*ad* Daire in chocair ar in daire-seo do ḟiarfaigis dim, a rí.'[2]

'Adrae buaid 7 benn*acht*,' ar Eog*an* Leithd*er*g rí Muman re Cail*te*, 'is maith d'ḟuasclais in dana cheist sin; 7 atá in *tr*es ceist acut gan ḟuaslucud .i. cret 'ma tuc*ad* Raithin na Sénai-gech*ta* ar in raithin seo?' ar in rí.[3]

Laithe n-aen da raibe Find annso ina tṡuidhe 7 *tr*i catha na

[1] intloc, *Laud.* [2] ríg, *Laud.* [3] rig, *Laud.*

Féinde,' ar Cail*te*, '7 atconncamar *tr*iar scoloc maelruad dar n-indsaighid, [fo. 139b 1] 7 *tr*i coin ruada ina lamaib, 7 *tr*i slega accu' 7 neim ara n-armaib 7 neim ara n-étach 7 neim ara lámaib 7 neim ara cossaib 7 neim ris ca*ch* ní risa ṁbendaib. 'Canas tangabair, a ḟiru?' ar Find, '7 cuich sibh féin?' 'Tri m*eic* Uair m*eic* Indaist sind,' ar siat, 'do T*húaith* *dé* D*anann*, 7 óclach dot muintir-si do marb ar n-athair i cath T*úaithe* *dé* D*anann* i Sliab hÉn tair —, risa n-ab*ur* Sliab Aighi m*eic* Iughaine, — 7 tangamar d'iarraid eirice ar n-athar ortsu, a Ḟind,' ar siat. 'Fata co tangabair da hiarraid,' ar Find. 'Ní ḟetamar,' ar siat, 'nach iat m*eic* Midhir do chuir in cath sin nóco tangaissi co feis na Temrach, 7 co fetadar fir Eir*enn* *con*id t*usa* ro gab braigde T*úaithe* dé D*anann* do m*a*caib Midhir issin cath.' '*Ocus* cá hóclach dom muintir-si,' ar Find, 'ara cuirthai-si,' ar Find, 'marb*ad* bar n-athar?' 'Ar Cailti m*a*c Rónain,' ar siat. Dar mo breithir ám,' ar Find, 'iss é in seissed fer ro bói am ḟarrud-sa ann, 7 cá hanmanna fuil oraibsi?' ar Find. 'Aingel 7 Dighbail 7 Espaid ar n-anmanna,' bar iat som, '7 cá fregra dobeire-si foraind, a Ḟind?' 'Ní thuc duine reomumsa éiric án duine do muirḟi[de] a cath, 7 ní mó dobérsa,' ar Find. 'Dogénamne fogha[i]l 7 díberg f*ort*,' ar iat s*om*. 'Cá fogail[1] sin?' ar Find. 'Atámaid t*r*iur brathar,' ar siat s*om*, '7 dogenam foghal ar leith ca*ch* f*ir* uaind.' 'Dogénsa t*ra*,' ar Aincel, 'in t*r*iar no in dias *nó* in cethrar don Ḟeind teicem*us* dam, gebat a cossa 7 al-lama uili riu.' 'Dogensa do*no*,' ar Dighbail, 'ní rechsa lá uaib gan esbaid chon *nó* gilla *nó* óclaig d'Ḟiannaib Eir*enn*.' 'Ní rechsa uaib do*no*,' ar in t*r*es fer .i. Espaid, 'gan esbaid droinge *nó* daime *nó* choissi *nó* laime *nó* l*eth*tṡula oraib.' 'Acht muna ḟaghbam ní dar cobair orro sin,' ar Cail*te*, 'ní bia duine a ṁbeth*aid* a cind bli*adna* acaind.'

IS annsin adubairt in flaith Find: 'Maith, a Ḟianna Eir*enn*,' ar se, 'dentar dúnad 7 deghbaile accaib annso in fail i tardhad*ur* síut mé, uair ní bíusa reompo sechnoin Eir*enn* 7 iat sum am deghaid noco findam cia uaind b*us* t*r*eissi.' Oc*us* ro

[1] fodail, *Laud.*

ergedh*ur* ind Ḟiann annsin, 7 dorinde ca*ch* taissech Féine raithin 7 dúnad uime féin 7 uma f*oir*ind óta f*or*adhmullach tṠleibe Mis aníar conice seo,' ar Cail*te*. 'Is dóig lind,' ar rí Muman, 'is uime tuc*ad* Raithin na n-othr*us* ar na raithinib seo.' 'IS uime,' ar Cail*te*, 'uair mí 7 raithe 7 bli*adai*n ro ansat annso, 7 in t*ri*ar sin ac denam ca*ch* aincissi 7 cacha hurbada rissin Féin,' ar Cail*te*. Oc*us* is annso donithea an othr*us* na Féine ó na lotuib rissin.

ISsí sin áes 7 uair dochuad*ur* t*r*i m*ei*c rig na hIruaidhe ro bói a comaitecht Ḟind da accallaim in lá sin, 7 rucsat leo hé ar fót scrutan gaisse fo leith, 7 adubrad*ur* ris: 'Maith, a m'anam, a Ḟind,' ar siat, 'in cú atá acainde is áil lind a tabairt duitsi a timcheall .i. fecht fa th*r*i ca*ch*a t*r*atha, 7 cid sochaide bias ar tí th'uilcc-si do denam *nó* ḟoghla ort nocho ria léo ón o' t*r*ath co cheile *acht* na raib teine nó arm *nó* cú a n-aentigh ria, uair geis di, ní dibsin a n-aentigh[1] ria. 'Ní bia im*morro*,' ar Find, 'ní díbsin a n-aentigh ria, 7 ro sia im*morro* slán in cú chucaibsi.' *Ocus* is aml*aid* ro léicthea ca*ch*a t*r*atha in cú chui*nd* Find, 7 a slabrad druimnech d*er*góir imma braigit ir-rabad*ur* .l. conchlann d'ór f*or*loisc[th]e, 7 ticed in cú fecht fa thrí fan cuma sin a timchell Ḟind, 7 dob*er*ead a tengaid fa t*hr*i fair. *Ocus* in drém ba nessa dó andar léo ba dabhach medha 'arna himscagad ro bói ann don boltunud ticed di, 7 dar leisin ṅdroing aile ba baladh abhallguirt chubra in boltunudh tic*ed* di in t*r*ath ticed istech c*um* Find. Oc*us* dorindset in t*r*iur sin,' ar Cail*te*, 'foghla mora (ar in) Féin rissin ṁbli*adain* sin, 7 ca*ch* othr*us* 7 ca*ch* olcc donith Ainchél risin Féin re bli*adain* do chuired Dub m*ac* ríg na hIruaithe (a lus) 7 a leighis ris, com[b]a slán iat arnamairech, 7 intí risa n(dénad) Espaid 7 Dighbail olcc doníth Ágh 7 Ilar a f*ur*tacht 7 a f(orithin).

IS ann (atclo)s do Chorm*ac* h*úa* Cuind,' ar Cail*te*, 'na nímadi sin ic denam uilcc ar Ḟind, 7 is uathaib sin,' ar Cail*te*, [fo. 139b 2] 'atait na senḟocail urd*r*aice .i. intí risa ṁbenad urbaid nó espaid iss ed is gnathḟocul ann 'tarraid Aiṅcél tú,' 7 is

[1] aenthigh, *Laud*.

gnathḟocal fós 'tarraid Dighbail 7 Espaid tú,' intí risa ṁbenad dighbail *nó* espaid.

